



OÉ Gaillimh
NUI Galway

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge



2022

Clár

Eagarfhocal	iii
<i>An Reiviú: Deich mbliana ag fás</i>	Dorothy Ní Uigín 1
<i>Códswitcheáil agus códmixeáil: iniúchadh ginearálta ar an gcódmheascadh Gaeilge-Béarla ar na meáin shóisialta</i>	Conchúr Caomhánach 7
<i>Ó Chrosta go Cruthaitheach: Aistriúchán Oideolaíoch agus an Ghaeilge i gCóras Meánoideachais Thuaisceart Éireann</i>	Ellen Corbett 21
<i>Aistear aistriúcháin agus anailíse ar scéal béaloidis</i>	Padaí de Bléine 41
<i>Noirm na Gaeilge a aibhsiú, teanga shóisialta na ndaltaí a fhorbairt agus áit an Bhéarla sa ghaelscolaíocht a bheachtú</i>	Seán Mac Corraidh 65
<i>Teagasc theoiric agus litríocht na haiteachta sa Ghaeilge: dúshlán, débhrí, agus deiseanna</i>	Seán Mac Risteaird 75
<i>Comparáid idir Cín Lae Amhlaoibh agus Litreacha as Éirinn – na haicmí sóisialta roimh, agus i ndiaidh an Ghorta Mhóir</i>	Nóra Murphy 87
<i>Bíonn Dhá Insint ar gach Scéal! Múineadh na Gramadaí sna Bunranganna lán-Ghaeilge</i>	Caoimhe Ní Shuibhne & Sylvaine Ní Aogáin 93
<i>Ag foghlaim Gaeilge i mbunscoileanna T2: taithí agus tuairimí na bpáistí</i>	Fiona Nic Fhionnlaoidh 113
<i>“...Dá ndéanfainn arís é, I’d make sure that they could understand me anyhow”:</i>	Pádraig Fhia Ó Mathúna 133
<i>‘Is linne í an Ghaeilge/All of us, not just some’: Díospóireachtaí faoin Úinéireacht Teanga san Fhilíocht Bhéil Dhátheangach</i>	Alexandra Philbin 155
<i>Cás-staidéar sa bhainistíocht teanga i mBaile Seirbhíse Gaeltachta: Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo</i>	Hugh Rowland, Dorothy Ní Uigín, Luke Callinan 169
<i>Rannóg na bhFochéimithe: Seán agus Máire</i>	Néamhann Ní Dhonnghaile a d’aistrigh 185
<i>Léirmheas ar Léachtaí Uí Chadhain: Mórchnuasach in ómós do Mháirtín Ó Cadhain (1906–1970)</i>	Rhiann Flemming 189
<i>Léirmheas ar Seacht dTír Seacht dTeanga le Diarmuid Johnson</i>	Andrew Garnett 193
<i>Léirmheas ar New Speakers of Irish in the Global Context. New Revival?</i>	Noelle Higgins 197
<i>Léirmheas ar An Scéim</i>	Shane McLoughlin 201
<i>Léirmheas ar Tom a’ tSeoighe – Amhráin</i>	Dara Ó Conghaile 205
<i>Comóradh Liteartha Ilghnéitheach ar Chathair na Gaillimhe: Léirmheas ar Gaillimh: Díolaim Cathrach</i>	Marie Whelton 209
<i>Rónán Ó Dubhthaigh – Laoch ar Lár</i>	219
<i>Nótaí Beathaisnéise na nEagarthóirí</i>	223
<i>Nótaí Beathaisnéise na nÚdar</i>	225



Eagarfhocal

Is mór an onóir dúinn fáilte a chur romhaibh chuig an deichiú heagrán de *An Reiviú*, iris acadúil a fhoilsíonn mic léinn an chúrsa MA sa Léann Teanga in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge gach bliain. Is eagrán speisialta é eagrán na bliana seo ó tharla gurb é an deichiú heagrán é agus gurb é an chéad uair a bhí seoladh ar an láthair againn ó tharla Paidéim Covid-19.

Tá réimse leathan ábhair san iris i mbliana; cúrsaí aistriúcháin, pleanáil teanga, teangeolaíocht, sochtheangeolaíocht agus teagasc na Gaeilge. Táimid ag súil go mbainfidh sibh taitneamh agus leas as an gcnuasach aistí seo.

Tá an Coiste Eagarthóireachta thar a bheith buíoch de gach duine a thug cúnaimh dúinn an t-eagrán seo den iris a fhoilsiú. Táimid fíorbhuíoch díobh siúd ar fad a scríobh na hailt agus de na piarmheasúnóirí freisin, a bhí an-fhlaitiúil go deo lena gcuid ama, óir ní bheadh aon fhoilseachán ann dá n-uireasa. Ár mbuíochas chomh maith leis an Ollamh Máirín Nic Eoin as ucht an iris a sheoladh i mbliana; thoiligh sí tabhairt faoin gcúram sin anuraidh agus an bhliain roimhe sin, ach gur cuireadh an seoladh ar ceal an dá bhliain sin. Táimid an-sásta go mbeidh sí linn agus an iris á seoladh i nGaillimh i mbliana.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le hAnna Davitt freisin ó Fhoras na Gaeilge, agus leis an bhForas féin, as urraíocht agus tacaíocht a thabhairt do *An Reiviú* ó bunaíodh an iris in 2013.

Gabhaimid buíochas freisin leis an dearthóir Shannon Reeves atá ag plé le dearadh na hirise ó bunaíodh í chomh maith, agus a chuireann slacht ar ábhar na hirise gach bliain.

Agus ar ndóigh, cá mbeimis gan an Dr Dorothy Ní Uigín a bhí mar laoch againn in am an ghátair. Ní gá a rá go bhfuilimid fíorbhuíoch as gach uile ní dá ndearna sí dúinn; na ranganna ar fad agus an cúnaimh a chuir sí ar fáil dúinn de lá agus d'óiche maidir leis an bhfoilseachán seo. Bhí an t-ádh geal orainn go raibh sé de dheis againn a bheith i mbun oibre ar *An Reiviú* faoina cúram.

An Coiste Eagarthóireachta

Rhiann Flemming, Anrdew Garnett, Shane McLoughlin, Dara Ó Conghaile



An Reiviú: Deich mbliana ag fás

Dorothy Ní Uigín

Cuireadh tús le cúrsa nua iarchéime in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge sa bhliain 2012 – an MA sa Léann Teanga. Bhí béim ar an aistriúchán, ar an bpleanáil teanga agus ar ardscoilteanna teanga ar chlár na céime, agus ar cheann de na modúil a bhain leis an MA nua bhí ‘An Scríbhneoireacht Acadúil’. Ar cheann de na príomhthorthaí foghlama a luadh leis an modúl sin, bhí ‘réim na scríbhneoireachta acadúla a láimhseáil go muinteana’, agus leis an toradh sin a bhaint amach, beartaíodh go ndéanfadh mic léinn an MA eagarthóireacht ar iris phiarmheasúnaithe. Is as sin a tháinig *An Reiviú*, a foilsíodh den chéad uair ag tús na Bealtaine in 2013, agus is ar na réimsí léinn a leanas atá an bhéim san fhoilseachán ó shin: An tAistriúchán, an Phleanáil Teanga, an Teangeolaíocht, an tSochtheangeolaíocht, Teagasc Teangacha, Cúrsaí Cumarsáide agus Na Meáin Ghaeilge, an Cultúr Dúchais agus Cúrsaí Teicneolaíochta.

Deir Bourdieu, Passeron agus de Saint Martin: ‘*Academic language is...no one’s mother tongue, not even that of children of the cultivated classes*’ (1994: 8). I gcás go leor de na cúrsaí Gaeilge ag an tréimh leibhéal, áfach, baineann castacht sa bhreis leis an scéal de bharr nach í an Ghaeilge céad teanga go leor de na mic léinn a bhíonn againn ach oiread. Baineann tábhacht sa bhreis le hionduchtú na mac léinn sa saol acadúil agus i saol na Gaeilge mar sin, nuair is í an Ghaeilge dara teanga a dtromlaigh. Leis an modúl seo, chuir muid (Belinda McHale agus mé féin a bhí i mbun an mhodúil ag an am) romhainn rannpháirteachas na mac léinn a chur ag croí na hoibre, agus an t-oideachas eispéireasach an bhunchloch oideachasúil a bhí againn lena aghaidh sin – ‘...*education...that makes conscious application of the students’ experiences by integrating them into the curriculum*’ (Carver, 2008: 150), agus tascanna foghlama an mhodúil againn ‘...*that engage the learner directly in the phenomena being studied*’ (Cantor: 1997: 1).

Luaitear an méid seo a leanas maidir le rannpháirteachas na mac léinn sa *National Strategy for Higher Education to 2030* (4):

The mission of higher education in Ireland, looks primarily at how we can pursue ambitious objectives in relation to the three core roles of higher education – teaching and learning, research, and engagement – and at how, collectively, these can frame a realisable vision for the future of higher education.

Tá an rannpháirteachas ar comhchéim leis an teagasc agus foghlaim agus leis an taighde sa Straitéis seo. Níos faide anonn sa Straitéis, luaitear (11):

...it is the positive engagement that students have with higher education that stimulates the imagination and makes innovation possible. The quality of their learning experiences and the environment in which students learn will shape the future development of our society.

Cé gur mó béim a chuireann an tuairisc seo trí chéile ar an rannpháirteachas leis an saol lasmuigh den ollscoil, tá béim fós ar an gcaoi a gcothaítear an rannpháirteachas sin agus na mic léinn i mbun staidéir, agus tá an fhoghlaim eispéireasach lárnach anseo. Le deich mbliana anuas agus eagrán bhliantúla *An Reiviú* á n-ullmhú againn, tá súil againn gur spreag muid samhlaíocht na mac léinn a bhí ina n-eagarthóirí ar an bhfoilseachán. Leagadh go leor cúraimí ar na mic léinn, agus is iadsan a rinne tromlach na gcinnithe a bhain le foilsíú na hirise, faoinár stiúir agus faoi threoir na bpiarmheasúnóirí, a bhfuil ról ríthábhachtach acu i bhfoilsíú *An Reiviú*. Ag deireadh an phróisis, bímid ag súil go n-airíonn na mic léinn gur baill thábhachtacha de phobal cleachtas acadúil iad. Deir an Fóram Náisiúnta um Fheabhsú Múinteoireachta agus Foghlama linn:

*When students participate in dialogue or processes that aim to enhance the teaching and learning environment, it contributes to the wider culture change in higher education, moving away from learning as a solely teacher-led transactional process. (Rannóg 3 de chúrsa an Fhórait faoi rannpháirteachas na mac léinn faoi choimirce an *National Student Engagement Programme* – NSTEP)*

Creidimid go láidir go dtéann sé chun sochair na mac léinn agus chun ár sochair féin mar theagascóirí guth na mac léinn a chur i lár an aonaigh inár gcuid teagaisc, agus is mar sin atá i gcás fhoilsíú *An Reiviú*.

Na mic léinn féin a roghnaigh ‘An Reiviú’ mar ainm ar an iris tar éis roinnt mhaith plé agus díospóireachta. ‘Breathnú nó féachaint arís’ is brí leis an bhfocal Fraincise ar a bhfuil an focal ‘reiviú’ bunaithe, agus sin, ar ndóigh, a bhíonn i gceist leis an obair acadúil – breathnú

nó féachaint arís go géar ar ábhar, féachaint go fuarchúiseach, go cúramach, le súil an léirmheastóra; is teideal an-fheiliúnach é seo mar sin le haghaidh na hirise seo. Agus, ar ndóigh, bíonn léirmheasanna leabhar ar leathanaigh *An Reiviú* freisin agus gné lárnach den saol acadúil is ea an léirmheastóireacht.

Tá fasaigh againn d'úsáid an fhocail 'reiviú' i dtraidisiún iriseoireachta na Gaeilge freisin, ar ndóigh: 'Reiviú den Smaointeachas Éireannach...' is fotheideal d'iris Chonradh na Gaeilge, *Feasta*, agus ag breathnú siar, bhí an *Revue Celtique*, a bunaíodh sa Fhrainc in 1870, ar cheann de na hirisí léannta ba luaithe a foilsíodh ar an Mór-Roinn a raibh baint aici le cúrsaí Ceiltise. Táimid sásta go bhfuil *An Reiviú* s'againne ina chuid thábhachtach den traidisiún foilsitheoireachta seo.

Cuimsíonn eagrán na bliana seo aon cheann déag d'ailt agus sé cinn de léirmheasanna. Is teagasc na Gaeilge ag an gcéad, an dara agus ag an tríú leibhéal is ábhar do chúig cinn acu sin, agus tá an t-aistriúchán, an phleanáil teanga agus an teangeolaíocht á bplé in aistí eile. Is taighdeoirí iad roinnt de na scríbhneoirí atá ag obair ina ngort taighde le píosa, ach is taighdeoirí óga iad roinnt eile d'údair na bliana seo. Is den tábhacht é ardán *An Reiviú* a bheith ar fáil dóibh uilig. Tréaslaim leo as caighdeán an ábhair atá curtha ar fáil acu d'eagrán na bliana seo de *An Reiviú*.

Tá Aguisín ar chúl eagrán na bliana seo in ómós do Rónán Ó Dubhthaigh, iar-chomhleacaí dár gcuid a fuair bás go ró-óg mí na Samhna seo caite. Ba chomhleacaí den scoth é Rónán, duine fadradharcach, dílis, a bhfuil pobal na hollscoile seo, agus pobal na Gaeilge i gcoitinne go mór faoina chomaoin. Domsa, ba dhlúthchara liom é Rónán, fear a thacaigh go mór liom agus a sheas go minic liom. Go deimhin, is é a chuir m'fhear céile in aithne dom an chéad lá riamh! Is é a sheas mar athair baiste lenár mac. Airímid uainn go mór é. Leaba i measc na naomh go raibh aige.

In alt a scríobh mé le haghaidh *An Reiviú* in 2017, luaigh mé laoch pearsanta de mo chuid, Risteárd Ó Glaisne, duine a thug an-spreagadh dom mar mhac léinn óg breis is tríocha bliain ó shin. Chuir sé in iúl domsa gur pobal amháin muid – mic léinn, léachtóirí, scríbhneoirí, iriseoirí, cainteoirí dúchais, foghlaimoirí – pobal ar cás linn an Ghaeilge agus léann na teanga sin. Mar sin, tá súil agam go bhfuair mic léinn an MA sa Léann teanga le deich mbliana anuas spreagadh den chineál céanna ón obair seo ar *An Reiviú*, go n-airíonn siad gur bhaill den phobal acadúil iad – níl siad imeallach sa phobal sin, ach lárnach – agus is baill de phobal níos leithne muid ar fad – pobal na Gaeilge a bhíonnas faoi bhrú go minic ag nithe seachtracha.

Ba mhór an pléisiúr domsa a bheith ag obair leis na mic léinn i gcaitheamh na ndéich mbliana; comhghairdeas ó chroí le Coiste Eagarthóireachta na bliana seo, Andrew Garnett, Dara Ó Conghaile, Rhiann Flemming agus Shane McLoughlin, agus mo bhuíochas leis na mic léinn uile a bhí linn le deich mbliana anuas: Áine Charlton, Áine Nic Gabhann, Áine Uí Fhoghlua, Anna Lee, Anna Ní Pheanróis, Aoife Ní Chonghaile, Aoife Ní Churraoin, Baba Nic Dhonnacha, Ben Ó Ceallaigh, Bernadette Uí Mhaoilchiaráin, Bríd Ní Chualáin, Catherine

Francis, Christiann Flynn, Ciarán Mac Uidhir, Cillian Hanaphy, Clíona Uí Dhálaigh, Clodagh Ní Cheallaigh, Clodagh Ní Éilí, Conor Walsh, Daithí Ó Gallachóir, Darragh Mac Giolla Phádraig, Declan Quinn, Deirdre Ní Ghallchóir, Dolores de Bhál, Feargal Mac Thréinfhir, Fion Ní Fhátharta, Gráinne Ní Choisdealbha, Hannah Ní Dhoimhín, Helen Conlan, Helen Ó Catháin, Joyce Nic Giolla Shiomáin, Lisa McMahon, Máire N. Uí Mhurchú, Máire Nic Oireachtaigh, Máire Rós Ní Loingsigh, Máire Uí Dhufaigh, Máire-Áine Uí Ailín, Majella Ní Mheádhra, Margarita Neothallaigh, Maria Nic Chochláin, Neasa Ní Choisdealbha, Niall Ó Cléirigh, Niamh McCann, Niamh Ní Chuinn, Nóirín Uí Mhaoilchiaráin, Róisín Masson, Róisín Ní Cheallaigh, Sinéad Mansfield, Siobhán Fay, Siobhán Ní Chualáin, Sionainn Ní Ghréacháin, Tadhg Ó Duinnshléibhe, Tara Ní Mhóráin.

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh freisin le Shannon Reeves a bhfuil cúram deartha *An Reiviú* air ó bunaíodh an iris. Bíonn sé thar a bheith foighdeach linn gach bliain agus muid i mbun na hoibre seo, mar ní i gcónaí a chloímid leis na spriocanna a leagaimid féin síos! Táimid go mór faoina chomaoin.

Ní mór dom freisin buíochas a ghlacadh leis an Dr Noelle Higgins, (mo dheirfiúr), a chéadmhol iris phiarmheasúnaithe nuair a cuireadh tús leis an MA sa Léann Teanga in 2012; thacaigh sí le hobair *An Reiviú* ó shin agus táimse an-bhuíoch di as a cuid cúnaimh.

Mar fhocal scoir, tréaslaím arís le scríbhneoirí na bliana seo agus leis na daoine ar fad a raibh baint acu leis *An Reiviú* ó bunaíodh é deich mbliana ó shin. Go maire *An Reiviú* an céad.

Leabharliosta

Leabhair

Bourdieu, P., Passeron J.C. & de Saint Martin, M., (1994) *Academic Discourse*. Cambridge: Polity Press.

Cantor, J.A., (1997) *Experiential Learning in Higher Education: Linking Classroom and Community*. ERIC Clearinghouse on Higher Education.

Ailt

Carver, R., (2008) 'Theory for Practice: A Framework for Thinking about Experiential Education.' 3 *Philosophical Foundations*, 149.

Ní Uigín, D., (2013) 'An Litearthacht Acadúil agus an Fhéiniúlacht Acadúil: Cás-Staidéar ar an Ionad Scríbhneoireachta Acadúla in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.' *Léann Teanga: An Reiviú*, 1. 66–80. (<http://leannteanganreiviu.com/node/151>)

Ní Uigín, D., Higgins, N. & McHale, B., (2015) 'The Benefits of Student-led, Peer-reviewed Journals in Enhancing Students' Engagement with the Academy.' *Research in Education*. Manchester: Manchester University Press. 60–5. (<http://journals.sagepub.com/doi/abs/10.7227/RIE.0010?journalCode=riea>)

Sword, H., (2009) 'Writing higher education differently: a manifesto on style.' *Studies in Higher Education* 34(3). 319–36.

Ábhar ar líne

<https://hea.ie/assets/uploads/2017/06/National-Strategy-for-Higher-Education-2030.pdf>

<https://studentengagement.ie/>



Códswitcheáil agus códmixeáil: **iniúchadh ginearálta ar an gcódmheascadh** **Gaeilge-Béarla ar na meáin shóisialta**

Conchúr Caomhánach

Réamhrá

Le blianta beaga anuas tá borradh tagtha ar úsáid na Gaeilge ar líne, agus mar thoradh ar an éileamh atá ar na meáin shóisialta tá cúinne beag den idirlíon ann ina mbíonn an Ghaeilge in úsáid go seasta mar theanga phobail ag grúpaí beomhara úsáideoirí. Tá úsáid na Gaeilge ar líne éagsúil ó théacsanna scríofa eile sa gcaoi gurb é an t-úsáideoir féin a ghineann an t-ábhar ar fad, agus sa gcaoi nach ndéantar iar-eagarthóireacht ar na téacsanna céanna sula gcuirtear in airde ar líne iad, den gcuid is mó. D'fhéadfadh sé mar sin go mbeadh an teanga atá le feiceáil ar líne níos cosúla leis an teanga choiteann, nó go mbeadh gnéithe áirithe teanga le haithint inti nach bhfuil le feiceáil i gcineálacha eile téacs. Tá sé i gceist sa bpáipéar seo aghaidh a thabhairt ar cheisteanna a bhaineann leis an gcódmheascadh Gaeilge-Béarla, le tionchar an Bhéarla ar an nGaeilge, leis an téarmaíocht agus téarmaiméadracht, agus le ráta an chódmheasctha Gaeilge-Béarla ar na meáin shóisialta.

Mar chéim thosaigh, is fiú na téarmaí 'códmheascadh' agus 'códmhalartú' mar a úsáidfear iad sa pháipéar seo a phlé. Tarlaíonn an códmhalartú nuair a athraíonn cainteoir idir dhá theanga ag teorainneacha áirithe (d'fhéadfadh cainteoir abairt amháin a rá i mBéarla agus iompú ar an nGaeilge don chéad abairt eile, mar shampla). Baineann an páipéar seo go príomha leis an gcódmheascadh aonfhocail, nuair a dhéantar gnéithe ó dhá theanga éagsúla a chumasc in aon fhocal amháin (Stefanich *et al.*, 2019: 2). Tarlaíonn an códmhalartú idirabairteach ag na teorainneacha idir abairtí, agus ar an gcaoi chéanna tarlaíonn an códmheascadh aonfhocail ag na teorainneacha idir moirféimí éagsúla laistigh den fhocal céanna. Tá plé siar is aniar ann

maidir lenar cheart códmhalartú nó códmheascadh a thabhairt ar an nós úd nuair a bhíonn focal aonair i gceist – cinneann roinnt taighdeoirí (Lynn & Scannell, 2019) an dá théarma a úsáid go hinmhalartach, ach tá roinnt taighdeoirí eile ann (Ó Domagáin, 2013; MyersScotton, 1993) a mhaíonn go bhfuil an códmhalartú agus an códmheascadh suite ag an dá thaobh den speictream teagmhála teanga. Dar leo gurb é an códmheascadh an chéim dheiridh sula nglacfar le focal iasachta isteach i léacsas na teanga óstaí. Go tras-teangeolaíoch, is cosúil go naontaíonn taighdeoirí go bhfuil rialacha faoi leith ag gabháil leis an gcódmheascadh aonfhocail, ach níltear ar aon fhocal maidir le cad iad na rialacha sin (Poplack, 1980: 585). Mar sin, tá cainteoirí dátheangacha in ann fréamhacha agus táthmhíreanna ó dhá theanga a chumasc gan stró chun focail mheasctha a chruthú, agus déanann siad amhlaidh ar bhealach córasach (Stefanich *et al.*, 2019: 23). Ní gá, áfach, go mbeadh na rialacha a bhaineann leis an gcódmheascadh i dteanga amháin infheidhme i dteanga eile – caithfear gach péire teangacha a mheas cás ar chás (Stenson, 1991: 561).

I gcás na Gaeilge, phléigh roinnt taighdeoirí an códmhalartú agus an códmheascadh Gaeilge-Béarla go dtí seo (Lynn & Scannell, 2019; Ní Laoire, 2016; Hickey, 2009; Stenson, 1993; Stenson, 1991), ach is beag plé atá déanta ina ndírítear go sonrach ar an gcineál códmheasctha a tharlaíonn ag leibhéal an fhocail (seachas obair Stenson), agus is lú arís an plé a rinneadh ar an gceist le blianta beaga anuas. San aon alt amháin ina bpléitear an códmheascadh Gaeilge-Béarla ar líne (Lynn & Scannell, 2019), níor thángthas ach ar dhá shampla den chódmheascadh aonfhocail. Sa chás sin, cruthaíodh na leaganacha measctha tríd an réimír *an-* a chur le hainmfhocail ón mBéarla – féach ceann de na samplaí sin in (1) thíos:

1. a. Tá an-talent go deo agaibh in Éirinn
- b. You have a great deal of talent in Ireland (Lynn & Scannell, 2019)

Aithníonn Lynn agus Scannell nach bhfuil an toradh sin ag teacht lena mbeifí ag súil leis sa chaint, toisc go bhfuil samplaí den chódmheascadh aonfhocail chomh coitianta sin sa teanga labhartha. Tugann siad le fios go bhfuil tuilleadh samplaí den nós céanna le fáil ar líne ach cuardach a dhéanamh ar *Twitter*, go háirithe samplaí de leaganacha measctha dar críoch *áil*, cé nach luann siad aon samplaí (Lynn & Scannell, 2019). Beagnach deich mbliana fichead ó shin, thug Stenson le fios go raibh an códmheascadh aonfhocail ag éirí an-chomónta sa ghnáthchaint sa Ghaeltacht i gContae na Mí (1993: 123). Ó shin i leith, phléigh taighdeoirí éagsúla an códmheascadh agus na hathruithe atá ag teacht ar an nGaeilge chomhaimseartha, mar thoradh ar an teagmháil leis an mBéarla (Hickey, 2009; Ó Domagáin, 2013; Ní Laoire, 2019). Ar an iomlán, is cosúil go bhfuil an nós comónta go leor go fóill – in iniúchadh Hickey, bhí an códmheascadh le sonrú i thart ar 8.5% de na habairtí a labhair múinteoirí le daltaí scoile, ar an meán (2009: 15). Mar sin, bhí sé mar aidhm ag an iniúchadh reatha úsáid an chódmheasctha Gaeilge-Béarla ar líne a mheas.

Modheolaíocht

Is féidir an teangeolaíocht chorpais agus ábhar arna ghiniúint ag úsáideoirí a úsáid chun léargas a fháil ar an ngnáthúsáid laethúil teanga ar bhealaí nárbh ann dóibh cheana, toisc gur féidir cuid mhór sonraí a bhailiú agus a phóirseáil ag aon am amháin (Lynn & Scannell, 2019). Ar an mbonn sin, bhíothas ag iarraidh go dtabharfadh an corpas a tiontaíodh don iniúchadh seo léargas ginearálta ar na gnéithe teanga atá le feiceáil sa Ghaeilge a úsáidtear ar na príomh-mheáin shóisialta ar líne. Tá 1,070, 949 focal sa corpas deiridh a úsáideadh sa pháipéar reatha, agus tá sé bunaithe go príomha ar thrí mheán shóisialta ar a mbíonn an Ghaeilge in úsáid go forleathan: *Twitter*, *Facebook* agus *Discord*. Measadh roinnt ardán eile (ar nós *Reddit* agus an blagaisféar Gaeilge) agus an corpas á chur le chéile, ach níor cuireadh san áireamh sa deireadh iad mar gheall ar easpa sonraí agus deacrachtaí a bhain le téacs a chamchóipeáil ón idirlíon. Mar sin, seo thíos na critéir theangeolaíocha a bhain leis an gcorpas deiridh:

1. Tagann gach téacs sa corpas ó leathanaigh agus ó ardáin mheán sóisialta ar líne (*Twitter*, *Facebook*, *Discord*) ar a mbíonn an Ghaeilge in úsáid mar phríomhtheanga chumarsáide ag úsáideoirí;
2. Ba é an t-úsáideoir féin a ghin an tábhar agus ní dhearnadh iar-eagarthóireacht ar an téacs sular cuireadh in airde é (ach amháin i gcás roinnt cuntas oifigiúil a bhain le heagraíochtaí Gaeilge);
3. Baineann gach téacs le tréimhse bliana idir Eanáir 2020 – Nollaig 2020. Leis an gcritéar seo, cruthaíodh cothromaíocht éigin idir líon na bhfocal ó gach ardán agus líon na n-úsáideoirí ar gach ardán.

Tá tuilleadh sonraí maidir leis an gcorpas deiridh ar fáil in Aguisín 1. Rinneadh na sonraí a scagadh agus a ghlanadh ach hipearnaisc agus sonraí eile nár bhain le hábhar a bhaint. Baineadh ainmneacha úsáideoirí dar tús '@' ón gcorpas ar mhaithe leis an anaithnideacht, agus ar an mbonn gur chuir siad isteach ar chuardaigh na n-gram agus na n-eochairfhocal ar *Sketch Engine*. De bharr deacrachtaí a bhain le téacs a chamchóipeáil, níl san áireamh sa tacar sonraí *Facebook* ach postálacha – níor bailíodh tráchtanna ná freagraí ar phostálacha. Easnamh in iomláine an chorpais is ea an méid sin, ach mar sin féin tá líon ard focal (130,000) sa tacar sonraí *Facebook*. Tá na tvuíteanna Gaeilge sa chuid den corpas a baineadh ó *Twitter* bunaithe ar an suíomh gréasáin *Indigenous Languages* (Scannell, 2011), a dhéanann catalógú ar chuntais a bhíonn ag postáil i dteangacha mionlaigh. Camchóipeáladh tvuíteanna ó thart ar 80 cuntas a bhí le haithint ar an suíomh *Indigenous Languages*. Bunaithe ar an gcur chuige sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh líon níos airde tvuíteanna ó úsáideoirí áirithe sa corpas, toisc gur úsáideadh raon dátaí (agus ní teorainn ar líon na dtvuíteanna ag gach úsáideoir, mar shampla) chun an t-ábhar a bhailiú. Mar sin, tá seans ann go mbeidh féinchanúint chainteoirí áirithe i gceist le torthaí ar leith san iniúchadh seo, in áit nósanna cainte forleathana, agus ba cheart cuimhneamh ar an méid sin agus na torthaí ón bpáipéar seo á meas. Bhíothas ag súil

leis freisin go mbeadh cuid mhór Béarla i láthair sa chorpas deiridh, toisc nach raibh bealach ann abairtí Béarla a bhaint ón gcorpas go córasach agus é á thiontú. Cuireadh an cheist sin san áireamh agus na torthaí á gcomhaireamh i ngach iniúchadh thíos, agus níor tugadh aird ar thorthaí a d'éascair as abairtí lán-Bhéarla. I mbeagán focal, ba cheart cuimhneamh ar na srianta a bhaineann leis an gcorpas reatha agus gach toradh ón iniúchadh sa pháipéar seo á mheas. Ní féidir le haon chorpas a bheith uilechuimsitheach, ach tá an t-údar den tuairim go dtugann an corpas a tiontaíodh don pháipéar seo léargas níos fearr ar an nGaeilge a úsáidtear ar líne ná aon chorpas eile atá ar fáil go poiblí ag an tráth seo. Is é *Twitter* an tacar sonraí is mó sa chorpas reatha, ach d'fhéadfadh *Facebook* agus *Discord* (agus ardáin eile ar nós *Reddit*) a bheith ina bhfoinsí saibhre teanga amach anseo, dá bhféadfaí na sonraí a bhailiú mar is ceart.

Torthaí agus plé

Tugann Stenson le fios go gcuirtear an táthmhír bhriathartha *-áil* le haon bhriathar Béarla a úsáidtear in abairt chódmheasctha Gaeilge-Béarla, i bhfoirm ainm briathartha, de ghnáth (1991: 567). Bunaithe ar an bpointe tosaigh sin, is féidir iniúchadh simplí a dhéanamh ar na hainmneacha briathartha dar críoch *-áil* sa chorpas reatha d'fhonn léargas a fháil ar a choitianta is atá an códmheascadh Gaeilge-Béarla. I dtosach, rinneadh cuardach minicíochta do shamplaí dar críoch an táthmhír bhriathartha *-áil*, agus tiomsaíodh na torthaí i liosta. Rinneadh an liosta céanna a scagadh ansin agus baineadh samplaí nach raibh baint acu le hábhar (mar shampla, ainmfhocail Ghaeilge dar críoch *-áil*). Ar deireadh, roghnaíodh an 300 ainm briathartha is coitianta dar críoch *-áil* agus tiontaíodh i ngearrliosta iad. Ag an bpointe seo, sula ndéanfar na torthaí féin a phlé, is gá aghaidh a thabhairt ar cheist thábhachtach: conas is féidir idirdhealú idir leaganacha measctha nó malartaithe agus iasachtaí atá seanbhunaithe sa Ghaeilge? Míníonn Stenson go bhfuil léacsas an Bhéarla tar éis tionchar seasta a imirt ar an nGaeilge ón 17ú haois (1993: 108), agus tugann sí le fios go bhfuil roinnt téarmaí iasachta ann atá comhtháite go hiomlán sa Ghaeilge ag an bpointe seo, sa chaoi nach n-aithneodh cainteoir dúchais gur tháinig siad ó theanga eile (Stenson, 1991: 563). Féach (2a) agus (2b) thíos, mar shampla, téarmaí a tháinig ón tSean-Fhraincis:

2. a. seirbhís (*service*)
- b. giúistís (*justice*) (Stenson, 1991)

‘Nua-iasachtaí’ a thug de Bhaldraithe ar iasachtaí den chineál sin in 1953, agus ó shin tá líon na nua-iasachtaí sa Ghaeilge tar éis dul in airde go pras. Ní gá ach dul ag póirseáil san Fhoclóir Nua Béarla-Gaeilge nó sa Bhunachar Náisiúnta Téarmaíochta le líon na dtraslitríthe ón mBéarla a aithint. Go bunúsach, bhí gá san iniúchadh reatha le hidirdhealú idir iasachtaí a bhfuil glacadh leo cheana agus ‘nua-iasachtaí’ úrnua nó leaganacha measctha. Ar an mbonn sin, cinneadh samplaí a bhaint ó na torthaí corpais bunaithe ar a ‘liostaithe’ is a bhí siad i

bhfoinsí agus i bhfoclóirí oifigiúla Gaeilge (Deuchar, 2005, a chum an cur chuige sin). Go hachomair, níor measadh aon sampla ón gcorpas a bhí le fáil i bhfoclóirí oifigiúla Gaeilge cheana, ar nós (3a) agus (3b) thíos, a bheith ábhartha agus baineadh ón ngearrliosta iad.

3. a. gúgláil (*googling*)
- b. focáil (*fucking*)

Leis an gcritéar sin, aithníodh 57 sampla den chódmheascadh aonfhocail i measc na n-ainmneacha briathartha dar críoch *-áil*. Is é sin le rá gur aithníodh 57 téarma códmheasctha dar críoch *-áil* i measc an 300 ainm briathartha is coitianta sa corpas, ar théarmaí iad nach raibh fáil orthu in aon fhoclóir údaráisach Gaeilge. Tá an toradh sin suntasach go maith ó thaobh staitistice de, agus cuimsíonn sé 19% de na hainmneacha briathartha is comónta sa corpas. Taispeántar na samplaí códmheasctha a aithníodh (agus a minicíocht) sa tábla thíos.

GAEILGE	MOIRFÉIMÍ	MIN.	GAEILGE	MOIRFÉIMÍ	MIN.
tweetáil	tweet + áil	17	googeláil	google + áil	1
			googláil	google + áil	1
buzzáil	buzz + áil	4	google-áil	google + áil	1
tagáil	tag + áil	4	gúgl-translatáil	google translate + áil	1
doxxáil	doxx + áil	3	hireáil	hire + áil	1
flexáil	flex + áil	3	infiltratáil	infiltrate + áil	1
rideáil	ride + áil	3	jiveáil	jive + áil	1
quotetweetáil	quotetweet + áil	3	mansplaineáil	mansplain + áil	1
backpackáil	backpack + áil	2	muteáil	mute + áil	1
cycleáil	cycle + áil	2	paceáil	pace + áil	1
droppáil	drop + áil	2	potteráil	potter + áil	1
leafáil	laugh + áil	2	ranteáil	rant + áil	1
raghdáil	ride + áil	2	raighdeáil	ride + áil	1
streamáil	stream + áil	2	réineáil	rain + áil	1
taggáil	tag + áil	2	sceamáil	scam + áil	1
babhnsáil	bounce + áil	1	shazamáil	shazam + áil	1
binge-áil	binge + áil	1	speedáil	speed + áil	1
bookmarkáil	bookmark + áil	1	spikeáil	spike + áil	1
buskáil	busk + áil	1	stanáil	stan + áil	1
carbon-datáil	carbon date + áil	1	stockáil	stock + áil	1
checkáil	check + áil	1	switcháil	switch + áil	1
cléimeáil	claim + áil	1	tannáil	tan + áil	1
concoctáil	concoct + áil	1	teamáil	team + áil	1
copyáil	copy + áil	1	trendáil	trend + áil	1

dubbáil	dub + áil	1	tryáil	try + áil	1
foragáil	forage + áil	1	vaccumáil	vaccum + áil	1
figúráil	figure + áil	1	vadhbáil	vibe + áil	1
flyeáil	fly + eáil	1	vetoáil	veto + áil	1
getteáil	get + áil	1	vibeáil	vibe + áil	1

Tábla 1: Samplaí den chódmheascadh aonfhocail i measc na 300 ainm briathartha is coitianta dar críoch *-áil* sa chorpas reatha, agus a minicíocht. Marcáladh na leaganacha i dTábla 1 ar athraíodh a struchtúr nó a ndearnadh traslitriú orthu le cló trom.

Tá *caveat* sna torthaí thuas sa chaoi a raibh minicíocht an-íseal ag cuid mhór de na samplaí – ba é *tweetáil* (17) an sampla a raibh an mhinicíocht ab airde aige i dTábla 1, ach ba é *fáil* (2237) an sampla a raibh an mhinicíocht ab airde aige sa chorpas iomlán. Mar sin, cé go bhfuil líon ard leaganacha códmheasctha i measc na n-ainmneacha briathartha is coitianta sa chorpas, ní hionann é sin agus a rá gur úsáideadh gach ceann de na leaganacha céanna ar mhinicíocht an-ard.

Dar le Stenson, tá trí phríomhghné a chruthaíonn deacracht agus taighdeoirí ag súil leis an gcódmheascadh Gaeilge-Béarla a chatagóiriú: débhríocht, réamh-chomhshamhlú agus comhshamhlú páirteach (1991: 563). Baineann an débhríocht agus an réamh-chomhshamhlú leis an bhfoghraíocht, agus ní féidir iad a imscrúdú sa pháipéar seo toisc gur bunaíodh an corpas reatha ar théacsanna amháin. Baineann an tríú gné sin, an comhshamhlú páirteach, le samplaí den chódmheascadh a thagann le rialacha na Gaeilge i mbealaí áirithe, ach nach bhfuil neadaithe go hiomlán sa Ghaeilge (Stenson, 1991: 565).

I dTábla 1, feictear fianaise den chomhshamhlú moirfeolaíoch ag roinnt leibhéal éagsúla. Ar an gcéad dul síos, cruthaíodh cuid de na leaganacha measctha gan aon athrú a dhéanamh ar na moirféimí féin, ach an iarmhír Ghaeilge *-áil* a chur le hainmfhocal Béarla. Is é sin an próiseas teangeolaíoch díreach céanna a ndéanann Stefanich *et al.* (2019) cur síos air:

4. a. cycleáil (*cycling*)
- b. vibeáil (*vibing*)
- c. spikeáil (*spiking*)
- d. paceáil (*spacing*)

Tá na samplaí in (4) thuas nach mór díreach mar an gcéanna le roinnt de na samplaí a phléann Stenson (1991). Tá comhdhéanamh simplí ag na samplaí sin (ainmfhocal Béarla agus *-áil* nó *-eáil* na Gaeilge curtha leis). Tá roinnt samplaí eile ann, áfach, ar nós na gceann in (5)

thíos, a thugann le fios go mbaineann cainteoirí úsáid as straitéisí éagsúla chun foirmeacha measctha a chruthú i gcásanna eile:

5. a. droppáil (*dropping*)
- b. dubbáil (*dubbing*)
- c. getteáil (*getting*)

I ngach ceann de na samplaí in (5) thuas, is cosúil gur cruthaíodh an leagan measctha ach an tathmhír *áil* a chur le rangabháil láithreach an Bhéarla, agus ní leis an ainmfhocal Béarla. Is é sin le rá go bhfuil an chuma air gur cruthaíodh na leaganacha thuas tríd an iarmhír *-ing* a bhaint ón mbriathar Béarla san aimsir láithreach agus an iarmhír Ghaeilge *-áil* a chur ina háit. Dá mbunófaí na leaganacha sin ar ainmfhocail ón mBéarla, bheifí ag súil le *dropáil*, *dubáil* agus *geteáil*, ach míniú a bheadh sa phróiseas sin thuas ar an litir dhúbailte atá le feiceáil i ngach ceann de na samplaí thuas. D'fhéadfadh sé, mar sin, go mbíonn próisis éagsúla in úsáid ag cainteoirí Gaeilge chun leaganacha measctha a chruthú i gcásanna éagsúla.

Tá comhtháthú níos láidre fós le feiceáil i roinnt samplaí eile. Ó thaobh na moirfeolaíochta de, tá na cásanna in (6) thíos, ina ndearnadh moirféimí iomlána ón mBéarla a thraslitriú, i measc na dtorthaí is spéisiúla atá le feiceáil i dTábla 1:

6. a. babhnsáil (*bouncing*)
- b. cléimeáil (*claiming*)
- c. gúgl-translatáil (*google translating*)
- d. raighdeáil (*riding*)
- e. réineáil (*raining*)
- f. sceamáil (*scamming*)
- g. vadhbáil (*vibing*)

I ngach ceann de na samplaí thuas, tugadh moirféimí iasachta ón mBéarla isteach i struchtúir Ghaeilge ag leibhéal an fhocail agus rinneadh iad a thraslitriú de réir rialacha ortagrafaíochta na Gaeilge. Is suimiúla fós na samplaí céanna nuair a chuimhnítear nach dócha go mbeifí in ann idirdhealú a dhéanamh idir (4b) *vibeáil* agus (6g) *vadhbáil* sa chaint. Dar le Myers-Scotton, is cinneadh coinsiasach in aigne an chainteora a bhíonn sa chódmheascadh i gcónaí (1993: 141), agus sa chás seo d'fhéadfadh sé (a) gur chinn cainteoirí moirféimí a thógáil ar iasacht ón mBéarla agus (b) gur chinn siad na moirféimí iasachta sin a 'athGhaelú' ag an am céanna, ach iad a thraslitriú de réir nósanna litrithe na Gaeilge. D'fhéadfaí a argóint nach fianaise é an nós sin ar thionchar an Bhéarla ar an nGaeilge, ach ar chruthaitheacht na gcainteoirí dátheangacha ar féidir leo moirféimí 'úra' Gaeilge a chruthú sa léim. Níl sé iomlán soiléir cén éifeacht a bhíonn ag idé-eolaíocht cainteoirí ar an gcinneadh cruth na Gaeilge a

chur ar mhoirféimí iasachta sa scríbhneoireacht, ach déanann Bennett-Kastor trácht ar ‘*the conservatism of written language*’ agus maíonn sí go mbíonn sé de nós ag cainteoirí i ngach teanga tionchar an dara teanga a ruaigeadh ón scríbhneoireacht a oiread agus is féidir leo (2008: 31). Is cinnte go léirítear comhshamhlú láidir moirfeolaíoch ag leibhéal an fhocail sna samplaí traslitrithe sin thuas.

Is féidir le leaganacha códmheascha a bheith comhtháite leis an nGaeilge ag leibhéal an fhocail (go moirfeolaíoch) nó i struchtúr na habairte (go comhréireach). Tugann Stenson le fios go mbíonn foirmeacha meascha ar nós na gceann a pléadh go dtí seo an-simplí de ghnáth, agus nach mbíonn marcóirí casta aimsire ná tuisil le feiceáil agus moirféimí an Bhéarla in úsáid i struchtúr na Gaeilge (1991: 567). Ag an bpointe seo, tá teacht ag léitheoirí ar cheist eile ar féidir a iniúchadh agus iad ag baint úsáid as an gcorpas reatha.

Tuigtear gurb é *tweetáil* an toradh is coitianta i dTábla 1 thuas – is minic a dhéantar tagairt do phostálacha eile i bpostálacha ar an ardán micreabhlagaireachta. D’fhonn a chomhtháite is atá an fhoirm chódmheascha *tweetáil* sa chorpas reatha a mheas, rinneadh cuardach simplí ar gach téarma ina raibh an leama *tweet*. Cuireadh samplaí ina raibh an séimhiú nó an t-úrú san áireamh leis an torthaí deiridh (is é sin le rá go ndearnadh samplaí ar nós *thweet* agus *dtweet* a chomhaireamh leis an minicíocht iomlán do *tweet*). Scríosadh torthaí ó abairtí lán-Bhéarla. Taispeántar na torthaí i dTábla 2 thíos, mar aon leis an minicíocht agus an struchtúr moirfeolaíoch a bhain le gach sampla.

GA	EN	STRUCHTÚR	MIN.
tweetáil	<i>tweeting</i>	[tweet] + [áil]	12
tweetanna	<i>tweets</i>	[tweet] + [anna]	12
buntweet	<i>original tweet</i>	[bun] + [tweet]	3
quotetweetáil	<i>quote tweeting</i>	[quote] + [tweet] + [áil]	2
tweetálann	<i>tweets</i>	[tweet] + [álann]	2
atweet	<i>retweet</i>	[a] + [tweet]	2
tweetálaithe	<i>tweeted</i>	[tweet] + [álaithe]	2
tweetálfadh	<i>would tweet</i>	[tweetáil] + [faidh]	2
seantweet	<i>old tweet</i>	[sean] + [tweet]	1
atweetanna	<i>retweets</i>	[a] + [tweet] + [anna]	1
tweetálanna	<i>tweets</i>	[tweet] + [álanna]	1

Tábla 2: Foirmeacha meascha ina raibh an fhréamh-mhoirféim *tweet*, mar aon le haistriúchán Béarla, struchtúr agus minicíocht

Feictear láithreach go n-úsáidtear réimíreanna (*seantweet*, *buntweet*, *atweet*), leaganacha iolra (*tweetanna*, *tweetálanna*) agus táthmhíreanna briathartha (*tweetáil*, *tweetálfadh*, *tweetálann*) gan siúnta taobh leis an moirféim Bhéarla. Ó thaobh na moirfeolaíochta de,

tá na samplaí thuas i bhfad níos casta ná na leaganacha measctha simplí a ndearna Stenson (1991) cur síos orthu. Ní hamháin sin, ach léiríodh i gcuid de na samplaí go raibh roinnt leaganacha measctha comhtháite go maith ag leibhéal na habairte, agus moirféimí iasachta faoi réir infhilleadh na Gaeilge mar a bheadh téarmaí dúchasacha ann:

7. a. Ná déanaigí iad a fhreagairt, ná déanaigí iad a qhuotetweetáil, déanaigí iad a thuairisciú agus a bhlocáil.
- b. Tá ardú mór ar líon na dtweetanna Gaeilge le mí anuas!

In (7a) agus in (7b) thuas, tagann litriú na moirféimí iasachta salach ar nósanna litrithe na Gaeilge, ach má dhéantar neamhaird air sin, tá na struchtúir agus na habairtí ina bhfuil siad le léamh go hiomlán ceart de réir na gramadaí. Ar an iomlán, tá tuilleadh fianaise le fáil sna torthaí i dTábla 2 go bhfuil cainteoirí Gaeilge in ann an códmheascadh aonfhocail a láimhseáil go cumasach (Grosjean, 2010).

Ó thaobh na téarmeolaíochta de, tugann na torthaí i dTábla 2 le fios go bhfuil an mhoirféim iasachta *tweet* in úsáid go réasúnta forleathan i stór focal cainteoirí Gaeilge ar líne. Mar aon leis sin, tá dhá théarma eile ann ar *tweet* an Bhéarla a bhfuil glacadh leo i bhfoclóirí oifigiúla Gaeilge amhail An Bunachar Náisiúnta Téarmaíochta don Ghaeilge agus An Foclóir Nua Béarla-Gaeilge – féach (8) thíos. Mar sin, tá dhá leagan údarásach ann cheana, agus tá an tríú leagan (atá comhtháite go páirteach) in úsáid go forleathan ar na meáin shóisialta. Dóibh siúd a bhfuil spéis acu sa téarmaiméadracht, tarraingítear ceisteanna ar a chomhtháite nó a ionphlandaithe is atá téarmaí áirithe sa teanga choiteann, toisc go bhfuil carn téarmaí Gaeilge in úsáid ar an gcoincheap céanna:

8. a. tweetáil
- b. tvuíteáil
- c. giolcaireacht

Liostaíodh *giolcaireacht* i bhFoclóir de Bhaldraithe (1959) agus i bhFoclóir Uí Dhónaill (1977) mar ‘*tweeting*’ nó ‘*birdsong*’, agus d’fhéadfadh sé gur glacadh leis an téarma mar aistriúchán ‘dúchasach’ ar *tweeting* na meán sóisialta. Traslitríú simplí is ea *tvuíteáil*, agus cuireadh in airde sa Bhunachar Náisiúnta Téarmaíochta don Ghaeilge é den chéad uair in 2012. Ó thaobh rogha na bhfocal de, d’fhéadfaí a rá go bhfuil ‘íonacht theangeolaíoch’ éagsúil ag gach ceann de na téarmaí thuas: téarma dúchasach seanbhunaithe is ea *giolcaireacht*, traslitríú a cumadh le blianta beaga anuas is ea *tvuíteáil*, agus leagan códmheasctha le moirféim gan athrú ón mBéarla is ea *tweetáil*. D’fhonn a fhiosrú cé acu de na téarmaí sin is coitianta sa chorpas reatha, rinneadh cuardach leathan ar gach ceann acu. Tiomsaíodh na samplaí uile ina raibh na fréamhacha *tweet*, *giolc* agus *tvúit* le feiceáil, agus leis sin, bhíothas in ann na leamaí

agus foirmeacha uile a bhí ag gabháil le gach ceann de na fréamhacha céanna a aithint agus a chomhaireamh. Taispeántar torthaí an chuardaigh sin i dTábla 3 thíos, mar aon le minicíocht iomlán na samplaí ar fad a bhain le gach fréamh.

Fréamh	Leamaí/leaganacha malartacha	Min. iomlán
tweet	tweetáil tweetálfaidh buntweet atweet tweetáladh athtweetanna seantweet tweetálanna athtweet tweetanna tweetálaithe	156
tvuít	tvuíteáil tvuíteanna athtvuít athtvuíteáil	85
giolc	giolcaireacht giolcanna athghiolc giolcacha	90

Tábla 3: Comparáid ar úsáid na bhfréamh-mhoirféimí *tweet*, *tvuít* agus *giolc* (mar aon leis na leamaí a bhí ag gabháil leo) sa chorpas reatha, agus an mhinicíocht iomlán ag gach téarma a bhain le gach fréamh.

Is díol suntais é go n-úsáidtear an mhoirféim iasachta *tweet* i bhfad níos coitianta sa chorpas reatha ná na macasamhlacha Gaeilge *tvuít* nó *giolc*—ó thaobh na minicíochta de, tá na trí leagan le feiceáil i gcóimheas de 2:1:1 (nó mar sin). Is fiú a lua gur cosúil go bhfuil i bhfad níos mó leaganacha agus foirmeacha ag gabháil leis an moirféim *tweet* sna torthaí thuas. Is é sin le rá go bhfuil an líon is airde leaganacha malartacha (aimsirí, iolraí, foirmeacha briathartha, srl.) ag gabháil leis an moirféim *tweet*. Tugann sé sin le fios go mb'fhéidir go bhfuil *tweet* in úsáid i réimse níos leithne comhthéacsanna ná *giolc* nó *tvuít*. Ar an iomlán, is cosúil go bhfuil an lámh in uachtar ag an téarma measctha *tweetáil* agus na leamaí a bhíonn ag gabháil leis sa chorpas reatha, ó thaobh na minicíochta de agus toisc gur cosúil go bhfuil úsáid níos leithne aige. Ní gá go mbeadh ionadh ar léitheoirí faoin méid sin agus iad ag smaoineamh ar nádúr na meán sóisialta; tá sé éasca cur i gcoinne na hargóinte nach bhfuil

sé de chead ach ag saineolaithe nó foinsí oifigiúla téarmaí nua a chruthú (Bhreathnach, 2011: 11), ach is minic a thagann nósanna nua teanga chun cinn ar líne, ós rud é nach mbíonn ‘rialacha’ ná ‘srianta’ i gceist, mar a bheadh le cineálacha eile téacs. Is cinnte nach bhfuil na torthaí i dTábla 4 thuas uileghabhálach, ach léiríonn siad go bhféadfaí na meáin shóisialta a úsáid mar limistéar don taighde téarmaiméadrachta d’fhonn iniúchadh a dhéanamh ar na téarmaí atá neadaithe i gcaint na ndaoine.

Clabhsúr

Tugadh aghaidh sa phlé seo ar cheisteanna ginearálta a bhaineann leis an gcódmheascadh Gaeilge-Béarla, le tionchar an Bhéarla ar an nGaeilge, leis an téarmaíocht agus téarmaiméadracht agus le stór focal cainteoirí Gaeilge. Mar a fheictear sna torthaí i dTábla 1, tá an códmheascadh Gaeilge-Béarla le haithint go forleathan sna téacsanna Gaeilge a chuirtear in airde ar na meáin shóisialta. Tugann na torthaí céanna léargas ar na próisis theangeolaíocha a úsáideann cainteoirí chun na leaganacha measctha sin a chruthú; cuirtear táthmhír shimplí le focal Béarla uaireanta, agus cuirtear cruth na Gaeilge ar mhoirféimí iomlána ón mBéarla i gcásanna eile. Tugann na torthaí i dTábla 2 le fios go bhfuil cuid de na leaganacha measctha céanna comhtháite go maith ó thaobh na moirfeolaíochta de, agus is minic a úsáidtear marcóirí casta aimsire agus tuisil Ghaeilge taobh le moirféimí, gan athrú ón mBéarla. Téann an méid sin níos faide ná an comhshamhlú simplí gramadaí a ndearna Stenson (1991) cur síos air. Tugtar le tuiscint i gcúpla sampla go bhfuil cuid de na foirmeacha códmheasctha céanna neadaithe go maith sa ghramadach ag leibhéal na habairte, agus infhilleadh na Gaeilge in úsáid ar mhoirféimí iasachta (féach 7a agus 7b thuas).

Ar deireadh, tugtar le fios sna torthaí i dTábla 3 (go héiginnte) go bhféadfadh sé go bhfuil na leaganacha iasachta agus measctha sin in iomaíocht leis na téarmaí oifigiúla Gaeilge atá liostaithe i bhfoclóirí údarásacha. Is cinnte go mbeidh an cheist dheireanach sin ina hábhar spéise dóibh siúd ar mhian leo ceisteanna maidir leis an téarmaiméadracht sa Ghaeilge a phóirseáil. Amach anseo, d’fhéadfadh sé a bheith fiúntach do thaighdeoirí teangeolaíochta corpais díriú ar na meáin shóisialta mar réimse a thabharfaidh léargas níos soiléire ar an teanga choiteann nó ar chaint na ndaoine ná cineálacha eile téacs. Mar gheall ar an líon ard códmheasctha atá le sonrú ann, d’fhéadfadh sé go bhfuil an téacs Gaeilge a chuirtear in airde ar na meáin shóisialta ar an leagan scríofa den teanga is cosúla le gnáthchaint na ndaoine.

Cé go maítear go bhfuil stiogma ag baint leis an gcódmhalartú Gaeilge-Béarla (Ní Laoire, 2016; Stenson, 1993), léirítear cruthaitheacht agus ardchumas feidhme cainteoirí dátheangacha i ngach ceann de na samplaí thuas. Ní féidir a rá go bhfuil aon cheann de na torthaí sa pháipéar seo uilechuimsitheach, ach tugann siad súil eile do léitheoirí ar na hathruithe teanga atá ag tarlú sa Ghaeilge chomhaimseartha, chun go bhfaighfí tuiscint níos doimhne ar na hathruithe céanna. Iniúchadh simplí atá sa pháipéar seo, ach táthar ag súil go mbeidh na ceisteanna a chíortar thuas ina mbonn nó ina ninspioráid ag tuilleadh taighde amach anseo.

Leabharliosta

Leabhair

Bhreathnach, Ú., (2011) *A best-practice model for term planning*. Tráchtas PhD, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Gaois, Fiontar & Scoil na Gaeilge, DCU. (2016) *Corpas na Gaeilge Comhaimseartha*. GAOIS. www.gaois.ie/ga/corpora/monolingual

Grosjean, F., (2010) *Bilingual: Life and Reality*. Harvard University Press. doi.org/10.4159/9780674056459

Myers-Scotton, C., (1993) *Social Motivations for Codeswitching*. Amsterdam University Press.

Myers-Scotton, C., (1998) *Codes and Consequences: Choosing Linguistic Varieties* (1ú eág.). Oxford University Press.

Ó Dónaill, N., (Eag.). (1977) *Foclóir Gaeilge-Bearla*. An Gúm.

Ailt

Bennett-Kastor, T., (2008) 'Code-Mixing in Biliterate and Multiliterate Irish Literary Texts.' *Estudios Irlandeses*, 3, 29–41. <https://doi.org/10.24162/ei2008-2959>

de Bhaldraithe, T., (1953) 'Nua-iasachtaí i nGaeilge Chois Fharráige.' *Éigse* 7,7 1–34.

Deuchar, M., (2005) 'Congruence and Welsh–English code-switching.' *Bilingualism: Language and Cognition* 8(3). 255–69. doi.org/10.1017/S1366728905002294.

Hickey, T., (2009) 'Code-switching and borrowing in Irish.' *Journal of Sociolinguistics*, 13(5). 670–88. doi.org/10.1111/j.1467-9841.2009.00429.x

Lynn, T., & Scannell, K., (2019) 'Code switching in Irish tweets: A preliminary analysis.' *Association for Computational Linguistics, Proceedings of the Celtic Language Technology Workshop*. 32–40. <https://aclanthology.org/W19-6905/>

- Ní Laoire, S., (2016) 'Irish-English Code-switching: a Sociolinguistic Perspective.' *Sociolinguistics in Ireland*. 81–106. doi.org/10.1057/9781137453471_4
- Nic Fhlannchadha, S., & Hickey, T.M., (2016) 'Minority language ownership and authority: perspectives of native speakers and new speakers.' *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, 21(1), 38–53. doi.org/10.1080/13670050.2015.1127888
- Ó Domagáin, G., (2013) 'Cineál agus Feidhm an Chódaistrithe i nGaeilge Chomhaimseartha na Gaeltachta: Cás-Stáidéar ar Cheantar Ghort an Choirce.' *Éigse: A Journal of Irish Studies*, XXXVII. 199–245.
- Ó Murchadha, N., (2020) 'Múnlaí teanga na Gaeilge agus an idé-eolaíocht teanga.' *TEANGA, the Journal of the Irish Association for Applied Linguistics*, 27. 44–64. doi.org/10.35903/teanga.v27i.487
- O'Rourke, B., Pujolar, J., & Ramallo, F., (2015) 'New speakers of minority languages: the challenging opportunity – Foreword.' *International Journal of the Sociology of Language*, 2015(231), 1–20. doi.org/10.1515/ijsl-2014-0029
- Poplack, S., (1980) 'Sometimes I'll start a sentence in Spanish y termino en Español: toward a typology of code-switching.' *Linguistics*, 18 (7–8). doi.org/10.1515/ling.1980.18.7-8.581
- Scannell, K., (2011) *Gaeilge. Indigenous Tweets*. <http://indigenoustweets.com/>
- Stefanich, S., Cabrelli, J., Hilderman, D., & Archibald, J., (2019) 'The Morphophonology of Intraword Codeswitching: Representation and Processing.' *Frontiers in Communication*, 4. doi.org/10.3389/fcomm.2019.00054
- Stenson, N., (1991) 'Code-switching vs borrowing in Modern Irish. In *Language Contact in the British Isles: Proceedings of the Eighth International Symposium on Language Contact in Europe*, Douglas, Isle of Man, 1988. Max Niemeyer Verlag. 559–80
- Stenson, N., (1993) 'English influence on Irish: the last 100 years.' *Journal of Celtic Linguistics*, 2, 107–28. [www.vanhamel.nl/codecs/Stenson_\(Nancy_\)_1993a](http://www.vanhamel.nl/codecs/Stenson_(Nancy_)_1993a)

Aguisín 1

An corpas deiridh a úsáidtear sa pháipéar reatha (líon iomlán na bhfocal: 1,070,949)

Foinse	Comhadainm	Líon Focal	Cur Síos
Twitter	GA_twitter_personal01_2020	316,923	Tvuíteanna ó chuntais phearsanta <i>Twitter</i> a bhí liostaithe ar an suíomh gréasáin <i>Indigenous Languages</i>
	GA_twitter_personal02_2020	338, 258	
	GA_twitter_org_2020	149,366	Tvuíteanna ó chuntais oifigiúla <i>Twitter</i> (RTÉ, TG4, na hInstitiúidí Eorpacha, srl.) a bhí liostaithe ar an suíomh gréasáin <i>Indigenous Languages</i>
Facebook	GA_facebook_gaeilge amháin_2020	110,471	Postálacha ón ngrúpa Gaeilge Amháin ar <i>Facebook</i> .
Discord	GA_discord_craic le gaeilge_2020	102,964	Teachtaireachtaí ó na grúpaí <i>Discord d/craic le Gaeilge</i> agus
	GA_discord_celtic langauges_2020	52,964	<i>d/celtic languages</i>



Ó Chrosta go Cruthaitheach: Aistriúchán Oideolaíoch agus an Ghaeilge i gCóras Meánoideachais Thuaisceart Éireann

Ellen Corbett

Réamhrá

Agus é in úsáid go forleathan san ochtó agus sa naoú haois déag mar uirlis teagaisc i bhfoglaim na dteangacha clasaiceacha, ceanglaíodh an t-aistriúchán go láidir le smaointe traidisiúnta foghlama faoi lár an fhichiú haois. Ó shin i leith, rinneadh neamhaird ar an aistriúchán mar mhodh teagaisc agus tugadh modhanna teagaisc bunaithe ar an chumarsáid agus tumoideachas isteach ina áit (Flynn, 2021: 56; Cook, 2010: 22; Barnes, 2021a: 41). Fiú dá mbainfí úsáid as an aistriúchán sa lá inniu, ghlacfaí leis mar ghníomh ‘*dull and demotivating*’ (Cook, 2010), gan ann ach ‘*unquestioning students [...] instructed to ‘read and translate’*’ (González-Davies, 2004: 14).

Ní hé sin le rá, áfach, go bhfuil an t-aistriúchán oideolaíoch imithe go hiomlán ón oideachas teangacha ar an aimsir seo; a mhalairt i ndáiríre atá fíor, mar is modh coitianta aitheanta go fóill é an t-aistriúchán sa chóras meánoideachais i dTuaisceart Éireann. Tá ceisteanna aistriúcháin le feiceáil ar scrúduithe Theastas Ginearálta an Mheánoideachais (*General Certificate of Secondary Education – GCSE*) agus ar na scrúduithe Ard-Leibhéil (A-Leibhéal) do gach nuatheanga a scrúdaítear (seachas an Béarla), agus tá an t-aistriúchán fíor-fhorleathan i réimse na Gaeilge go háirithe, mar a bheidh le feiceáil san alt seo. Agus an córas oideachais mar atá faoin phríomheagraíocht oideachais ó Thuaidh, *Council for the Curriculum, Examinations and Assessment (CCEA)*, is í an Ghaeilge an t-aon teanga a bhfuil dhá dhámhachtain aici do chainteoirí Ghaeilge T1 agus T2¹ go sonrach, agus sna scrúduithe

¹ Teanga 1: céad teanga an duine; Teanga 2: dara teanga an duine

GCSE agus A-Leibhéal, téann suas le 46 faoin gcéad de na marcanna atá ar fáil in aon scrúdú amháin don aistriúchán (CCEA, 2020d; 2020e; 2020f), cé gurb é an modh is lú a thugtar am agus tacaíocht dó, agus cé gur go n-úsáidtear an t-aistriúchán go príomha mar bhealach chun gnóthú foclóra agus teanga a thástáil, nó chun cumas scoláirí gramadach agus stór focal an T2 a '(ath)chruthú' (Barnes, 2021a: 48).

Ach, 'to stop there would mean running the risk of seriously undervaluing translation's full pedagogic potential' (Barnes, 2021a: 48). D'fhéadfaí an cur chuige a leasú ionas go mbeadh an t-aistriúchán in úsáid ar bhealach níos cumarsáidí, níos cosúla le gairm an aistritheora, agus ar bhealach atá níos fearr agus níos suimiúla do dhaltaí meánscoile. Ag amharc ar eagraíochtaí idirnáisiúnta ar nós Stephen Spender Trust a thugann an t-aistriúchán isteach sa rang ar bhonn seach-churaclaim, d'fhéadfadh an t-aistriúchán cruthaitheach² a bheith ina leigheas ar an chóras reatha.

Trí scagadh a dhéanamh ar iarpháipéir, scéimeanna marcála, agus litríocht liath ón CCEA^{3,4} go príomha, déanfar iarracht trí cheist a fhreagairt: cén dóigh ar cuireadh an t-aistriúchán oideolaíoch i bhfeidhm sa chóras meánoideachais ó Thuaidh (i múineadh na Gaeilge go háirithe); cén fáth a mbíonn an t-aistriúchán le feiceáil mar atá sé sa chóras; agus an féidir an t-aistriúchán a mhúineadh ar bhealach níos cruthaithe agus níos cumarsáidí in oideolaíocht na Gaeilge ó Thuaidh?

Áitíonn an t-alt seo go bhfuil an t-aistriúchán fíor-fhorleathan i réimse na Gaeilge ag leibhéal na meánscoile agus go gcuirtear barraíocht béime air mar mhodh teagaisc agus tástála gan tacaíocht ná réamheolas leordhóthanach sa chóras oideachais i dTuaisceart Éireann. Áitítear fosta, go bhféadfadh an t-aistriúchán oideolaíoch a bheith in úsáid ar bhealach níos cumarsáidí, níos cruthaithe, agus ar bhealach atá níos fearr agus níos suimiúla do scoláirí, go háirithe má amharcann muid ar eagraíochtaí idirnáisiúnta atá ag tabhairt aistriúchán cruthaitheach isteach sa seomra ranga ar bhonn seach-churaclaim.

Caithfear a rá, áfach, go mbeidh an t-alt seo dírithe ar chóras Thuaisceart Éireann amháin agus go bhfuil sé bunaithe ar thaithí an údair mar scoláire meánscoile faoin chóras céanna agus mar chúntóir teagaisc Gaeilge thar lear, ach i dTuaisceart Éireann go háirithe. Agus í ag obair i meánscoil ó Thuaidh, tugadh le fios go raibh cúlra san aistriúchán aici agus fostaíodh

² Cuireann *aistriúchán cruthaitheach* le sainmhíniú de chuid Barnes ar an *aistriúchán dimimiciúil*; 'activities in which students become translators in simulations of real-world, communicative, creative translation tasks' (2021a: 51). Anuas ar thascanna cruthaitheacha mar a thugtar orthu (an t-aistriúchán liteartha m.sh.), cuimsíonn sé seo tasc aistriúcháin ar bith a theastaíonn cruthaitheacht ar dhóigh ar bith lena aghaidh.

³ Roghnaíodh scrúduithe GCSE agus A-leibhéal ón siollabas is nuai de chuid CCEA mar phríomhábhar taighde don alt seo. Tugadh isteach siollabas nua do nuatheangacha in 2017 agus tá sé fós in úsáid. Bhí an t-ábhar *Irish* mar chuid den leasú seo. Chun idirdhealú níos fearr agus níos cruinne a dhéanamh idir gnéithe éagsúla na Gaeilge ina iomláine i dTuaisceart Éireann, measadh an t-ábhar *Gaeilge* ag leibhéal GCSE fosta, a scrúdaíodh den chéad uair in 2019.

⁴ Tá bunachar sonraí d'iarpháipéir agus scéimeanna marcála ar fáil ar shuíomh an CCEA (ccea.org.uk).

í mar chúntóir ‘aistriúcháin’, ag tabhairt cuidiú do dhaltaí a bhí ag streachailt leis an réimse seo díreach roimh a gcuid scrúduithe GCSE. Tháinig ábhar an ailt seo (agus ábhar a tráchtas máistreachta⁵, atá ina fhoinsé don pháipéar seo) ón phost sin agus í ag ceistiú an mbeadh bealach níos fearr agus níos éasca ann chun an t-aistriúchán a mhúineadh⁶ agus a chur i bhfeidhm sa chóras meánscoile.

Ba dheacair, fosta acmhainní taighde a aimsiú ar an aistriúchán oideolaíoch⁷ sa chóras meánoideachais toisc gur ar an ollscoil a dhéantar tromlach an taighde (féach Mac Lochlainn, 2019). Beidh taighde ar an aistriúchán sa mheánscoil de dhíth go cinnte amach anseo chun tuiscint níos fearr a fháil ar an nasc idir an t-aistriúchán agus foghlaim teangacha.

An tAistriúchán Oideolaíoch agus an Tuaisceart

Tugann Carruthers agus Ó Mainnín le fios go bhfuil comhthéacs ar leith ag Tuaisceart Éireann ó thaobh na polaitíochta agus na teanga de, agus impleachtaí aige seo do ‘*a number of important consequences*’ d’fhoghlaim teangacha, do theangacha an phobail agus do pholasaí teanga (2018: 159, luaite in Jones, 2020: 2). Chomh maith le cúinsí atá sonrach don Ghaeilge: teanga dhúchais, mionteanga, modh féiniúlachta agus T1 agus T2, agus stádas na teanga ó Thuaidh⁸, tá cúinsí ann a mhíniú forleithne an aistriúcháin a bhfuil dlúthcheangal acu le léann an aistriúcháin agus atá le feiceáil i gcás teangacha eile.

Tá dílseacht do mhodhanna teagaisc den tseandéanamh ar cheann de na fáthanna is mó agus is tábhachtaí le forleithne an aistriúcháin sa chóras oideachais. Éagsúil le teangacha eile, is cur chuige réasúnta úr é teagasc na Gaeilge mar dhara teanga, a thosaigh ag deireadh an naoú haois déag le hAthbheochan na Gaeilge, bunú Chonradh na Gaeilge agus reachtaíocht nua a ceadaíodh teagasc na Gaeilge sna scoileanna ó 1900 i leith (Doyle, 2015: 180). Ag leanúint modhanna teagaisc a bhí in úsáid ag an am, bhí teagasc na Gaeilge bunaithe, ag an dara leibhéal go háirithe, ar na teangacha clasaiceacha (Doyle, 2015: 168) agus shocraigh an leagan amach

⁵ Scríobhadh tráchtas máistreachta an údair i mBéarla i samhradh 2021 mar pháirt den chéim mháistreachta aistriúcháin in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste: *From Dry to Dynamic: Pedagogical Translation in Irish-language Secondary Education in Northern Ireland*.

⁶ Ba mhór an tionchar a bhí ag na daltaí ar bhuail an t-údar leo fosta. Nuair a dúirt sí leo gur aistritheoir a bhí inti, d’fhiafraigh siad ‘*you do our homework as your job???*’ agus bhí tionchar mór ag an dearcadh seo ar choincheap an aistriúcháin agus ar an ghairm ar a cuid oibre.

⁷ Nó *pedagogical translation*: úsáid an aistriúcháin sa tseomra ranga mar mhodh chun sealbhú an dara teanga a éascú (agus a thástáil).

⁸ Ag tarraingt ar an méid a dúirt Gearóid Mac Lochlainn ina Nóta in *Sruth Teangacha* (Mac Lochlainn, 2002: 186), tá a fhios againn, mar chainteoirí Gaeilge, an tábhacht, an stádas, an chonspóid a bhain agus a bhaineann leis an Ghaeilge ó Thuaidh. Agus an t-alt seo bunaithe ar thráchtas a scríobhadh i mBéarla ar dtús, bhí an míniú seo de dhíth. Is leor a rá mar sin, go n-imríonn stádas na Gaeilge ó Thuaidh ról i bhforleithne an aistriúcháin mar a shilféa.

seo modh teagaisc na Gaeilge sa tír ar fad (Flynn, 2021: 56). Chuir an modh seo, a thugtar Modh Gramadach-Aistriúcháin air, béim ar struchtúr na teanga agus ar chruinneas gramadaí agus an múinteoir ina ‘saoi sáoilte’ (Mac Lochlainn, 2019: xv) ar an rang.

Bhí droch-chlú ar an mhodh Gramadach-Aistriúcháin faoi lár an fhichiú haois agus d’eascair modhanna teagaisc cumarsáideacha a bhaineann leis an tumoideachas ina áit (Barnes, 2021a: 41; Tsagari & Floros, 2013: vii). Níor imigh na modhanna seo as an seomra ranga go hiomlán, áfach. Deir Flynn gur ghlac sé i bhfad níos mó ama ar mhodhanna nua Éire a bhaint amach agus a lorg a fhágáil ar an churaclam. Cé gur thosaigh an ‘réabhlóid chumarsáideach’ sna seachtóidí, níor tháinig na chéad siollabais chumarsáideacha Ghaeilge i bhfeidhm go dtí deireadh na n-ochtóidí, agus níor cuireadh na hathruithe sin i bhfeidhm go dtí deireadh na nóchaidí (Flynn, 2021: 34, 108–9). Cúis iontais an méid ama a thóg sé chun oideolaíochtaí maidir le múineadh na Gaeilge a ghlacadh isteach sa chóras, tráth a rinneadh neart dul chun cinn i réimsí eile ar nós an oideachais aosaigh agus mhúineadh na nuatheangacha ag an dara leibhéal (Flynn, 2021: 109).

Tarraingíonn Mac Lochlainn aird ar mhodh eile a úsáideadh taobh leis an mhodh Gramadach-Aistriúcháin, an Modh Léigh-agus-Aistrigh, a nglactar leis fós go háirithe in oiliúint aistritheoirí; ‘go rómhínic ar fad [...] téann an teagascóir tríd an téacs a bhí le haistriú, líne ar líne, cuireann an t-aistriúcháin ‘ceart’ ar fáil agus ceartaíonn na hearráidí a rinne na rannpháirtithe’ (2019: xv).

Dar le Mac Lochlainn ‘gur mó an dochar ná an sochar’ a dhéanann an modh seo agus go gcuireann sé laghmhisneach ar scoláirí nuair a thugtar le fios dóibh nach bhfuil ach freagra ceart amháin ann; agus go gcruthaítear timpeallacht sa seomra ranga atá bunaithe ar chruinneas in áit an aistriúcháin féin (2019: xv). Áitíonn González-Davies go bhfuil an Modh Léigh-agus-Aistrigh ‘probably as obsolete and unproductive as the Grammar-Translation method is to teach foreign language’ (2004: 3), ach caithfear a rá, go léiríonn an modh seo an cleachtas gairmiúil, áit ina bhféadfaidh an t-aistritheoir ‘plé le tuairisc ar ghás radóin lá amháin agus le tráchtas diagachta i gcomhair Foilseacháin Ábhair Spioradálta an lá dár gcionn’ (Mac Lochlainn, 2019: ix).

Cé go bhfuil difríochtaí móra idir é agus an Modh Gramadach-Aistriúcháin, tháinig an Modh Díreach chun cinn mar phríomh-mhodh i bhfoghlaim agus teagasc na Gaeilge i ndiaidh a chéad úsáid ag Conradh na Gaeilge (Doyle, 2015: 185). Chuir an modh béim ar ‘not speaking English to the pupils, even at a basic level, and [...] on speaking rather than writing’ (Doyle, 2015: 185). Tá an modh seo iontach cosúil le teicnící nua-aimseartha, agus dá bharr sin, tugadh an Modh Díreach isteach i dteagasc na Gaeilge ó Thuaidh sa mhéid is gur cleachtas coitianta é an tumoideachas sa réigiún anois é (O’Dowd, 2014: 2). Tugann an tumoideachas deis do scoláirí an teanga a úsáid i gcomhthéacs agus spás ann dóibh le bheith cruthaitheach, ach ní sheasann sé as féin sa seomra ranga. Cuireann Cook síos ar an mhodh, áfach, mar ‘any and all teaching which excludes use of the students’ own language from the

classroom, whether for translation or for explanation and commentary' (2010: 7). Mar gheall ar an bhéim a chuir an Modh Díreach ar an tumoideachas, agus a úsáid fhorleathan i dTuaisceart Éireann, tógadh an t-aistriúchán amach as an tseomra ranga i bhfabhar modhanna a chuir fócas ar an T2 amháin (Barnes, 2021a: 41). Ach caithfear cothromaíocht a fháil idir cruinneas scríofa agus cruinneas labhartha, a chuir an t-aistriúchán sa dara háit sa seomra ranga, agus an t-aistriúchán oideolaíoch. Agus é ag tagairt don aistriúchán i bhfoghlaim teangacha, deir Cook, *'it has hardly moved for a hundred years [...] and [is a] serious detriment to language learning as a whole'* (2010: 156).

Tá tuairimí eile ag Hartmann and Hélot a dhéanann nasc le polasaithe rialtais (2021: 96) maidir le ganntanas an aistriúcháin sa churaclam, *'the main reason has to do with language education policies that are informed by monoglossic ideologies of bilingualism [...]*'. Creideann Zubrzycki (2018) go mbíonn dearccháí aonteangacha ar an dátheangachas agus *'monolingual bias'* fós i láthair san oideolaíocht teangacha, agus *'[although] one might have thought that since the debate on the monolingual bias began, popular attitudes to bilingualism [would] have changed markedly. However, the contrary seems to be the case'*. Léiríonn dearccháí an ghnáthduine gur bua ón nádúr é an t-aistriúchán a d'fhéadfadh gach duine a bhfuil an dara teanga acu a dhéanamh (féach Robinson, 2012: vi).

Agus é faoi scáth Fheidhmeannacht Thuaisceart Éireann, tá dearccháí aonteangacha ar an dátheangachas le feiceáil sa CCEA agus é ina chomhlacht neamhrannach poiblí maoinithe (*Non-departmental public body – NDPB*) ag agus faoi chúram na Roinne Oideachais sa Tuaisceart (CCEA, 2020a). Níl ach buneolas ag an CCEA ar theoiric agus ar chleachtadh an aistriúcháin agus tá an chuma air nach bhféachtar air ach mar ghníomh atáirgeach tánaisteach chun an sealbhú teanga a thástáil. Gan dabht, is dearcadh aonteangach é seo ar an dátheangachas agus é mar aistriúchán idirtheangach amháin. Tá an dearcadh seo le feiceáil fosta sa chinneadh a rinne an CCEA scrúduithe cainte a bhaint as na scrúduithe GCSE agus A-Leibhéil i mbliana chun brú ar scoláirí de bharr COVID-19 (.i. cianteagasc agus cur isteach ar an mhúinteoireacht) a mhaolú (Meredith, 2021a). Ag labhairt le Tionól Thuaisceart Éireann, dúirt an tAire Oideachais, Peter Weir (2021):

I am very conscious that our young people have faced incredible challenges as a result of this pandemic. In making these adaptations to examinations, we will ensure that their lives are not defined or held back by the disruption they have experienced

Cáineadh an cinneadh mar chinneadh 'contráilte' agus 'gearr-radharcach', áfach, go háirithe nuair a mhol lucht oideachais roghanna éagsúla a laghdódh strus ach a choinneodh an scrúdú cainte (Meredith, 2021a; Tuairisc, 2021). In alt ó *Tuairisc*, dúirt Réamonn Ó Ciaráin go 'léiríonn an cinneadh labhairt na teanga a bhaint den mheasúnú easpa tuisceana maidir

leis an chur chuige is fearr a oibríonn do theagasc agus d'fhoghlaim teangacha' (Tuairisc, 2021), rud a thugann bunús don argóint go bhfuil dearcadh caol aonteangach ar an fhoghlaim teanga ag an CCEA.

Creideann Hartmann agus Hélot go bhféadfaidh an t-aistriúchán ról a imirt 'in *challenging the still dominant monoglossic ideology of bilingual and biliteracy pedagogy*' (2021: 106). Seachas a bheith ina shampla den dearcadh aonteangach ar an dátheangachas atá i dTuaisceart Éireann, d'fhéadfadh an t-aistriúchán a bheith ina leigheas air, ach chun sin a bhaint amach, caithfear iarracht a dhéanamh na dearcthaí coitianta i leith an aistriúcháin a athrú, agus ba cheart é sin a dhéanamh sa chóras oideachais.

CCEA agus an t-Aistriúchán

Tá an CCEA ar an phríomheagraíocht oideachais agus cáiliúcháin i dTuaisceart Éireann agus an t-aon eagraíocht oideachais sa Ríocht Aontaithe a chuireann scrúduithe Gaeilge GCSE agus A-Leibhéil⁹ ar fáil: GCSE agus A-Leibhéal *Irish*, do chainteoirí Ghaeilge T₂, agus GCSE *Gaeilge*, do chainteoirí Ghaeilge T₁¹⁰. Agus leasú ar shiollabas nuatheangacha tugtha isteach in 2017 (CCEA, g.d.:1; CCEA, 2020g), tógann na curaclaim GCSE agus A-Leibhéil ar na ceithre scil i bhfoghlaim teangacha (i. léitheoireacht, scríbhneoireacht, éisteacht agus labhairt) (CCEA, 2020b). Scrúdaítear na scileanna siúd ina n-aonaid ag leibhéal an GCSE, ach faoi thrí aonad ag A-Leibhéal: *Speaking, Listening and Reading* (nó *Reading and Use of Language* ag Leibhéal AS¹¹), agus *Extended Writing* (CCEA, 2020c). Tá sé fóirsteanach anois amharc ar an aistriúcháin sna dámhachtana CCEA go sonrach.

⁹ Macasamhla an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteistiméireachta atá sna scrúduithe seo agus ar chomhaois a bhíonn na scoláirí a shuíonn iad.

¹⁰ Aithnítear *Irish* mar nuatheanga taobh leis an Fhraincis, an Ghearmáinis, agus an Spáinnis trí chóras de chuid an CCEA ach níl trácht ar an *Ghaeilge* sa chatagóir seo (CCEA, g.d.: 1). Is cosúil go ndearnadh an cinneadh an Ghaeilge a scoilteadh mar gheall gur ar scoláirí T₁ atá *Gaeilge* dírithe, éagsúil leis na nuatheangacha eile. Feictear don údar áfach, gur *chat Schrödinger* atá inti an Ghaeilge: teanga a scrúdaíonn an CCEA taobh leis na nuatheangacha eile ach atá ródhifriúil leo le go gcuirfí leo í, agus ródhifriúil leis na hábhair eile chun á cur leosan.

¹¹ Tá dhá bhliain staidéir i gceist leis an GCSE agus A-Leibhéal araon de ghnáth. Don A-Leibhéal, bronntar Leibhéal Ard-Fhotheastais (Advanced Subsidiary Level; AS) i ndiaidh bliain amháin, agus Leibhéal A2 (A2) sa dara bliain, sula dtugtar le chéile iad agus go mbronntar A-Leibhéal ina iomláine ar an scoláire.

GCSE *Irish*:

Bliain	Sraith	Páipéar	Aistriúchán	Treo an Aistriúcháin
2019	Bonnsraith	Léitheoireacht	10 marc (16.66%); 2 cheist [16.66%]	GA-EN
2019	Bonnsraith	Scríbhneoireacht*	10 marc (16.66%); 1 cheist [25%]	EN-GA
2019	Ardsraith	Léitheoireacht*	8 marc (13.33%); 1 cheist [8.3%]	GA-EN
2019	Ardsraith	Scríbhneoireacht	10 marc (16.66%); 1 cheist; [25%]	EN-GA
2018	Bonnsraith	Léitheoireacht	8 marc (13.33%); 1 cheist [8.3%]	GA-EN
2018	Bonnsraith	Scríbhneoireacht	10 marc (16.66%); 1 cheist [25%]	EN-GA
2018	Ardsraith	Léitheoireacht	8 marc (13.33%); 1 cheist [8.3%]	GA-EN
2018	Ardsraith	Scríbhneoireacht	10 marc (16.66%); 1 cheist [25%]	EN-GA

*Scéim Marcála amháin ar fáil (céatadán ó thaobh marcanna de) [céatadán ó thaobh ceisteanna de]

Tábla 1: Scrúduithe GCSE *Irish* agus céatadán a thugtar don aistriúchán (CCEA, 2020e)

Mar a fheictear i dTábla 1, d'fhan treo an aistriúcháin agus an céatadán a tugadh dó mar an gcéanna sa Bhonnsraith agus san Ardsraith ag GCSE ón uair a scrúdaíodh an siollabas nua in 2018 (CCEA, 2020b). Thairis sin, iarrtar ar scoláirí aistriúchán a dhéanamh i ngach treo (EN-GA, GA-EN) i gcaitheamh na dámhachtana, ach is suimiúil nach luaitear aistriúchán ó Ghaeilge go Béarla sa siollabas ar chor ar bith (CCEA, g.d.:4), cé go mbíonn sé le feiceáil ar na scrúdpháipéir féin.

Dar leis an CCEA, gur cheart go mbeadh scoláirí GCSE ábalta '[to] translate sentences from English into the target language to convey key messages accurately and to apply knowledge of language and grammatical structures in context' (CCEA, g.d.: 4). Tá ceisteanna aistriúcháin ar na páipéir scríbhneoireachta agus léitheoireachta ag an GCSE araon (éagsúil leis na scrúduithe A-Leibhéal). Deir an CCEA go gcaithfidh scoláirí 'understand and respond to different types of written language' san aonad léitheoireachta agus, go gcaithfidh siad 'communicate in writing' san aonad scríbhneoireachta (CCEA, 2019b: 2). Tá na haidhmeanna seo leathan agus ar an chéad amharc, is cosúil go gclúdaítear gach sórt cumarsáid scríofa, an t-aistriúchán san áireamh. Ní an t-aistriúchán mar thasc a dteastaíonn tuiscint teanga agus an cumas freagra

fóirsteanach a thabhairt ar an téacs. Is maith an comhghéilleadh an t-aistriúchán a bheith sa dá scrúdú, agus ciallaíonn sé fosta go n-úsáideann scoláirí na scileanna uilig a éilíonn an t-aistriúchán, ach ag an am céanna, ciallaíonn sé go ndéantar codanna de na scileanna atá de dhíth san aistriúchán go dtí go gcloíonn siad leis an dearcadh reatha maidir le foghlaim teanga fós, agus tá an léamh éadrom céanna ar an aistriúchán i bhfeidhm. Seo thíos ábhar samplach ón GCSE:

- a) Rugadh é i mí Feabhra.
- b) Bhí sé mar chaptaen ar fhoireann na hÉireann.
- c) Tá sé ag obair mar chuntasóir.
- d) D'éirigh Seán as an pheil.

[Ceist 8 ó scrúdúpháipéar GCSE Irish Ionad 3: Léitheoireacht, Ardsraith] (CCEA, 2018a)

- a) Tennis, football and basketball in the sports hall.
- b) The leisure centre is open late every Thursday.
- c) Get fresh food and drinks in the café.
- d) Keep fit and stay healthy.
- e) Advice available free of charge.

[Ceist 3 ó scrúdúpháipéar GCSE Irish Ionad 4: Scríbhneoireacht, Ardsraith] (CCEA, 2018b)

Is léir dúinn nach bhfuil na samplaí seo chomh simplí sin, agus go mbeadh ar scoláirí aistriúchán ciall ar chiall in áit focal ar fhocal a chruthú mar gheall ar struchtúr an Bhéarla agus ar na difríochtaí idir é agus an Ghaeilge, (go háirithe i dtreo EN-GA, treo níos casta agus neamhchoitianta d'fhoghlaimoírí teanga), mar shampla, ganntanas briathra; gur chóir don scoláire an aimsir láithreach, aimsir ghnáthláithreach nó ainm briathartha a úsáid; modh ordaitheach; briathra agus réamhfhocail; ord na bhfocal, srl. Mar sin, i gcuraclam de chuid an CCEA, iarrtar ar scoláirí aistriúcháin ciall ar chiall ardchaighdeánacha a dhéanamh beag bean ar an eolas atá acu ar na foirmeacha difriúla, agus, ag leibhéal GCSE ar aon nós, gan mórán tacaíocht bhreise ón CCEA ó thaobh aistriúcháin de. Glactar leis go n-inmheánaíonn agus go n-oibríonn an scoláire amach go gcaithfidh sé an fhoirm seo d'aistriúchán (ciall ar chiall) a úsáid le go mbeidh rath ar a c(h)uid oibre.

A-Leibhéal *Irish*

Leibhéal	Bliain	Páipéar	Aistriúchán	Treo an Aistriúcháin
AS	2019	Léitheoireacht agus Úsáid Teanga	35 marc (46.66%); 2 cheist [28.57%]	GA-EN; EN-GA
A2	2019	Léitheoireacht*	35 marc (46.66%); 1 cheist [25%]	EN-GA
AS	2018	Léitheoireacht agus Úsáid Teanga	35 marc (46.66%); 2 cheist [28.57%]	GA-EN
A2	2018	Léitheoireacht	35 marc (46.66%); 1 cheist [25%]	EN-GA
AS	2017	Léitheoireacht agus Úsáid Teanga	35 marc (46.66%); 2 cheist [28.57%]	GA-EN; EN-GA
A2	2017	Léitheoireacht	._**	._**
AS	2015 ***	Léitheoireacht agus Scríbhneoireacht Shínte*	20 marc (20%); 1 cheist [25%]	GA-EN

* Scéim Marcála amháin ar fáil (céatadán ó thaobh marcanna de) [céatadán ó thaobh ceisteanna de]

** níl sé ar fáil

*** siollabas roimhe

Tábla 2: Scrúduithe A-Leibhéal *Irish* agus céatadán a thugtar don aistriúchán (CCEA, 2020d)

Níl ceisteanna aistriúcháin le feiceáil ach ar na páipéir léitheoireachta ag A-Leibhéal (CCEA, 2020d), ach i gcomparáid le GCSE *Irish*, cuimsíonn an t-aistriúchán céatadán agus marc i bhfad níos mó. Taispeánann an cinneadh an t-aistriúchán a bhaint de scrúdú amháin seo ag leibhéal níos airde go bhfeiceann an CCEA comhchoibhneas níos mó idir an t-aistriúchán agus léitheoireacht ná idir é agus an scríbhneoireacht. Mar sin, ní fhéachtar ar an aistriúchán mar ghníomh cruthaitheach táirgiúil, ach mar ghníomh atáirgeach tánaisteach.

Tá níos mó oibre ag dul le ceisteanna aistriúcháin ag an leibhéal seo, agus aistriú téacsanna suas go 250 focal ó Ghaeilge go Béarla ag Leibhéal AS agus ó Bhéarla go Gaeilge ag Leibhéal A2 i gceist. Tagann na téacsanna ó réimse leathan foinsí ar nós irisí, leabhair, nuachtáin nó foinsí eile neamhfhicsean, ach baineann siad i gcónaí le ceann de na snáithe *Contexts for Learning*¹² (CCEA, 2019d).

¹² Is topaicí sonracha iad *Contexts for Learning*, topaicí faoina roinntear an curaclam. Seo na comhthéacsanna A-Leibhéil: 'Relationships' agus 'Culture and Lifestyle' (AS), 'Young People in Society' agus 'Our Place in a Changing World' (A2) (CCEA, g.d.: 5–6).

2 Aistrigh go Béarla. Ná haistrigh an teideal.**Trasna na dtionta**

Deirtear go bhfuil cuid de na tionta is mó agus is cumhachtaí ar domhan le feiceáil amach ó chósta thiar na hÉireann.

Bíonn tionta ann atá a dhá oiread níos airde ná teach. Chuirfeadh sin eagla ar chuid mhór daoine.

Tá grúpa amháin daoine nach bhfuil eagla orthu roimh na tionta móra, áfach. Ní hamháin sin, ach tagann siad anseo mar gheall ar na tionta!

Is í an tonnmharcaíocht an spórt a chleachtann siad ar an fharraige agus iad ina seasamh ar chláir adhmaid ar bharr na toinne.

Tá clú agus cáil ar fharraigí na hÉireann agus mealltar na mílte duine anseo gach bliain le bheith páirteach sa spórt.

Cuidíonn na turasóirí seo go mór le cúrsaí airgid na tíre agus baineann siadsan sult an-mhór as an Aigéan Atlantach!

Ceist 2 ó Pháipéar AS Reading and Use of Language (CCEA, 2018a: 4).

Chomh maith leis sin, áfach, tugadh ceist breise in 2017 agus in 2019 sa phaipéar AS atá iontach cosúil le ceisteanna aistriúcháin ag GCSE:

- (a) I like to play tennis.
- (b) Ask her for a cup of tea.
- (c) He says that he has a new phone.
- (d) He is a wonderful musician.
- (e) I met him the day before yesterday.

[Ceist 5 ó AS Ionad 2 (Cuid B agus C) Reading and Use of Language] (CCEA, 2017)

Is ait nach raibh na ceisteanna seo leis an scrúdú ach gach dara bliain, ach seans gur léiriú é seo gur brúdh an t-aistriúchán isteach sna scrúduithe agus nach bhfuil san aistriúchán ach athsmaoineamh.

GCSE *Gaeilge*

Bliain	Páipéar	Aistriúchán	Treo an Aistriúcháin
2019	Scríbhneoireacht	25 marc (41.67%); 2 cheist [66.66%]	EN-GA; GA-EN
2019	Léitheoireacht*	10 marks (16.66%); 1 cheist [66.66%]	GA-EN

* Scéim Marcála amháin ar fáil (céatadán ó thaobh marcanna de) [céatadán ó thaobh ceisteanna de]

Tábla 3: Scrúduithe GCSE Gaeilge agus céatadán a thugtar don aistriúchán (CCEA, 2020f)

Cé go bhfuil sé ar comhchéim le GCSE *Irish*, tá GCSE *Gaeilge* níos cosúla leis an scrúdú A-Leibhéal mar gheall ar a struchtúr agus an t-ualú a thugtar don aistriúchán. Tugtar céatadán níos mó don aistriúchán sa GCSE *Gaeilge* agus tá tascanna níos deacra curtha os comhair na scoláirí. Cosúil leis an A-Leibhéal, iarrtar ar scoláirí téacs 250 focal aistriú ach i ngach treo; ó Béarla go Gaeilge sa pháipéar scríbhneoireachta, agus ó Ghaeilge go Béarla sa pháipéar léitheoireachta. Tá abairtí le haistriú sa dá shonraíocht ach tá GCSE *Gaeilge* níos dúshlánaí agus ar aon dul le caighdeán A-Leibhéal:

- Which would you prefer, to stay in this country or to emigrate?
- I recently applied for a part-time job in the city centre as a shop assistant.
- The youth of today do not care about the problems facing the elderly in society.
- Would they earn more money if they succeeded in their examinations?
- Don't interrupt her now, please; you ought to make an appointment with the receptionist to meet her later. (CCEA, 2019a)

Litríocht Thánaisteach

Ní féidir dearmad a dhéanamh ar an litríocht thánaisteach a thugann an CCEA d'iarrthóirí scrúdaithe, cé gur beag é¹³. Le haghaidh an GCSE, ní raibh an t-údar ábalta ach trí phointe urchair a fháil a d'fhéadfadh cuidiú sonracha a thabhairt don scoláire faoin aistriúchán, agus dhá phointe acu sin in aon doiciméad amháin:

- Aistriúchán** – Léigh an píosa iomlán cúpla uair sa dóigh is go dtuigfidh tú comhthéacs an píosa. Roghnaigh focail/frásaí ar leith agus aistrigh iad sula dtugann tú faoin rud iomlán a

¹³ Fiafraíodh den údar an mbeadh aon téascleabhair ann a chluáíonn scileanna aistriúcháin más ceist atá ann ar pháipéir scrúdaithe. Ina taithí féin agus ag labhairt di le múinteoirí meánscoile, is léir nach bhfuil ann ach an litríocht thánaisteach atá luaite sa pháipéar seo.

aistriú. Cuimhnigh nach gá duit gach uile fhocal a aistriú, agus gurb é ciall an phíosa an rud is tábhachtaí.

4. Bí cinnte go dtéann tú siar ar an aistriúchán nuair atá tú réidh leis lena chinntiú nár chaill tú píosa ar bith agus lena chinntiú go bhfuil litriú na bhfocal cruinn beacht

(CCEA, 2019e: cló béime le feiceáil san fhoinsé).

Níl sé éasca teacht ar an treoir seo ar shuíomh gréasáin an CCEA¹⁴, agus fiú má thagann scoláirí air, is beag eolas atá ann, cé gur fiú leath den scrúdú *Gaeilge* an t-aistriúchán.

Is ag an A-Leibhéal a thugtar an méid is mó tacaíochta agus eolais do scoláirí faoin aistriúchán, áit inar chruthaigh an CCEA *Student Study Cards* do scoláirí AS agus A2 (CCEA, 2019d; CCEA, 2019c). Léiríonn na cártaí seo, (leathanach amháin déthaobhach an ceann), ‘measúnú’, ‘cuspóirí measúnaithe’, agus ‘scileanna’, agus míníonn siad an dóigh gur chóir do scoláirí dul i mbun aistriúcháin. In áit téarmaí teicniúla a thugann míniú achomair ar an aistriúchán, úsáidtear gnáth-theanga chun coincheapa aistriúcháin a mhíniú mar shampla, moltar do scoláirí, ‘*try to rewrite any difficult phrases in English (simplifying the English may mean then it will be easier to translate into Irish)*’ (CCEA, 2019c: 2) (i. aistriúchán ciall ar chiall in áit focal ar fhocal gan a bheith ag úsáid na dtéarmaí iad féin). Léiríonn cáipéisíocht agus litriocht liath CCEA cé chomh gar is a thagann scoláirí do theoiric an aistriúcháin agus cé chomh héasca is a d’fhéadfadh sé céim a thógaint chun an teoiric féin a phlé sa seomra ranga.

Chomh maith leis sin, is suimiúil nach dtugtar an t-eolas seo ach ag A-Leibhéal, i ndiaidh dhá bhliain staidéir ar a laghad agus GCSE *Irish* nó *Gaeilge*, nó iad araon, faighte ag an scoláire cheana féin.

An féidir an t-aistriúchán a mhúineadh ar bhealach níos cruthaithí agus níos cumarsáidí?

Mar a chonaic muid, tá an t-aistriúchán ina ocsamórón i gcúrsaí meánoideachais an Tuaiscirt: in úsáid go forleathan i scrúduithe an CCEA, ach stádas tánaisteach aige maidir le cúrsaí oideolaíochta i dtaca leis na ceithre scil i bhfoghlaim teangacha. Úsáidtear é mar mhodh chun tuiscint teanga nó feidhmiú gramadaí agus foclóra a thástáil (Barnes, 2021a: 51) ach,

[...] while useful for these purposes they fail to capture the true complexity of translation in its fuller sense, and offer no scope for encouragement of or reward for the complex, metapragmatic decisions which must take place for them to be considered ‘translation’ in its truer, more communicative sense.

¹⁴ Caithfidh scoláirí dul trí trí leathanach gréasáin ar mhicreashuíomh GCSE *Gaeilge* ar shuíomh de chuid CCEA chun cóip digiteach den acmhainn seo a fháil. Níl sé cinnte, áfach, go dtugtar an t-eolas seo do scoláirí i bhformáid eile (cóip crua nó ó bhéal) agus más thugtar é dóibh, bheadh sé ag brath ar an scoil.

Cén dóigh ar féidir na fadhbanna agus na heasnamh a bhaineann le scileanna aistriúcháin agus leis an CCEA a réiteach d'fhonn aidhmeanna Barnes a bhaint amach? Tá modhanna éagsúla ann chun aistriúchán níos cumarsáidí agus níos cruthaithí a thabhairt isteach agus iad ar aon taobh leis an chóras mar atá sé nó ina áit.

Rinne comhlachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta iarracht na fadhbanna a bhaineann leis an aistriúchán oideolaíoch agus an dearcadh atá ina leith sa chóras a réiteach. Is é an Stephen Spender Trust (SST) *'the UK's leading charity for multilingual creativity in schools'* (Stephen Spender Trust, 2021) a thugann modhanna cruthaitheacha aistriúcháin isteach sa seomra ranga. Tá an eagraíocht ag feidhmiú le deich mbliana anuas agus tá tionscnaimh éagsúla curtha i gcrích acu. Is é *Multilingual Creators* an cheardlann is nuai acu, ceardlann a oileann aistritheoirí agus scríbhneoirí le gníomhaíochtaí aistriúcháin cruthaitheacha a dhearadh agus a theagasc i scoileanna (Stephen Spender Trust, 2021). Ag bogadh ó *'punitive translation'* (Ahmedzai Kemp, 2021) go dtí an t-aistriúchán cruthaitheach, cothaíonn SST timpeallacht spráitil ilteangach a dhíríonn ar ghnéithe cruthaitheacha cumarsáideacha, ar mhodhanna tasc- agus comhthéacs-bhunaithe agus *'creative engagement'* (Ahmedzai Kemp, 2021).

Tá leagan amach na gceardlann simplí agus is é an nathán SST *'decode, translate, create'* atá i gcróílár na ngníomhaíochtaí (Ahmedzai Kemp & Bery, 2021). Mar chreatlach ar an ábhar agus mar thús maith do scoláirí, déanann *'decode, translate, create'* achoimre ar an bhealach is simplí le dul i mbun aistriúcháin: an buntéacs a dhíchódú, ag cur comhthéacs, céille agus teoiric skopos¹⁵ san áireamh; an téacs a aistriú; agus aistriúcháin ar ardchaighdeán a (ath)chruthú. Is radacach é an cur chuige seo a amharcann ar an aistriúchán mar phróiseas líneach agus a chuireann próiseas an aistriúcháin féin i lár an phróisis. D'fhéadfaí an struchtúr simplí seo a chur i bhfeidhm sna siollabais Ghaeilge sa Tuaisceart agus leis an Ghaeilge, agus rogha amháin den aistriúchán cruthaitheach a thabhairt isteach sa seomra ranga.

Ba é *Translation Nation* an chéad tionscadal ag SST a reáchtáladh idir 2010 agus 2014 inar aistrigh scoláirí bunskoile deich mbliana d'aois seanscéalta ó chultúir éagsúla (*The Queen's College Translation Exchange (QTE)*, 2019: 4). Ina dhiaidh, chruthaigh SST *Translators in Schools (TiS)* inar áisigh siad aistritheoirí a bhí ag iarraidh dul isteach i scoileanna. Anuas ar sin, d'fhorbair TiS ceardlanna do mhúinteoirí meánscoile Béarla agus Nuatheangacha ar theastaigh uathu a mbuanna aistriúcháin a roinnt le daoine óga sa tionscnamh *Translators in Schools: CPD¹⁶ for Teachers*. Cuireann *Shadow Heroes* ceardlanna aistriúcháin cruthaitheacha i láthair do scoláirí dara agus triú leibhéal a bhfuil sé d'aidhm acu *'[...] transform the way language and language-learning is seen and understood [...]'* (*The Queen's College Translation Exchange (QTE)*, 2019: 6).

¹⁵ Díríonn teoiric skopos aird ar aidhmeanna agus spriocanna an aistriúcháin mar an ghné aistriúcháin is tábhachtaí (féach Vermeer, 1989/2012).

¹⁶ Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

Tá go leor comhlachtaí ann a d'fhéadfadh leas a dhéanamh do scoláirí ó Thuaidh, ach an fhadhb is mó, áfach, ná cúrsaí rochtana, lonnaíochta agus airgid fosta. Oibríonn na comhlachtaí ar mhórthír na Ríochta Aontaithe¹⁷ mar níl na baic sin orthu. I dTuaisceart Éireann, tá an chuma ar an scéal nach dtugtar deis do scoláirí ag an dara leibhéal páirt a ghlacadh i gceardlanna aistriúcháin nó plé le teoiric an aistriúcháin agus is minic nach mbíonn aon phlé acu faoin aistriúchán go dtí an tríú leibhéal. Anuas air sin, ní hé an t-aistriúchán é féin príomhaidhm chuid de na comhlachtaí agus de réir Shadow Heroes (2020),

Our workshops engage students in critical thought through hands-on activities and thought-provoking discussions. Our workshops boost the students' interest in languages without requiring prior knowledge of any language, broadening instead the students' view on what it means to be multilingual and making the most of any existing linguistic skills in the classroom.

Oibríonn Shadow Heroes agus SST i dtimpeallachtaí nach mbíonn aon chinnteacht iontu faoi thuiscint na rannpháirtithe ar na sprioctheangacha mar gheall ar an mheascán teangacha a bhíonn ag éascaitheoirí SST agus an timpeallacht ilteangach a bhíonn ann i seomraí ranga an lae inniu (Ahmedzai Kemp, 2021). Is í príomhaidhm na gceardlann seo ná scoláirí a chur ag obair le teangacha. Cé gur luachmhar iad na haidhmeanna seo, tá seans ann nach mbeadh siad fóirsteanach do scoláirí an Tuaiscirt.

Ar an dea-uair, tá tionscnamh eile ann atá níos oscailte do chainteoirí agus scoláirí Gaeilge. Eagraíonn Rialtas na hÉireann agus an Coimisiún Eorpach an comórtas *Aistritheoirí Óga* chun ardchaighdeán Gaeilge a chur chun cinn agus suim i ngairmeacha leis an Ghaeilge i measc scoláirí meánscoile a mhúscailt (Rialtas na hÉireann, 2021; An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt & Meán, 2021; An Coimisiún Eorpach, 2021). Tugann *Juvenes Translatores* deis do scoláirí san Aontas Eorpach dul in iomaíocht lena chéile chun téacs a aistriú ó agus go teanga oifigiúil de chuid an Aontais, an Ghaeilge san áireamh (An Coimisiún Eorpach, g.d.). Tá a gcomórtas féin ag Cumann Aistritheoirí agus Ateangairí na hÉireann (ITIA) agus iarrtar ar dhaltaí meánscoile téacs liteartha 500 focal ar fhad a aistriú ó theanga amháin as ocht gcinn (an Ghaeilge san áireamh) go Béarla (ITIA, 2021).

Is iomaí clár agus tionscnamh mar sin, a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm ó Thuaidh, chomh maith le heagraíochtaí a bhféadfadh muid comhoibriú leo, chun leas a bhaint as a gcuid taithí, agus d'fhéadfaí comhlachtaí áitiúla a spreagadh chun na ceardlanna céanna a chur ar fáil sa réigiún. An t-aon cheist atá ag Barnes ná, *'where it might fit in an already overloaded curriculum*

¹⁷ Mar shampla, cuireadh *Multilingual Creators* i láthair in Newcastle-Upon-Tyne, Greater Manchester, agus Norwich ó mhí Mheán Fómhair 2021, ach bhí sé seo bunaithe ar mhaoiniú a tugadh don thionscnaimh ó SST, National Centre for Writing, New Writing North, Comma Press, Arts Council England agus Greater Manchester Combined Authority (Stephen Spender Trust (SST), 2021). Oibríonn an chuid is mó de na heagraíochtaí ainmnithe sa phaipéar seo sa Bhreatain, ach níos cruinne arís, i Sasana amháin (*The Queen's College Translation Exchange (QTE)*, 2019: 6).

in which anything non-exam-focused is relegated to an ever-lengthening extra-curricular wish-list (2021a: 59). Is maith a bheith ábalta aistriúchán seach-churaclaim a chur ar fáil, ach ní léiríonn sé an obair a iarrtar ar scoláirí. Deir Ardizzone & Holmes, ‘schools are under pressure to focus on activities that support the National Curriculum’ (2021: 121).

Tá leasú de dhíth maidir le múineadh scileanna aistriúcháin agus an bealach is fearr an t-aistriúchán a shníomh isteach sa churaclam. Mar a deir Bratož agus Kocbek, ‘we are not arguing in favour of reintroducing the 19th Century concept of Grammar-Translation as an SLT¹⁸ method’ (2013: 135), ach foirm agus dearcadh nua ar an aistriúchán ar aon dul leis an dóigh a leagtar amach é sa saol mar atá sé agus a léiríonn smaointeoireacht agus treochtaí nua i léann an aistriúcháin. Níor mhór na meánóga maidir leis an Ghramadach-Aistriúchán agus oideolaíocht Léigh-agus-Aistrigh a sheachaint arís, ar eagla go bhfillfí ar mhodhanna den tseandéanamh. Ba cheart díriú ar an aistriúchán cruthaitheach a chur leis an gcuraclam, mar,

there is a risk, [...] that if the delivery of such activities is as dry as it was during the Grammar Translation period, then history may repeat itself with translation once again becoming the baby ‘thrown out with the bathwater’ (Atkinson, 1987: 242).

Mar sin féin, leis an méid taithí atá anois ann in earnáil an aistriúcháin agus i gcúrsaí oideachais, is beag seans go dtarlóidh sé seo.

Conclúid

Mar a deir Robinson, ‘being a translator is more than just being good at languages’ (2012: vi) ach go bunúsach is é sin an dearcadh atá ag an CCEA, gur modh chun cumas agus foclóir na teanga a thástáil amháin é an t-aistriúchán, agus gur cheart go mbeadh scoláirí ábalta é a dhéanamh gan fadhb gan deacracht ón tús agus gan mórán tacaíochta. Ach is é anois an t-am chun an dearcadh seo a athrú. Dar le Jones, ‘the complex nature of NI [sic] as a jurisdiction does pose challenges for curriculum policy and practice in language education. Yet, just as the challenges are unique, so too are the opportunities [...]’ (2020: 2). Ní fada uainn caint faoin Ghaeilge sna laethanta seo ó Thuaidh, ach is é anois an t-am fosta chun machnamh a dhéanamh ar an dóigh a leagtar amach an t-aistriúchán agus scileanna aistriúcháin sa siollabas agus i réimse na Gaeilge. Taobh leis an tuiscint chultúrtha agus teanga, b’fhéidir gur anois an t-am chun tuiscint níos doimhne ar an aistriúchán a chur leis an churaclam ó Thuaidh.

Moltar, mar sin, leasú a dhéanamh ar an churaclam reatha agus aistriúchán níos cruthaithe atá bunaithe ar ghairm an aistritheora féin a thabhairt isteach, chomh maith le leasú a dhéanamh ar mhodhanna cumarsáideacha cruthaitheacha teagaisc agus an dóigh a dtéann scoláirí i ngleic leis an aistriúchán sa halla scrúdaithe. Cé go bhféadfaí an t-aistriúchán

¹⁸ *Situational Language Teaching*, a dhruideann an bhearna idir modhanna teagaisc Gramadach-Aistriúcháin agus teagasc teangacha cumarsáideach (Smith & Loewen, 2018).

cruthaitheach a úsáid taobh leis an churaclam reatha ar bhonn seach-churaclaim, le ceardlanna mar a chonaic muid, agus go bhféadfadh an t-aistriúchán tacú leis an obair atá ar bun ag scoláirí sa seomra ranga faoi láthair, ní cinnte go nglacfaí le tionscnaimh mar seo agus ‘*an already overloaded curriculum*’ (Barnes 2021a: 59) ann.

Creideann Cook gur chóir go mbeadh an t-aistriúchán ina ‘*major aim and means of language learning, and a major measure of success*’ (2010: xv) agus trí thionscnaimh ar nós Stephen Spender Trust agus Multilingual Creators, d’fhéadfaí é a dhéanamh sa Tuaisceart, agus aistriúchán cumarsáideach agus fíorchruthaitheach a bhaint amach. Ní bheadh sé éasca, i ndáiríre, thógfadh sé ‘*collaboration across sectors and educational stages, [and] the investment of time and effort*’ (Jones, 2020: 8), ach b’fhiú go mór an iarracht do scoláirí agus an Ghaeilge nó teanga eile idir lámha acu, ach tá súil againn go bhfeicfear leasú éigin ar an aistriúchán oideolaíoch i gcóras meánoideachais Thuaisceart Éireann.

Leabharliosta

Leabhair

Cook, G., (2010) *Translation in Language Teaching*. Oxford: Oxford University Press.

Doyle, A., (2015) *A History of the Irish Language*. 6 eag. Oxford: Oxford University Press.

Flynn, C.J., (2021) *Foghlaim an Dara Teanga: Modhanna agus Tascanna sa Seomra Ranga*.
Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht.

González-Davies, M., (2004) *Multiple Voices in the Translation Classroom*. Amsterdam & Philadelphia: John Benjamins.

Mac Lochlainn, A., (2019) *Ó Bhéarla go Gaeilge*. Baile Átha Cliath: Cois Life.

Mac Lochlainn, G., (2002) *Stream of Tongues/ Sruth Teangacha*. 3 eag. Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht.

Robinson, D., (2012) *Becoming a Translator: An Introduction to the Theory and Practice of Translation*. 3 eag. London: Routledge.

The Queen’s College Translation Exchange (QTE), (2019) *Creative Translation in the Classroom*. Oxford, s.n.

Ailt

Ardizzone, S. & Holmes, S., (2021) 'Translators in Schools: Valuing Pupils' Linguistic Skills.' S. Laviosa & M. González Davies, ead. *The Routledge Handbook of Translation and Education*. London agus New York: Routledge. 109–26.

Barnes, K., (2021a) 'Translation in the UK language classroom: Current practices and a potentially dynamic future.' *Translation and plurilingual approaches to language teaching and learning: Challenges and possibilities [Translation and Translanguaging in Multilingual Contexts]*, 7(1). 41–64.

Bratož, S. & Kocbek, A., (2013) 'Resurrecting Translation in SLT: A Focus on Young Learners.' Tsagari, D. & Floros, G. (eag.) *Translation in Language Teaching and Assessment*. Newcastle-Upon-Tyne: Cambridge Scholars Publishing. 135–54.

Hartmann, E. & Hélot, C., (2021) 'Pedagogical Affordances of Translation in Bilingual Education.' S. Laviosa, S. & González Davies, M. (eag.) *The Routledge Handbook of Translation and Education*. London & New York: Routledge. 95–108.

Léirithe agus Traenáil

Ahmedzai Kemp, R., (2021) *Creative Translation for All: Bringing authentic and inclusive texts into MFL and English Classes [Agallamh] (25 Meitheamh)*.

Ahmedzai Kemp, R. & Bery, R., (2021) *Multilingual Creators Facilitator Training*. Online: s.n.

Tuairiscí

An Coimisiún Eorpach, (2021) *Buaiteoirí an chomórtais Aistritheoirí Óga 2021 fógartha*. https://ec.europa.eu/ireland/news/winner-of-Aistritheoiri-Oga-2021-Young-Translators-announced_ga

An Coimisiún Eorpach, (g.d.) *Juvenes Translatores*. https://ec.europa.eu/info/education/skills-and-qualifications/develop-your-skills/language-skills/juvenes-translatores_en

- An Roinn Oideachais & Eolaíochta, (2010) *Gaeilge (Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal) na Siollabais agus an Córas Measúnachta*. https://curriculumonline.ie/getmedia/c794666b-8ca5-4f78-8160-809e296d19d2/Siollabais-Nuashonraithe-na-hArdteistimeireachta_1.pdf
- An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt & Meán, (2021) *Aistritheoirí Óga*. <https://www.gov.ie/en/publication/7df43-aistritheoiri-oga/#>
- CCEA, (2017) *Assessment Unit AS 2 (Sections B and C) assessing Reading and Use of Language*. https://ccea.org.uk/sites/default/files/filefield_paths/AS2-IRI-REVISED-Past-Paper--SIR22--Standard-MayJune-Series-2017-30039.pdf
- CCEA, (2018a) *GCSE Irish Unit 3: Reading Higher Tier Mark Scheme*. <https://ccea.org.uk/downloads/docs/Past-Papers/cleared/GCSE/GCSE%20Irish%20%282017%29/2018-Summer/Standard/o/GCSE-Irish-549-Summer2018-Higher%20Tier%2C%20Unit%203%3A%20Reading%20%28MS%29-MS.pdf>
- CCEA, (2018b) *GCSE Irish Unit 4: Writing Higher Tier Mark Scheme*. <https://ccea.org.uk/downloads/docs/Past-Papers/cleared/GCSE/GCSE%20Irish%20%282017%29/2018-Summer/Standard/o/GCSE-Irish-549-Summer2018-Higher%20Tier%2C%20Unit%204%3A%20Writing%20%28MS%29-MS.pdf>
- CCEA, (2019a) *Gaeilge Páipéar 2 Scríbhneoireacht*. <https://ccea.org.uk/downloads/docs/Past-Papers/cleared/GCSE/GCSE%20Gaeilge%20%282017%29/2019-Summer/Standard/o/GCSE-Gaeilge-509-Summer2019-Paper%202-Paper.pdf>
- CCEA, (2019b) *GCSE [revised] Modern Languages Specification: Clarification information [Q&A]*. <https://ccea.org.uk/downloads/docs/Support/General/2019/GCSE%20Modern%20Languages%20Clarification%20Document.pdf>
- CCEA, (2019c) *Irish Student Study Card #13: Reading – Translation from English into Irish [a2]*. <https://ccea.org.uk/downloads/docs/Support/Study%20Cards/2019/GCE%20Irish%20Study%20Card%2013%20-%20Translation%20from%20English%20into%20Irish.pdf>
- CCEA, (2019d) *Irish Student Study Card #12: Reading – Translation from Irish into English [AS]*. <https://ccea.org.uk/downloads/docs/Support/Study%20Cards/2019/GCE%20Irish%20Study%20Card%2012%20-%20Translation%20from%20Irish%20into%20English.pdf>

- CCEA, (2019e) *Comhad Fíricí: GCSE Gaeilge Páipéar 2 – Scribhneoireacht*. <https://ccea.org.uk/downloads/docs/Support/Factfile/2019/External%20Assessment%20-%20Factfile%3A%20Writing%20Paper%202.pdf>
- CCEA, (2020a) *About Us*. <https://ccea.org.uk/about>
- CCEA, (2020b) *GCSE Irish (2017)* <https://ccea.org.uk/key-stage-4/gcse/subjects/gcse-irish-2017>
- CCEA, (2020c) *GCE Irish (2016)*. <https://ccea.org.uk/post-16/gce/subjects/gce-irish-2016>
- CCEA, (2020d) *GCE Irish (2016) Past Papers & Mark Schemes*. <https://ccea.org.uk/post-16/gce/subjects/gce-irish-2016/past-papers-mark-schemes>
- CCEA, (2020e) *GCSE Irish (2017) Past Papers & Mark Schemes*. <https://ccea.org.uk/key-stage-4/gcse/subjects/gcse-irish-2017/past-papers-mark-schemes>
- CCEA, (2020f) *GCSE Gaeilge (2017) Past Papers and Mark Schemes*. <https://ccea.org.uk/key-stage-4/gcse/subjects/gcse-gaeilge-2017/past-papers-mark-schemes>
- CCEA, (2020g) *Gaeilge (2017)*. <https://ccea.org.uk/key-stage-4/gcse/subjects/gcse-gaeilge-2017>
- CCEA, (g.d.) *GCSE to GCE Modern Languages Specification and Skills Mapping*. https://ccea.org.uk/downloads/docs/Support/General/2019/GCSE%20to%20GCE%20Modern%20Languages%20Specification%20and%20Skills%20Mapping%20Information%20Document%20April%202017_4.pdf
- Collen, I., (2021) *Language Trends Northern Ireland 2021*. https://nireland.britishcouncil.org/sites/default/files/moo3_01_language_trends_ni_report_final_web_v2.pdf
- Department of Education, (2020) *List of Irish-medium schools*. <https://www.education-ni.gov.uk/articles/list-irish-medium-schools>
- ITIA, (2021) *2021 ITIA Translation Competition for Secondary School Students: Calling all budding translators!* <https://www.translatorsassociation.ie/translation-competition-2021/#>

- Jones, S., (2020) *Finding Our True North: On Languages, Understanding and Curriculum in Northern Ireland*. <https://www.stran.ac.uk/wp-content/uploads/2021/03/Jones-2020-SV.pdf>
- Meredith, R., (2021a) *Oral exam dropped from language GCSEs and A Levels for 2022*. <https://www.bbc.co.uk/news/uk-northern-ireland-57274974>
- O'Dowd, J., (2014) *Ministerial Statement on the Advisory Group Report on the Strategic Development*. https://www.education-ni.gov.uk/sites/default/files/publications/de/ministers-statement-on_irish-medium-post-primary-review.pdf
- Rialtas na hÉireann, (2021) *Aistritheoirí Óga*. <https://www.gov.ie/en/publication/7df43-aistritheoiri-oga/>
- Shadow Heroes, (2020) *About Shadow Heroes*. <https://shadowheroes.org/about/>
- Smith, M. & Loewen, S., (2018) *Situational Language Teaching*. <https://onlinelibrary.wiley.com/doi/abs/10.1002/9781118784235.eelto174>
- Stephen Spender Trust (SST), (2021) *Multilingual Creators*. <https://www.stephen-spender.org/multilingual-creators/>
- Tuairisc, (2021) *Díomá léirithe faoi chinneadh fáil réidh le scrúduithe cainte do dhaltai GCSE agus A-Leibhéal*. <https://tuairisc.ie/dioma-leirithe-faoi-chinneadh-fail-reidh-le-scruidithe-cainte-do-dhaltai-gcse-agus-a-leibheal/>
- Weir, P., (2021) (Bealtaine 17) *Arrangements for CCEA Qualifications in 2022*. www.education-ni.gov.uk/news/weir-outlines-plans-exams-and-assessments-202122/
- Zubrzycki, K., (2018) *Am I perfect enough to be a true bilingual? Monolingual bias in the lay perception and self-perception of bi- and multilinguals*. <https://www-degruyter-com.queens.ezpl.qub.ac.uk/document/doi/10.1515/iral-2016-0095/html>



Aistear aistriúcháin agus anailise ar scéal béaloidis

Padal de Bléine

Achoimre

Is é atá san alt seo ná aistear aistriúcháin agus anailise ar scéal béaloidis a aistríodh ó Bhéarla go Gaeilge. Tagann an scéal béaloidis *The Three Spinners* as an chnuasach *Czech Fairytales* le Karel Jaromír Erben agus Božena Němcová a aistríodh ón tSeicis go Béarla. Pléann an t-alt seo cad is béaloideas ann agus a riachtanaí atá sé go dtuigeann an t-aistritheoir an seánra agus an cineál teanga a úsáidtear sa scéal béaloidis. Léiríonn an t-alt seo tréithe an scéil bhéaloidis dar le Ó Duáin (1968) agus Riggs (1974). Cuirtear béim ar aistriúchán don teanga labhartha go príomha sa chás seo agus ar a thábhachtaí atá sé go dtuigeann an té atá á aistriú go mbeidh sé fóirsteanach don chainteoir dúchais a bheas ag aithris an scéil. Tarraingíonn an t-alt seo ar dhearcadh Ottinen (2000) agus í ag plé cúrsaí aistriúcháin i dtaca leis an teanga labhartha. Tá cur síos ar an phroiseas aistriúcháin agus ar na teoiricí aistriúcháin a chuir Nida (1964), Ó Ruairc (2007), Venuti (2008) agus Nord (2014) chun tosaigh agus a bhí chun cinn in intinn an aistritheora agus é i mbun oibre. Déantar tagairt don dóigh a ndeachaigh an t-aistritheoir i ngleic le hainm dílis a bhí le haistriú aige. Déantar tagairt do Chanúint Uladh san aistriúchán seo agus do thréithe na canúna céanna ar chóir don aistritheoir a bheith eolach orthu. Déantar tagairt d'fhocail, fhrásaí agus fhriotal agus don dóigh ar bhain an t-aistritheoir úsáid as foinsí éagsúla béaloidis le leagan leanúnach dílis den scéal a aistriú go Gaeilge. Tá taifeadadh den leagan aistrithe den scéal a d'aithris Brídanna Ní Bhaoill as Rann na Feirste ar fáil a bheadh ina áis iontach ag múinteoirí agus foghlaimoirí Gaeilge.

Réamhrá

Chaith an t-aistritheoir seachtain ar mhalartaíocht oibre in Ollscoil Svaty Jan i bPoblacht na Seice tá dhá bhliain ó shin. Agus é ann tháinig sé ar leabhar dar teideal *Czech Fairytales* le Karel Jaromír Erben agus Božena Němcová. Chuir an t-aistritheoir suim mhór sna scéalta béaloidis ann agus mhothaigh sé go raibh ábhar na scéalta an-chosúil le hábhar na scéalta béaloidis i nGaeilge agus gurbh fhiú go mór Gaeilge a chur ar cheann acu. Dúshlán a bhí ann, mar sin, Gaeilge a chur ar cheann de na scéalta ionas go n-aithriseofaí é agus go léifí é amhail is gur scríobhadh i nGaeilge a chéaduaire é. Mar a deir Venuti (2008: 1):

A translated text, whether prose or poetry, fiction or nonfiction, is judged acceptable by most publishers, reviewers and readers when it reads fluently, when the absence of any linguistic or stylistic peculiarities make it seem transparent, giving the appearance that it reflects the foreign writer's personality or intention or the essential meaning of the foreign text – the appearance, in other words, that the translation is not in fact a translation but the “original”.

Tá súil ag an aistritheoir go ndeachaigh aige leagan dílis den scéal béaloidis *The Three Spinners* as an chnuasach thuasluaite a chur ar fáil i nGaeilge Uladh. Ní ar an téacs mar tháirge scríofa amháin a bhí aird an aistritheora ach é mar aidhm aige leagan a aistriú a bheadh fóisteanach don scéalaí a bheadh á chur i láthair os comhair lucht éisteachta.

Cad is béaloideas ann?

Tá sé rithábachtach don aistritheoir eolas a fháil ar an tseánra atá le haistriú aige. Scéal traidisiúnta a insítear os ard do lucht éisteachta atá sa scéal béaloidis. Dar le Riggs (1974: 7) gurb iad na focail is tábhachtaí i sainmhíniú an scéil bhéaloidis ná an téarma *traidisiúnta* agus an téarma *lucht éisteachta*. Bhíodh neart eolais agus neart scéalta ag na gnáthdhaoine agus bhain an t-eolas céanna le gach gné den tsaol. Is é atá sa bhéaloideas mar sin ná dúchas agus traidisiún an phobail a coinníodh beo agus a choinnítear beo i mbéal na ndaoine agus a gcuirtear leis ó ghlúin go glúin. Maíonn Ó Duáin (1968: 109) go raibh urraim ar leith ag Gaeil riamh don rud a tháinig anuas chucu óna sinsir agus ghabh a gcuid filí orthu féin an oidhreacht sin a chaomhnú agus a bhuanú. Maíonn sé fosta gur mhór ag ár muintir gach dá raibh ársa agus sinseartha agus ba ghairm ag na filí é sin a chosaint, a iomlánú agus a thabhairt ar aghaidh. Áirítear pisreogracht, paidreacha, mallachtaí, leigheasanna agus scéalta i measc nithe eile sa bhéaloideas. Ar ndóigh, beatha teanga í a labhairt ach buanú teanga í a scríobh. Mhair an traidisiún agus an dúchas i saíocht an traidisiúin bhéil go dtí teacht na Críostaíochta agus i bhfad ina dhiaidh sin chomh maith. Is gné an-tábhachtach de bhéaloideas na Gaeilge í an scéalaíocht. Dar le Williams & Ní Mhuiríosa (1979: 1):

Deirtear gur i nGaeilge atá an cnuasach is toirtiúla agus is saibhre de scéalta laochais le fáil. Ní miste a mhaíomh go bhfuil na scéalta seo chun tosaigh, ní amháin de bharr a líonmhaire, ach de bharr

ilchineálacht an ábhair iontu freisin. Tá difríochtaí áirithe le tabhairt faoi deara idir an litríocht laochais sna teangacha éagsúla. Ní hionann foirm ná stíl dóibh i gcónaí, cuir i gcás, ach ar an iomlán, is féidir a go rá mbíonn an t-ábhar céanna iontu uile agus an dearcadh céanna mar bhúnus leo.

Tá samplaí de thraidisiún na scéalaíochta go forleathan i litríocht na Gaeilge. Tháinig Séamas Ó Grianna ar an tsaol i Rann na Feirste sa bhliain 1889 agus bhí traidisiún na hamhránaíochta agus na scéalaíochta an-láidir ag a mhuintir. Deir Ó Grianna (1942: 67):

Teach mór airneáil a bhí sa teach s'againne fada ó shin. Bhíodh Donnchadh Rua againn corruair agus é ag inse fá chuid éachtaí a athara. Thigeadh Seánín Phádraig an Dálaigh agus níodh sé oíche sheanchais ar na Fianna agus ar Chú na gCleas. Bhíodh mo mháthair mhór againn oícheanta sníomhacháin agus gan aon scéal ó Neamh go hÁrainn nach mbíodh aici.

Tá samplaí eile de na hoícheachta seanchais ag Ó Grianna, (1924: 26) in *Caisleáin Óir* agus an tseanbhean ag insint scéal *Inis Dhún Rámha*. Dar le Ó Grianna go raibh sé, 'ag éisteacht le tuaim an dtonn, le feadalach na róna le boilgearnach na péiste móire agus le srannfach na muice mara.' Is é a dhála céanna é agus Ó Grianna (1921: 27) ag cur síos ar an scéalaí Eoghainín Thuathail. Shíl a raibh i láthair 'go bhfaca siad na himearthóirí ina rith anonn is anall i ndiaidh na liathróide, agus go gcuala siad na camáin ag teacht in éadan a chéile, an gleo agus an callán, an trup agus an tormán, agus an gháir a d'éirigh nuair a bhuaigh muintir Cheann Dubhrann an lá.' Léiríonn Ó Grianna (1942: 75) go raibh glór an tseanchaí 'mar a bheadh glór ann a thiocfadh aniar ón tseantsaol.' Is léir mar sin go raibh meas mór ar an tseanchaí agus léiríonn Ó Grianna (1945: 7) an meas a bhíodh ag muintir Rann na Feirste ar Bhilí na mBuailtín; 'seanchaí agus ceoltóir a bhí ann agus thabhaigh an dá bhuaidh sin óstas geimhridh dó i Rann na Feirste.' Tugann an file Ó Searcaigh (1993: 112) an seanchaí Neddie Eoin chun beatha ina dhán 'Oícheanta Geimhridh' agus tugann Neddie Eoin na heachtraí éagsúla chun beatha ina insint scéil.

Ní leis na Gaeil amháin, ar ndóigh, a bhaineann an béaloideas ach le pobail agus le ciníocha ar fud an domhain. Dar le Garry & Hasan El-Shamy (2005: 11), go mbíonn patrún uilíoch sna scéalta ó thíortha ar fud an domhain. Luann siad an dóigh a mbíonn ríthe sna scéalta, an dóigh a dtagann leanbh ar an tsaol, an dóigh a dtugtar duine go tíortha i gcéin, an dóigh a ndéantar rí den leanbh, an dóigh a bpósann sé banphrionsa agus patrúin eile nach iad. Is léir go mbaineann cuid de na móitífeanna seo leis *The Three Spinners* a aistríodh ón chnuasach de scéalta béaloidis Phoblacht na Seice agus le scéalta béaloidis sa Ghaeilge. Tá móitífeanna *An Triúr Sníomhaithe* agus *An Cailín Falsa* an-chosúil lena chéile. Bhíodh an scéal *An Cailín Falsa* ag Míicé Sheáin Néill, seanchaí mór le rá as Rann na Feirste, agus seanuncail le Bridanna Ní Bhaoill, an té a d'aithris an scéal.

Brídanna Ní Bhaoill



Is scéalaí mór le rá as Rann na Feirste í Brídanna Ní Bhaoill. Is garneacht í le Míicé Sheáin Néill arbh as Rann na Feirste é. D'fhás Brídanna aníos agus í ag éisteacht le scéaltaí Mhicé Sheain Néill ó bhéal an bhradáin. Is cinnte go mbíodh 'drihleoga dearga a bhriathra ina spréacha ag lasadh na samhlaíochta', i mBrídanna agus go mbíodh briathra Mhicé Sheain Néill ag titim in

úir mhéith a haighe. Is iomaí duais atá bainte ag Bhrídanna as a bua scéalaíochta agus rinneadh aistriúchán ar an scéal seo agus guth binn Bhrídanna in intinn an aistritheora. Deir Oittinen (2000: 77) agus í ag trácht ar aistriúcháin ar phictiúrleabhair do pháistí:

The sensual dimension of the spoken word is part of that performance. 'The text should live, roll, taste good on the reading adult's tongue.

Fóireann an ráiteas seo don aistritheoir sa chás seo. Caithfidh an t-aistriúchán a bheith ag díriú ar aithriseoir an scéil ionas go ligfidh sé do ghuth galánta Bhrídanna é a thabhairt chun beatha agus go dtiocfaidh an teanga agus na téarmaí san aistriúchán go réidh chuici. Maíonn Ó Ruairc, (2007: 13) go bhfuil caidreamh idir an t-aistritheoir agus an léitheoir. Sa chás seo, áfach, tá caidreamh idir an t-aithriseoir agus an lucht éisteachta chomh maith. Dar le Mac Aoidh (2016: 172) ní fhoghlaimoidh scéalaí scéal focal ar fhocal ach d'éistfeadh sé nó sí go cúramach le himeachtaí an scéil, leis na cnámha a gcuirfeadh sé craiceann orthu ar ball. Maíonn sé go samhlódh an scéalaí na heachtraí éagsúla ina cheann nó ina ceann lena leagan féin a insint. Tarraingíonn Gooch (1996: 14) aird ar na deacrachtaí agus ar na dúshláin roimh an aistritheoir don té atá ag dul a bheith páirteach i ndráma ar ardán. Maíonn sé gur minic a bhíonn an t-aistritheoir don ardán ag aistriú faoi dhó: chuig an sprioctheanga ar dtús agus ansin chuig gluaiseachtaí príomhúla na gcarachtar. Is é a dhála céanna é ag an té atá ag aistriú don scéalaí atá ag dul a chur an scéal i láthair lucht éisteachta agus lucht féachana.

Cur chuige an aistriúcháin

Don té atá ag dul a aistriú scéalta béaloidis, caithfidh sé é féin a thumadh i dteanga an bhéaloidis agus lón léitheoireachta a dhéanamh. Caithfidh sé foclóirí, leabhair ghramadaí agus foinsí eile a chuardach agus é i mbun oibre. Dar le Ó Ruairc, (2007: 7):

Is é is buanchuspóir don aistritheoir go Gaeilge, ag féachaint don bhunlaige atá air mar aistritheoir nach bhfuil an Ghaeilge ó dhúchas aige, a chuid eolais a fheabhsú gan staonadh ar an gclisteacht friotail agus an éagsúlacht meoin agus an dearcadh difriúil is dual don teanga.

Molann Ó Ruairc (2007: 9) na seanaistriúcháin a rinne daoine amhail Seosamh Mac Grianna nuair a bhíodh sé ag aistriú do *An Gúm*. Bhíodh na haistritheoirí sin, dála Mhic Grianna, ag tarraingt as tobar domhain eolais ar an Ghaeilge, ag smaoineamh as Gaeilge agus gach gné den fhriotal acu ag freagairt do ghnáthúsáid an lae. Maíonn Mac Grianna, (1940: 8) go raibh obair an aistriúcháin chomh furasta lena bhróga a cheangal. Ní hamhlaidh atá an cás ag gach aistritheoir, ar ndóigh, ach thig leis feabhas a chur ar a cheird i gcónaí, ach lón léitheoireachta agus neart cleachta a dhéanamh.

Aistríodh an scéal béaloidis san aiste seo as an chnuasach *Czech Fairytales* ionas go ndéanfaí taifeadadh de. Rinneadh lón léitheoireachta ar na scéalta béaloidis atá ar fáil i nGaeilge ar dtús, ar nós *Scéalta Johnny Shéamaisín* (2004) agus *Scéalta Draíochta Mhicí Sheáin Néill* (2021) gan ach cúpla cnuasach a lua. B'éigean don aistritheoir sa chás seo mar sin, a dhéanamh cinnte go gcoinneofaí rithim na teanga céanna beo san aistriúchán ar an scéal as Poblacht na Seice agus atá sna cnuasaigh luaitear thuas. Is é an t-úsáideoir deiridh; an lucht léitheoireachta agus an lucht éisteachta is tábhachtaí san aistriúchán seo. Thug Vermeer; (1989) *Skopos* ar an teoiric seo. Is focal Gréigise é *Skopos* a chiallaíonn sprioc nó cuspóir agus bhain Vermeer leas as mar théarma le cur síos ar an teoiric a d'fhorbair sé féin faoi chuspóir an aistritheora. Dar le Nord (2014: 27):

According to Skopostheorie (the theory that applies the notion of Skopos to translation), the prime principle determining any translation process is the (skopos) of the overall action. This fits in with intentionality being part of the very definition of any action.

Chuir Nida (1964) an comhionannas dinimiciúil chun tosaigh agus é ag trácht ar chúrsaí aistriúcháin. Maíonn sé go dtugann an comhionannas dinimiciúil níos mó eolais don léitheoir agus gurb é gnáthleagan cainte an léitheora is tábhachtaí i ngach aon chás. Mar a deir Nida féin (1964: 159):

A translation of dynamic equivalence aims at complete naturalness of expression and tries to relate the receptor to modes of behaviour relevant within the context of his own culture.

Rinneadh iarracht teanga nádúrtha a chur chun cinn san aistriúchán seo. Is iad na teoiricí thuas a bhí chun tosaigh in intinn an aistritheora sa tsaothar seo agus é ag machnamh ar leibhéal, ar rithim, ar íogaireacht, ar iomas agus ar intleacht na teanga. Tá focal sa Ghearmáinis, *Sprachgefühl* a chuimsíonn na tréithe seo uilig agus ar chóir don aistritheoir díriú air agus é i mbun pinn. Ciallaíonn an focal 'sprache', labhairt na teanga sa Ghearmáinis, agus ciallaíonn an focal 'gefühl' saíocht na bhfocal. Tugann Cathal Ó Searcaigh (2011) *léargas* air seo ina dhán 'Tiontú'. Cuireann sé síos ar Maggie Neddie Dhonnchaidh a chónaigh in aice leis. Bhí sise ina sanasaí, dar le Ó Searcaigh agus í ábalta an ní a bhí deoranta a chur faoi chuing an dúchais i ndeismireacht bhéil a daoine. Is é sin an cur chuige a bhí chun tosaigh in intinn an aistritheora sa chás seo agus é ag tarraingt as tobar na teanga sna scéalta béaloidis. Deir Ó Ruairc, (1997: 44)

go dtugann teoiric an aistriúcháin creat don aistritheoir agus go dtaispeánann sé dó cad é an modh oibre is fearr a d'oirfeadh do théacs ar leith. Mar a deir Vermeer féin (Vermeer 1989a: 20 translation from Nord 1997: 29):

Each text is produced for a given purpose and should serve this purpose. The Skopos rule thus reads as follows: translate/interpret/speak/write in a way that enables your text/translation to function in the situation in which it is used and with the people who want to use it and precisely in the way they want it to function.

Léiríonn an t-athfhriotal thuas gurb é an rud atá le déanamh ag an aistritheoir ná eolas a bhailiú ar an spriocghrúpa léitheoireachta nó éisteachta a bhfuil sé ag díriú air agus seo a choinneáil chun tosaigh ina smaointe. Nuair a bheas táscairí aige ar an ghrúpa; ar an chanúint, ar nathanna teanga, ar fhriotal teanga agus ar nodanna eile, is fearr a bheas sé ábalta tabhairt faoin aistriúchán agus an t-aistriúchán a mhúnlú chun sástachta an ghrúpa sin. Ní hionann an *Skopos* agus an dóigh ar chóir d'aistritheoir a chuid oibre a dhéanamh ach tugann sé leideanna dó ar an lucht léitheoireachta nó éisteachta agus beidh sé ábalta é a aistriú sa dóigh go mbeidh sé fóirsteanach do riachtanais an ghrúpa sin. Mar a deir Vermeer (Vermeer 1989b/2012: 198):

What Skopos states is that one must translate, consciously and consistently, in accordance with some principle respecting the target text. The theory does not state what the principle is: this must be determined separately in each specific case.

Tugann an *Skopos* deiseanna don aistritheoir tuilleadh eolais a chur isteach más gá leis an téacs a éascú don spriocghrúpa nó píosa eolais a fhágáil as leis an leagan deireanach a dhéanamh 'níos cairdiúla' don spriocghrúpa. Mar shampla, is minic san aistriúchán seo gur scoilteadh abairtí fada ina dhá leath ionas go mbeadh siad níos éasca don aithriseoir agus don lucht éisteachta chomh maith.

Aontaíonn Ó Ruairc, (2007: 11) le Vermeer agus é ag maíomh gurb é an cruthanas is fearr den dea-aistriúchán, nach eol don léitheoir gur aistriúchán é. Maíonn Ó Ruairc, (2007: 14) go gcaithfidh an t-aistriúchán a bheith ciallmhar, ciallmhar agus arís ciallmhar. Dar le Bassnett, (2011: 16) go mbíonn cuid mhaith aistritheoirí ag insint di nach bhfuil teoiricí de dhíth orthu ach an cleachtadh. Maíonn sí go bhfoghlaímíonn aistritheoirí straitéisí agus

nósanna nua agus iad i mbun oibre. Rinne an t-aistritheoir ar an scéal béaloidis seo iarracht tarraingt ar theoiricí agus ar chleachtadh le téacs soléite sothuigte a sholáthar. Mar a deir Ó Doibhlín, (2000: 10):

... and if I have any guiding principles, they are simply these; to produce a text that reads as naturally as may be possible to the Gaelic eye and ear, and at the same time to remain as faithful as may be possible to the experience of reading the work in its original language.

Cuireann Ó Ruairc, (1997: 42) comhairle a leasa ar an aistritheoir agus é i mbun oibre. Dar leis:

Bíonn dhá chuspóir ar a iúl aige de shíor, bíonn leathshúil ag faire ar thoil an údair agus leathshúil eile dírithe ar thuiscint an léitheora. Agus tuigtear dó nach téacs lom amháin atá le haistriú aige, nach bhfuil gach téacs ina fhógra oifigiúil, ach go bhfuil giúmar agus mothúcháin agus mífhoigne agus íogaireacht agus caolchúis le haistriú freisin.

Glacadh leis an chomhairle chéanna agus an t-aistriúchán seo idir lámha.

Ag aistriú ainm dílis sa scéal

Rinneadh cinneadh an t-ainm dílis *Liduška* a dhúchasú. Aistríodh *Liduška* go 'Aoibhinn'. Is é an sprioc a bhí roimh an aistritheoir ná rithim na teanga a choinneáil beo i mbéal an aithriseora, i gcluasa an lucht éisteachta agus i súile an lucht léitheoireachta, agus ainmneacha coimhthíocha a sheachaint. Bhí dhá chúis leis an chinneadh seo. Sa chéad dul síos, bheadh cuma choimhthíoch ar ainm iasachta sa téacs ag léitheoir ar bith agus sa dara dul síos bheadh siad doiligh ag an aithriseoir sa chás seo é a fhuaimniú gan eolas aici ar theanga na Seice. Dúirt Lathey (2006: 7) agus í ag tagairt d'ainmneacha dílse i scéalta do pháistí gur chóir na hainmneacha a aistriú má tá baint acu le tréithe na gcarachtar sa scéal. Molann Bell, (1985: 7) gur chóir ainmneacha iasachta a dhúchasú ionas nach gcothóidh siad coimhthíos idir na léitheoirí agus an téacs. Dar le Klingberg, (1986: 17), ba chóir an téacs coimhthíoch a thabhairt chuig an léitheoir ach gur chóir a laghad athruithe agus is féidir a dhéanamh. Tagann an t-ainm *Liduška* ón tSlaivic agus tá ciall dhearfach leis an ainm sa teanga sin. Deirtear gur chóir don té a bhfuil an t-ainm *Liduška* uirthi a bheith lách cineálta le gach duine. Rinneadh dúchasú ar an ainm *Liduška* go 'Aoibhinn' leis an chiall i dteanga na Slaivice san ainm a choinneáil.

Caighdeán agus Canúint

Baintear feidhm as córas an tséimhithe tríd síos an aistriúchán seo agus an scéal dírithe ar lucht léitheoireachta agus ar lucht éisteachta Chúige Uladh go príomha. Tá treoracha do chóras an tséimhithe ar fáil in *An Caighdeán Oifigiúil* (2016: 16-17). Cuirtear 't' roimh 's' sa

tuisseal tabharthach fiú más focal firinsneach é – cuir i gcás *sa tseanchas*. Bheadh an córas uraithe coimhthíoch ag Brídanna Ní Bhaoill, an t-aithriseoir, agus ag an lucht éisteachta agus ag lucht léitheoireachta a bhfuil na scéalta dírithe orthu go príomha. Roghnaítear an focal, an frása agus an friotal is minice a úsáidtear i gcanúint Chúige Uladh síos fríd na haistriúcháin ar na scéalta fosta nuair atá rogha le déanamh ag an aistritheoir. Déantar tagairt do leaganacha na bhfocal, na bhfrásaí agus an fhriotal atá ar fáil sna leabhair cháiliúla agus sna scéalta cáiliúla as Tír Chonaill, cuir i gcás; Ó Grianna (1924) *Caisleáin Óir*, Mac Grianna (1940) *Mo Bhealach Féin*, Mac Maoláin (1992) *Cora Cainte as Tír Chonaill* agus Ó Domhnaill (1968) Scéalta Johnny shéamaisín nuair is féidir, leis an scéal *The Three Spinners* a aistríodh go Gaeilge a shaihbriú agus a dhúchasú. Cuideoidh an cur chuige seo le Brídanna, ar as Rann na Feirste í agus cuideoidh sé fosta le tuiscint an lucht éisteachta agus an lucht léitheoireachta.

Cloítear leis an Chaighdeán Oifigiúil (2016) tríd síos fosta.

An Triúr Sníomhaithe. Aistriúchán agus anailís

Bhí sin ann agus más fada ó bhí, bhí baintreach bhocht ann, nach raibh aici ach an t-aon iníon amháin ar tugadh Aoibhinn uirthi. Ó tharla nach raibh talamh ar bith acu, gan fiú bó ach oiread, bhíodh siad ag sníomh chun an beo a choinneáil os cionn an mhairbh. Girseach álainn dea-mhúinte a bhí in Aoibhinn gan de locht uirthi ach go raibh sí chomh falsa le broc. Nuair a bhí sí in ainm is a bheith ag sníomh ag an tuirne thoisíodh sí a chaoineadh. Nuair a thug a máthair uirthi tabhairt faoin obair sa deireadh thiar thall, bhí a cuid oibre chomh dona sin nárbh fhiú a dhath í. Tharla lá go raibh a máthair i mbarr a céille aici; tháinig cuil an diabhair uirthi is thug smitín i mbun na cluaise di. Thosaigh Aoibhinn a chaoineadh agus ag mairgneach ionas go gcluinfí i bhfad i gcéin í.

Go díreach ag an bhomaite sin tharla go raibh an Bhanríon ag dul thar bráid i gcóiste. Nuair a chuala sí an caoineadh a bhainfeadh deoir as cloch ghlas, d'iarr sí ar a fear cóiste stopadh, thuirling den charráiste agus chuaigh isteach sa chró beag tí agus í ag déanamh gur tharla tubaiste mhór dóibh siúd a bhí istigh. Nuair a chonaic sí Aoibhinn ag caoineadh uisce a cinn, d'fhiafraigh sí di: “Cad é a tharla duit, a leanbh ionúin?”

“Órú, is é an rud a tharla ná gur thug mo mháthair smitín dom.” Thiontaigh an Bhanríon chuig an mháthair agus ar sise léi: “Cad chuige ar thug tú smitín don ghirseach bhocht seo?”

Bhí an mháthair trína chéile gan a fhios aici cad é ba chóir di a rá. Bhí náire uirthi a insint don Bhanríon go raibh a hiníon chomh falsa sin.

“Órú, a Bhanríon na trócaire, is trom an t-ualach atá orm de dheasca na girsí sin. Is é rud nach dtógfaidh sí rud ar bith ina lámh ach an choigeal. Níl sí ag iarraidh rud ar bith eile ach a bheith ina suí ag an tuirne de ló is d'óiche. Tháinig an oiread sin feirge orm inniu léi gur thug mé smitín di. Is é sin an fáth a bhfuil sí ag caoineadh agus ag mairgneach.”

Tógáil croí a bhí sa scéal seo don Bhanríon agus dúil mhór aici sa tsníomh. Mar sin de, is é rud a dúirt sí leis an mháthair: Más sin mar tá, a Máthair na gírsí seo – ó tharlaíonn sé go bhfuil an oiread sin dúil ag d'iníon sa tsníomh, tabhair domsa le tabhairt 'na bhaile í. Tabharfaidh mise aire mhaith di. Is mór an líon álainn atá agam sa phálas agus má dhéanann sí fónamh chomh craicneach céanna domsa agus a dhéanann sí sa bhaile, geallaim duit nach mbeidh aiféala uirthi.

Chuir an scéal seo lúcháir mhór ar an mháthair agus thug an Bhanríon an ghirseach léi láithreach agus d'fhill ar an phálas. A luaithe a bhain siad an pálas amach, thóg an Bhanríon lámh Aoibhinn agus threoraigh chuig na seomraí í. Bhí siad lán le líon ó bhun an urláir go barr na síleála. Bhí sé chomh galánta sin gur lonraigh sé mar a bheadh ór is airgead ann agus é chomh bog le him. Ansin labhair an bhanríon leis an ghirseach: “Déan obair chrua chraicneach, a iníon ionúin, agus an dá luas agus a bheas sé uilig sníofa agat, tabharfaidh mé mo mhac duit mar fhear céile agus is tusa a bheas ina bhanríon.”

Leis sin, d'iarr an bhanríon ar ghiolla dá cuid tuirne álainn luachmhar a thabhairt chuici. Bhí an tuirne sníofa as eabhar agus na lingéáin air déanta as ór; agus bhí ciseán ollmhór déanta as cána buí a raibh neart spól ann ag cumhrú an aeir. D'fhág an bhanríon Aoibhinn léi féin leis an líon i gceann de na seomraí.

Nuair a d'imigh an Bhanríon, shuigh Aoibhinn in aice leis an fhuinneog agus thosaigh a chaoineadh go fras. Dá mba rud é go mbeadh sí ag sníomh go ceann céad bliain ó mhaidin go faoithin, ní bheadh sí ábalta an líon uilig a bhí roimpi a shníomh. Is cinnte nach mbeadh sí ábalta é a dhéanamh, duine nár lú léi an diabhal ná an sníomh. Mar sin de, shuigh sí áit a raibh sí agus í ag caoineadh i rith na hoíche agus bhí sí go fóill ag caoineadh an mhaidin dár gcionn go dtí meán lae, gan turn dhá lámh a dhéanamh an t-am ar fad.

Ag meán lae tháinig an bhanríon lena fháil amach cá mhéad líon a bhí sníofa aici agus bhí iontas uirthi nuair a chonaic sí nár leagadh lámh ar an líon. Rinne Aoibhinn a leithscéal, a rá go raibh cumha i ndiaidh an bhaile uirthi agus gur chonaigh sí a máthair rud bocht agus nach raibh sí ábalta turn lámhe a dhéanamh de dheasca na ndeor. Chreid an Bhanríon focail na gírsí, thug sólas di agus dúirt, “ná bíodh brón ort, a iníon ionúin, is é rud go gcaithfidh tú obair mhór mhaith a dhéanamh amárach ionas go mbeidh mo mhac agat mar fhear céile agus tusa i do bhanríon.”

Nuair a d'imigh sí, shuigh Aoibhinn in aice leis an fhuinneog arís, d'amharc sí amach agus í ag ligint osna. Ní dhearna sí turn lámhe go dtí tráthnóna agus ar a bharr sin, ní dhearna sí a dhath go dtí meán lae an lá dár gcionn.

Tháinig an bhanríon ag meán lae agus bhí iontas an tsaoil uirthi; chuir sí grainc uirthi féin nuair a chonaic sí nár leag Aoibhinn lámh ar an líon go fóill. Rinne Aoibhinn leithscéal arís, a rá go raibh tinneas cinn uirthi i ndiaidh an caoineadh a rinne sí an lá roimhe agus gurbh é sin an fáth nach raibh sí ábalta turn lámhe a dhéanamh. Ghlac an Bhanríon leis

an leithscéal, ach ar sise agus í ag imeacht: “Tá sé in am duit, a Aoibhinn, tá sé in am duit tús a chur leis an obair más rud é go bhfuil tú ag iarraidh mo mhac a fháil mar fhear céile agus a bheith i do bhanríon.”

Lean an lá sin an dóigh chéanna ar lean na laethanta roimhe go dtí tráthnóna agus go dtí an mhaidin dár gcionn fosta: is é rud nár amharc Aoibhinn fiú ar an tuirne ach í ina suí in aice leis an fhuinneog agus í ag stánadh amach. D’oscail an bhanríon an doras ag meán lae agus nuair a chonaic sí go raibh Aoibhinn ina suí ansin go díomhain d’éirigh sí chomh dearg le meadar fola agus ar sise: “Éist liomsa, a Aoibhinn, inniu an lá deireanach a tharlóidh sé seo. Mura bhfuil a dhath ar bith sníofa agat faoin am seo amárach, ní bheidh mo mhac agat mar fhear céile. Ina áit sin, cuirfear faoi ghlas i dtúr dorcha thú lán le froganna, nathracha nimhe agus laghairteanna. Ligfidh mé duit bás a fháil den ocras ionas nach mbeidh tú ábalta bob a bhualadh orm agus bréaga a insint dom.” Leis sin, thiontaigh an Bhanríon ar a sáil agus cuil an diabhair uirthi, dhruid an doras de phlab agus d’imigh léi.

Tháinig critheagla ar Aoibhinn anois. Bhris an t-allas uirthi agus é ina rith síos clár a héadain nuair a smaoinigh sí ar an lá dár gcionn. Cad é ba chóir di a dhéanamh? Chas sí líon ar a coigeal, shuigh ag an tuirne agus thosaigh a shníomh. Ach cad é mar a bheadh sí ábalta a bheith ag sníomh agus í chomh falsa le broc? Ba ghairid gur éirigh sí as an obair. Shuigh sí in aice leis an fhuinneog agus chaoin chomh fras sin go raibh a croí ar shéala briseadh um thráthnóna.

Go tobann, chualathas cnag ar an fhuinneog. Nuair a thiontaigh Aoibhinn thart, chonaic sí triúr seanbhan gránna ina seasamh taobh amuigh. Bhí liopa íochtarach na chéad seanmhná chomh mór sin go raibh sé ag gobadh amach thar a smig. Bhí ordóg an dara seanbhean chomh leathan sin gur chlúdaigh sí bos a láimhe. Bhí cos dheas an tríú seanbhean chomh spadchosach sin go raibh an chuma uirthi gur thug duine éigin súisteáil di. Chuir siad an oiread sin eagla ar Aoibhinn nuair a chonaic sí iad gur phreab sí siar ón fhuinneog. Is é rud, áfach go ndearna an triúr seanbhan gránna aoihb an gháire uirthi go lách agus chuir in iúl di le comhartha láimhe gur chóir di an fhuinneog a oscailt agus nár chóir go mbeadh eagla uirthi rompu.

“Tráthnóna maith, a mhaighdean álainn,” ar siadsan. “Cad chuige a bhfuil tú ag caoineadh agus ag mairgneach?”

Ghlac Aoibhinn misneach agus d’fhreagair de ghlór caointeach. “Órú, cad chuige nach mbeinn ag caoineadh agus ag mairgneach ó tharlaíonn go gcaithfidh mé an líon uilig a fheiceann sibh ina charn romhaibh sa tseomra seo agus sa dá sheomra eile a shníomh atá lán ó bhun an urláir go barr na síleála fosta?” D’inis sí gach rud a tharla di do na seanmhná. D’inis sí dóibh gur gheall an Bhanríon di go mbeadh a mac aici mar fhear

céile agus ise ina banríon a luaithe a bheadh an líon uilig sníofa aici. “Ach cén mhaith dom é?” ar sise fosta. “Ní thiocfadh liom é uilig a shníomh dá mba rud é go mbeinn ag sníomh go lá mo bháis.”

Rinne na seanmhná aoibh an gháire agus dúirt: “Déanfaidh muid margadh leat, a thaisce. Má thugann tú gealltanais dúinn go gcuirfidh tú cuireadh orainn chuig do bhainis, go mbeidh muid inár suí in aice leat agus nach mbeidh náire ort fúinn os comhair na n-aíonna, sníomhfaidh muid an líon uilig duit níos gaiste ná a mheasann tú.”

“Beidh mé sásta rud ar bith a iarrfaidh sibh orm a dhéanamh,” arsa Aoibhinn go sona sásta. “Gabhaigí i mbun na hoibre anois chomh tiubh géar agus a thig libh agus ná bíodh aon cheo eile fá dtaobh de.”

Is é rud gur dhreap an triúr seanbhan isteach ar fhuinneog an tseomra, chuir Aoibhinn a luí agus thosaigh a shníomh an lín. Tharraing an té a raibh an ordóg leathan uirthi an tsnáithe, d’fhliuch agus shlíoc an té a raibh a liopa íochtarach chomh mór sin go raibh sé ag gobadh amach thar a smig an tsnáithe agus bhí an té a raibh spadchos dheas uirthi ag casadh an tuirne. Is tiubh te tapa a rinne siad an obair. Teachth dheirge an dá néal agus ball bán ag teacht ar an lá, d’éirigh Aoibhinn agus chonaic sí roimpi carnán mór lín a raibh scoth an tsnímh déanta air agus é ar na spóil. Bhí altú na lámh suas aici. Bhí bearna chomh mór sin sa charnán lín go dtiocfadh léi dul i bhfolach inti. D’fhág na seanmhná slán ag Aoibhinn, gheall go dtiocfadh siad arís tráthnóna agus d’imigh amach ar an fhuinneog.

Tháinig an bhanríon ag meán lae lena fháil amach an raibh Aoibhinn go fóill díomhaoin. Bhí iontas an tsaoil uirthi nuair a chonaic sí roimpi an carnán mór lín a raibh scoth an tsníomh déanta air. Tháinig coinnle ar a súile agus mhol sí Aoibhinn go hard as an obair chrua chraicneach a bhí déanta aici.

Nuair a chuaigh sé a chailleadh an tsolais, bhí na seanmhná ina seasamh cheana féin ag an fhuinneog agus d’oscail an ghirseach an fhuinneog dóibh lena ligint isteach go fonnmhar. Agus tharla sé mar sin achan oíche – thagadh siad tráthnóna agus d’imíodh siad ar maidin. Agus Aoibhinn ina codladh bhíodh na seanmhná ag sníomh an lín giota ar ghiota go dtí sa deireadh go raibh an chéad seomra iomlán folamh. Ag meán lae gach lá nuair a thagadh an Bhanríon lena fháil amach an méid lín a bhí sníofa ag Aoibhinn, is é rud go mbaintí lán na súl aisti agus í ag amharc ar an tsnáth álainn, ag moladh Aoibhinn as an obair threallúsach a bhí déanta aici. Is minic a deireadh sí, “A leanbh ionúin, rinne mé éagóir ort san am atá thart.”

Is é rud gur chuir na seanmhná tús leis an obair sa dara seomra. Nuair a bhí an seomra seo chóir a bheith folamh, thosaigh an Bhanríon a dhéanamh réidh don bhainis. Nuair nach raibh mórán fágtha sa tríú seomra, ghabh Aoibhinn buíochas ó chroí leis na seanmhná as a gcuidiú. “Ná déan dearmad ar an ghealltanais a thug tú dúinn, a thaisce. Ní bheidh aithreachas ort faoi sin amach anseo,” arsa na seanmhná.

Nuair a bhí an tsnáithe dheireanach den líon uilig sna trí sheomra sníofa, agus gach duine réidh don bhainis tháinig an Rí óg isteach. Bhí an-áthas air bean chomh hóg agus chomh hálainn sin agus chomh treallúsach sin a bheith aige mar bhrídeog agus ar seisean léi, “larr rud ar bith is mian leat ormsa agus gheobhaidh tú é agus fáilte.”

Chuimhnigh Aoibhinn ar an triúr seanbhan agus dúirt: “Tá triúr seanaintíní agam sa bhaile. Tá siad beo bocht agus é doiligh orthu a mbeatha a thabhairt i dtír ach iad an-mhaith domsa. Tabhair cead dom cuireadh a chur orthu chuig an bhainis.” Thug an Rí óg agus an Bhanríon cead di.

Nuair a tháinig lá na bainise agus na haíonna réidh le suí ag na táblaí, fosclaíodh an doras gan choinne agus seo isteach an triúr seanbhan. Bhí cuma áiféiseach orthu nuair a shiúil siad isteach sa tseomra agus iad gléasta in éadaí seanfhaiseanta. Nuair a chonaic an bhrídeog iad is é rud gur rith sí ionsorthu gur chuir sí fearadh na fáilte rompu. “Is é bhur mbeatha, a sheanaintíní ionúine, ‘sé bhur mbeatha. Gabhaigí anseo agus suígí in aice liomsa ag an tábla.”

Rinneadh stangaire de na haíonna agus is é rud go dtosódh siad a ghéire ach ab é go raibh eagla orthu roimh an Rí. Tháinig dath dearg go dtí an dá chluas ar aghaidh an Rí agus ar aghaidh na Banríona araon agus iad beirt chomh dearg le fuil. Ní raibh siad ábalta rud ar bith a rá le hAoibhinn, áfach, cionn is gur thug siad cead di.

Le linn an bhéile chuir Aoibhinn bia faoi bhráid na mban, dhoirt deoch fíona amach dóibh agus chuir brú orthu arís agus arís eile a rá, “ithigí agus ólaigí, a aintíní ionúine, is sibhse a chaith go lách liomsa i gcónaí.”

Nuair a bhí deireadh leis an bhéile agus na haíonna ag éirí de na suíocháin ag an tábla le himeacht, shiúil an Rí a fhad leis an chéad seanbhean – an té a bhí spadchosach agus d’fhiafraigh sé di, “A Mhóraí, cad chuige a bhfuil tú chomh spadchosach sin?”

“De dheasca an tsnímh, a dhuine uasail, de dheasca an tsníomh.”

Ansin shiúil an Rí a fhad leis an dara seanbhean – an té a raibh ordóg leathan uirthi: “Ach inis dom, a Mhóraí, cad chuige a bhfuil d’ordóg chomh leathan sin?”

“De dheasca an tsnímh, a dhuine uasail, de dheasca an tsnímh.”

Leis sin, thiontaigh sé chuig an tríú seanbhean – an té a raibh a liopa íochtarach chomh mór sin go raibh sé ag gobadh amach thar a smig agus dúirt: “A Mhóraí, cad chuige a bhfuil do liopa chomh mór sin?”

“De dheasca an tsnímh, a dhuine uasail, de dheasca an tsnímh.”

Nuair a chuala an Rí óg na freagraí sin bhí sé ar bharr amháin creatha le heagla. D’inis sé dá bhean álainn láithreach bonn nach raibh sí lena lámh a leagan ar choigeal an dá lá is a mhairfeadh sí. Ní raibh sé ag iarraidh go mbeadh sí chomh spadchosach sin, go mbeadh a hordóg chomh leathan sin ná go mbeadh liopa uachtarach gránna uirthi ag gobadh amach thar a smig.

Idir an dá linn d'imigh an triúr seanbhan as radharc gan tásc ná tuairisc orthu sa tseomra. Ní raibh a fhios ag duine ar bith cá ndeachaigh siad. Ina dhiaidh sin, áfach, nuair a smaoinigh Aoibhinn orthu chuir sí beannacht lena n-anamacha. Agus ó thús an tsaoil, tá gach seans ann nár chloígh bean ar bith eile chomh fonnmhar céanna le mian a fear céile agus a chloígh an Bhanríon óg le mian an Rí.

Anailís: Focail, frásaí agus friotal

Once...	<i>Bhí sin ann agus más fada ó bhí.</i> Féach: Nic Niallais, C. (2021: 167).
They made their living by spinning.	<i>Bhíodh siad ag sníomh chun an beo a choinneáil os cionn an mhairbh.</i> Féach: Mac Giolla Chomhaill (2003: 92)
At last...	Baineadh úsáid as <i>Tharla lá cionn</i> is go raibh sa deireadh san abairt roimhe agus gur léirigh sé an chiall.
...her mother could take no more of this...	<i>...go raibh a máthair i mbarr a céille aici.</i> Féach: Nic Niallais, C. (2021: 167).
She became angry...	<i>...tháinig cuil an diabhail uirthi.</i> Féach Ó Grianna, (1924: 50)
She slapped her daughter across the ear.	Baineadh úsáid as an fhocal <i>smitín</i> . Féach: Ó Grianna (1924: 28)
...the Queen was riding by.	<i>... go raibh an Bhanríon ag dul thar bráid i gcóiste.</i> Níorbh ise a bhí ag marcaíocht ach í sa chóiste.
... such a heart-rending lament.	<i>... a bhainfeadh deoir as cloch ghlas.</i> Féach: Mac Giolla Chomhaill (2003: 333)
... I have such a hard cross to bear on account of the girl...	<i>... is trom an t-ualach atá orm de dheasca na girsí sin.</i> Baineadh úsáid as an chopail le béim a chur ar an abairt agus baineadh úsáid as <i>de dheasca</i> le rud diúltach a léiriú.
I tell you...	<i>... más sin mar tá.</i> Féach: Nic Niallais, C. (2021: 168).
...let her go with me.	<i>... tabhair domsa le tabhairt 'na bhaile í.</i> Nic Niallais, C. (2021: 168).
... if she works as hard for me...	<i>... má dhéanann sí fónamh chomh craicneach céanna domsa.</i> Féach: Ó Grianna, (1924: 53).
... as soft as unspun silk.	Baineadh úsáid as samhail dhúchasach - <i>chomh bog le him</i> .
As soon as...	<i>... an dá luas agus...</i> Féach: Ó Grianna, (1961: 350)
... she who hated spinning from the bottom of her heart.	<i>... duine nár lú léi an diabhal ná.</i> Féach: Mac Cionnaith, (2011: 100)
... she had moved neither hand nor foot.	<i>... gan turn dhá láimh a dhéanamh.</i> Féach: Nic Niallais, C. (2021: 167).
... she flew into a rage.	<i>... d'éirigh sí chomh dearg le meadar fola.</i> Féach: Ó Grianna, (1924: 11).

Then Liduška felt truly afraid.	<i>Tháinig critheagla ar Aoibhinn anois. Féach: Ó Grianna, (1924: 125).</i>
... and indicated...	<i>... agus chuir in iúl di le comhartha láimhe. Is léir go raibh an fhuinneog druidte agus nach mbeadh an ghirseach ábalta na seanmhná a chluinstin. Mar sin de, baineadh úsáid as comhartha láimhe leis an chiall a thabhairt slán.</i>
“Do you know what, dear?”	<i>“Déanfaidh muid margadh leat, a thaisce.” Chuidigh an focal margadh leis an chiall a thabhairt slán. Margadh a bhí ann.</i>
wedding	Baineadh úsáid as <i>bainis</i> cionn is gurb é an féasta atá i gceist. Féach: Mac Lochlainn, (2018: 156)
just	<i>... ná bíodh aon cheo eile faoi dtaobh de...</i> Baineadh úsáid as an nath seo leis an chiall a thabhairt slán.
long lip	<i>... an té a raibh a liopa íochtarach chomh mór sin go raibh sé ag gobadh amach thar a smig...</i> Aistríodh an dá fhocal thall ar an dóigh seo le leanúnachas a choinneáil leis an abairt ní ba luaithe sa scéal.
The work flew from their hands.	<i>... Is tiubh te tapa a rinne siad an obair.</i> Tá an nath seo fóirsteanach agus an chopail agus uaim in úsáid.
And when dawn began to break...	<i>Teacht dheirge an dá néal...</i> Féach: Pórtéir, (1993: 165)
Her heart leapt for joy (over the moon)	<i>Bhí altú na lámh suas aici.</i> Féach: Mac Giolla Chomhaill (2003: 207)
hole	Baineadh úsáid as <i>bearna</i> sa chás seo le cur in iúl go raibh spás ann.
Her face brightened...	<i>Tháinig coinnle ar a súile.</i> Féach Mac Giolla Chomhaill (2003: 184)
When it began to get dark...	<i>Nuair a chuaigh sé a chailleadh an tsolais...</i> Féach: Ó Grianna (1921: 2)
diligence	<i>...obair threallúsach ...</i> Féach: Ó Domhnaill, (2004: 5)
one day	Baineadh úsáid as <i>amach anseo</i> leis an chiall a thabhairt slán sa chomhthéacs.
of low birth	Baineadh úsáid as an nath - <i>agus é doiligh orthu a mbeatha a thabhairt i dtír</i> – a mhíníonn an frása thall atá as dáta agus míchothrom mar bharúil. Deir Newmark, (1991: 46) ‘I am suggesting that the translator has the responsibility for ‘intervening if there are the following types of defect in the original: ... statements infringing excepted human rights.’
suddenly	Baineadh úsáid as <i>gan choinne</i> sa chiall is nach raibh duine ar bith ag dúil leis.
The guests stared in amazement...	<i>Rinneadh stangaire de na haíonna...</i> Mac Maoláin, (1992: 4)

Leabharliosta

- Bassnett, S., (2011) *Reflections on Translations*. Bristol, Buffalo & Toronto: Multilingual Matters.
- Bell, A., (1985) *Translator's Notebook: The Naming of Names*. London: Kestrel.
- Garry, J. & Hasan El-Shama, (2005) *Archetypes and Motifs in Folklore and Literature*. New York: Routledge.
- Gooch, S., (1996) *Fatal Attraction*. In Johnston, D. *Stages of Translation*. (eag.) Absolute Press.
- Klingberg, G., (1986) *Children's Fiction in the Hands of the Translators*. Malmo: CWK Gleerup.
- Lathey, G., (2006) *The Translation of Children's Literature*. Multilingual Matters.
- Mac Aoidh, S. in Uí Ógáin (2016) (eag.) *Béaloideas Iris An Chumann Le Béaloideas Éireann*. Baile Átha Cliath: An Cumann le Béaloideas Éireann.
- Mac Cionnaith, S., (2011) "mar a déarfá" *Cnuasach Clíséanna ciútaí cainte agus frásaí coitianta eile*. Baile Átha Cliath: Coiscéim.
- Mac Giolla Chomhaill, A., (2003) *Deismir*. Cumann Seanchais Ard Mhacha.
- Mac Grianna, S., (1940) *Mo Bhealach Féin*. An Gúm, Baile Átha Cliath.
- Mac Lochlainn, A., (2015) *Cruinneas*. Baile Átha Cliath: Cois Life.
- Mac Lochlainn, A., (2018) *Ó Bhéarla go Gaeilge*. Baile Átha Cliath: Cois Life.
- Mac Maoláin, S., (1992) *Cora Cainte as Tír Chonaill*. Baile Átha Cliath: An Gúm.
- Mac Maoláin, S., (1992) *An Bealach chun na Gaeltachta*. An Léann Éireannach, Ollscoil Uladh.
- Němcová, B. & Erben, K.J., (2018) *Czech Fairytales*. European Union: Vitalis.
- Newmark, P., (1991) *About Translation*. Multilingual Matters Ltd, Clevedon, Philadelphia & Adelaide.

- Nida, E., (1964) *Toward a Science of Translating, with Special Reference to Principles and Procedures involved in Bible Translation*. Leiden: E.J. Brill.
- Nord, C., (2014) *Translating as a Purposeful Activity*. New York & London: Routledge.
- Ní Bhaoill, B., (2021) *Scéal Chú Chulainn*. Seanchas Sheáin Néill.
- Ní Bhaoill, R. & McCoy, G., (2007) *Taisce Focal*. Béal Feirste: Ultach.
- Ní Mhuiríosa, M. & Williams, J.E. (1979) *Traidisiún Liteartha na nGael*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta.
- Nic Éinrí, Ú., (1979) *Stair Litríocht na Gaeilge*. Baile Átha Cliath: Folens.
- Nic Niallais, C., (eag.) (2021) *Scéalta Draíochta Mhicí Sheáin Néill*. Éabhlóid, Gaoth Dobhair, Tír Chonaill.
- Ó Cúlacháin, C., (1980) *Tobar na Gaeilge, Litríocht agus Teanga*. Helicon Terranta, Baile Átha Cliath.
- Ó Doibhlin, B., (2000) in *Éire – Ireland, Cú na mBaskerville*. Irish American Cultural Institute.
- Ó Domhnaill, E., (eag.) (2004) *Scéalta Johnny Shéamaisín*. Comhaltas Uladh, An Tearmann, Leitir Ceanainn.
- Ó Duáin, O., (1968) *Meas na filíochta*. Baile Átha Cliath: FNT.
- Ó Grianna, S., (1921) *Mo Dhá Róisín*. Baile Átha Cliath: Faoi chomhartha na trí gcoinneal.
- Ó Grianna, S., (1924) *Caisleáin Óir*. Dún Dealgán: Preas Dhún Dealgán.
- Ó Grianna, S., (1942) *Nuair a Bhí Mé Óg*. Baile Átha Cliath: Cló Mercier.
- Ó Grianna, S., (1945) *Saol Corrach*. Baile Átha Cliath: Cló Mercier.
- Ó Ruairc, M., (1997) *Aistrigh go Gaeilge*. Baile Átha Cliath: Cois Life Teoranta.

- Ó Ruairc, M., (2007) *Aistrigh leat*. Baile Átha Cliath: Cois Life Teoranta.
- Ó Searcaigh, C., (1993) *An Bealach 'na Bhaile*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta.
- Ó Searcaigh, C., (2011) *An tAm Marfach ina Mairimid*, Gaillimh: Arlen House.
- Ottinen, R., (2000) *Translating for Children*. New York: Garland.
- Póirtéir, C., (1993) *Micí Sheáin Néill, scéalaí agus scéalta*. Baile Átha Cliath & Béal Feirste: Coiscéim.
- Pym, A., (2014) *Exploring Translation Theories*. Abingdon: Routledge.
- Riggs, P., (1974) *Bua an tSeanchaí. Treoir don leabhar Bullaí Mhártain*. Baile Átha Cliath & Corcaigh: Cló Mercier.
- Tithe an Oireachtais. (2016) *Gramadach na Gaeilge – An Caighdeán Oifigiúil*. Baile Átha Cliath: Tithe an Oireachtais.
- Venuti, L., (2008) *The Translator's Invisibility: A History of Translation* (2nd ed). New York & London: Routledge.
- Vermeer, H. J. (1989) 'Skopos and Commission in Translational Action'. Venuti (eag.) *The Translation Studies Reader*, third edition. London & New York: Routledge.

Aguisín

THE THREE SPINNERS

by Karel Jaromír Erben

Once there was a poor widow who had an only daughter, whose name was Liduška. And since they had no fields, and not even a cow, they made their living by spinning. Liduška was a very pretty and well-mannered girl but she had one fault: she was uncommonly lazy. Whenever she was supposed to be sitting at the spinning wheel she would start to cry, and when her mother finally persuaded her to work then her spinning was so poor as to be good for nothing. At last her mother could take no more of this; she became angry and slapped her daughter across the ear. Then Liduška began to weep and wail so that it could be heard three leagues away.

At that very moment the Queen was riding by. When she heard such a heart-rending lament, she ordered her coachman to stop, descended from the carriage and entered the cottage, thinking that some great disaster must have befallen those who lived there. When she saw Liduška crying so bitterly, she asked her: "What has happened to you, my dear child?"

"Ooh, ooh, my mother has beaten me."

The Queen turned to the mother and said: "Why did you hit the poor girl?"

The mother was covered in confusion and did not know how to answer. She was ashamed to admit to the Queen that her daughter was so lazy.

"Oh, merciful Queen, I have such a hard cross to bear on account of the girl because she will take nothing in her hand but the distaff and she wants nothing but to sit by the spinning wheel night and day. And today this made me so angry that I smacked her. That is why she was crying."

This pleased the Queen a great deal because she was a great lover of spinning. So she told the mother: "I tell you, Mother – as your daughter likes to spin so much, let her go with me. I will take care of her. I have much beautiful flax in the palace and if she works as hard for me as she does at home, I promise that she will not regret it."

The mother rejoiced greatly to hear this and the Queen immediately took the girl with her and returned to the palace.

As soon as they arrived, the Queen took Liduška by the hand and led her to her chambers. They



were full of flax from floor to ceiling and it was so beautiful that it shone like silver and gold and was as soft as unspun silk. Then the Queen said to the girl: "Work hard, my dear daughter, and once you have spun all this flax I will give you my son for a husband and you shall be his queen."

Thereupon the Queen ordered a servant to bring a costly and beautiful spinning wheel; it was carved from ivory and had golden springs, and with it was an immense basket full of spools made of sweet-scented yellow cane. And then the Queen left

Liduška alone with the flax in one of the chambers.

When the Queen had gone, Liduška sat by the window and began to cry bitterly. If she were to spin for a hundred years from morning to evening and from evening to morning it would not be possible to spin all the flax that was there. Certainly she could not do it, she who hated spinning from the bottom of her heart. So she sat and cried the whole night through and the whole of the next morning until noon and she moved neither hand nor foot.

When it was noon, the Queen came to see how much Liduška had already spun and she was surprised to see that the flax had not been touched. Liduška excused herself, saying that she was uncommonly homesick for her mother and on account of her tears had been unable to lift a finger. The Queen believed the girl's words, comforted her and said: "Do not be sad, my daughter, only work all the harder tomorrow so that you may win my son and become his queen."

When she had left, Liduška sat by the window again and looked out, sighing. She did no work until evening, and also did nothing until midday the following day.

The Queen came at noon and was even more surprised; she frowned as she saw that Liduška had still not touched the flax. Liduška again made

an excuse, saying that she had a headache after yesterday's crying and that was why she had been unable to work. The Queen accepted this reply but as she was leaving, she said: "It is time, Liduška, to start work if you wish to win my son and become his queen!"

That day continued in the same way until evening and the next morning too: Liduška did not even glance at the spinning wheel but sat by the window and stared out. At noon the Queen opened the door and when she saw that Liduška was still sitting there idly she flew into a rage and said: "Listen to me, Liduška, today is the last time this will happen. If tomorrow you have still spun nothing, you shall not have my son's hand. Instead I shall have you locked in a dark tower full of frogs, snakes and lizards. I shall let you starve to death so that can no longer deceive me and lie to me." With that the Queen turned angrily away, slammed the door and left.

Then Liduška felt truly afraid. Cold sweat ran down her forehead at the mere thought of the morrow. What should she do? She wound her distaff with flax, sat down at the spinning wheel and began to spin. But how could she spin when she was so thoroughly lazy? Soon she put her work away, sat down by the window and cried so bitterly that by evening her heart was ready to break.

Suddenly there was a tapping on the window. When Liduška turned around, she saw three ugly old women standing outside. The first one's lower lip was so large that it hung down over her chin. The second one had such a broad thumb on her right hand that it covered her whole palm. And the third one had such a flat right foot that it looked as if someone had beaten it with a flail. When Liduška saw them she had such a fright that she jumped away from the window. But the three old women smiled at her kindly and indicated that she should open the window and not be afraid of them.

"Good evening, pretty maid," they said. "Why are you crying so bitterly?"

Liduška took courage and answered in a tearful voice: "Oh, why should I not wail and cry since I have to spin all the flax which you see heaped up in this room, and the flax in two other rooms which are full from floor to ceiling too!" She recounted to the old women everything that had happened to her and told them that the Queen had promised her that once she had spun all the flax she would have her son's hand in marriage and she would be his queen. "But what good is that to me?" she added. "I cannot spin it all if I were to spin until I die."

The old women smiled and said: "Do you know what, dear? If you

promise us that you will invite us to your wedding and that we shall sit next to you and you will not be ashamed of us in front of the guests, then we will spin all the flax for you sooner than you think."

"I shall be glad to do anything you wish," Liduška said merrily. "Just get on quickly with the work."

Then the three old women climbed into the room through the window, sent Liduška to bed and started spinning the flax. The one with the wide thumb pulled the thread, the one with the long lip moistened and smoothed it, and the one with the flat foot stepped on the treadle and turned the spinning wheel. The work flew from under their hands. And when dawn began to break and Liduška arose, she saw a huge pile of lovely, even, finely-spun yarn on the spools and her heart leapt for joy. And there was such a big hole in the mound of flax that she could have hidden herself in it. The old women bade Liduška adieu, promised that they would come again in the evening and departed through the window.

The Queen came at midday to see if Liduška had again been idle. She was very surprised to see the pile of lovely yarn. Her face brightened and she praised Liduška for her hard work.

When it began to get dark the old women were already standing by the



window and the girl opened it for them merrily. And it was like that every night – they came in the evening and left in the morning and while Liduška slept more and more of the flax was used up until at last the first room was completely empty. And every day at noon, when the Queen came to see how much Liduška had spun, she could not help but admire the beautiful yarn, praising Liduška for her diligence. Often she would say: “My dear child, how I wronged you in the past.”

The old women had already started to work in the second room. And when this one was almost empty, the Queen started preparing the wedding. And when almost nothing was left in the third room, Liduška thanked the old women heartily for all their help. The old women said to her: “But do not forget, dear, what you have promised us. One day you will not regret it.”

When all the flax in the three rooms was spun to the very last thread, and everything was ready for the wedding the young King came. He was very pleased to have such a young, pretty and hard-working bride and said to her: “Ask me for anything you want and you shall receive it all.”

Liduška remembered the three old women and said: “I have three old aunts at home. They are very poor and of low birth but they have been very good to me. Allow me to invite them

to the wedding.” The young King and the Queen gave their consent.

When the wedding day came and the guests were taking their places at the table, the door suddenly opened. The three old women, dressed in such old-fashioned clothes that they looked quite ridiculous, came into the room. When the bride saw them she ran straight to them and greeted them joyfully. “Welcome, my dear aunts, welcome. Come and sit next to me at the table.”

The guests stared in amazement and would have started laughing if they had not been afraid of the King. The King and Queen went as red as peonies but they could say nothing to Liduška because they had given her their consent.

During the meal Liduška put food before the women, poured wine for them and urged them repeatedly: “Eat and drink, my dear aunts, you have been so good to me.”

When the meal was over and the guests were leaving the table the young King approached the first old woman – the one with the flat foot – and asked her: “Grandma, why do you have such a flat foot?”

“From spinning, young master, from spinning.”

Then he went to the second one – she with the wide thumb: “But tell me Grandma, how is it that you have such a wide thumb?”

“From spinning, young master, from spinning.”

So he turned to the third old lady – the one with the long lip hanging over her chin – and said: “Grandma, why do you have such a long lip?”

“From spinning, young master, also from spinning.”

When the young King heard this he was mightily afraid. He immediately told his beautiful wife that she must never touch a distaff again in her life. He did not want her to have such a flat

foot and such a wide thumb and such an ugly lip hanging over her chin.

Meanwhile the three old women had disappeared from the room and no one knew where they had gone. But thereafter whenever Liduška thought of them she blessed them in spirit. And it may well be that since the world began no other woman has ever obeyed her husband’s command as gladly and faithfully as the young Queen observed that order of her King.





Noirm na Gaeilge a aibhsiú, teanga shóisialta na ndaltaí a fhorbairt agus áit an Bhéarla sa ghaelscolaíocht a bheachtú

Seán Mac Corraidh

Intreoir

Is toradh é an t-alt seo ar thuras féineitneagrafaíochta ina ndearnadh féinbhreathnú, féinfhiosrú, athghlaoch cuimhne agus scríobh dírbheathaisnéiseach faoi mo shaothar, mo shaol agus mo thaighde agus mé i mo chomhairleoir ar an oideachas lán-Ghaeilge agus ar theagasc na Gaeilge idir 2003 agus 2011. Is é modh cruthaitheach na féineitneagrafaíochta a bhfuil an machnamh, an fiosrú, an cuimhneamh siar agus an insint ina lár, a chleacht mé sa taighde a bhfuil an t-alt seo bunaithe air (Adams *et al.*, 2014; Jones *et al.*, 2013). Is é an sprioc a bhí agam ag dul i mbun an mhachnaimh, ciall a dhéanamh de na gníomhartha agus na cinntí a rinne mé i bhfianaise na gcúinsí oideachasúla, teangeolaíocha agus sóisialta a raibh mé ag feidhmiú fúthu. Is é an réasúnaíocht atá taobh thiar den tsaothar seo machnaimh, go bhfeictear dom go gcaithfear noirm na Gaeilge mar theanga aisti féin a aibhsiú do dhaltaí agus an stór focal agus an cumas teanga a thabhairt dóibh le plé a dhéanamh ar a mbíonn ar siúl acu go sóisialta chomh maith leis an teanga acadúil a gcrochtar cuid mhór den teagasc agus den fhoghlaim uirthi.

D'fheidhmigh mé mar chomhairleoir do na cúig Bhord Oideachais agus Leabharlann ó thuaidh, nó na *Education and Library Boards*, mar a thugtaí orthu. Rinneadh údarás amháin réigiúnach de na cúig bhord oideachais sin agus tugadh An tÚdarás Oideachais air nó an *Education Authority* (EA) sa bhliain 2015. Bhí mise ag obair ar bhonn réigiúnach cheana féin roimhe sin, áfach, sula raibh aon iomrá ar an EA agus ní raibh mórán cosúil liom ar na boird a bhí á dhéanamh sin san am. Is iomaí freagracht agus dualgas a bhí orm ar ghrúpaí réigiúnacha éagsúla ag baint leo seo: matamaitic agus uimhearthacht, litearthacht, nuatheangacha,

Riachtanais Speisialta Oideachais, Múinteoirí Nua-oilte, agus Príomhoideacht san Oideachas lán-Ghaeilge. Maidir leis an phríomhoideacht, bhí agam le comhairle a chur ar phríomhoidí ar shaincheistanna agus ar dhúshláin a bhaineann leis an tumoideachas dátheangach mar a chleachtar é san earnáil lán-Ghaeilge agus ar chleachtas múinteoirí sna seomraí ranga bunscolaíochta agus meánscolaíochta. Chuige sin, le m'fheasacht a fhairsingiú, le mo léargas a chothú agus le m'eolas a mhéadú ar shaol gairmiúil agus pearsanta an phríomhoide scoile a thug mé faoi ghnóthú cáilíocht ghairmiúil sa phríomhoideacht: *Professional Qualification for Headship* (PQH) nó ní raibh ach bliain amháin de mo bheatha ghairmiúil caite agam i bhfeighil scoile agus bhí sin i bhfad siar idir 1987 agus 1988 i scoil Ghaeilge nuabhunaithe i mBéal Feirste. Lena chois sin, rinne mé taighde agus staidéar go leibhéal dochtúireachta ar ábhair an chleachtais agus na hoideolaíochta sa ghaelscolaíocht, a foilsíodh i bhfoirm leabhair (Mac Corraidh, 2008). Tá deacrachtaí agus dúshláin ag baint leis an fhreagracht atá ar cheannairí scoile oideolaíocht an oideachais lán-Ghaeilge a chur in oiriúint dá scoil féin sa chaoi is go dtabharfar daltaí céim sa treo ceart maidir le noirm na Gaeilge a chleachtadh agus lena gcumas sa chaint shóisialta i nGaeilge. San alt seo, pléitear polasaí scoile, sainmheon teanga scoileanna, úsáid teanga na ndaltaí agus na n-oidí, an Ghaeilge sa chomhthéacs neamhfhoirmiúil shóisialta agus an Béarla.

Aithnítear sa litríocht ábhartha go sealbhaíonn daltaí i gcórais tumoideachais scoth inniúlachtaí gabhchumais sa tumtheanga, Gaeilge ar ndóigh i nGaelscoileanna (Ní Maoláin, 2013; Ó Duibhir, 2018). Bíonn siad thar a bheith cumasach ag éisteacht agus ag tuiscint, ar aon dul le cainteoir dúchasach nó le cainteoir neamhdhúchasach, inniúil Gaeilge. Os a choinne sin, tá sé maíte ag taighdeoirí ar shealbhu an dara teanga sa tumoideachas go mbíonn daltaí ábhairín taobh thiar de chainteoirí dúchasacha maidir le giniúint na Gaeilge, agus le ginchumas sa chaint agus sa scríobh (Harley *et al.* 1990; Mougeon *et al.* 2010; Genesee & Lindholm-Leary, 2013).

I ndiaidh ceithre nó cúig bliana sa bhunscolaíocht Ghaeilge, mothaíonn daltaí go bhfuil go leor den tumtheanga sealbhaithe acu le riar ar a riachtanais chumarsáide agus cealaítear aon ghá le feabhsú, dar leo. Sin an t-am agus an áit a dteastaíonn idirghabháil an oide agus bealaí cruthaitheacha, nuálaíochta leis an mheon sin a ruaigeadh agus bláthú agus fairsingiú na Gaeilge a éascú dóibh.

Is ar an ábhar sin a mholtar modh níos anailísí teagaisc, modh ina bhfuil fócas ar fhoirm, agus aiseolas ceartaitheach agus ar bhrí, ar dhóigh chothrom (Lyster & Tedick, 2014; Ó Ceallaigh & Ní Shéaghdha, 2017). Is iad na torthaí is mó óna dteastaíonn forbairt i gcur chuige an oideachais lán-Ghaeilge atá aimsithe ag taighdeoirí, giniúint na Gaeilge ó bhéal agus ón pheann de réir noirm na teanga agus forbairt an chumais sa teanga shóisialta i measc daltaí.

Eispéireas agus anailís

Déantar tagairt san alt seo do chaint a thug mé, agus do cheardlann a d'éascaigh mé, mar chomhairleoir ar an fhoghlaim agus an teagasc trí Ghaeilge do ghrúpa de phríomhoidí gaelscoile thiar in 2015, mar pháirt de thionól bliantúil ar cuireadh ón IPPN (*Irish Primary Principals' Network*). Is iad na príomhoidí, dar ndóigh, a bhíonn ag tiomáint agus ag treorú na foghlama chun cinn i scoileanna, de réir plean straitéiseach forbartha agus físe. Nocht mé mo thuairimí a bhí bunaithe ar mhachnamh agus ar insint a bhí bunaithe ar an taithí a bhí agam, ar thaighde agus ar a bhfaca mé agus ar chuala mé ó chuaigh mé isteach san earnáil lán-Ghaeilge, ag leibhéal na réamhscolaíochta in 1987. Roinn muid ár dtaithí agus ár n-eolas agus ár dtuairimí ar an ábhar. Thug mé iarraidh a chur ina luí orthu a thábhachtaí a bhí sé cothrom a bhaint amach ina scoileanna idir 'fócas ar bhrí agus ar theachtaireacht' agus 'fócas ar fhoirm'.i. foirm sa Ghaeilge. Labhair mé ar an speictream a shíneann ó oidí a fheidhmíonn ar dhóigh anailíseach agus a mbíonn aird acu chomh maith ar fhoirm, mar a scríobh Ní Mhaoláin (2013: 10): 'coimeádann go leor scoileanna nóta de na botúin is coitianta a chloiseann siad. Bunaíonn siad ceachtanna orthu agus déanann siad iarracht dul i ngleic leo sa phlean scoile', go dtí iad sin a oibríonn go heispéireach agus ar leor acu an bhrí a bheith á seachadadh agus teachtaireachtaí a bheith á dtuiscint sa tseomra ranga, beag beann ar chruinneas na teanga. Chuir mé ceist orthu cá háit a gcuirfeadh siad a scoil féin ar an speictream agus rinneadh an taispeáint sin go fisiciúil idir pointe A (anailíseach) agus pointe E (eispéireasach) sa seomra ina raibh muid. Thug mé le fios go raibh sé maíte ag Harley (1998) agus ag Lyster (2007) go dteastaíonn an dá mhodh múinteoireachta sa tumoideachas, idir eispéireasach agus anailíseach, agus nár cheart go mbeadh aon cheann acu ag breith bua ar an cheann eile ach go mbeadh siad ar aontosaíocht. Bhí bunús dá raibh i láthair ar aon intinn leis an tuairim sin. Admhaíodh gur chóir foirm na teanga a aibhsiú agus féacháil le teanga shóisialta na ndaltaí a fhorbairt.

Teanga acadúil, teanga shóisialta

Tá oidí an tumoideachais oílte go maith ag soláthar tumtheanga acadúil do pháistí le go dtig leo aird na ndaltaí a tharraingt agus a dhíriú ar réimsí curaclaim. Sin an dúshraith atá faoin chineál seo oideachais agus an bunús atá leis (Genesee & Lindholm-Leary, 2013; Lyster, 2007). Ní fíor sin i gcás na teanga sóisialta, áfach. Is é atá i gceist agam le teanga shóisialta, míreanna teanga a dtig le daltaí titim siar orthu le bheith ag caint ar ábhair mar iad seo a leanas, a mhol La Van (2001: 3–4): éadaí, bia, bréagáin, spórt, teaghlach, siopadóireacht, taisteal, mothúcháin, agus nath cainte na seachtaine le húsáid an tseachtain sin ar fad. Le déanaí agus mé i scoileanna, chonaic mé le mo shúile cinn an iarmhairt shuntasach ar na laethanta scoile a cailleadh mar gheall ar Covid-19 agus daltaí a bheith ag déanamh dearmad ar a stór focal de dheasca ganntanas teagmhála le teanga a bhfoghlama, an Ghaeilge, le linn dóibh a bheith sa bhaile. Chuala mé faoi fosta ó phríomhoidí agus ó oidí.

Na gnéithe ar tarraingíodh aird orthu

Is iad seo a leanas na gnéithe a tugadh d'aire na bpríomhoidí agus a ndearnadh an plé mar ghrúpaí a chrochadh orthu:

- Polasaí Gaeilge na scoile agus áit an Bhéarla;
- sainmheon nó éiteas Gaeilge na scoile a thabhairt slán;
- noirm in úsáid na Gaeilge ag na daltaí a aibhsiú;
- leibhéal feasachta na múinteoirí ar úsáid chruinn na Gaeilge a ardú, agus
- an Ghaeilge neamhfhoirmiúil/shóisialta a fhorbairt.

Mar chomhairleoir réigiúnach idir 2003 agus 2011, casadh múinteoirí orm a bhí breá sásta le líofacht chainte na ndaltaí agus múinteoirí eile a thug iarraidh cruinneas a chur leis an líofacht sin. Nochtainn mo bharúil féin i gcónaí leo, go raibh mé i bhfách le cur chuige an dara dream a raibh luí ach le hanailís ar ghiniúint na Gaeilge agus ar a feabhsú. Tá deacracht bhunúsach ag baint linne, múinteoirí agus teagascóirí ar foghlaimeoirí Gaeilge muid. An bhfuil an inniúlacht teanga againn mar nuachainteoirí nó mar fhoghlaimeoirí dara teanga le ceisteanna, coincheapa, smaointe, dearcthaí atá casta, achrannach, coigilteach, dúshlánach a dhíchódú agus a thuiscint, agus a mhíniú go hoilte do dhaltaí? Teastaíonn leibhéal ard cumais, má tá cumarsáid mhaith agus scoth na foghlama le tarlú. Ansin tá ceist na teanga sóisialta ann, fosta. Agus na daltaí i gceann a chéile ag déanamh cuideachta nó ag imirt cluichí, an gcóirimid nó an soláthraimid an teanga neamhfhoirmiúil dóibh le go dtig leo sin a dhéanamh gan mórán stró i nGaeilge? Nó an é fírinne an scéil go ndírímid ar na riachtanais acadúla amháin: m.sh. an teanga a theastaíonn le cur síos a dhéanamh ar chruth tríthoiseach nó le míniú a thabhairt ar shaolré an fhéileacáin nó ar thimthriall an uisce, a aibhsiú, a phleanáil, a láithriú agus a chur i gcúrsaíocht sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú. Is cinnte nach sin na hábhair chainte a bhíonn ag daltaí nó ag dó na geirbe acu i gcoirnéil an chlóis lena bpiaraí ach rudaí tábhachtacha amhail téacstáil, gutháin, cluichí ríomhaire, peil, X-Box, Covid srl. Tabhair do d'aire gur úsáid mé críonnacht an tseansaoil san alt seo i bhfoirm seanfhocal, le cuidiú linn léiriú a fháil ar na dúshláin seo agus le treoir a sholáthar agus muid ag iarraidh teacht ar réitigh ar na gnéithe seo d'oideolaíocht an tumoideachais agus an oideachais Lán-Ghaeilge.

Polasaí agus sainmheon na Gaeilge agus an Béarla i bhfoghlaim na ndaltaí

Is iomaí nós agus cleachtadh a bhí le sonrú agam i dtaca le húsáid na Gaeilge i scoileanna Gaeilge agus le linn na mblianta a chaith mé i mo chomhairleoir réigiúnach. Chonaic mé úsáid na Gaeilge á brú de shíor agus go tréan; thug mé faoi deara úsáid na Gaeilge á moladh go fonnmhar; mhothaigh mé oidí ag iarraidh go séimh ar dhaltaí an Ghaeilge a úsáid agus meas a léiriú ar shainmheon teanga na scoile mar Ghaelscoil agus ar chinneadh a dtuismitheoirí iad a chur chuig scoil lán-Ghaeilge. Ceist eile a bhí idir camánaibh nó cá mbíonn an Béarla le cluinstitín agus le feiceáil i scoil lán-Ghaeilge? Bunaithe ar mo thaisteal ó scoil go scoil is iomaí

freagra a bhí le fáil agam ar an cheist sin. Sna 1980í i bhfad siar, bhí an Béarla i bhfolús agus níor ligeadh a cheann leis taobh amuigh de bhallaí churaclam an Bhéarla mar theanga. Is cinnte go mbíonn sé ar intinn na ndaltaí, ina gcogarnach sa seomra ranga agus ina scairteach sa chlós.

Is é an Béarla is túisce agus is nádúrtha agus is fusa ag daltaí nuair nach dtig leis an oide iad a chluinstin agus labhróidh siad i gcogar íseal, má thig. Sin mar atá. Is é an Béarla an teanga láidir atá acu agus beidh an Ghaeilge in áit na leithphingne go minic sa chás sin gan láithreachacht nó idirghabháil oide. Bhí sé seo le sonrú i bhfad siar sna naoi déag seachtóidí nó mhaígh taighdeoir amháin, (Cohen, 1974) gur mí-ainmniú a rinneadh nuair a tugadh tumoideachas air sa mhéid is go bhfacthas go raibh na daltaí ag tiontú agus ag aistriú go dtí an chéad teanga a bhí acu agus iad i mbun fiosrúcháin sa mhatamaitic. Cé go mbíodh an chuma air gur bá iomlán a bhíodh i gceist is go scríobhtaí na ceisteanna sa tumtheanga, dhéantaí aistriúchán orthu láithreach nuair a d'éiríodh deacracht ar bith maidir le tuiscint.

Bhí mé i m'fhianaiseach i scoileanna ina raibh an Béarla á fhorbairt go righin taobh istigh de churaclam theanga agus litearthacht an Bhéarla agus i scoileanna eile, thug mé do m'aire go raibh sé ag rith ar fud an churaclaim. Labhair mé le príomhoidí a chreid gur i réimse foghlama litearthacht agus theanga an Bhéarla amháin a ba cheart dó fanacht i scoil Ghaeilge. Phléigh mé an tsaincheist le múinteoirí a sheoladh anonn is anall idir an dá theanga go héasca le cosúlachtaí agus difríochtaí a phlé. Níl a fhios agam an dtabharfainn 'anailís codarsnacha' air sin nó níor cuireadh fáilte céad faoin chéad roimh an chur chuige sin siar sna nóchaidí. Ar ndóigh bíonn foinsí Béarla in úsáid agus eolas á chuardach iontu i dtionscadail scoile i bhfoirmeacha crua agus digiteacha. Bíonn tionchar láidir fosta aige ar an chineál Gaeilge a labhraíonn agus a scríobhann daltaí agus múinteoirí. Bíonn daltaí ag malartú idir an Ghaeilge agus an Béarla nuair a theipeann orthu an focal nó an frása ceart a aimsiú sa sprioctheanga. Is fada an lá an códmheascadh agus an códmhalartú á gcleachtadh. Is de dhinimic dháttheangach an tumoideachais iad.

Cruinneas a fhorbairt le cur leis an líofacht i measc daltaí

De réir chríonnacht an tseansaoil, *rud nach binn le duine, ní chluin sé é*. Ní binn le cuid againn idirtheanga na ndaltaí, m.sh. 'an dtig liom faigh deoch?' 'ní raibh sé mise', ach is iontach le cuid eile againn go dtig leis na daltaí cumarsáid shuntasach a dhéanamh. Is é an cheist atá le réiteach ag ceannairí scoile nó an féidir linn nó cad é mar is féidir linn an idirtheanga sin a chleachtann siad a thabhairt i dtreo an chruinnis agus noirm na Gaeilge agus plean a dhearadh chuige sin? Dar le Ní Mhaoláin (2013: 9–11) go gcaithfear an plean scoile do labhairt na Gaeilge a bhunú ar riachtanais chumarsáide na ndaltaí; Gaeilge na ndaltaí a fhorbairt le go dtig leo an leas is fearr a bhaint as an scolaíocht ó thaobh na teanga acadúla agus sóisialta araon; dul i ngleic leis na botúin is coitianta a dhéantar ach ceachtanna a bhunú orthu agus béim a chur ar an Ghaeilge san fhoghlaim ar an taobh amuigh den seomra ranga.

Chluininn iad seo ráite: go bhfuil sé dodhéanta idir a naoi a chlog ar maidin agus a trí a chlog tráthnóna; gur leor agus gur tábhachtaí líofacht ná cruinneas; go gcuideodh polasaí cuimsitheach ceartúcháin agus saibhriú teanga. Dúirt múinteoir amháin liom ar cainteoir dúchasach Gaeilge í as Gaeltacht Chontae Dhún na nGall, gurbh éigean dá rang agus í ar an scoil náisiúnta sa bhaile, seanfhocail agus nathanna cainte a fhoghlaim de ghlanmheabhair gach maidin. Anois, má b'éigean don chainteoir dúchasach sin a dhéanamh cad é a leithéid d'obair sa bhreis air sin a chaithfeadh daltaí scoile ar foghlaimeoirí iad a dhéanamh? An gcuideodh sé dá bhfoghlaimeodh siad *'chunks of language'* nó nathanna cainte nó seanfhocail nó dá mbeadh intinní foghlama teanga agus critéir ratha teanga le baint amach acu i ngach ceacht chomh maith le hintinní foghlama ábhair? Níor oibríodh amach fós cad é an dóigh is fearr chun sin a dhéanamh. Cad é mar is féidir sin uilig a láithriú agus a láimhsiú i dtús agus le linn ceachta?

Múinteoirí mar nuachainteoirí/fhoghlaimeoirí Gaeilge

Mar gheall ar thaithí na mílte bliain ar shaothar an duine agus ar obair, chreid ár sinsir *gur namhaid an cheird gan a foghlaim agus gur doiligh a sháith de chorrán a fháil do dhrochbhuanáí*. Tá mé ag lua na seanfhocal sin i gcomhthéacs an chomhrá a theastaíonn ar chumas múinteoirí **lena ndualgais ghairmiúla** a chomhlíonadh gan dua agus a dteagasc ranga a dhéanamh ar dhóigh líofa chruinn a d'éascódh foghlaim na ndaltaí. Tá an Ghaeilge mar mheán teagaisc acu agus mar dhara teanga ag a mbunús agus teastaíonn oiliúint agus forbairt feadh saoil (Ó Ceallaigh & Ní Shéaghda, 2017: 13). Ní sheasann an seanfhocal ná a iarmhairtí *gur fearr Gaeilge bhriste ná Béarla cliste* i gcomhthéacs gairmiúil an oideachais, faoi chúinsí tromchúiseacha na ndaltaí agus a dtodhchaí agus a gcaipitil geilleagrach ag brath go mór ar an rath a bheas ar a bhfoghlaim; níos mó ná a mhalairt ní bheidh fios an difir ag tuismitheoirí cé acu tá, nó nach bhfuil, oide múinte a gclann inniúil go maith ar an Ghaeilge a úsáid mar mheán teagaisc. Cuireann tuismitheoirí a muinín uile go léir sna hoidí agus creideann siad ina gcumas, ina ngairmiúlacht agus go bhfuil leas a bpáistí gar don chroí ag múinteoirí.

Focal scoir

San oideachas lán-Ghaeilge, tá modh éifeachtach teagaisc á chleachtadh, é bunaithe orthu seo i measc gnéithe eile: cumarsáid, gníomhú, teagasc a bhfuil feidhm leis, deimhniú tuisceana, soláthar frásaí agus focail úra, athrá, áibhéil, aisteoireacht, idirghabháil, comhthéacsú tréan, agus idirghabháil. Mar gheall orthu sin, bíonn toradh fóna ar iarrachtaí na ndaltaí ó thaobh na líofachta agus na feasachta ar an Ghaeilge. Tá go leor le foghlaim ag an ghnáthscolaíocht aonteangach ón chleachtas dátheangach san oideachas Lán-Ghaeilge go háirithe ag na scoileanna príomhshrutha ina bhfuil daltaí nach é an Béarla an teanga baile acu. Meallaimid agus éilimid go ndéanann na daltaí cumarsáid linn i dteanga atá siad a shealbhú san am céanna. Is oideolaíocht é an tumoideachas arb iad an múnla teanga, an míniú, an comhthéacsú, an

t-athrá, an áibhéil agus an gníomhú na bunchlocha. Má bhímid ag caint ar dhuilleoga nó ar chleití, beidh duilleoga nó cleití sa seomra ranga againn le dúshlán na Gaeilge a laghdú agus leis an tuiscint a mhéadú. Tá feidhm dhearfa chinnte leis an chur chuige sa mhéid is gur trí Ghaeilge a fhorbraítear scileanna agus cumais i réimsí éagsúla foghlama. Ní hiontas é go raibh sé le maíomh ag an taighdeoir is mó a d'fhorbair teoiricí ar fhoghlaim an dara teanga gurb é atá sa tumoideachas ná *'the most successful programme ever recorded in the professional language-teaching literature'* (Krashen, 1984: 61).

Tá bealach éifeachtach sealbhaithe teanga againn a bhfuil éisteacht, tuiscint, cumarsáid, mealladh cainte, léamh agus scríobh ina lár. Mar sin féin, tá gnéithe fós san oideolaíocht le feabhsú agus caithfidh aird a thabhairt orthu seo a leanas: níl go leor am teagmhála leis an tumtheanga sa lá ná sa scoilbhliain le go dtarlóidh sealbhú cruinn líofa; bímid ag mealladh Gaeilge ó na daltaí agus ag éileamh orthu labhairt linn i dteanga nár chuala an chuid is mó acu agus nach gcluin siad mórán di sa saol neamhacadúil; ní hionann na cúinsí i sealbhú na chéad teanga agus iad sin a bhíonn i gceist i sealbhú an dara teanga san oideachas foirmiúil agus is é an easpa teagmhála leis an Ghaeilge an difear is mó sa chomhthéacs shóisialta.

Tá obair le déanamh go fóill i bhforbairt agus i mbeachtú cleachtais a thabharfas, mar a scríobh Roy Lyster (2007), frithchothromú nó *counterbalance* isteach idir fócas ar an chiall agus a bheith ag iarraidh a chinntiú go dtuigeann achan duine a chéile agus fócas ar fhoirm na teanga, an chaoi a n-oibríonn an Ghaeilge mar theanga aisti féin. Má bhímid ag éileamh forbairt den scoth i measc foghlaimeoirí óga i labhairt agus i scríobh na Gaeilge agus a bheith ag dréim leis agus ina shúilíocht againn, bainfidh cuid de na daltaí sin amach ach má oibrímid le hionchais atá íseal go leor, sin an áit a bhfanfaidh na daltaí ina dturas leis an Ghaeilge a shealbhú.

Bhunaigh mé an taighde seo ar an fhéineitneagrafaíocht, ar an mhachnamh agus ar an chuimhne atá agam ar mo bhreathnóireacht mar chomhairleoir ag imeacht idir scoileanna agus creidim go láidir gur féidir oilteacht teanga a chur i gcuideachta na líofachta ach tuilleadh doichte nó *rigour* a oibriú isteach sa phleanáil, sa teagasc agus san fhoghlaim, sa mheasúnú agus san aiseolas do na daltaí. Caithfear teagasc comhthéacsaithe, feidhmiúil, ábhartha, foirmiúil teanga a chur le modh cumarsáideach an tumoideachais mar atá sé á chleachtadh san am i láthair, le sealbhú na Gaeilge a chur i dtreo noirm na Gaeilge. Is é an cheist agus is é an dúshlán atá romhainn amach, cén chaoi a ndéanfar é sin?

Leabharliosta

Leabhair

- Adams, T.E., Jones, S.H. & Ellis, C., (2014) *Autoethnography: Understanding Qualitative Research*. Oxford: Oxford University Press.
- Jones, S.H., Adams, T. E. & Ellis, Carolyn E. (eds.) (2013) *Handbook of Autoethnography*. New York: Routledge.
- Lyster, R. (2007) *Learning and Teaching Languages Through Content: A Counterbalanced Approach* (Vol. 28). Amsterdam: John Benjamins.
- Mac Corraidh, S., (2008) *Ar thóir an dea-chleachtais: The Quest for Best Practice in Irish-Medium Primary Schools in Belfast*. Belfast: Cló Ollscoil na Banríona.
- Mougeon, R., Nadashi, T. & Rehner, K., (2010) *The Sociolinguistic Competence of Immersion Students*. Bristol: Multilingual Matters.
- Ní Mhaoláin, N., (2013)/(2005) (eag.) *Ár bPolasaí Gaeilge: Polasaí na Gaeilge do Ghaelscoileanna* (Leagan Shamhain 2013). Baile Átha Cliath: Gaelscoileanna Teo.
- Ó Ceallaigh, T.J., & Ní Shéaghdha, A., (2017) *I dTreo Barr Feabhais: Dea-chleachtais san Oideachas Lán-Ghaeilge*. Baile Átha Cliath: Gaeloideachas.
- Ó Duibhir, P., (2018) *Immersion Education: Lessons from a Minority Language Context*. Bristol: Multilingual Matters.
- Tedick, D.J., Christian, D. & Fortune, T.W., (2011) *Immersion Education: Practices, Policies, Possibilities*.

Ailt

- Cohen, A., (1974) 'The Language used to Perform Cognitive Operations during Full Immersion Tasks.' *Language Testing*, 11. 171–95.

- Genesee, F. & Lindholm-Leary, K., (2013) 'Two case studies of content-based language education.' *Journal of Immersion and Content-Based Language Education*, Vol. 1,1. 3–33.
https://www.researchgate.net/publication/263384819_Two_case_studies_of_content-based_language_education
- Harley, B., (1998) 'The role of focus on form tasks in child L2 acquisition.' Doughty, C. & Williams, J. (eds.) *Focus on Form in Classroom Second Language Acquisition*, Cambridge: Cambridge University Press. 156–74.
- Harley, B., Cummins, J., Swain, M. & Allen, P., (1990) 'The nature of language proficiency.' Harley, B., Allen, P., Cummins, J. & Swain, M. (eds) *The Development of Second Language Proficiency*. Cambridge: Cambridge University Press. 7–25.
- La Van, C., (2001) 'Help! They're using too much English! The problem of L1 vs. L2 in the immersion classroom.' *ACIE Newsletter*, 4.2, February.
<https://carla.umn.edu/immersion/acie/vol4/Feb2001.pdf>.
- Lyster, R. & Tedick, D.J., (2014) 'Research perspectives on immersion pedagogy: Looking back and looking forward.' *Journal of Immersion and Content-Based Language Education* 2 (2). 210–24.



Teagasc theoiric agus litríocht na haiteachta sa Ghaeilge: dúshláin, débhrí, agus deiseanna

Seán Mac Risteaird

Réamhrá: Cén mhaith dom an aiteacht?

Bhí a dhá lámh scartha amach aige le mé a *ghrabáil*: boladh trom óil uaidh. Theann sé isteach liom. É i ngreim ioman láithreach. Mé beagnach gan anáil. Mé ar tí titim siar ar chúl mo chinn... Chuir mé mo dhá shúil trína shúile mar a chuirfí meanaí géara seaca... mé ag sú boladh an óil níos láidre de réir mar a bhrúigh sé isteach liom. D'ardaigh mo ghlúin... go ciotach. (Ó Conghaile 1997: 109)

Radharc éignithe idir beirt fhear a chuirtear os comhair an léitheora in 'Gabhal na gCloch' gearrscéal de chuid Mhichíll Uí Chonghaile. Mar is dual don scríbhneoir, tógtar teannas agus atmaisféar a bhfuil an míchompord dosheachanta lárnach ann, i gcaitheamh an ghearrscéil, a mheallann an léitheoir isteach i ndomhan samhlaíoch aduain. Agus an t-éigniú, maraon le foréigean inscneach agus collaíoch i mbéal an phobail sa lá atá inniu ann, bhí drogall orm an gearrscéal seo a theagasc i mbliana mar go bhféadfaí a leithéid d'ábhar cuimhní trámacha nó eispéiris phearsanta a dhúiseacht sna léitheoirí os mo chomhair.¹ Ach nach gá an tost áirithe seo a bhriseadh? Nach gá leas a bhaint as an litríocht chun comhráite tábhachtacha saoil a éascú le mic léinn agus le lucht léite na Gaeilge trí chéile? Dar le an scríbhneoir an ailt seo, tugann saothair liteartha Uí Chonghaile, anuas ar theoiric na haiteachta, na fearais

¹ Bíodh sin mar atá, tugtar foláireamh do na mic léinn roimh thús an chúrsa go mbeidh ábhair íogaire á bplé ó am go ham. Déantar seo a mheabhrú do na mic léinn i gcaitheamh an chúrsa agus tugtar cead imeachta dóibh murar mhaith leo an cineál seo ábhair a léamh nó a scrúdú. Tugtar obair eile dóibh nuair is cuí.

dúinn chun ceistanna den chineál seo a chur orainn féin mar léitheoirí. Nuair a chuirtear saothair Uí Chonghaile i gcomórtas le saothair chanónacha eile, is gá ceistanna a tharraingt faoin gcur chuige a bhainfeadh le teagasc theoiric na haiteachta anuas ar an oideolaíocht ionchuimsitheach aiteach a bhaineann léi. Cé go bhfuil taighde liteartha déanta ar saothair Uí Chonghaile ag scoláirí ar nós Phádraig Uí Shíadhail², Mháirín Nic Eoin³, agus Sheáin Mhic Risteaird⁴, níor ardaíodh ceistanna i dtaca le teagasc na litríochta aiti ina saothair siúd.

Is mar ainmfhocal, mar fhéiniúlacht, agus mar bhriathar a shamhlaítear an aiteacht, nó ‘queerness’ an Bhéarla (Jakobsen 1998: 516–17). Cé go mbaintí leas as an téarma seo mar lipéad maslach, úsáidtear anois é chun an éagsúlacht chollaíoch a cheiliúradh agus chun solas a chaitheamh ar na noirm a théann leis. Le roinnt blianta anuas, tá borradh faoin téarma mar go dtrasnaíonn an coincheap réimsí éagsúla léinn, ealaíne, sóisialta, oideachais agus cultúrtha. Feictear go bhféadfaí an aiteacht a mhúnlú, a chur i bhfeidhm, agus a úsáid chun mionscagadh a dhéanamh ar théacsanna cultúrtha, ealaíne, agus liteartha. Is féidir téacs ar bith a aitiú, ag cur smaointeoireacht theoiric na haiteachta i bhfeidhm ar théacs ar bith liteartha. Ní gá go mbeadh an téacs i gceist ag plé go sonrath leis an homaighnéasacht nó féiniúlachtaí aiteacha, ach go ndéantar noirm na sochaí a cheistiú.

Maíonn Valente (2010: 26) nach beag an seasamh atá ag teoiric na haiteachta sa léann Éireannach, go ginearálta, agus uirlisí, tuiscintí, agus toisí na smaointeoireachta mar chur chuige chun anailís a dhéanamh ar fhéiniúlachtaí collaíocha na hÉireann agus ar Éirinn í féin chomh maith. Is trí mheán theoiric na haiteachta a cheistítear catagóirí agus nóisín sheanbhunaithe a bhaineann le hinscne, le mianta collaíocha, le cumhacht, agus le noirm éagsúla mar chonstráidí agus/nó mar fheiniméin shóisialta. Cé go dtugtar ‘spás sábháilte’ ar an seomra ranga go minic, bíonn ar an oide a phléann le hábhair íogaire, ábhair ar nós na gnéasúlachta agus an fhoiréigin inscnigh i litríocht na Gaeilge, mothúcháin, ionchais, agus cúlraí na bhfoghlaimoirí a chur san áireamh i bpleanáil agus i seachadadh an chúrsa. Má tá sé mar sprioc ag oideachasóirí ar an tríú leibhéal mic léinn mhachnamhacha chriticiúla a chothú, cén chaoi a mbeifí in ann na snáitheanna téamacha thuasluaite a chur ina láthair? An bhfuil gá le hathmhachnamh agus athphlé a dhéanamh ar mhúineadh na litríochta sa Ghaeilge

² Féach Ó Siadhail, P. (2010) ‘Odd Man Out: Micheál Ó Conghaile and Contemporary Irish Language Queer Prose’, *The Canadian Journal of Irish Studies*, 36(1). 143–61.

³ Féach Nic Eoin, M. (2021) ‘An soitheach il-luchtaithe agus ionad an fhile gan (mórán) iomrá: spléachadh ar fhilíocht Sheáin Hutton’ Ní Mhaonaigh, T. *et al.* (Eag.). *Irisleabhar Mhá Nuad 2021*. Maigh Nuad: An Sagart. 22–53.

⁴ Déantar scagadh ar dhá úrscéal aiteacha Gaeilge in alt liom ‘Coming Out, Queer Sex, and Heteronormativity in two Irish-language Novels’, *Studi Irlandesi*, 10(10). 63–75.

chun aghaidh a thabhairt ar an míchompord atá i gcroí na dtéamaí a phléitear i gcúrsa ar an litríocht sa Ghaeilge nuair a chuirtear faoi scáth na haiteachta í? Eascraíonn teannas as an téarma úd, go háirithe sa Bhéarla, faoi mar a mhínítear thíos:

The hate-filled history of the term 'queer' makes explicit the existence of heterosexism and homophobia, the severity of heterosexism/homophobia, and if the student had ever used the term in a harmful way (or failed to intervene in such a situation), the participation of the student in heterosexism/homophobia. So, although my students did desire to learn, their desire for normalcy and for affirmation of their belief that they do not oppress others was stronger, preventing many of them from confronting and tolerating these new yet discomfoting forms of knowledge. (Kumashiro 2000: 6)

Bíodh sin mar atá, mar gur téarma sách nua é 'aiteach', ní thagann na dúshláin chéanna chun cinn go minic cé go dtuigtear go forleathan sa lá atá inniu ann gur ceiliúradh ar an éagsúlacht atá i gceist leis an téarma 'queer'. Má ghlactar leis an oideolaíocht, agus na hinstitiúidí a thagann leis, mar shuíomhanna údaráis, mar shuíomhanna a bhrúnn seasmhacht i leith an phobail oideachasúil agus na féiniúlachta chun cinn, an féidir múineadh na litríochta sa Ghaeilge a aitiú? Nó an féidir leis an oideachas trí chéile réabhlóidí díthógála agus athógála a thosú chun ceisteanna bunúsacha faoin gcoinníoll dhaonna a fhreagairt (Britzman 2012: 292)?

Is éard a chuirim romham san alt seo ná plé a dhéanamh ar theagasc theoiric agus litríocht na haiteachta i gcomhthéacs na Gaeilge. D'fhonn scagadh a dhéanamh ar an gcur chuige turgnamhach seo, déanfaidh mé modúl de chuid Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU) a úsáid mar chás-staidéar lena linn. Ba in 2012, mar chuid de *Léachtaí Cholm Cille XLII*, a tháinig cleachtóirí le chéile chun a ndea-chleachtais i dtaca le múineadh na litríochta sa Ghaeilge a chíoradh agus a roinnt. Is ina haiste 'An Chanóin, an Caighdeán agus an Curaclam: Clár Léinn á Dhearadh', a rianaíonn an scoláire liteartha Nic Eoin cúrsa taighde de chuid DCU atá fós á sheachadadh anseo ar champas na hOllscoile. Tugann mic léinn i mbliain na céime anseo in DCU faoi chúrsa taighde ina múintear na mic léinn i ngrúpaí beaga. Déantar sruthú ar na mic léinn de réir sainréimsí spéise na léachtóirí, agus tugtar deis dóibh dul i ngleic le hábhair éagsúla léinn a bhaineann leis na daonnachtaí digiteacha, le litríocht do dhéagóirí, leis an dán díreach, nó leis an aistriúchán agus an eagarthóireacht, ach cuid de na roghanna a lua. Mar thoradh air sin, thapaigh mé an deis modúl ar an litríocht aiteach agus ar theoiric na haiteachta dar teideal 'Micheál Ó Conghaile: Collaíocht, Co(i)rp, agus Cathú in *An Fear a Phléasc*' a thairiscint do na mic léinn. I gcaitheamh an chúrsa, pléitear an cnuasach iomráiteach seo i gcomhthéacs bhuntuisicintí theoiric na haiteachta agus beagán ar bheagán luíonn na rannpháirthe isteach ar theoiric na haiteachta mar fhearas amháin chun téamaí an chnuasaigh a thuiscint. Cur chuige '[...] téamach léirmhínteach' (de Brún 2012: 157) a bhíonn i gceist leis an gcúrsa ina ndéantar an téacs a ghrinnléamh faoi scáth (bun)tuisicintí

aiteacha. Más é *raison d'être* na litríochta 'ceisteanna cigilteacha a bhaineann le cora an tsaoil' (Ní Fhrighil 2012: 45) a chur ar léitheoirí, is minic a tharraingíonn an cúrsa ar thuairimí nó ar thaithí phearsanta, agus tuiscintí na mac léinn ar an gcollaíocht, ar an ngnéasúlacht, agus ar an bhféiniúlacht chun spriocanna an chúrsa a chur i gcrích. Agus mar go bpléann Ó Conghaile leis an bhféinaithne, leis an gcollaíocht, agus leis an meabhairshláinte i rith an téacs thuasluaite, tagann bealaí éagsúla chun cinn chun na mic léinn a spreagadh i dtreo na léitheoireachta neamhspleáiche. Is mar sin a scrúdaíonn de Brún (2017: 24) saothair liteartha Uí Chonghaile, agus í ag cur san áireamh an daonnacht a bhaineann leis an gcollaíocht trí chéile:

[...] it is notable that the male desire to express his sexuality as a fundamental human need is as commonly seen in Ó Conghaile's realist writings as in his non-realist work. Male sexuality is frequently expressed in his works not primarily as a physical need, but rather as a facet of the intellect, the imagination, and the physical, in a portrayal that gives prominence to the integration of the whole self. In Ó Conghaile's work, then, sexual desire, whether gay or straight, is an essential aspect of being human and of the experience of being male.

Ach ní hé cur síos cuimsitheach a dhéanamh ar chúrsa amháin a thairiscítear anseo in DCU bun agus barr an ailt seo. Caitheann an aiteacht, teoiric na haiteachta, agus an stair shóisialta a bhaineann léi, solas ar cheisteanna arbh fhiú a fhreagairt. Is sa taighde féin, ag ullmhú don chúrsa seo, a tháinig ceisteanna aníos faoi mhodhanna múinte, faoin oideolaíocht, agus faoi thógáil cúrsa ar theoiric na haiteachta. Cé go mbeidh an modúl thuasluaite in úsáid agam mar chás-staidéar i gcaitheamh an ailt seo, déanfar ceisteanna eile a bhaineann leis an oideachas ar an tríú leibhéal a phlé go ginearálta. I gcaitheamh an ailt seo déanfar sainmhíniú gairid ar an oideolaíocht aiteach (is é sin, foréimse de chuid theoiric na haiteachta a bhaineann leis an gcleachtas); breathnófar ar thógáil an chúrsa ag cur riachtanais, ionchais, agus cumas teanga sa mheá; pléifear an cur chuige machnamhach a chuirim i bhfeidhm mar áisitheoir an chúrsa; agus ar deireadh déanfar tagairt don todhchaí, is é sin, cá bhfuil ár dtríall ar chosán casta débhríoch seo na haiteachta.

An Aiteacht agus an Oideolaíocht Aiteach: Débhrí agus Dúshláin

Tháinig borradh mór faoi léann na haiteachta agus na collaíochta mar réimse ann féin ag tús na nóchaidí agus glúin nua taighdeoirí ag cur leis an ngort ó shin i leith sa Ghaeilge (smaoiním ar Dean Farrell, Caitlín Nic Íomhair, John Walsh, Jeannine Woods, go príomha) agus i gcomhthéacsanna éagsúla léinn, agus i réimsí idir- agus ildhisciplíneacha. Tá teoiric na haiteachta, mar mhodh anailíse, fréamhaithe i saothair chritice Michel Foucault (1926–1984), Adrienne Rich (1929–2012), Eve Kosofsky Sedgwick (1950–2009), David M. Halperin (1952–), Judith Butler (1956–), Lauren Berlant (1957–2021), agus Michael Warner (1958–)

ach cuid de theoriceoirí na smaointeoireachta seo a lua. Is é an ceistiú ar an normatacht, ar an bhféiniúlacht, agus ar an gcumhacht, príomhthéada na scoláirí aiteacha a shnámhann i gcoinne an *status quo* agus a bhíonn ag cur is ag cúiteamh faoi céard is féiniúlacht chollaíoch ann. Níl sé beartaithe ag teoriceoirí na haiteachta rialacha modheolaíocha faoi leith a leagan síos mar chur chuige aontaithe amháin (Sullivan 2005: 46). Is é sin le rá go bhfuil féiniúlacht agus teanga ag obair as lámha a chéile; díreach mar a mhíononn Roland Barthes in *Mythologies* (1978), go dtuigeann an duine é féin trí mheán na teanga agus mar sin, tá dlúthbhaint idir féiniúlacht agus an teanga a úsáidtear chun muid féin a léiriú. Ní chuardaíonn teoriceoirí na haiteachta féiniúlachtaí uilíocha le cruth a chur ar an bpobal LADT+ (an pobal leispiach, aerach, déghnéasach, trasinscneach anuas ar fhéiniúlachtaí/inscíní neamhnortmacha eile) ach le go mbeidh na féiniúlachtaí agus an smaointeoireacht a bhaineann leo '[...] *to be navigated, revisited, revised and elided on a moment-to-moment basis*' (Giffney & O'Rourke 2009: 7). Mar sin, is cur chuige léirmheastóireachta nó léitheoireachta é teoiric na haiteachta, teoiric áirithe nach féidir a shainmhíniú go docht nó go simplí agus as a n-eascaíonn debhrí agus, ó am go chéile, míthuiscint. Ach is féidir teacht ar phatrúin éagsúla smaointeoireachta a chuireann cruth ar an gcineál seo critice más ag díriú ar mhic léinn bhunchéime atá muid.

Mar go nglactar leis an smaointeoireacht seo, agus na fearais agus na huirlisí léitheoireachta a n-eascaíonn aisti, mar chur chuige critice a d'fhéadfaí a úsáid go hildisciplíneach, is cinnte nach féidir an aiteacht a shuíomh in institiúid ar leith go náisiúnta ná go hidirnáisiúnta. Tugann Halberstam (2003: 362) seo faoi deara nuair a deir sí:

'The liability of not having a clear institutional home, of course, is that the study of sexuality is central to no single discipline or program and in fact may be taught everywhere and nowhere simultaneously [...] it therefore] becomes a promiscuous rogue in the field of focused monogamists.'

Mar thoradh air seo, is féidir an dlí, an stair, litríocht an Bhéarla, an tíreolaíocht shóisialta, agus aon cheann de réimsí na ndaonnachtaí, a léamh, a thuiscint, agus a theagasc trí lionsa theoiric na haiteachta. Ní heol don scríbhneoir seo an bhfuil insititiúid ar bith in Éirinn nó thar lear ag plé leis an aiteacht, agus/nó le teoiric na haiteachta, trí mheán na Gaeilge, agus má tá, is tearc iad na hacmhainní agus an taighde a bhaineann leis an réimse úd atá ar fáil i ngort acadúil comhaimseartha na teanga ar an tríd leibhéal⁵. Cruthaítear dúshlán, go cinnte, ach cothaítear deiseanna chomh maith. Tugtar canbhás leathbhán do na mic léinn a gcuid féin a dhéanamh den léamh aiteach, déantar iarracht iad a chumasú chun grinnléitheoireacht a dhéanamh ar théacsanna eile ina bpléitear an chollaíocht nó an aiteacht iontu, agus bunaítear pobal nua léitheoirí agus criticeoirí i spás *aitithe* an tseomra teagaisc.

⁵ Déantar plé ar shaothair Éilís Ní Dhuibhne *Hurlamoboc* i gcomhthéacs daltaí Ardeiste in Mac Risteaird, Seán & Ronan Doherty. 'Hurlamoboc na déaglitríochta: Féiniúlachtaí gnéis sa seomra ranga,' In Adams, Dunne & Nic Lochlainn, *Thar an Tairseach*. 181–200.

Agus an cúrsa thuas á dhearadh, tugadh faoi deara go raibh deis ann cúrsa comhaimseartha a thuigfeadh na mic léinn, atá ábhartha dá saol, a chruthú. Más ag dul i dtreo na hoideolaíochta aitií (*queer pedagogy*) a bhíothas, tuigeadh nach luíonn an dá choincheap seo le chéile go nádúrtha; is as sin a chothaítear teannas nuair a dhéantar an oideolaíocht agus an aiteacht a phósadh le chéile. Mar go dtéann teoiric na haiteachta i gcoinne coinbhinsiúin sheanbhunaithe i leith na féiniúlachta agus na cumhachta, ceistítear struchtúir éagsúla na sochaí, agus dá bharr sin, tagtar ar dhinimic áirithe agus mí-réir nuair a dhéantar iarracht seo a chur i bhfeidhm. Mar gur deacair sainmhíniú docht a thabhairt ar an aiteacht, agus go bhfuil an téarma féin fiú *'deliberately ambiguous'* (Monaghan, 2016: 7), is údar suime é nóisean seo na hoideolaíochta aitií. Faoi mar a mhíniú Britzman (2012: 293) dúinn:

'Queer theory transgresses the stabilities of the representational; pedagogy situates the problem of normalcy in classroom sites and worries about the social production of the learning self [...] Can this reading of normalcy be a queer reading practice [in and onto itself]?'

Nó mar a deir Neto (2018: 591):

'Queer pedagogy does not seek the "correct" method or the "right" questions, but rather the possibility to question our practices or notions of equality and acceptance [...] queer pedagogy offers everyone [...] the possibility of understanding issues of sexuality from a new angle.'

D'fhéadfaí a mhaíomh gur suíomh normatach agus normalaithe é suíomh an tseomra ranga ina ndéantar iarracht an t-oideachasóir a léiriú mar chadhain nó mar fhoirse údarais; duine a bhfuil na freagraí ar fad aige, gur tobar an eolais é an t-oide, a shoilíonn ród an scoláire agus é ar a aistear oideachais. Cé go mbeifeá in ann a rá go bhfeidhmíonn an t-oide mar threoraí don iníon léinn, agus go ndéanann sí iarracht chomhfhiosach, b'fhéidir, scileanna machnamhacha agus criticiúla an mhic léinn a chothú, is fiú a mheabhrú dúinn féin gur gá don mhac léinn dul i ngleic le pé ábhar a bhfuil aghaidh á thabhairt aici air le go mbeidh sí in ann an cúrsa a chur i gcrích go rathúil, agus, ar deireadh, go mbronnfar céim uirthi. Cothaítear dinimic cumhachta idir an mac léinn agus an t-oide dá bharr, gréasán cumhachta a bhfuil an aiteacht go hiomlán ina choinne (Boud, 1995: 5). Mar sin, is gá an cheist a chur: cén chaoi a mbeifí in ann teoiric na haiteachta agus litríocht aiteach na Gaeilge a theagasc nuair a chuirtear na dúshláin agus an débhrí a bhaineann leo san áireamh?

Tógáil an Chúrsa: Deiseanna

Faoi mar a phléann Smith ina halt *'Decolonizing Queer Pedagogy'*, is minic a roghnaíonn mac léinn cúrsa a bhaineann leis an aiteacht mar go ndéanann sé scáthánú ar a bhféiniúlacht aiteach féin, agus go dtugann siad leo ionchais agus inspreamhadh ar leith pearsanta; *'[...]'*

they bring with them [this] depressingly urgent need to experience a course in which their lives are fully recognized' (468). Ní hé sin le rá go dtugann gach mac léinn faoin gcúrsa seo idir lámha mar gur duine ait é, í, nó iad⁶ an mac léinn, ach go mb'fhéidir go bhfuil spéis acu gné ar leith de litríocht na teanga nach bpléitear go rialta i hallaí léachta Gaeilge a scrúdú '[...] where old certainties made no sense' (Britzman, 2012: 297). Bíodh sin mar atá, tá baol ann go gceapfaí gur sórt *gimic* é seo, nó go gceapfaí gur ar mhaithe le haidhmeanna nó tuairimí polaitiúla é an cúrsa seo, mar shlí chun an normatacht a bhriseadh síos nó '[...] to] recognize difference outside the imperatives of normalcy' (Neto, 2018: 591). Is ar mhaithe le fiúntas na litríochta, agus na mic léinn ag feidhmiú mar ábhair chriticeora, bun agus barr an chúrsa seo. Cé go nglactar leis na dúshláin agus an débhrí a bhaineann le teoiric na haiteachta, is féidir príomhchoincheapa na teoirice a sholáthar chun na mic léinn a chur ag smaoineamh agus chun an téacs a léamh trí pheirspictíocht áirithe chritice. Mar sin, bíonn sé mar aidhm sna seimineáir na príomhchoincheapa a bhaineann le teoiric na haiteachta a phlé leis na mic léinn le go mbeidh siad in ann anailís phearsanta a dhéanamh ar na téacsanna a ndéanfar staidéar orthu. Bunaithe ar chéimlathas Gayle Rubin in *Thinking Sex: Notes for a Radical Theory of the Politics of Sexuality* (1984), agus an céimlathas céanna de chuid Rubin léirithe thíos in *Queer Theory Now* (2020), is féidir cuid de phríomhchoincheapa theoiric na haiteachta a rangú agus a phlé i gcomhthéacs na normatachta go han-simplí leis na mic léinn agus gnéithe a nglactar leo agus nach nglactar leo go sóisialta a ionramháil:

Inghlactha go sóisialta	Doghlactha go sóisialta
An duine heitreagnéasach Lánúin phósta	An duine homaighnéasach
Caidreamh monagamach	Lánúin in aontíos (nach bhfuil pósta)
Caidreamh collaíoch <i>saor in aisce</i> i gcaidreamh	Caidreamh scaoilte
Ag siúl amach le chéile	Caidreamh collaíoch trí íocaíocht
Caidreamh collaíoch sa bhaile (gníomh príobháideach)	Gnéas gan choinníoll/caidreamh oscailte
	An chrúsáil chollaíoch (gníomh poiblí)

Figiúr 1: McCann & Monaghan, 2020: 84

Aistear thar a bheith pearsanta í an léitheoireacht, agus is amhlaidh atá aistear na teoirice agus na critice liteartha. Leis na bunchoincheapa seo curtha ina láthair, is féidir na mic léinn a chur ag smaoineamh ar an tsochaí agus ar théacsanna cultúrtha go simplí trína dtuiscint ar an saol thart timpeall orthu. Ach más ar mhaithe le léitheoirí neamhspleácha criticiúla a chruthrú is í an phríomhaidhm a chuirim romham sa chúrsa, bíonn orm cumas teanga

⁶ Cé go bhfuil cur agus cúiteamh ann faoi úsáid an tríú pearsa iolra sa Ghaeilge, is minic a úsáidtear é do dhaoine neamh-dhénártha (*non-binary*) nó do dhaoine nár mhaith leo forainmneacha inscneacha a úsáid ar chúis amháin nó ar chúis eile.

na mac léinn a chur san áireamh sa phleanáil. Chuige seo, is gá timpeallacht foghlama atá tacúil agus measúil a chruthú, más ag díriú ar an ngné seo de thraidisiún comhaimseartha na litríochta sa Ghaeilge atá muid, ina dtugtar gluaiseanna léitheoireachta agus mínithe do na mic léinn chun dul i ngleic le teanga shaibhir dhomhain Uí Chonghaile. Ag baint leasa as cur chuige na malairte foghlama (*flipped classroom*), déantar gach aonad a dhearadh i dtrí chuid: tascanna réamhranga, an rang féin, agus tascanna iar-ranga. Baintear leas as Moodle, ardán ríomhfhoghlama, chun freastal ar an modh teagaisc seo. Léirítear thíos struchtúr an chéad ranga chun dhá sprioc a chomhlíonadh: an timpeallacht chuí ghairmiúil a thógáil, agus na mic léinn a dhíriú ar mhórtéamaí theoiric na haiteachta:

Tascanna Réamhranga

- A. Déan réamhrá *Queer Theory: An Introduction* le Jagose a léamh agus freagair na ceisteanna thíos (le plé sa rang):
1. Céard is brí leis an téarma normatacht (*normativity*)?
 2. Céard é an difear idir an homaighnéasacht agus an aiteacht, dar leis an scríbhneoir?
 3. Cén bhaint a bhí ag SEIF (AIDS) le bunú theoiric na haiteachta?
- B. Déan an gearrscéal ‘An Fear a Phléasc’ (1997) le Micheál Ó Conghaile a léamh (féach an ghluais léitheoireachta le tacú leat) agus scríobh nótaí bunaithe ar an ngearrscéal. Pléifear seo sa rang.
1. Cén fáth a bpléascann an fear le linn an ghearrscéil seo?
 2. An bhfuil mná léirithe sa phíosa seo agus má tá, cén léiriú a chuirtear os comhair an léitheora?
 3. Déantar corp an fhir a phléascadh sa ghearrscéal. Cé na baill bheatha a ndéantar trácht orthu sa ghearrscéal?

Struchtúr an Ranga

A. Aidhmeanna agus ábhar a mhíniú: 20 nóiméad

1. Plé ar theoiric na haiteachta agus ar mhór-argóintí na smaointeoireachta sin
2. Scagadh a dhéanamh ar sheánra an ghearrscéil chomhaimseartha sa Ghaeilge anuas ar phlé ar an ngearrscéal ‘An Fear a Phléasc’ trí ghrinnléamh
3. Tuiscint a fháil ar conas is féidir an gearrscéal seo a aitiú

B. Gníomhaíochtaí (i ngrúpaí beaga): 20 nóiméad

1. An bhféadfaí a rá go ndéantar iarracht corp an fhir seo in ‘An Fear a Phéasc’ (1997) a chur os comhair an phobail ar bhealach foréigneach? An mbeifí in ann seo a cheangal leis an gcumhacht a bhíonn i gceist ar choirp go ginearálta i bhfianaise chaibidil Jagose?
2. An siombail de shaghas éigin é an corp, a bhfuil mhí-úsáid bainte as, ar mhaithe le healáin agus ar mhaithe le daoine eile sa scéal?
3. Céard é príomhthéama an ghearrscéil seo? An bhfuil noirm ar leith á gceistiú ag an scríbhneoir?

C. Suirbhé agus aiseolas 10 nóiméad

1. Déantar achoimre ar ábhar an ranga trí leas a bhaint as an uirlis *Vovox* le néal focal a churthú – céard a d’fhoghlaim tú inniu i dtrí fhocal?

Tascanna Iar-Ranga

1. Déan iontráil bunaithe ar shaol agus ar shaothair Mhichíl Uí Chonghaile a léamh ar an suíomh <https://portraidi.ie/en/micheal-o-conghaile/> agus breac síos nótaí beathaisnéise ina leith.
2. Léigh an t-alt ‘Homosexuality is not a problem – it doesn’t do you any harm and can be lots of fun’: Students and Gay Rights Activism in Irish Universities, 1970s–1980s’ le Patrick McDonagh. Scríobh achoimre 200 focal bunaithe ar an alt. Pléifear é ag an gcéad rang eile.
3. Déan an gearrscéal ‘Athair’ le Micheál Ó Conghaile a léamh. An gearrscéal traidisiúnta é an scéal seo? Cén cineál stíle a léirítear sa téacs? Cuir an gearrscéal seo i gcomórtas leis an ngearrscéal ‘An Fear a Phléasc’; cé acu ab fhearr leat agus cén fáth? Scríobh iontráil bunaithe ar na ceisteanna seo i bhfóram Moodle an chúrsa seo.

Conclúid

Nuair a dhéantar ábhar aiteach a fhorbairt go hoideolaíoch i gclár ginearálta litríochta nó taighde, déantar an cur chuige ildisciplíneach a thathant mar go ndírítear ar an mórphictiúr staire, sóisialta, agus liteartha inar scríobhadh an téacs (Halberstam, 2003: 362). Díol spéise é go dtagann na saothair liteartha is mó le rá faoin aiteacht i litríocht chomhaimseartha na Gaeilge ó pheann na bhfear agus nach bhfuil mórán scríofa faoin éispéireas trasinscneach go fóill sa teanga. Mar sin, d’fhéadfaí a rá go bhfuil an homanormatacht (*homonormativity*) i gceist anseo agus iarracht ar bun ag scríbhneoirí an t-éispéireas aiteach a normalú agus grúpaí eile neamhnormatacha, nach fiú fir aeracha ghealla iad, a imeallú (Smith 2013: 468). Cé go

ndéantar an cultúr *drag* a phlé in *Teach an Gheafra* Uí Shearcaigh (2018), an trasfheisteoir in *Cúigear Chonamara* Uí Chonghaile (2007), agus lánúin lespiacha in *Cion Mná* (Standún 1993), is ar éigean go bhfuil plé cuimsitheach déanta ar inscní neamhnormatacha go fóill beag i litríocht chomhaimseartha na Gaeilge. Dá uailmhianaí is a bhí iarracht Uí Chonghaile in 1997, agus téamaí aiteacha ar fáil againn sa téacs *An Fear a Phléasc* (1997), is gá a mheabhru do na mic léinn gur pointe tosaigh é seo agus go bhféadfaí pictiúr níos iomláine a fháil ach dul ag tochailt sa leabharlann smaoiním ar shaothair liteartha Nuala Ní Dhomhnaill, Bidy Jenkinson, Chathail Uí Shearcaigh agus Phádraig Standún.

Is gá a chur san áireamh nach beag an fhreagracht í cúrsaí ar an tríú leibhéal a theagasc, a mheas, agus a uasdátú – le cinntiú go bhfuil cothrom na Féinne á thabhairt againn dár mic léinn agus dár réimsí taighde féin. Tá sé de dhualgas orainn mar oidí, a phléann leis an litríocht agus leis an gcritic liteartha nó leis an teoiric liteartha, riachtanais na mac léinn a chur san áireamh agus spás oscailte (ach gairmiúil) a chur ina láthair ina gcuirtear fiúntas na dtéacsanna liteartha i gcroí an chúrsa. Is gá mar sin, na tacaíochtaí cuí a chur ar fáil do rannpháirithe an chúrsa, chun blaiseadh a fháil – ní hamháin ar theoiric dhébhríoch na haiteachta – ach ar litríocht chomhaimseartha na Gaeilge. Is éard atá i gceist leis an gcúrsa seo idir lámha ná: cioradh ar an gcnuasach gearrscéalta *An Fear a Phléasc* (1997); an léamh ag tarraingt ar bhuntuiscintí a bhaineann le teoiric na haiteachta; agus torthaí inmheasta i gceist leis an gcur chuige seo á chur i bhfeidhm. I gcaitheamh an chúrsa, tugtar léargas do na mic léinn ar an stair shóisialta a bhaineann le litríocht aiteach na Gaeilge ag tús an chúrsa, agus pléitear scéal casta na féiniúlachta collaí in Éirinn ó na 1970í ar aghaidh. Déantar é seo chun an comhthéacs staire a cheangal leis an gcnuasach gearrscéalta idir lámha le go dtuigfí an tírdhreach sochaíoch inar scríobhadh an téacs, nó mar a deir Britzman (2012: 295) ‘[...] *queer theory is an insistence on understanding identity as both a social and historical production and as a relation ethic: identity as neither transcendence nor equivalence*’.

Ag leibhéal na bunchéime, is léir go mbeadh sé dúshlánach go leor an teoiric, nó aon chineál teoirice, a phlé go mion, ceal ama, agus ó am go chéile, dúshlán teanga maidir le cumas teanga, cé go dtugtar tacaíochtaí cuí do na mic léinn le linn sheachadadh an chúrsa. Tá tuilleadh tochailte is taighde ag teastáil sa réimse seo trí chéile agus tá sé i gceist agam an cúrsa a fhorbairt ag cur glór na mac léinn san áireamh trí shuirbhéanna agus ceistneoirí agus iad mar chuid den phróiseas machnamhach a chuirim i bhfeidhm. Sin ráite, más í an litríocht chomhaimseartha croí an chúrsa seo, tá súil agam go ndéantar gréasán beag léitheoirí a spreagadh, léitheoirí a bheidh in ann dul i ngleic le téamaí agus le hábhair nach samhlaítear go minic le traidisiún liteartha na Gaeilge.

Leabharliosta

Leabhair

Barthes, R., (1957) *Mythologies*. Paris: Éditions du Seuil.

Giffney, N. & O'Rourke, M., (2009) *The Ashgate Research Companion to Queer Theory*. Burlington: Ashgate Publishing Company.

Kumashiro, K.K., (2002) *Troubling education : queer activism and antioppressive pedagogy*. New York: Routledge.

McCann, H. & Monaghan, W., (2020) *Queer Theory Now: From Foundations to Futures*. London: Bloomsbury.

Ó Conghaile, M., (1997) *An Fear a Phléasc*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht.

Ó Searcaigh, C. (2019) *Teach an Gheafra*. Indreabhán: Leabhar Breac.

Standún, P., (1993) *Cion Mná*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht.

Sullivan, N., (2003). *A Critical Introduction to Queer Theory*. Edinburgh: Edinburgh University Press.

Ailt

Britzman, D.P., (2012) 'Queer Pedagogy and Its Strange Techniques.' *Counterpoints*, 367. 292–308.

de Brún, F., (2012) 'Ficseán nó Facebook? Do Phléisiúr Féin.' Ní Dhonnchadha, A. (Eag.), *Léachtaí Cholm Cille XLII: Teagasc na Litríochta*. An Daingean: An Sagart: 149–61.

de Brún, S., (2017) 'History Repeating Itself: Men, Masculinities, and "His Story" in the Fiction of Micheál Ó Conghaile.' *Éire-Ireland (St Paul)*, 52(1). 17–48.

Halberstam, J., (2003) 'Reflections on Queer Studies and Queer Pedagogy.' *Journal of Homosexuality* 45(2-4). 361–64.

- Jakobsen, J.R. (1998) 'Queer Is? Queer Does? Normativity and the Problem of Resistance.' *GLQ*, 4(4). 511–36.
- Kumashiro, K.K., (2000) 'Teaching and Learning through Desire, Crisis, and Difference: Perverted Reflections on Anti-Oppressive Education.' *Radical Teacher* (58). 6–11.
- Mac Risteaird, S., (2020) 'Coming Out, Queer Sex, and Heteronormativity in two Irish-language Novels.' *Studi Irlandesi* 10(10). 63-75.
- McDonagh, P., (2019) "'Homosexuality is not a problem – it doesn't do you any harm and can be lots of fun': Students and Gay Rights Activism in Irish Universities, 1970s–1980s.' *Irish Economic and Social history* 46(1). 111–41
- Neto, N.J., (2018) 'Queer pedagogy: Approaches to Inclusive Teaching.' *Policy Futures in Education*, 16(5). 589–604.
- Nic Eoin, M., (2021) 'An soitheach il-luchtaithe agus ionad an fhile gan (mórán) iomrá: spléachadh ar fhilíocht Sheáin Hutton.' Ní Mhaonaigh, T. *et al.* (Eag.). *Irisleabhar Mhá Nuad* 2021. Maigh Nuad: An Sagart. 22–53.
- Ní Fhrighil, R. (2012) 'Léirigh do fhreagra le tagairtí don téacs: Teagasc agus Measúnú na Gaeilge ar an Tríú Leibhéal.' Ní Dhonnchadha, A. (Eag.). *Léachtaí Cholm Cille XLII: Teagasc na Litríochta*. An Daingean: An Sagart: 43–56.
- Nic Eoin, M., (2010) 'An Chanóin, an Caighdeán agus an Curaclam: Clár Léinn á Dhearadh' Ní Dhonnchadha, A. (Eag.), *Léachtaí Cholm Cille XLII: Teagasc na Litríochta*. An Daingean: An Sagart. 57–73.
- Ó Siadhail, P., (2010) 'Odd Man Out: Micheál Ó Conghaile and Contemporary Irish Language Queer Prose,' *The Canadian Journal of Irish Studies* 36(1). 143–61.
- Smith, K., (2013) 'Decolonizing Queer Pedagogy,' *Affilia* 28(4). 468–70.
- Valente, J., (2010) 'Self-Queering Ireland?' *Canadian Journal of Irish Studies* 36(1). 25–43.



Comparáid idir *Cín Lae Amhlaoibh* agus *Litreacha as Éirinn* – na haicmí sóisialta roimh, agus i ndiaidh an Ghorta Mhóir

Nóra Murphy

Réamhrá

San alt seo, pléitear an dá théacs, *Cín Lae Amhlaoibh* (De Bhaldraithe, 1976) agus *Litreacha as Éirinn* (Ó Finneadha, 2013). Is téacsanna fíorshuimiúla iad na téacsanna seo ina bhfuil téama an ghorta agus na bochtaineachta le feiceáil. Tá téamaí agus ceisteanna éagsúla le feiceáil sna saothair seo, ach tá an t-iniúchadh ar na haicmí sóisialta ar cheann de na téamaí is tábhachtaí iontu.

Nochtadh roinnt saothar san 20ú haois agus san 21ú haois a bhain leis an ngorta, mar shampla, *Eoghan* (Ní Shúilleabháin, 1992); *Creideamh agus Gorta* (Ó Duinnín, 1901); agus na scannáin *Arracht* (Ó Súilleabháin, 2019) agus *Black 47* (Dillon & Ryan, 2018). Dá shuimiúla na saothair sin, is suimiúla fós na téacsanna scríofa thuasluaite, áfach. Is dialann fhíorcháiliúil í *Cín Lae Amhlaoibh*, a scríobhadh idir na blianta 1827 agus 1835. Tugann an scríbhneoir, Amhlaoibh Ó Súilleabháin, léargas iontach don léitheoir ar an ngnáthshaol, ar chostas rudaí, ar an aimsir, ar an mbás, ar an tionchar a bhí ag na Gaill ag an am, ach níos tábhachtaí ná sin, ar an difríocht idir na haicmí sóisialta sa tréimhse sin. San alt seo, pléitear roinnt de na tréithe sin atá luaite agus an bhaint a bhí acu leis na haicmí sóisialta.

Is sraith litreacha atá sa dara téacs, a scríobh an Gearmánach Moritz Hartmann agus é ar cuairt in Éirinn. Mar sin, tá éagsúlacht idir an dá théacs maidir le dearcadh agus meon an scríbhneora agus an scríbhneoireacht féin. Tagann ceist na n-aicmí sóisialta chun cinn sna litreacha chomh maith, áfach, rud a thugann seans dúinn iniúchadh comparáideach a dhéanamh eatarthu.

Cín Lae Amhlaoihbh

Feictear sa dialann le hAmhlaoihbh Ó Súilleabháin gur bhall den mheánaicme i gCallainn, Co. Chill Chainnigh é an t-údar, baile a bhí bocht go leor ag an am: ‘Ó Súilleabháin [was an] intellectual within the *Kilkenny Catholic middle class*’ (Cullen, 1971: 186). Léiríonn Ó Súilleabháin a aicme agus cur síos á dhéanamh aige ar na himeachtaí éagsúla a bhí ar siúl le linn na tréimhse sin. Léirítear sa chín lae, mar shampla, go ndeachaigh sé ar thurais éagsúla. Chuaigh sé go Dún Laoghaire ag tús na dialainne agus tá níos mó taistil le feiceáil ag deireadh na dialainne agus tagairtí ar fáil do Chorcaigh agus cur síos ar Bhaile Átha Cliath ann. Is léir go raibh sé sách buartha faoin ísealaicme agus é ag déanamh cur síos ar na daoine siúd. Bhí tuiscint mhaith aige orthu, ar ndóigh, dá bharr gur bhog sé ón aicme sin é féin nuair a bhain sé a phost mar mhúinteoir amach.

Déanann Ó Súilleabháin dhá thagairt déag do na bochtáin agus don bhochtaineacht sa chin lae, agus déanann sé tagairtí do ghalair agus don ghorta naoi n-uaire. Cé go bhfuil siad luaite aige, áfach, is plé gairid a dhéanann sé do na téamaí sa chín lae, agus tá i bhfad níos mó tagairtí do na bochtáin ag scríbhneoir an dara téacs. Mar sin féin, déanann Ó Súilleabháin cur síos éifeachtach orthu nuair a dhéanann sé tagairtí dóibh, agus go deimhin, déanann sé cur síos ar an ísealaicme sna hiontrálacha faoi rudaí laethúla ar nós na haimsire agus na dturas a thugadh sé ar áiteanna éagsúla.

Déantar an chuid is mó de na tagairtí don ísealaicme sna blianta 1830–1832 agus an ‘gorta gorm’ (De Bhaldraithe, 1976: 73) rábach sa tír, i measc na mbochtán go háirithe. Faightear, mar shampla, cuntais ar na daoine a bhí ag fulaingt sa chur síos seo ag Ó Súilleabháin in Iúil 1830:

Táid na bochtáin ag priocadh na bpotátaí as bruachaibh na n-íomairí. Tá an gorta gorm ag dul ina mbéal. Is deacair a rá go n-agarfaidh Dia orthú é, ach ina dhiaidh sin is uile, is olc an taithí é. Óir má thosaíonn bochtán ar bhradaíocht ar bheagán, is baolach go leanfaidh ar mhórbhradaíocht, ar ghadaíocht, ar shlad, ar chreachadh, ar bhroid, ar bhreith ar éigean. (De Bhaldraithe, 1976: 73.2351–2357)

Faightear íomhá de na ‘bochtáin’ anseo agus iad ag obair. Tá tagairt déanta ag an Súilleabhánach anseo don ‘ghorta gorm’ chomh maith leis na daoine bochta, rud a léiríonn an nasc eatarthu. Ní bhíodh na haimcí ba shaibhre ag streachailt leis an saol sa chaoi chéanna is a bhí an ísealaicme agus léiríonn an t-údar é seo ar bhealach éifeachtach agus comparáid shoiléir á dhéanamh aige eatarthu. Cé gur scríobhadh an sliocht seo roimh an nGorta Mór féin, taispeántar go raibh an gorta mar ghnáthrud ag na daoine ba bhoichte in Éirinn sa tréimhse sin.

Neartaítear an íomhá thuas leis an uaim a úsáideann Ó Súilleabháin sa leagan ‘gorta gorm’. Is teicnic chliste atá úsáidte anseo mar leagann sé béim ar mhothúcháin na spailpíní. Soilsítear an méid sin arís leis an uaim sa líne ‘bochtán ar bhradaíocht ar bheagán, is baolach [...]’ (De Bhaldraithe, 1976: 73). Cuireann an uaim béim ar an líne agus díríonn sé aird an léitheora mar thoradh air sin. Is teicnic chliste í aird a tharraingt ar an [m]’baol’ a bhaineann leis an ábhar atá

á phlé aige agus mar thoradh air sin fágtar íomhá bhuan in intinn an léitheora. Tacaíonn cur síos Uí Shúilleabháin anseo leis an teoiric atá ag Fegan faoi na daoine a scríobh faoi streachailt na mbocht sa tréimhse sin – ní raibh siad féin, mar scríbhneoirí, ag fulaingt (Fegan, 2002: 16).

Cruthaíonn Ó Súilleabháin íomhánna de spailpíní agus iad ag obair chun airgead a shaothrú le seoladh abhaile. Dearann an t-údar an íomhá seo lena chuid uiríoll agus níos déanaí sa chín lae, feictear go bhfuil an-bhá aige leo nuair a dhéanann sé trácht ar an ‘spailpín bocht’ (De Bhaldraithe, 1976: 79. 2551). Taispeántar na difríochtaí idir na haicmí anseo, agus Ó Súilleabháin ag nochtadh a chuid dáimhe leis na bochtáin. Cruthaíonn sé bearna idir é féin agus na bochtáin nuair a chuireann sé a thrua in iúl sa sliocht seo agus é ag iarraidh go bhfeicfeadh an léitheoir nach bhfuil siad mar an gcéanna. Níl aon trua dó féin le sonrú anseo, ach tá trua do dhaoine eile le ann.

Faighimid léargas níos doimhne ar aicme Uí Shúilleabháin, nuair a dhéanann sé trácht ar a ‘chailín aimsearthach ag glanadh [a] chuid potátaí’ (De Bhaldraithe, 1976: 74. 2371–2372). Feictear an códmheascadh anseo agus tionchar an Béarla ar an nGaeilge. Tugann an códmheascadh le fios don léitheoir an tionchar a bhí ag na Sasanaigh ar an nGaeilge le linn na tréimhse sin, agus ina theannta sin, an tionchar a bhí acu ar Ó Súilleabháin é féin:

For Ó Súilleabháin the ‘other’ is the ‘Sasanaigh’ [...]. It is against them and through competition with them that he comes to self-definition. So it is that Ó Súilleabháin is in competition with the class above him but crucially, seeks to adapt to his own class and background characteristic aspects of Anglical culture [...] – and the diary as a literary form. (Ó Drisceoil, 2011: 14)

Teastaíonn ón Súilleabhánach a bheith níos airde ar an dréimire sóisialta ná na boicht nó na Gaeil, agus is gné den uasaicme é a bheith ag scríobh dialann, mar a luann Ó Drisceoil. Feictear an tionchar seo chomh maith nuair a athraíonn Ó Súilleabháin ó Ghaeilge go Béarla i roinnt dá chuid iontrálacha ina dhialann – ‘*Master Richard Corr commenced learning of my son Dennis, Nov. 19th, 1828, being Wednesday*’ (De Bhaldraithe, 1976: 50.1582–1583). Athraíonn sé ón gcódmheascadh anseo agus scríobhann sé go hiomlán i mBéarla, rud atá fíorshuntasach. Is cosúil go bhfuil an t-údar idir dhá intinn maidir lena theanga féin agus a chultúr féin dá dheasca sin.

In iontáil eile deir Ó Súilleabháin: ‘Labhartar an Ghaeilge ann go coiteann le daoine dubha agus bána. Maise mo ghrá croí na díbearthaigh bhochta Ghaeltacha. Cia dubh bán iad is ionúin liomsa clanna Gael’ (De Bhaldraithe, 1976: 85.2704–2706). Tá Ó Súilleabháin ar son na Gaeilge anseo, dá bharr gur as Éirinn é, ach léiríonn na hiontrálacha Béarla, b’fhéidir, go bhfuil sé fós idir dhá intinn faoin gceist.

Litreacha as Éirinn

Is acmhainn iomlán éagsúil iad na litreacha a scríobh an Gearmánach Moritz Hartmann nuair a tháinig sé ar cuairt go hÉirinn díreach tar éis an Ghorta Mhóir. Labhrás Ó Finneadha a d’aistrigh go Gaeilge iad in *Litreacha as Éirinn* (2013). Tá cosúlacht mhór amháin idir na litreacha seo agus

an chín lae, áfach, de bharr go bhfuil duine ó aicme níos airde ag déanamh cur síos ar na bochtáin; sa chás seo orthu siúd a fheiceann Hartmann agus é ar thuras go Baile Átha Cliath. Cé go bhfuil an chosúlacht sin le feiceáil idir an dá théacs, tá roinnt difríochtaí le sonrú eatarthu freisin.

Leagtar béim ar an streachailt a bhí ag daoine sna cathracha i gcomparáid leis an méid atá le sonrú sa chín lae ag Amhlaoibh Ó Súilleabháin ina bhfuil cur síos déanta ar na bochtáin i gCallainn den chuid is mó. Aibhsítear an phreab a bhaintear as an údar nuair a théann sé go Baile Átha Cliath den chéad uair díreach tar éis an Ghorta Mhóir. Tagann an téacs seo go mór leis an méid a deir Kevin O'Rourke faoi na héifeachtaí fada a bhí ag an nGorta Mór ar mhuintir na tíre: '[...] *the Famine had a lasting impact on post-Famine Ireland*' (O'Rourke, 1994: 309). Ina theannta sin, de réir an chuntais a thugann Emily Mark-Fitzgerald sa chlár fáisnéise *The Hunger* (RTÉ), glacadh le roinnt de na híomhánna a tháinig ón tréimhse tar éis an Ghorta Mhóir mar íomhánna ón nGorta Mór féin (Mark-Fitzgerald 2020). Is léir ón méid sin gur téacs fíorthábhachtach é *Litreacha as Éirinn*, mar is féidir linn comparáid suntasach a dhéanamh idir na daoine bochta roimh agus i ndiaidh an Ghorta Mhóir.

Dar le Ó Donnchú, is é 'drochbhail na cathrach ba thúisce a chuaigh i bhfeidhm' ar Hartmann (2014: 30), agus é ag labhairt faoi údar an téacs seo. Soilsítear é seo go háirithe san alt a leanas:

An bhochtaineacht seo, an fhulaingt seo, brocamas an duine – ní cheapfá go bhféadfadh sé a bheith níos measa, is é sin go deimhin, nó go bhfeicfeá Baile Átha Cliath. Agus buailte leis an mbochtaineacht seo, tá an saibhreas as cuimse! (Ó Finneadha, 2013: 3)

Déanann an t-údar trácht ar an gcomparáid idir na haicmí sóisialta in Éirinn díreach tar éis an Ghorta Mhóir. Is léir uaidh seo an difríocht mhór shuntasach a bhí idir na haicmí sóisialta in Éirinn ag an am sin. Tháinig an scríbhneoir ón uasaicme agus saibhreas mór aige, ach feictear nach bhfuil sé in ann a leithéid de bhochtaineacht a bhí i mBaile Átha Cliath a thuiscint, agus ba cheart go mbeadh an meon céanna ag na daoine saibhre in Éirinn chomh maith, dar leis.

Is féidir an sliocht sin a chur i gcomparáid le hiontráil dialainne i gcín lae Uí Shúilleabháin ina bhfuil cur síos déanta ar na boicht chomh maith:

Is baile beag bocht é. Táid na tithe muintire ag titim chum talún; tithe taisce gan cruithneacht gan coirce gan eorna gan min gan im gan muiceoil mhéith gan mairteoil mhaith. Táid comhlain na dtithe taisce ag titim dá dtuislibh, na fuinneoga gan gloine, sionnach rua ón gcarraig, níor bhaol dó mórán do mhúscladh sna seomraí dorcha folamha. Tá muileann nó dhó ag meilt. (De Bhaldraithe, 1976: 73.2336–2342).

Is léir arís go bhfuil dáimh ag Mac Amhlaoibh leis na daoine sin. Déanann sé comparáid freisin idir margadh a bhíodh ann, nach bhfuil ann anois. Mar sin, déanann Ó Súilleabháin

comparáid idir an radharc sin agus an saol a bhí, i gcomparáid lena ndearna Hartmann, agus comparáid déanta aigesean idir na boicht agus na daoine saibhre.

Baineann cur síos eile ag Hartmann go mór le ceist na n-aicmí. Léiríonn sé an bhochtaineacht arís sna línte: ‘Níl cur síos ar bith ar an mbochtaineacht seo, a fhorleitheadaí í, agus na prochóga uafásacha ina bhfuil sí’ (Ó Finneadha, 2013: 7). Nochtar an déistin atá air agus tá dáimh le sonrú chomh maith. Ar na mothúcháin láidre atá anseo, tá déistin leis na daoine ba chúis le bochtaineacht na nÉireannach. Is féidir an chomhbhá chéanna a fheiceáil sa dialann ag Amhlaoibh Ó Súilleabháin, agus cur síos déanta aige ar na spailpíní agus ar bhochtaineacht na ndaoine eile. Is nasc suntasach é seo idir na téacsanna agus na húdair, mar léiríonn sé sin go raibh fulaingt ollmhór ag na bochtáin roimh an nGorta, agus tar éis an Ghorta chomh maith.

A mhalairt de sin a thaispeánann Hartmann ar a thuras go Dún Laoghaire agus Deilginis. Déanann sé comparáid chumhachtach idir na bailte saibhre sin agus Baile Átha Cliath. Léiríonn Hartmann ‘na gairdíní’, agus clann taobh amuigh ag ithe a mbricfeasta (Ó Finneadha, 2013: 25). Feictear an chodarsnacht idir an cur síos seo, agus an ceann a thug sé ní ba luaithe faoin mbochtaineacht sa chathair. Leagann Hartmann béim ar an áilleacht sna bailte sin:

Is áit dheas é Kingstown, a bhfuil ardán réidh ann aníos ón gcuan agus tá mórcharraig leathmhaol Dheilginise mar chúla aige. Sa chúla feictear aghaidh lonrach shraith tithe áille tuaithe a bhfuil a n-aghaidh amach ar dhroim na mara. Tá lochtáin agus gairdíní ar feadh an bhealaigh síos go calafort. (Ó Finneadha, 2013: 25)

Is féidir an íomhá sin a chur i gcomparáid leis na sráideanna i mBaile Átha Cliath:

Samhlaigh cathair an-mhór, agus sráideanna inti mar a bheadh i Londain agus gurb iad na bochtáin is boichte amuigh amháin atá ina gcónaí sna sráideanna sin – agus an uair sin féin níl agat ach tuiscint mheath ar an gcaoi a bhfuil formhór na gceantar uirbeach i mBaile Átha Cliath. (Ó Finneadha, 2013: 7)

Críoch

Tá léargas tugtha sna téacsanna thuas ar na héagsúlachtaí a bhí idir na haicmí éagsúla in Éirinn nuair a scríobhadh iad. Léirítear na difríochtaí idir na bailte éagsúla agus na haicmí difriúla daoine, agus dearcadh na scríbhneoirí féin. Tá cúlra Uí Shúilleabháin tábhachtach anseo i gcomparáid le cúlra Hartmann, duine ar dhuine den uasaicme mé. Léiríonn litreacha Hartmann freisin na difríochtaí ollmhóra idir cúinsí maireachtála na hÍselaicme agus na huasaicme a chonaic sé agus é in Éirinn. Is foinsí luachmhara iad an dá théacs seo ar shaol na n-aicmí in Éirinn sa 19ú haois.

Leabharliosta

Leabhair

De Bhaldraithe, T., (eag.) (1976) *Cín Lae Amhlaoibh*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta.

Fegan, M., (2002) *Literature and the Irish Famine 1845–1919*. Oxford: Oxford University Press.

Ní Shúilleabháin, S., (1992) *Eoghan*. Gaillimh: Cló Iar-Chonnacht Teo.

Ó Duinnín, P., (1901) *Creideamh agus Gorta*. Baile Átha Cliath.

Ó Finneadha, L., (aist.) (2013) *Litreacha as Éirinn*. Baile Átha Cliath: Cois Life.

Ailt

Cullen, L.M., (1971) ‘*Cín Lae Amhlaoibh* by Tomás De Bhaldraithe’, *Studia Hibernica*, 186–7.
www.jstor-org.proxy.lib.ul.ie/stable/20495990?sid=primo&seq=1#metadata_info_tab_contents.

Ó Donnchú, K., (2014) ‘Reviewed Work: ‘Asarlaíocht, Gorta agus Teamlóirí’ le Labhras Ó Finneadha.’ *Comhar*, 74(7). 29–30. www.jstor-org.proxy.lib.ul.ie/stable/43499891?sid=primo&seq=2#metadata_info_tab_contents.

Ó Drisceoil, P., (2011) ‘*Cín Lae Amhlaoibh: Modernization and the Irish Language*.’ Kelly, J. (eag.), *Ireland and Romanticism*. Palgrave Macmillan. 13–25.

O’Rourke, K., (1994) ‘The Economic Impact of the Famine in the Short and Long Run.’ *The American Economic Review*, 84(2). 309–13.

Scannáin / Cláir Theilifíse

Dillon, P.J., Ryan, P., (2018) *Black ’47*. Baile Átha Cliath: Element Pictures.

Mark-Fitzgerald, E., ‘The Hunger: The Story of the Irish Famine’, RTÉ 1, 20 Samhain 2020.

Ó Súilleabháin, T., (2019) *Arracht*. Baile Átha Cliath: Macalla Teoranta.



Bíonn Dhá Insint ar gach Scéal! Múineadh na Gramadaí sna Bunranganna lán-Ghaeilge

Caoimhe Ní Shuibhne & Sylvaine Ní Aogáin

Réamhrá

Tá an córas tumoideachais ag dul ó neart go neart le tríocha bliain anuas agus cé go léirítear buntáistí an chórais go forleathan sa litríocht (Baker & Wright, 2021; Ó Ceallaigh & Ní Shéaghda, 2017; Ó Duibhir, 2018), tráchtar ar dhúshláin an chórais go mion minic. Sonraítear, mar shampla, go gcothaíonn sealbhú cruinn an dara teanga (T₂) dúshláin do mhúinteoirí agus do dhaltáí tumoideachais araon (Ní Aogáin, Ní Mhurchú & Ó Ceallaigh, 2021; Ó Duibhir, 2018; Tedick & Lyster, 2020) agus maítear gurb annamh a éiríonn le daltaí tumoideachais caighdeán gramadaí a shealbhú a bheadh inchurtha le cainteoirí dúchais (Flynn, 2021; Ó Duibhir, 2018). Dealraítear go n-úsáideann daltaí tumoideachais ‘idirtheanga’ (Selinker, 1972) chun cumarsáid a dhéanamh i measc a chéile. Mar bharr ar an donas, tugtar le fios go mbíonn sé rídheacair ar mhúinteoirí agus ar dhaltáí tumoideachais athstruchtúró na n-idirtheangacha lochtacha a nochtadh nuair a dhéantar calcadh orthu i gcuimhne fhadtéarmach an dalta.

Le saibhriú thaighde an ghoirt le scór bliain anuas, tá claochlú tagtha ar thuiscint múinteoirí agus taighdeoirí. Aithnítear anois nach leor ionchur teanga sothuigthe ar mhaithe le sealbhú cruinn an T₂ a mhúscailt (Camarata & Haley, 2018; Krashen, 1985). Glactar leis nach mór aird daltaí a tharraingt ar ghnéithe gramadaí ar leith den T₂ i gcomhthéacsanna cumarsáide agus le linn teagasc ábharbhunaithe ar mhaithe le bearnaí cruinnis ina dteanga a shárú (Flynn, 2021; Tedick & Lyster, 2020). Cé go moltar an cur chuige eispéireasach agus an cur chuige anailíseach a fhí ina chéile go fónta chun deiseanna bríocha a bhronnadh ar dhaltáí an teanga a fhorbairt go cruinn sa chóras tumoideachais (Ó Duibhir, 2018; Ó Duibhir *et al.*,

2016; Ní Aogáin *et al.*, 2021; Ní Dhiorbháin & Ó Duibhir, 2017), tuigtear gur gnó dúshlánach é an teagasc frithchothromaithe seo (Tedick & Lyster, 2020) a chur i ngníomh sa seomra ranga tumoideachais (Ó Ceallaigh & Ní Shéaghdha, 2017).

An Teagasc Foirm-Dhírithé


Cuirtear an Teagasc Foirm-Dhírithé (TFD) in iúl mar chur chuige teagaisc agus foghlama chun aird daltaí a dhíriú ar fhoirm na teanga le linn teagasc ábharbhunaithe. Is éard is brí le TFD aon chleachtas a dtugann múinteoirí tumoideachais faoi a bhfuil sé mar sprioc aige aird na ndaltaí a dhíriú ar fhoirm na teanga le linn cumarsáide nó le linn teagasc ábharbhunaithe (Ellis, 2001; Flynn, 2021; Ó Ceallaigh, Hourigan & Leavy, 2019). Tá raidhse taighde ar an bhfód a léiríonn luach agus rath TFD ar mhúineadh agus ar shealbhú an T2 sa chóras tumoideachais (Ní Dhiorbháin & Ó Duibhir, 2017; Ó Duibhir *et al.*, 2016; Ó Ceallaigh, 2013; Tedick & Lyster, 2020).

D'fhéadfaí breathnú ar TFD mar scáth-théarma mar is iomaí bealach a bhféadfaí é a chur i bhfeidhm sa seomra ranga, ó chuir chuige déaduchtacha agus cinn ionductacha (Ní Dhiorbháin & Ó Duibhir, 2017). Luíonn an dá chur chuige seo ar dhá thaobh contrárthachta de chontanam. Dealraítear go músclaíonn cuir chuige déaduchtacha '*rule driven learning*' (Cho, 2018: 4) toisc go mbronntar rialacha na foirme ar dhaltaí ag tús an cheachta. Ach a mhalairt ghlan a bhíonn i gceist le cuir chuige ionductacha mar 'go dtagann na foghlaimeoirí ar rialacha na teanga iad féin, trí anailís a dhéanamh ar na heiseamláirí teanga a chuirtear ar fáil dóibh' (Ní Dhiorbháin, 2016: 15). Ní mór a thabhairt chun cuimhne, áfach, gur cáineadh an dá chur chuige seo ar chúiseanna éagsúla (Cho, 2018; Groeneveld, 2011; Wagner & Park, 2021) agus go moltar iad a fhí ina chéile chun an tairbhe is fearr a bhaint astu (Cho, 2018). Tháinig an cur chuige uathúil, dar teideal CACF (Cur i láthair, Aird, Comhoibriú agus Forbairt) chun solais mar réiteach féideartha ar laigí na gcur chuige éagsúil chun tacú le múinteoirí meascán de chur chuige déaduchtach agus ionductach a chur i bhfeidhm ina gcuid teagaisc (Donato & Adair-Hauck, 2002; Donato & Adair-Hauck, 2016; Wagner & Park, 2021). Is mithid a lua, áfach, go maítear go comhsheasmhach sa taighde gurb é an ghné is tábhachtaí faoin TFD a chur i bhfeidhm ná go gcuirtear an fhoirm teanga, nó an riail ghramadaí, faoi bhráid na ndaltaí i gcomhthéacs bríoch agus go dtéitear i ngleic leis de réir mar a thagann sé aníos san ábhar teagaisc agus foghlama (Flynn, 2021).

Cur i láthair, Aird; Comhoibriú, Forbairt: Cur Chuige CACF

Dealraítear CACF mar chur chuige gramadaí córasach ina n-úsáidtear modh an scéil mar chroílár an cheachta chun aird na ndaltaí a dhíriú ar fhoirm na teanga ar bhealach tarraingteach, bríomhar agus sothuigthe (Adair-Hauck *et al.*, 2005; Cho, 2018; Donato & Adair-Hauck, 2002; Donato & Adair-Hauck, 2016; Donato, 2004; Groeneveld, 2011; Harris, 2017; Ji, 2017; Wager & Park, 2021). Cé go bhfuil taighde ar CACF gann in Éirinn, tá réimse leathan litríochta ar

fáil go hidirnáisiúnta ina léirítear éifeacht CACF i leith shealbhú an T2 (Adair-Hauck *et al.*, 2005; Cho, 2018; Donato & Adair-Hauck, 2002; Donato & Adair-Hauck, 2016; Groeneveld, 2011; Harris, 2017; Ji, 2017; Wager & Park, 2021) agus ina sonraítear go mbaineann daltaí sásamh nach beag as an gcur chuige (Cho, 2018; Groeneveld, 2011; Harris, 2017). De réir an taighde (msh Donato & Adair-Hauck, 2016), baineann ceithre chéim leis an gcur chuige CACF a chur i bhfeidhm sa seomra ranga. Sonraítear na céimeanna seo i bhFigiúr 1 thíos.



Figiúr 1: Cur chuige CACF (Donato & Adair-Hauck, 2016; Ní Shuibhne, 2021)

Sa chéad chéim den chur chuige CACF, moltar eiseamláirí den struchtúr gramadaí a chur faoi bhráid na ndaltaí, i gcaoi bhríoch, i gcomhthéacs scéil le cabhair luaschártaí, íomhánna, míme agus géaitsí. Baineann an dara céim le hionchur foirm-dhírithé agus músclaítear feasacht teanga na ndaltaí i leith na foirme nua le cleachtaí agus le ceisteanna treoraithe. Tagann an chéim seo le samhail Schmidt (1994: 195) a deir, ‘*Target language forms will not be acquired unless they are noticed*’. Chuige sin, úsáidtear tacaíochtaí teagaisc, amhail ionchur saibhrithé (Ní Dhíorbháin & Ó Duibhir, 2017), ach an spriocstruchtúr a chur i láthair trí chló níos troime, nó i ndath éagsúil, chun tacú le daltaí patrúin na foirme a thabhairt faoi deara. Sa tríú céim, pléitear struchtúr agus patrúin na teanga le daltaí agus mealltar iad chun na rialacha gramadaí a chumadh le chéile. Mar chéim dheireanach an chuir chuige, bronnar

deiseanna ar dhaltaí riail an spriocstruchtúir aimsithe a chleachtadh, chun tacú leo í a shealbhú, ach gníomhaíochtaí labhartha agus scríofa a chomhlíonadh. Aithnítear réimse leathan de ghníomhaíochtaí sa litríocht agus cuirtear roinnt samplaí ar fáil i dTábla 1.

Gníomhaíochtaí Labhartha	Gníomhaíochtaí Scríofa
<ul style="list-style-type: none"> • Rólimirt • Cluichí cuimhne • Athinsint an scéil/dáin • Cluichí teanga • Cluichí Meaitseála • Míreanna Fuaime 	<ul style="list-style-type: none"> • Líon na bearnaí • Ceisteanna a chumadh/ a fhreagairt • Focail na habairte a chur in ord agus a scríobh

**Tábla 1: Gníomhaíochtaí labhartha agus scríofa CACF
(Donato & Adair-Hauck, 2016; Ní Shuibhne, 2021)**


Is follas ón litríocht gur cur chuige córasach agus gníomhach é CACF a nascann an teagasc foirm-dhírthe leis an teagasc ábharbhunaithe trí dheiseanna a thabhairt do dhaltaí foirm na teanga a thabhairt faoi deara, a thuiscint agus a úsáid i gcomhthéacs bríbhunaithe agus taitneamhach (Adair-Hauck *et al.*, 2005; Donato & Adair-Hauck, 2016; Harris, 2017). Is mithid agus is riachtanach a lua d’ainneoin an taighde atá curtha i gcrích i ngort mhúineadh na gramadaí i mbunscoileanna tumoideachais in Éirinn, a léiríonn éifeacht cuir chuige éagsúla chun scileanna ginchumais daltaí tumoideachais a fhorbairt (Ní Aogáin & Ó Duibhir, 2021; Ní Dhiorbháin & Ó Duibhir, 2017; Ní Mhurchú, 2020), gur díol suime é go ndíríonn na staidéir seo ar shealbhú na teanga sna hardranganna amháin. Is beag taighde a dhéanann iniúchadh ar mhúineadh na gramadaí i mbunranganna tumoideachais. Mar sin de, feidhmíonn teirce taighde déanta ar mhúineadh agus ar fhoghlaim na gramadaí i mbunranganna tumoideachais mar phríomhspríoc d’ábhar an taighde fheidhmigh faoi chaibidil.

Modheolaíocht an Taighde

Ag eascairt ón litríocht, rinneadh iniúchadh ar na príomhcheisteanna seo a leanas sa taighde reatha:

- An dtacaíonn CACF le daltaí sna bunranganna lán-Ghaeilge an T2 a shealbhú?
- Conas a chuirtear CACF i bhfeidhm go rathúil i mbunranganna tumoideachais lán- Ghaeilge?

D'eascair réasúnaíocht ábhar an taighde reatha ó theagasc agus ó chleachtas duine de na taighdeoirí nuair a léiríodh laigí suntasacha in úsáid chruinn na mbriathra rialta san Aimsir Chaite i measc a daltaí tumoideachais. Chuige sin, úsáideadh an pharaidím thógachaíoch mar fhráma teoiriciúil an taighde agus roghnaíodh an Taighde Feidhmeach mar dhearadh an taighde. Leanadh na ceithre chéim i bhFigiúr 2 go dílis le linn an taighde.



Figiúr 2: Próiseas an taighde fheidhmigh (Cohen *et al.*, 2018; Ní Shuibhne, 2021)

Idirghabháil an Taighde

Reáchtáladh idirghabháil an taighde i seomra ranga lán-Ghaeilge na Naíonán Mór agus Rang a hAon ar feadh cúig seachtaine. Bhí na Naíonáin Mhóra tumtha go hiomlán sa Ghaeilge agus ní raibh múineadh foirmiúil an Bhéarla tosaithe acu ag tréimhse an taighde. Le linn na hidirghabhála, múineadh dhá rang Ghaeilge in aghaidh na seachtaine ar feadh 30 nóiméad an ceann, ag baint úsáid as CACF chun na Briathra Neamhrialta a mhúineadh. Sa chéad cheacht, cuireadh ábhar an scéil nó an dán (Aguisín 1) i láthair na ndaltaí, leanadh na ceithre chéim a bhaineann le CACF (Figíúr 1) agus díríodh ar ghníomhaíochtaí labhartha amháin. Sa dara ceacht, rinneadh dul siar ar an scéal nó ar an dán, leanadh na ceithre chéim arís ach díríodh ar ghníomhaíochtaí scríofa amháin sa cheacht seo (Aguisín 2).


Rannpháirtithe an Taighde

Úsáideadh áis-sampláil chun rannpháirtithe a earcú agus bailíodh sonraí an taighde trí mhodheolaíochtaí cáilíochtúla. Reáchtáladh dhá ghrúpa fócais (n=8) le daltaí an ranga roimh agus i ndiaidh na hidirghabhála chun peirspictíocht na ndaltaí a bhailiú, cuireadh ceistneoirí ar dhaltaí uile an ranga (n=17) roimh agus i ndiaidh na hidirghabhála agus rinneadh breathnóireacht ar chleachtais an ranga le linn na hidirghabhála. Anuas air sin, cuireadh ceistneoirí ar mhúinteoirí tumoideachais eile (n=5) maidir lena gcleachtas reatha i leith mhúineadh na gramadaí.

Rannpháirtí	Modh Taighde	Tréimhse den Idirghabháil
Daltaí (n=17)	Ceistneoirí	Roimh agus i ndiaidh na hidirghabhála
Daltaí (n=8)	2 ghrúpa fócais	Roimh agus i ndiaidh na hidirghabhála
Múinteoir ranga (n=1)	Dialann bhreathnóireachta	Le linn na hidirghabhála
Múinteoirí tumoideachais eile (n=5)	Ceistneoir	Roimh an idirghabháil

Tábla 2: Achoimre ar rannpháirtithe agus ar mhodhanna an taighde

Shínigh na rannpháirtithe foirmeacha toilithe roimh an idirghabháil, míníodh gurbh fhéidir tarraingt siar am ar bith gan aon chúis ná réasúnaíocht a thabhairt agus cinntíodh rúndacht na rannpháirtithe le húsáid ainmneacha cleite. Leanadh trí chéim a bhaineann le córas códaithe Charmaz (2011) chun anailís ghrinn a dhéanamh ar shonraí an taighde. Bronnadh lipéid ar gach píosa eolais a bailíodh sa chódú tionscantach, rinneadh caidreamh na gcód a aibhsiú agus a chatagóiriú agus aithníodh téamaí coitianta leantacha mar chatagóir faoi mar a léirítear i bhFigiúr 3 thíos.



Figiúr 3: An próiseas códaithe (athchóiriú ar Charmaz, 2011)

Torthaí agus Plé ar an Taighde

Tháinig trí mhórhéama chun solais le linn phróiseas na hanailíse agus pléifead iad mar seo a leanas:


- Rath an chuir chuige CACF
- Dea-chleachtais in úsáid an chuir chuige
- Tacaíochtaí teagaisc agus foghlama

Rath an Chuir Chuige CACF

Mórhéama a aithníodh le linn na hanailíse ba ea rath an chuir chuige CACF ar scileanna ginchumais na ndaltaí, go háirithe i leith úsáid na mBriathra Rialta san Aimsir Chaite. Ar an gcéad dul síos, tuairiscíodh sa dialann bhreathnóireachta gur tháinig méadú ar líon na n-abairtí cruinne san Aimsir Chaite a bhí in úsáid i measc na ndaltaí le linn na hidirghabhála. Níos spéisiúla fós, cláraíodh na habairtí ba chruinne i dtreo dheireadh na hidirghabhála, sa dialann bhreathnóireachta, toradh a léiríonn go raibh CACF ag dul i bhfeidhm ar chaighdeán Gaeilge na ndaltaí de réir a chéile, mar shampla:

Shleamhnaigh mé sa chlós agus ghortaigh mé mo chos. (Ceacht 5A). Bhrostaigh Seán ar scoil ar maidin mar dhúisigh sé déanach. (Ceacht 5B).

Is díol spéise é gur tháinig na torthaí seo le dearchtaí na ndaltaí i leith fheabhas a gcuid Gaeilge labhartha agus scríofa i ndiaidh na hidirghabhála. Léirigh ceistneoirí na ndaltaí gur mhothaigh siad ní ba mhuiníne agus ní b'fheasaí i leith a gcuid botún gramadaí a thabhairt faoi deara agus a cheartú i ndiaidh na hidirghabhála ná mar a mhothaigh siad ag tús na hidirghabhála, de réir mar a fheictear i bhFigiúr 4 thíos.



Figiúr 4: Comparáid ar fhreagraí na ndaltaí i leith feabhais sa Ghaeilge (Ní Shuibhne, 2021)

De réir fianaise i dtaighde Adair-Hauck *et al.* (2005), spreagann na gníomhaíochtaí CACF aistriú na ndaltaí ón leibhéal séimeantach, a dhíríonn ar bhrí na teanga, chuig an leibhéal comhréireach, a dhíríonn ar fhoirm agus ar bhrí na teanga. Is díol spéise é gur léir ó na torthaí gur aithníodh an t-aistriú céanna i measc dhaltaí an taighde reatha. Chuige sin, is follas go músclaíonn gníomhaíochtaí labhartha agus scríofa CACF daltaí i leith aschur teanga níos saibhre agus níos cruinne a ghiniúint.

Ba léir ó pheirspictíochtaí na rannpháirtithe gur imir na ceachtanna CACF tionchar suntasach ar fheasacht teanga na ndaltaí. De bharr gur tarraingíodh aird na ndaltaí ar fhoirm na teanga go seasmhach le linn na gcéimeanna CACF, d'fhéadfaí a rá gur chaith na daltaí breis ama i mbun machnaimh agus anailíse ar fhoirm na teanga. Ba léir ó shonraí taighde na rannpháirtithe gur chuir an cleachtas machnamhach agus anailíseach seo le feasacht teanga na ndaltaí. Cláraíodh i ndialann bhreathnóireachta an taighdeora le linn na hidirghabhála an fhianaise seo a leanas a léiríonn ardú fheasacht teanga na ndaltaí go ríshoiléir:

D'aistrigh an fheasacht fóineolaíochta i leith an tséimhithe go gnáthchleachtas léitheoireachta na ndaltaí. (Ceacht 3A).

Lena chois sin, thacaigh freagraí na ndaltaí sna grúpaí fócais i ndiaidh na hidirghabhála leis an tuairim seo:

Ag cleachtadh gach lá agus ag éisteacht agus ag smaoineamh agus ná déan dearmad ar na h's!. (GF2 D4).

D'fhéadfaí a mhaíomh go dtreisiónn an toradh taighde seo litríocht eile an ghoirt a shonraíonn go n-ardaítear feasacht teanga dalta i leith fhoirm na teanga nuair a bhaintear leas as cuir chuige oideolaíochta a nochtann an TFD (Cho, 2018; Ellis, 2001; Ranta & Lyster, 2017). Is cosúil, mar sin de, go músclaíonn CACF feasacht teanga daltaí toisc go ndírítear a n-aird ar fhoirm na teanga le linn gníomhaíochtaí teanga agus ceachtanna ábharbhunaithe.

Anuas ar ardú fheasacht teanga na ndaltaí, is mór an t-ábhar misnigh é gur cláraíodh sa dialann bhreathnóireachta gur thug roinnt de na daltaí faoin traschur scileanna agus eolais ar bhealach intuigthe agus nádúrtha le linn na gceachtanna CACF. Ba thoradh suimiúil é gur tharraing daltaí Rang a hAon ar eolas faisnéiseach a bhí sealbhaithe acu sa Bhéarla chun tacú leo coincheapa sa Ghaeilge a thuiscint:

Thuig R1 coincheap an ghuta agus an chonsain ó cheacht Béarla a bhí déanta roimh an Nollaig agus d'aithin siad gutaí agus consain mar thúsleitreachta na mBriathra gan dua. Cé gur thuig siad an coincheap, bhí an teanga uathu. (Ceacht 2A).

Saibhrionn an toradh taighde seo taighde eile an ghoirt a luann, ‘*Metalinguistic awareness has the potential to help language learners transfer skills from one language to another, compare similarities and difference between language and develop effective language learning strategies which extend across languages*’ (Ó Laoire, 2005 luaite in Ó Duibhir *et al.*, 2016: 39). Ní mór a lua nár tháinig an fhoghlaim ná an traschur teanga seo chun cinn i measc na Naíonán Mór, áfach:


Ní hé go raibh an tasc ródhúshlánach do na NM, níl ann ach gurb é seo an chéad uair dóibh ceisteanna agus freagraí a aithint agus a rangú. (Ceacht 3A).

Toisc go raibh na Naíonán Mhóra fós i dtréimhse an tumoideachais agus nach raibh tús curtha le mhúineadh foirmiúil an Bhéarla, d’fhéadfaí a mhaíomh nach raibh eolas faisnéise maidir le gutaí ná consain forbartha ag na daltaí ina gcéad teanga (an Béarla), agus dá bhrí sin, is beag an buneolas a bhí acu chun tarraingt air. A cheart mhalairt a bhí i gceist le Rang a hAon, áfach, a d’fhoghlaim na coincheapa nua sa Ghaeilge gan dua de bhuíochas an Bhéarla. Deimhníonn na torthaí seo taighde Cummins (2000: 2003) a thráchtann ar an mBuninniúlacht Choiteann ina n-aistrítear scileanna foghlama litearthachta na ndaltaí ó theanga amháin go teanga eile (Curaclam Teanga na Bunscoile, 2019) agus go dtacaíonn an bhuninniúlacht seo le daltaí teangacha a shealbhú.

Dea-chleachtais in Úsáid an Chuir Chuige

De thoradh an easpa taighde san earnáil seo, is é sin, earnáil mhúineadh na gramadaí sna bunranganna tumoideachais, aithníodh neart dea-chleachtas maidir le húsáid éifeachtach CACF i mbunranganna tumoideachais le linn na hidirghabhála. Táthar go súil gur tacaíocht a bheidh sna torthaí seo do mhúinteoirí chun CACF a chur i bhfeidhm go rathúil sa seomra ranga tumoideachais.

I dtosach báire, léiríodh dea-thuairimí na ndaltaí i leith úsáid CACF go gléineach sna ceistneoirí a dáileadh ag deireadh na hidirghabhála, mar a chuirtear in iúl i bhFigiúr 5 thíos.



Figiúr 5: Ceistneoir ar dhaltaí i ndiaidh na hidirghabhála (Ní Shuibhne, 2021)

Tríd is tríd, ba léir ó na torthaí dearfacha seo gur bhain na daltaí idir thaitneamh agus tairbhe as an gcur chuige CACF agus gur bhreá leo an obair ghrúpa a bhí le sonrú sna ceachtanna CACF. Cuireann na torthaí taighde seo in iúl gur bhain na páistí ard-sult as rialacha a phlé agus a chomhchumadh le chéile, toradh a thagann go cruinn le taighde eile (Ní Dhiorbháin & Ó Duibhir, 2017).

Is fiú a chur in iúl, áfach, gur tháinig sé chun cinn sa dialann bhreathnóireachta agus sna grúpaí fócais i ndiaidh na hidirghabhála gurbh fhearr le daltaí dánta thar scéalta mar bhunús d'ábhar an cheachta. Cláraíodh an fhianaise seo a leanas sa dialann bhreathnóireachta:

Is cosúil go mbaineann na daltaí níos mó taitnimh as na dánta toisc go mbíonn rím agus géaitsí ann agus deiseanna an dán a rá i gcomhpháirt leis an múinteoir. (Ceacht 5A).

Deimhníodh tuairim an taighdeora le freagraí na ndaltaí sna grúpaí fócais i ndiaidh na hidirghabhála, nuair a ceistíodh arbh fhearr leo na dánta ná na scéalta:

Na dánta mar an Luchóg agus an Ceamara. (D1).

Agus Seán Sleamhain, bhí sin iontach greannmhar. (D3).

Sea na dánta freisin. (D4).

Dánta freisin, is maith le achan duine na dánta! (D2).

Is díol suntais é nach ionann toradh an taighde seo agus litríocht an ghoirt, ina luaitear scéalta amháin mar bhunús d'ábhar an cheachta CACF (Adair-Hauck *et al.*, 2005; Cho, 2018; Donato & Adair-Hauck, 2002; Donato & Adair-Hauck, 2016; Groeneveld, 2011). D'fhéadfaí a mheas, mar sin, go mbíonn ábhar gonta níos oiriúnaí do leibhéal aoise na mbunranganna chun cleachtas TFD a chur i bhfeidhm go rathúil.

Ina theannta sin, tháinig sé go mór chun solais le linn na hidirghabhála nach ionann aon bheirt fhoghlaimoirí (Ní Chlochasaigh, 2020). Sa chaoi sin, is cóir a bheith airdeallach gur aithníodh tábhacht cúrsaí idirdhealaithe i gcur i bhfeidhm éifeachtach CACF chun freastal ar láidreachtaí, ar chumas agus ar riachtanais gach dalta agus baineadh úsáid as straitéisí éagsúla chun freastal ar dhaltaí uile an ranga, de réir mar a tuairiscíodh i ndialann bhreathnóireachta an taighdeora:

Is gá tuilleadh aibhsithe a dhéanamh ar an spriocstruchtúr sa dara céim chun níos mó airde a dhíriú ar an spriocstruchtúr. (Ceacht 1A).

Tá treoir agus tacaíocht bhreise i bhfoirm tuilleadh leide agus ceisteanna treoirithe de dhíth ar pháistí le lagchumais sa tríú céim i dtógáil riail an spriocstruchtúir. (Ceacht 1A).

Is léir go raibh tuilleadh aibhsithe agus treoircheistean de dhíth ar dhaltaí faoi leith sa taighde seo chun na patrúin ghramadaí a thabhairt faoi deara agus gur imigh an tacaíocht bhreise seo go mór chun leasa ar fhoghlaim na ndaltaí. Is ríshuimiúil an toradh taighde seo mar go n-aithnítear luach an ionchuir aibhsithe i dtaighde eile in Éirinn (Ní Dhiorbháin, 2016; Ní Dhiorbháin & Ó Duibhir, 2017) mar thacaíocht do dhaltaí foirmeacha den teanga a thabhairt faoi deara. Is follas go dtagann an toradh taighde seo go cruinn le moltaí Schmidt (1994: 195): ‘... *one important way that instruction works is by increasing the salience of target language forms in the input so that they are more likely to be noticed by learners*’.

Sa bhreis ar an ionchur aibhsithe agus treoircheistean, sonraíodh le linn na hidirghabhála go raibh géarghá le gníomhaíochtaí labhartha agus scríofa an cheachta CACF a leasú corruair, ag brath ar riachtanais an dalta, de réir mar a luadh sa dialann bhreathnóireachta:

Tá daltaí áirithe ag streachailt agus daltaí eile ina raibh dúshlán de dhíth. (Ceacht 2B).

Lena rá ar bhealach eile, tháinig ‘zóin neasfhorbartha’ éagsúla na ndaltaí go mór chun solais agus na céimeanna CACF á gcur i bhfeidhm sa seomra ranga. De réir mar a mhaíonn teoiric soch-chultúrtha Vygostky (1978), ba léir go raibh ‘zóin’ foghlama éagsúla ag gach dalta agus chuige sin, ba ghá ábhair foghlama CACF a leasú agus a chur in oiriúint chun freastal ar limistéar agus ar chumas foghlama gach dalta.

Tacaíochtaí Teagaisc & Foghlama

Le linn an staidéir reatha, rinneadh iniúchadh ar thuiscintí, ar thuairimí agus ar chleachtas mhúinteoirí ar mhúineadh na gramadaí. Ceann de na torthaí ba shuntasá a tháinig chun solais ba ea gur léirigh gach múinteoir sa cheistneoir go gcuireann siad an riail ghramadaí ar fáil go follasach le míniú i dtaca le cleachtaí labhartha agus scríofa agus iad ag múineadh na gramadaí. Ba dhíol spéise é, áfach, gur cláraíodh sa dialann bhreathnóireachta ag tús na hidirghabhála gur chleachtas iomlán nua é do dhaltaí an spriocstruchtúr a thabhairt faoi deara i gcomhthéacs ábharbhunaithe:

Bhraith mé nach raibh aon taithí ag na daltaí ar an gcleachtas tabhairt faoi deara agus gur ghlac sé tamall orthu a thuiscint cad go díreach a bhí ag teastáil ón múinteoir. (Ceacht 1A).

D’ainneoin na litríochta dearfaí ina bpléitear úsáid straitéisí TFD, amhail CACF, chun ardchaighdeán scileanna ginchumais daltaí tumoideachais a fhorbairt, aithnítear nár úsáid na múinteoirí ná an taighdeoir TFD chun gramadach na Gaeilge a mhúineadh roimh an idirghabháil, agus sonraítear bearnaí in eolas faisnéiseach na múinteoirí ar an TFD mar oideolaíocht éifeachtach an tumoideachais. Ní mór a chuimhneamh go maítear sa litríocht nuair nach n-úsáidtear straitéisí TFD a tharraingíonn aird daltaí ar phatrúin ghramadaí

i seomraí tumoideachais ach go háirithe, bíonn baol ann go dtabharfar neamhaird ar fhoirmeacha na teanga agus go dtugtar tús áite do bhrí na teanga (Ellis, 2001; Ó Ceallaigh, 2013).

Os a choinne sin, léirigh múinteoirí ard-díograis agus spreagadh sa staidéar reatha nuair a d'aontaigh siad go comhsheasmhach go gcuirfidís fáilte mhór roimh thuilleadh oiliúna i dtaobh mhúineadh na gramadaí. Tuairiscítear i staidéar Fortune & Tedick (2008) go bhféadfadh tionchar dearfach a bheith ag oiliúint bhreise ar chleachtas múinteoirí tumoideachais agus léiríonn na torthaí taighde seo nach mór aird a dhíriú ar riachtanais ar leith múinteoirí tumoideachais. Mar a deir Tedick & Lyster (2020: 275), *'Teacher quality matters. It has regularly been identified as the single most important school-based factor in student achievement'*.

Moltaí agus Conclúidí

Ar an iomlán, léiríodh torthaí dearfacha i leith an chuir chuige CACF. Mar sin de, maidir leis an gcéad cheist taighde a fhreagairt, d'fhéadfaí a léamh ó thorthaí an pháipéir seo go dtacaíonn CACF le daltaí, i mbunranganna lán-Ghaeilge, an T2 a shealbhu i gcaoi bhríoch. Ba léir gur chuir an cur chuige le feachtas teanga na ndaltaí sa T2 mar aon le caighdeán agus cruinneas labhartha agus scríofa na ndaltaí i leith úsáid na mBriathra Rialta san Aimsir Chaite. Chun na torthaí dearfacha seo a bhaint amach go rathúil, áfach, molann na taighdeoirí nach foláir do mhúinteoirí tumoideachais na mbunranganna gach deis a thapú na céimeanna CACF a chur i bhfeidhm sa seomra ranga chun aird na ndaltaí a tharraingt ar fhoirm na teanga le linn ceachtanna ábharbhunaithe. Ar an iomlán, tacaíonn an toradh taighde seo le litríocht uile an ghoirt a mhaíonn an cur chuige CACF mar bhealach éifeachtach chun sealbhú níos cruinne an T2 a nochtadh i measc fhoghlaimoirí an T2 (Adair-Hauck *et al.*, 2005; Cho, 2018; Donato & Adair-Hauck, 2002; Donato & Adair-Hauck, 2016; Groeneveld, 2011; Harris, 2017; Ji, 2017; Wager & Park, 2021).

Lena chois sin, cuireann na torthaí taighde seo léargas luachmhar in iúl maidir le húsáid agus le cur i bhfeidhm éifeachtach CACF i suíomh na mbunranganna tumoideachais in Éirinn. Maidir leis an dara ceist taighde a fhreagairt, aithnítear go bhfeidhmíonn ábhar foghlama gonta amhail dánta, go rímhaith mar bhunchloch an cheachta CACF. Anuas air sin, aibhsítear go mbaineann rithábhacht le húsáid straitéisí idirdhealaithe sna céimeanna éagsúla den chur chuige agus nach mór do mhúinteoirí a dheimhniú go mbíonn gach dalta ag feidhmiú taobh istigh dá limistéir nó 'zón neasfhorbartha' (Vygotsky, 1978) féin d'fhonn forbairt foghlama a chinntiú. Moltar do mhúinteoirí, mar sin de, straitéisí idirdhealaithe a thabhairt san áireamh trí thuilleadh úsáide a bhaint as ionchur aibhsithe, trí threoir bhreise a chur ar fáil i bhfoirm ceisteanna agus trí ghníomhaíochtaí labhartha agus scríofa a dhearadh agus a leasú de réir riachtanais, shuimeanna, chumais agus leibhéal aoise na ndaltaí. Ina theannta sin, de bharr na dtorthaí taighde a d'éascair ó mhúinteoirí an taighde seo maidir le múineadh na gramadaí sa chóras tumoideachais, moltar go gcuirfí tuilleadh oiliúna ar

fáil do mhúinteoirí tumoideachais, mar aon le hábhair oidí, maidir le cuir chuige, amhail CACF, a bhaineann le TFD a chur i bhfeidhm go rathúil sa chomhthéacs tumoideachais ó na Naíonáin Bheaga go Rang a Sé.

Tuigeann na taighdeoirí nach bhfuil sa taighde seo ach túsphointe chun múineadh na gramadaí sna bunranganna lán-Ghaeilge a iniúchadh agus gur chuir teorainneacha áirithe srian faoi leith ar shonraí a bhailiú sa staidéar seo, amhail líon na dtaighdeoirí, rannpháirtithe, tréimhse ama na hidirghabhála agus modhanna taighde an staidéir. Ní raibh sé de chumas na dtaighdeoirí riailghrúpa a chur san áireamh de bharr shrianta COVID-19 ag an am agus dá bharr sin, cuireadh bac ar ghinearálú a dhéanamh ar thorthaí an taighde faoi chaibidil. Lena chois sin, tuigtear nach bhfuil sa taighde seo ach sonraí cáilíochtúla agus go mbainfeadh luach le sonraí cainníochtúla a bhailiú leis, chun impleachtaí CACF a mheas go cruinn ar ghnóthachtáil na ndaltaí tumoideachais. Mar sin de, meastar gurbh fhiú tuilleadh taighde náisiúnta a dhéanamh ar CACF ar scála níos leithne, trí scóip níos leithne de scoileanna, múinteoirí agus daltaí a chur san áireamh agus sonraí taighde a bhailiú maidir le héifeacht CACF trí mhodhanna measctha a úsáid. Anuas air sin, síltear go luíonn féidearthachtaí ann chun tuilleadh iniúchta a dhéanamh ar éifeacht an chuir chuige CACF ar bhonn uile-scoile, ó na Naíonáin go Rang a Sé.

Conclúid

Mar fhocal scoir, cé go léirítear go mbíonn deacrachtaí ag daltaí tumoideachais ardchaighdeán scileanna ginchumais a fhorbairt, feidhmíonn an cur chuige CACF mar ghealán gréine do mhúinteoirí tumoideachais tabhairt faoi mhúineadh na gramadaí sna bunranganna ar bhealach céimíúil, praiticiúil, solúbtha, taitneamhach agus éifeachtach. Cé nach bhfuil sa saothar seo ach túsphointe taighde ar bhóthar an iniúchta ar an gcur chuige CACF, is fiú a aithint go léiríonn torthaí taighde an pháipéir seo rath CACF ar chruinnúsáid agus ar shealbhú na sprioctheanga. B'fhiú, mar sin, tabhairt faoi bhreis taighde chun léargas agus tuiscint níos iomláine a ghiniúint ar thionchar, ar úsáid agus ar chur i bhfeidhm éifeachtach an CACF. Thar aon ní eile, táthar ag súil go spreagfar oideachasóirí i leith CACF a úsáid mar ghnáthchleachtas ranga agus go gcuirtear leis an taighde seo chun caighdeán Gaeilge na ndaltaí a threisiú i mbunranganna tumoideachais lán-Ghaeilge.

Leabharliosta

Leabhair

- Baker, C. & Wright, W.E., (2021) *Foundations of bilingual education and bilingualism*. (7ú eag.) Bristol: Multilingual Matters.
- Cohen, L., Manion, L., & Morrison, K., (2018) *Research methods in education*. (8ú eag.) Abington, Oxon: Routledge.
- Flynn, C., (2021) *Foghlaim an dara teanga: Modhanna agus tascanna sa seomra ranga*. Gaillimh: Cló Iar-Chonnacht.
- Krashen, S., (1985) *The input hypothesis: Issues and implications*. London/New York: Longman.
- Ó Ceallaigh, T.J. & Ní Shéaghdha, A., (2017) *Critéir aitheantais cuí um dhearbhu cáilíochta agus dea-chleachtais do bhunscoileanna agus iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge ar bhonn uile Éireann*. Baile Átha Cliath: Gaeloideachas.
- Ó Duibhir, P., (2018) *Immersion education: Lessons from a minority language context*. Amsterdam: Multilingual Matters.
- Schmidt, R., (1994) *The role of consciousness in second language learning*. The University of Hawaii at Manoa.
- Tedick, D.J. & Lyster, R., (2020) *Scaffolding language development in immersion and dual language classrooms*. New York: Routledge.
- Vygotsky, L.S., (1978) *Mind in Society: The development of higher psychological processes*. Cambridge: Harvard University Press.

Ailt

- Adair-Hauck, B., Donato, R., & Johanssen, P., (2005) 'Using a story-based approach to teach grammar' Shrum, J.L. & Glisan, W. (Eag.) *Teacher's handbook: Contextualizing language instruction*. Boston MA: Heinle & Heinle. 189–213.

- Cammarata, L. & Haley, C., (2018) 'Integrated content, language, and literacy instruction in a Canadian French immersion context: A professional development journey.' *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, 21(3). 332–48. doi: <https://doi.org/10.1080/13670050.2017.1386617>
- Charmaz, K., (2011) 'Grounded theory methods in social justice research.' Denzin, N.K. & Yvonna, S.L. (Eag.) *The sage handbook of qualitative research* (4ú eag.). Londain: Sage, 359–80.
- Cho, Y.A., (2018) 'The effects of differential grammar learning tasks on L2 learners' grammatical knowledge and their beliefs about grammar instruction.' *KOAJ*, 26(3). 1–23. doi: 10.24303/lakdoi.2018.26.3.1
- Cummins, J., (2000) 'Academic language learning, transformative pedagogy, and information technology: Towards a critical balance.' *TESOL Quarterly*, 34(3). 537–48. <http://dx.doi.org/10.2307/3587742>
- Cummins, J., (2003) 'BICS and CALP: Origins and rationale for the distinction.' Paulston, C.B. & Tucker, G.R. (Eag.) *Sociolinguistics: The essential readings*. London: Blackwell. 322–28.
- Donato, R., & Adair-Hauck, B., (2016) 'PACE: A story-based approach for dialogic inquiry about form and meaning.' Shrum, J. & Glisan, E. (Eag.) *Teachers' handbook: Contextualized foreign language instruction* (5ú eag.) Boston, MA: Cengage Learning. 206–30.
- Donato, R., (2004) 'Aspects of collaboration in pedagogical discourse.' McGroarty, M (Eag.) *Annual review of applied linguistics* (Eag. 24), *Advances in language pedagogy*. West Nyack, NY: Cambridge University Press. 284–302.
- Donato, R. & Adair-Hauck, B., (2002). 'The PACE Model: A story-based approach to meaning and form for standards-based language learning.' *French Review*. 265–76. doi: 10.2307/3132708
- Ellis, R., (2001) 'Investigating Form-Focused Instruction.' *Language learning*, 51. 1–46 doi.org/10.1111/j.1467-1770.2001.tb00013.x
- Fortune, T., & Tedick, D., (2008) 'One-way, two-way and indigenous immersion: A call for cross-fertilization.' Fortune, T. & Tedick, D. (Eag.), *Pathways to multilingualism: Evolving perspectives on immersion education* (Eag. 66) Clevedon: Multilingual Matters. 3–21.

- Groeneveld, A., (2011) 'Adjective or adverb? Teaching grammar with the PACE model', *Jaargang*, 12(3). 24–31.
- Harley, B., (1993) 'Instructional strategies & SLA in early French immersion', *Studies in Second Language Acquisition*, 15(2). 245–59. doi: 10.1017/S0272263100011980
- Ó Ceallaigh T.J., Leavy, A. & Hourigan, M., (2019) 'Comhtháthú an ábhair agus na teanga i gcomhthéacs an tumoideachais: Múinteoirí faoi oiliúint i mbun éabhlóide tríd an staidéar ceachta.' *COMHARTaighde*. doi.org/10.18669/ct.2019.03
- Ó Duibhir, P., Ní Dhiorbháin, A. & Cosgrave, J., (2016) 'An inductive approach to grammar teaching in Grade 5 & 6 Irish immersion classes.' *Journal of Immersion and Content Based Language Education*, 4(3). 33–58. doi.org/10.1075/jicb.4.1.02dui
- Ní Aogáin, S., Ní Mhurchú & Ó Ceallaigh, T.J., (2021) I dtreo an tsealbhaith ar bhealach iomlánaíoch: Forbairt na foirme i gcomhthéacs na cumarsáide sa suíomh lán-Ghaeilge, *Irish Teachers' Journal*, 9:1. 109–23. https://www.into.ie/app/uploads/2019/07/ITJ2021_Final_Web.pdf
- Ní Aogáin, S. & Ó Duibhir, P. (2021) 'Iniúchadh ar an tionchar a bhíonn ag aiseolas ceartaitheach ar chruinneas Gaeilge daltaí tumoideachais.' Ó Ceallaigh, T.J. & Ó Laoire, M. (eag.) *An tumoideachas: Deiseanna agus dea-chleachtais. An dara comhdháil taighde uile-oileánda ar an tumoideachas: Imeachtaí comhdhála*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta.
- Ní Chlochasaigh, K., (2020) 'Ag cothú na foghlama teanga éifeachtaí i gcás shealbhú an TX sa chóras oideachais: Cás na Gaeilge.' *An Reiviú* (8). <http://leannteangaanreiviu.com/eagrain/2020>
- Ní Dhiorbháin, A. & Ó Duibhir, P., (2017) 'An explicit-inductive approach to grammar in Irish-medium immersion schools.' *Language Awareness*, 26(1). 3–24. doi.org/10.1080/09658416.2016.1261870
- Ní Dhiorbháin, A., (2016) 'Cur chuige ionduchtach-follasach agus múineadh na gramadaí.' *An tumoideachas: bua nó dua? An Chéad Chomhdháil Taighde Uileoileánda ar an Tumoideachas: Imeachtaí Comhdhála*. Baile Átha Cliath: COGG.

Ranta, L., & Lyster, R., (2017) 'Form-focused instruction.' Garrett, P. & Cots, J. (Eds.), *The Routledge handbook of language awareness*. New York: Routledge. 40–57

Selinker, L., (1972) 'Interlanguage.' *Review of Applied Linguistics in Language Teaching*, 10. 209–41.

Wagner, S. & Park, I., (2021) 'Whole-class co-construction in a high school Spanish classroom: A conversation analytic perspective.' *Language Learning*. 1–37. doi.org/10.1111/lang.12472

Tuarascálacha

An Comhairle Náisiúnta Curaclam agus Measúnachta CNCM. (2019) *Curaclam teanga na bunscoile*. <http://curriculumonline.ie/Primary/Curriculum-Areas/LanguageNewJunior-infants-2nd-class?lang=ga-IE>

Tráchtas Neamhfhoilsithe

Harris, E., (2017) *Bringing TWYGS to Life: PACE bases lessons in an Adult ESL Classroom*, (MA), University of Alaska.

Ji, H.-J., (2017) *Effects of explicit and PACE teaching methods on English relative pronoun learning and attitudes for Korean middle school students*. (MA), Ewha Womans University, Seoul, Korea.

Ní Shuibhne, C., (2021) *Is Namhaid Ceird na Teanga muna gCleachtar í agus Cleachtadh a dhéanann Máistreacht!* (MOid), Coláiste Mhuire gan Smál, Ollscoil Luimnigh.

Ní Mhurchú, C., (2020) *Aiseolas Ceartaitheach: An spreagfaidh Aiseolas Ceartaitheach córasach ó bhéal féin-cheartú agus ceartú-piara i measc daltaí tumoideachais sa seomra ranga?* (MOid), Coláiste Mhuire gan Smál, Ollscoil Luimnigh.

Ó Ceallaigh, T.J., (2013) *Teagasc foirm-dhírthe i gcomhthéacs an tumoideachais lán-Ghaeilge: Imscrúdú criticiúil ar dhearchtaí agus ar chleachtais mhúinteoirí*. (PhD), Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

Aguisín 1: Sampla de Dhán agus Scéal na gCeachtanna

Dán 1

Seán Sleamhain!

Dhúisigh Seán ar maidin,
Agus bhrostaigh sé ar scoil
Shleamhnaigh sé sa chistin,
Agus thosaigh sé ag gol!
Cheannaigh Mamaí císte dó,
Iógart agus rís,
Thosaigh Seán ag gáire,
B'fhéidir go dtitfidh sé arís!

Le Caoimhe Ní Shuibhne

Scéal 1

Learaí an Luchóg

‘Ó a Mhamaí, a Mhamaí, tá mo cheamara caillte!’ arsa Cáit. ‘D’fhág mé ar an mbord mé, ach tá sé imithe!’

Is mise Learaí, an luch is fearr san áit, d’fhéach mé ar an mbord, d’fhan mé, d’éist mé agus thóg mé ceamara Cháit!

Hipity hó, hipity há, Is mise Learaí an luchóg agus seo é mo lá.

Chun pictiúir a ghlacadh, tabharfaidh mé liom é agus beidh pictiúir dheasa agam, le cúnamh Dé!

Hipity hó, hipity há. Is mise Learaí an luchóg agus seo é mo lá.

1. Chonaic mé gloine bainne agus d’ól mé é go ciúin. Ghlac mé a phictiúr agus ghlac mé é gan fuaim.

Hipity hó, hipity há. Is mise Learaí an luchóg agus seo é mo lá.

2. D’fhéach mé ar na bláthanna a bhí ag fás faoin gcrann. Ghlac mé a pictiúr cé gur bláthanna amháin a bhí ann.

Hipity hó, hipity há. Is mise Learaí an luchóg agus seo é mo lá.

3. D’éist mé leis na héin ag canadh sa spéir. Ghlac mé a phictiúr is bhí sé deas soiléir.

Hipity hó, hipity há. Is mise Learaí an luchóg agus seo é mo lá.

4. Chonaic mé cailín agus chonaic sí mé. Níor ghlac mé pictiúr di mar bhí orm rith in ainm Dé!

Hipity hó, hipity há. Is mise Learaí an luchóg agus ní seo mo lá!

‘A Mhamaí, a Mhamaí, feicim mo cheamara ansin! D’fhág mé ar an mbord é agus thóg Learaí an luchóg é!’

Hipity hó, hipity há, imigh uaim a luchóg nó is ort a bheidh díomá!

Le Mícheál Mac Suibhne

Aguisín 2: Sampla de Phlean Ceachta CACF

Ábhar an Cheachta: An Dán ‘Seán Sleamhain’

Gné Ghramadaí: An Dara Réimniú san Aimsir Chaite le briathra a thosaíonn le *consan*

Briathra faoi scrúdú: *ceannaigh, brostaigh, tosaigh, dúisigh, sleamhnaigh*

Gníomhaíocht: labhartha (ceisteanna a fhreagairt) & scríofa (na freagraí ar cheisteanna a scríobh)

Tréimhse an Cheachta	CACF	Gníomhaíocht
An Tréimhse Réamhléitheoireachta	C	<ul style="list-style-type: none"> – Teideal an Dáin a phlé – Eiseamláirí teanga: sleamhain, ciste, b'fhéidir, ag gol, ar chaill? Dhúisigh sé, bhrostaigh sé, shleamhnaigh sé, tosaigh sé, cheannaigh mamaí Pictiúir, geáitsí/mím, abairtí samplacha
An Tréimhse Léitheoireachta	C	<ul style="list-style-type: none"> – An scéal a léamh faoi dhó le léitheoireacht léirithe agus roinnte le cabhair pictiúir. Spreagfar na páistí leis an scéal a léamh liom tríd an athrá.
	A	<ul style="list-style-type: none"> – Na briathra a leanas a aibhsiú i gcló trom dearg: ar chaill? Dhúisigh sé, bhrostaigh sé, shleamhnaigh sé, tosaigh sé, cheannaigh mamaí – An scéal a léamh arís agus deis a thabhairt do na daltaí foirmeacha na mbriathra a phlé
An Tréimhse Iarléitheoireachta	C	<ul style="list-style-type: none"> – Na daltaí a threorú i leith na rialacha/gnéithe a leanas a thabhairt faoi deara agus plé a dhéanamh orthu le treoir an mhúinteora (Cad a thugann sibh faoi deara? Cad atá difriúil nó mar an gcéanna? An bhfuil patrún ann?) – briathra le dhá shiolla / críochnaíonn siad le -aigh/igh – séimhiú san Aimsir Chaite – *plé a dhéanamh ar an Aimsir Chaite – tharla an eachtra san AC/inné/ an tseachtain seo caite / an bhliain seo caite
	F	<p>5A Gníomhaíochtaí Labhartha: Dé Máirt</p> <p>Tasc a 1: NM & Rí: An dán a rá ó bhéal le geáitsí agus rólímirt i mbeirteanna</p> <p>Tasc a 2: NM: Cluiche meaitseála – an abairt a mheaitseáil leis an bpictiúr cuí agus iad a chur in ord an dáin. Cleachtadh ó bhéal i mbeirteanna. Rí: Obair Bheirte – Ceisteanna a chumadh bunaithe ar an dán agus freagraí dearfacha agus diúltacha a thabhairt.</p> <ul style="list-style-type: none"> – Cluiche ping/pong i mbeirteanna. Freagraí a thabhairt agus caithfidh na daltaí na ceisteanna a chumadh. – Abairtí a chumadh bunaithe ar na briathra <p>5B Gníomhaíocht Scríofa: Déardaoin</p> <p>Tasc a 1: NM & Rí: Líon na Bearnaí</p> <p>Tasc a 2: NM: An tasc meaitseála a athdhéanamh, ceisteanna a fhreagairt agus na freagraí a mheaitseáil leis an bpictiúr cuí</p> <p>Rí:</p> <ul style="list-style-type: none"> – Ag meaitseáil an bhriathair leis an abairt chuí – Na briathra a chur in abairtí – An briathar cuí a scríobh faoin bpictiúr



Ag foghlaim Gaeilge i mbunscoileanna T2: taithí agus tuairimí na bpáistí

Fiona Nic Fhionnlaoich

Réamhrá

Díríonn an páipéar seo ar thaithí páistí i mbunscoileanna T2 ar fhoghlaim na Gaeilge. Go dtí seo tá guth na bpáistí in easnamh ón taighde agus ón bplé faoi mhúineadh agus faoi fhoghlaim na Gaeilge agus dhírigh an staidéar seo ar an mbearna seo. Is scoileanna T2 iad 92% de na bunscoileanna (Roinn Oideachais & Scileanna, ROS, 2019a) agus múineann an múinteoir ranga an Ghaeilge mar ábhar go laethúil i ranganna na naíonán sóisearach (5 bliana d'aois) go rang a sé (12 bhliain d'aois). Sa tuairisc *An Ghaeilge sa Bhunscoil* (Cigireacht/ROS, 2007: 41), inar díródh ar mhúineadh agus ar fhoghlaim na Gaeilge i scoileanna T2, dúradh go raibh múineadh na Gaeilge 'lag' nó 'le forbairt' i leath de na seomraí ranga, agus is 32% de na ceachtanna nár múineadh trí Ghaeilge. Nuair a bhí an mhúinteoireacht 'lag', bhí an bhéim ar théacsleabhair agus ar an múinteoir amháin ag caint agus ní raibh fianaise ann go raibh na páistí gafa leis nó ag baint taitneamh as an nGaeilge. Sna tuairiscí is déanaí ón gCigireacht, bhí fadhbanna le caighdeán foghlama na bpáistí in aon cheathrú de cheachtanna Gaeilge, agus bhí na torthaí a bhain leis an nGaeilge níos diúltaí ná mata nó Béarla (Cigireacht/ROS, 2013; 2018, 2022). Bhain an t-eolas seo le scoileanna T1 agus T2 agus níor cuireadh miondealú ar fáil.

Tá easpa taighde le déanaí ar dhearcthaí agus ar chaighdeán Gaeilge na bpáistí. Tháinig laghdú suntasach ar chaighdeán éisteachta agus labhartha na ndaltaí idir 1985 agus 2002 (Harris *et al.*, 2006), ach níl sonraí ar fáil maidir leis seo ó shin. Is cosúil go bhfuil seasmhacht i ndearcadh na bpáistí i leith na Gaeilge, cé gur athraigh an cur chuige sa churaclam in 1999. Bhí níos mó ná leath na bpáistí dearfach faoin nGaeilge sna 1990í (Harris & Murtagh, 1999)

agus arís sna suirbhéanna *Ag Fás Aníos in Éirinn* (Devitt *et al.*, 2018). Bhí na páistí níos diúltaí faoin nGaeilge ná faoi léitheoireacht nó mata, áfach, agus iad naoi mbliana d'aois (Devitt *et al.*, 2018).

Tugadh faoin taighde seo nuair a bhí athruithe curaclaim ar bun. Bhí *Curaclam na Bunscoile* (ROS, 1999) in úsáid i rang a cúig agus *Curaclam Teanga na Bunscoile* (ROS, 2019b) i rang a haon. Tugadh an cur chuige cumarsáideach (CCC feasta) isteach mar chuid den churaclam Gaeilge in 1999, ag freagairt don mhíshástacht leis an gcuraclam ó 1971 agus go speisialta leis an easpa béime ar theanga ó bhéal (Ó Laoire, 2007). Leanann an bhéim ar an gCCC in *Curaclam Teanga na Bunscoile* (ROS, 2019b). An aidhm is mó a bhaineann leis an gCCC ná 'páistí a chur ag caint agus ag déanamh cumarsáide chomh luath agus chomh minic agus is féidir' (ROS, 1999: 8). Cé go bhfuil an CCC i bhfeidhm le scór bliain anuas, tá sé spéisiúil, mar atá luaite thuas, go bhfuil an chosúlacht ar an scéal go bhfuil seasmhacht i ndearcthaí na bpáistí le linn an ama sin. Chuige sin, tugadh faoin staidéar seo chun na ceisteanna taighde seo a fhiosrú:

- Conas a dhéanann páistí bunscoile cur síos ar a dtaithe fhoghlama sa Ghaeilge?
- Conas atá na tuairimí seo difriúil idir na bunranganna agus na hardranganna sa bhunscoil?
- Cad a deir na tuairimí seo maidir le cleachtais oideolaíochta i dtaca le cur i bhfeidhm an churaclaim Ghaeilge?

Sa chéad mhír eile beidh plé ar na teoiricí a bhaineann le foghlaim an dara teanga.

Foghlaim an Dara Teanga: Cur Chuige agus Teoiric


Níl fráma oideolaíochta aontaithe ann chun foghlaim an dara teanga a mhíniú (Mitchell *et al.*, 2019). Sa pháipéar seo, díreofar ar an gCCC, atá lárnach sa churaclam agus ar mhholadh Newby (2006) gur cheart cur chuige iarchumarsáide (CCI feasta) a úsáid chun taithí níos iomláine a fhorbairt. Tá an CCC bunaithe ar thuiscint pháistelárnach ar fhoghlaim teangacha, agus le béim ar chumas cumarsáide in áit an chumais teangeolaíochta a bhí lárnach sa chur chuige traidisiúnta múinteoirilárnach. Léirigh an t-aistriú go CCC athrú ó thuiscint thraidisiúnta ar an bhfoghlaim, ina raibh béim ar ionchur agus aithris (Dennick, 2008) agus ar fhoghlaim de ghlanmheabhair (Little & Kirwan, 2019). Tá an fealsamh Friedrich Fröebel luaite leis an athrú go cleachtas páistelárnach san oideachas go ginearálta (Fröebel, 1898), ina bhfuil béim ar an bhfoghlaim ghníomhach i gcomhpháirt leis an múinteoir, le páistí eile agus an timpeallacht (Bruce, 2021). Cé nach bhfuil nasc follasach idir Fröebel agus an cur chuige soch-thógachais sa churaclam, is léir go luíonn na bunphrionsabail seo lena chéile, agus béim ar an bhfoghlaim ghníomhach i gcomhpháirt. Tá an tuiscint seo le feiceáil sa CCC freisin, ina bhfuil spéiseanna, réamheolas agus riachtanais teanga na bpáistí lárnach (Savignon, 2018), agus cumarsáid ann mar sprioc agus meán na foghlama (Newby, 2006).

Sa chomhthéacs traidisiúnta, bhí béim ar an abairt mar bhunchloch i bhfoghlaim theanga ach leis an gCCC tá níos mó béime ar chumarsáid, ag féachaint ar an teanga ón mbun aníos agus ón mbarr anuas (Newby, 2006). Ón mbun aníos, bíonn béim ar na feidhmeanna teanga, nó ar an úsáid a bhaintear as teanga chun cuspóir cumarsáide a chomhlíonadh (ROS, 1999). Foghlaimíonn páiste frásaí ar féidir anailís a dhéanamh orthu níos déanaí (Ó Duibhir & Cummins, 2012). Ón mbarr anuas, bíonn béim ar na scileanna teanga: éisteacht, labhairt, léitheoireacht agus scríbhneoireacht. Uaireanta, bhí míthuiscint ar chumarsáid sa CCC, agus béim ar na scileanna éisteachta agus labhartha, gan tagairt do na scileanna litearthachta (Savignon, 2001); bhí gramadach in easnamh go minic freisin (Ellis, 2006). Molann Newby (2006) aistriú go CCI ina bhfuil béim ar ábhar agus idirghníomhú dílis, fheasacht teanga, fheasacht chultúrtha agus shaoirse fhéinriar an fhoghlaimeora chun tuiscint níos iomláine ar na teoiricí a bhain le foghlaim teangacha a léiriú. Le hábhar agus idirghníomhú dílis, bíonn deis ag na páistí an teanga a úsáid i gcomhthéacsanna réalaíocha bainteach lena saol féin (Little *et al.*, 2017). Músclaíonn seo ‘*transportable identities*’ (Richards, 2006: 70) na bpáistí, trí dheiseanna a thabhairt dóibh labhairt i nGaeilge faoina saol féin. Le feasacht teanga, forbraítear eolas na bpáistí faoin teanga agus díreann a n-aird ar struchtúr na teanga (Garrett & James, 2000), rud a thacaíonn le traschur scileanna. Le feasacht chultúrtha, bíonn deis ag na páistí tuiscint a fháil ar an ilchultúrthas agus ar a bhféiniúlacht féin mar chuid de seo (Bryman & Wagner, 2018). Le saoirse fhéinriar an fhoghlaimeora, bíonn ról níos gníomhaí ag na foghlaimeoirí i gcomhpháirt leis an múinteoir agus páistí eile (Little, 2003), chun freagracht a ghlacadh as a gcuid foghlama trí phróiseas machnamhach (Little & Kirwan, 2019). Taobh amuigh de shaoirse fhéinriar an fhoghlaimeora, tá na gnéithe eile seo le feiceáil sa churaclam (ROS, 1999; 2019b), cé go bhfuil CCC seachas CCI luaite.

Mar atá luaite thuas, níl fráma aontaithe d’fhoghlaim an dara teanga ann (Mitchell *et al.*, 2019). Tá fianaise ann go bhfuil na gnéithe den CCI tábhachtach (Newby, 2006), ach níl soiléiriú maidir le conas é seo a chur i bhfeidhm i gcleachtas. Le struchtúr a chur ar na gnéithe éagsúla seo, tá réimsí cuspóra an oideachais (Biesta, 2015) cabhrach do chreat coincheapúil, cé gur léargas ar an gcóras oideachais iomlán atá i gceist leo. Tugann Biesta (2015: 78) ‘*qualification, socialisation and subjectification*’ ar na réimsí .i. réimse na cáilíochta, an tsóisialaithe agus na suibachtúlachta. Baineann réimse na cáilíochta leis an eolas, na scileanna agus na dearcthaí a fhaigheann páistí ar scoil, na gnéithe a cháilíonn daoine chun tabhairt faoi thascanna (Biesta, 2013). Bíonn béim air seo soiléir sa chóras oideachais de ghnáth, ach tá tábhacht ag baint leis na réimsí eile chun córas cothrom a fhorbairt (Biesta, 2020). Maidir le réimse an tsóisialaithe, baineann seo le luachanna agus traidisiúin atá intuigthe nó follasach sa chóras oideachais (Biesta, 2015). Leis an réimse seo, forbraítear féiniúlacht na bhfoghlaimeoirí agus an tuiscint atá acu ar a ról cultúrtha (Biesta, 2020). Baineann réimse na suibachtúlachta le freagracht an fhoghlaimeora i leith a c(h)uid foghlama. Ba cheart go mbeadh deiseanna ag na páistí freagracht a ghlacadh as a gcuid foghlama seachas iad ag brath go hiomlán ar

ionchur an mhúinteora. Is trí chaidreamh le daoine eile agus an timpeallacht a fhásann an fhreagracht seo (Biesta, 2020). Míníonn Biesta (2015) go bhfuil gá le cothromaíocht trasna na réimsí cuspóra mar chuid de chóras oideachais iomlánaíoch, rud a luíonn leis an CCI thuas. Tá ceangail idir na réimsí agus bíonn tionchar acu ar a chéile, agus chun é sin a léiriú, chuir sé na réimsí i láthair ar léaráid Venn (Biesta, 2013; 2015).

Cé gur léargas ar an oideachas go ginearálta iad na réimsí cuspóra, is féidir na gnéithe a bhaineann le CCI d'fhoghlaim teangacha a leagan amach orthu (Fíor 1). Luíonn cumas cumarsáide, scileanna teanga agus dearcthaí le réimse na cáilíochta, mar chuid den eolas agus scileanna atá ón bhfoghlaim chun an teanga a úsáid. Luíonn ábhar agus idirghníomhú dílis, feasacht teanga agus feasacht chultúrtha le réimse an tsóisialaithe, agus béim ar luachanna agus ar thraidisiúin na teanga. Trí chaidreamh leis na gnéithe seo agus leis an múinteoir agus páistí eile, forbraíonn féiniúlacht an fhoghlaimora agus an ceangal atá aige / aici leis an nGaeilge agus leis an gcultúr Gaelach. Titeann saoirse fhéinriar na bhfoghlaimoirí faoi réimse na suibichtúlachta, chun freagracht as a gcuid foghlama a neartú. Éireoidh na foghlaimoirí níos eolaí orthu féin mar fhoghlaimoirí teanga agus ar na straitéisí foghlama is oiriúnaí dóibh.




Foinse: Biesta (2015, l.78) curtha in oiriúint le www.canva.com

Fíor 1: Réimsí cuspóra an oideachais agus foghlaim an dara teanga

Toisc gur léargas ar an oideachas go ginearálta iad na réimsí cuspóra, níl an fheidhm phraiticiúil soiléirithe (Mahon & O'Brien, 2018), agus tá na foghlaimoirí agus an timpeallacht foghlama in easnamh. Chun cur síos níos iomláine a thabhairt ar fhoghlaim teangacha, is féidir cur leis na réimsí cuspóra trí sheasamh páistelárnach a ghlacadh bunaithe ar fhealsúnacht Friedrich Fröebel, mar atá luaite thuas. Aithníonn seo an ról lárnach atá ag páistí agus ag an

múinteoir agus iad ag foghlaim i gcomhpháirt, le béim ar a gcuid spéiseanna, réamheolas agus riachtanais teanga (Savignon, 2018). Sa léiriú pictiúrtha (Fíor 2), baintear úsáid as sféir chun an tsaoráid, doimhneacht agus castacht a bhaineann le foghlaim teanga a thaispeáint. Seasann na ciorcail sheachtracha don timpeallacht foghlama, agus na ciorcail mhóra do na hábhair eile churaclaim agus traschur foghlama. Is ciorcal briste é an ciorcal seachtrach, ag taispeáint nach bhfuil an timpeallacht foghlama dúnta sa seomra ranga, ach go bhfuil sé lonnaithe mar chuid de dhomhan leathan foghlama agus maireachtála.



Foinse: Biesta (2015: 78) curtha in oiriúint le www.canva.com

Fíor 2: Réimsí cuspóra an oideachais agus foghlaim an dara teanga trí sheasamh páistelárnach

Tá achoimre tugtha ar foghlaim an dara teanga agus ar an gcreat coincheapúil thuas, agus anois déanfar cur síos ar an modheolaíocht don staidéar seo.

Modheolaíocht

Ag tógáil ar an gcreat coincheapúil, bhí an taighde lonnaithe i bparaidím shoch-thógachaíoch, feasach freisin ar obair Fröebel agus Biesta thuas. Sa pharaidím seo tá béim ar an gcaidreamh idir na rannpháirtithe agus an taighdeoir chun taithí agus tuairimí a roinnt agus a thógáil (Guba & Lincoln, 2005). Chuige sin, baineadh úsáid as modheolaíocht cáilíochtúil, páistelárnach chun deis a thabhairt do na páistí a dtaithí a roinnt lena chéile agus liomsa mar thaighdeoir (Darbyshire *et al.*, 2005) agus chun na ceistanna taighde seo a fhiosrú:

- Conas a dhéanann páistí bunscoile cur síos ar a dtaithí fhoghlama sa Ghaeilge?
- Conas atá na tuairimí seo difriúil idir na bunranganna agus na hardranganna sa bhunscoil?
- Cad a deir na tuairimí seo maidir le cleachtais oideolaíochta i dtaca le cur i bhfeidhm an churaclaim Ghaeilge?

Tá sé de cheart ag páistí a dtuairimí a roinnt faoi ábhair a bhaineann leo (Na Náisiúin Aontaithe, 1989) agus ag teacht leis an bparaidím, glactar leis gur saineolaithe ar a gcuid taithí féin iad na páistí (Dockett & Perry, 2005). Bhí na rannpháirtithe i rang a haon (7 mbliana d'aois) agus rang a cúig (11 bliana d'aois) i dtrí bhunscoil T2, chun léargas a fháil ar thaithí na bpáistí níos óige agus níos sine leis an nGaeilge. Baineadh úsáid as sampláil bhreithiúnais (Mertens, 2015) bunaithe ar thuiscint an taighdeora chun scoileanna le héagsúlacht a bhain le cúlraí teanga agus múineadh teangacha a aithint. Ní raibh torthaí inghinearálaithe á lorg sa staidéar, rud a luíonn leis an bparaidím, agus bhí sampláil bhreithiúnais oiriúnach dá bharr sin. Bhí na scoileanna lonnaithe i mBaile Átha Cliath agus i gCill Dara. Ghlac dhá rang a haon páirt sa taighde, agus mar sin, bhí seacht rang i gceist ar an iomlán. Bhí rang a haon agus a dó measctha i scoil amháin agus ba scoileanna do chailíní amháin iad dhá scoil acu. Tugadh ainm bréige ar gach scoil: *Riverside*, *Parkview* agus *Bridgeport*, le huimhir ag léiriú an rang a haon nó a cúig a bhí i gceist (féach Aguisín 1).

Modhanna Taighde

Baineadh úsáid as réimse modhanna taighde chun na páistí a spreagadh le bheith páirteach sa staidéar agus a nguth a chloistéail (Dockett *et al.*, 2009). Is féidir éagothroime chumhachta a laghdú trí mhodhanna páistelárnacha a úsáid (Veal, 2005) agus cruthaíonn siad timpeallacht solúbtha chun deis a thabhairt do pháistí a dtuairimí a mhíniú (O'Kane, 2000). Léirigh sé seo do na páistí go raibh a nguth luachmhar agus lárnach sa taighde.

Ba iad na modhanna taighde páistelárnacha a bhí in úsáid sa staidéar ná Muileata-9; am ciorcail, tarraing agus plé agus suirbhé *Post-it*. Thug na modhanna seo deis do na páistí a dtuairimí a roinnt mar rang iomlán, i ngrúpa, i mbeirteanna agus go haonarach.

Baineadh úsáid as Muileata-9 i staidéir eile (Niemi *et al.*; Clarke, 2012; Thomas & O’Kane, 1998), agus is gníomhaíocht é ina ndéanann rannpháirtithe rangú ar rudaí ar theimpléad de mhúileata (Aguisín 2). Iarradh ar na páistí i bpéirí na hábhair churaclaim a rangú ón gceann is mó a thaitin leo go dtí an ceann is lú. Cé gur modh oideolaíochta é am ciorcail, baineadh úsáid as mar chuid den taighde seo chun plé leis an rang iomlán a struchtúrú. Bhí fáilte roimh gach duine tuairimí a roinnt agus bhí sé aontaithe go mbeadh gach duine ag éisteacht lena chéile (Lang, 2010). Thug sé seo deis do na páistí aontú nó fiú dul in aghaidh tuairimí ó dhaoine eile sa rang (Dockett & Perry, 2005). Baineadh úsáid as sceideal ceisteanna leathstruchtúrtha don am ciorcail a bhí bunaithe ar uirlis taighde a d’úsáid Aro (2009, 2015) agus í ag fiosrú tuairimí páistí faoi fhoghlaim an Bhéarla.

Uirlis eile a bhí in úsáid ná tarraing agus plé, mar obair ghrúpa i ngach rang. Tharraing na páistí pictiúr díobh féin ag foghlaim Gaeilge agus rinne siad cur síos ar an bpictiúr. Baineadh úsáid as cur síos na bpáistí ar a bpictiúr seachas anailís nó léamh an taighdeora ar na híomhánna (Thomson, 2008; Merriman & Guerin, 2006). Tar éis dóibh labhairt faoina bpictiúir, bhí grúpa fócais leathstruchtúrtha gearr ann le gach grúpa. Socraíodh an suirbhé Post-it a úsáid chun deis a thabhairt do na páistí tuairimí nár mhaith leo a roinnt ó bhéal a léiriú go haonarach. Iarradh orthu trí abairt a chríochnú: *In Irish lessons, I do...*; *In Irish lessons, I don’t...* agus *In Irish lessons, I feel...* Bhí dhá rang nár éirigh linn an suirbhé a dhéanamh leo de bharr cúrsaí ama.

Ag Tabhairt faoin Taighde

Tugadh cuairt amháin neamhfhoirmiúil chun bualadh leis na páistí agus trí chuairt 45 nóiméad le haghaidh sonraí a bhailiú sonraí ar na seacht rang a bhí páirteach sa staidéar, idir Deireadh Fómhair agus Nollaig 2018. Tá foramharc ar na modhanna taighde a bhí in úsáid i ngach cuairt ar Thábla 1.

Cuairt	Modh	Riverside		Parkview			Bridgeport	
		1	5	1A	1B	5	1	5
Cuairt 1	Am ciorcail	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
	Muileata-9	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Cuairt 2	Tarraing agus plé	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Cuairt 3	Am ciorcail	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
	Suirbhé Post-it	✓		✓		✓	✓	✓

Tábla 1: Achoimre ar na cuairteanna agus na modhanna

Baineadh úsáid as anailísiú cáilíochtúil téamach (Braun & Clarke, 2006) le treoir ón gcreat coincheapúil chun cur síos a dhéanamh ar thaithí na bpáistí. Leanadh treoirlínte eitice Ollscoil na Banríona trí gach céim den staidéar, le toiliú feasach roimh ré agus ceart leanúnach tarraingt siar i rith na gcuartheanna. Rinneadh tagairt arís ag tús na gcuartheanna don toiliú feasach agus an ceart leanúnach tarraingt siar, agus i ngach seomra ranga tharraing cúpla páiste siar uaireanta. Le linn an taighde, bhíothas ag faire amach le cinntiú nár léirigh aon pháiste míchompord (Kendrick *et al.*, 2008).

Bhí béim sa staidéar seo ar thaithí fhoghlama na bpáistí sa Ghaeilge, agus chuir sin socraíodh labhairt agus éisteacht leis na páistí amháin. Níor bailíodh sonraí ó na múinteoirí, ach rinneadh é sin chun tosaíocht a thabhairt do ghuth na bpáistí sa staidéar seo. Faoi bparaidím shoch-thógachaíoch ní raibh torthaí inghinearálaithe á lorg agus bhí an bhéim iomlán ar thaithí agus ar thuairimí na bpáistí, seachas cur síos a dhéanamh ar na cleachtais oideolaíochta go firinneach. Bheadh taighde ar thaithí múinteoirí i mbunscoileanna T2 spéisiúil chun tuiscint níos leithne ar an ábhar seo a fhorbairt.

Bhí athmhachnamhacht an taighdeora tábhachtach i rith an taighde agus na hanailíse (Punch, 2002), rud a luíonn leis an bparaidím shoch-thógachaíoch agus tá sé riachtanach go bhfuil an próiseas taighde trédhearcach. Bíonn tionchar ag luachanna an taighdeora ar an bpróiseas, ó roghnú an ábhair go foilsiú na dtorthaí, ach chun é seo a aithint bhí próiseas trédhearcach, dearadh cúramach agus triantánú na sonraí lárnach i machnamh an taighdeora.

Torthaí


Léireofaí torthaí an taighde sa chuid seo den pháipéar, ag díriú ar réimse na cáilíochta amháin. Mar a tharlaíonn sé, chuir na páistí níos mó béime ar an réimse seo cé gur cuireadh ceisteanna faoin dá réimse eile freisin. Molann Biesta (2015) cothromaíocht trasna na trí réimse cuspóra .i. réimse na cáilíochta, an tsóisialaithe agus na suibiachtúlachta mar chuid de chóras oideachais iomlánaíoch, ach ní raibh sé sin soiléir ó thuairimí na bpáistí. Faoi réimse na cáilíochta tá eolas, scileanna agus dearcthaí agus beidh plé ar na trí ghné seo thíos. Mar atá luaite thuas, is cur síos ar thaithí na bpáistí atá anseo, agus tá seans ann go mbaineann bearnaí atá luaite acu le gnéithe den teagasc nach bhfuil léirithe go soiléir dóibh ach a bhíonn mar chuid den fhoghlaim.

Eolas

Cé gur thuig na páistí i rang a haon go raibh siad ag foghlaim teanga sna ceachtanna Gaeilge, ní hamháin ábhar, bhí béim láidir ar fhorbairt foclóra mar chuid dá gcuid foghlama: *we learn words* (Bridgeport1). Labhair cúpla páiste i rang amháin faoi abairtí agus faoi cheisteanna mar chuid den fhoghlaim: *there's a lot of sentences that you have to remember* (Parkview1). Ní

raibh tagairt d'abairtí in aon rang a haon eile, ach luaigh beirt nó triúr ceisteanna mar chuid den eolas a bhí acu i nGaeilge: *I think I'm good at Irish because I can do the..I can ask some questions* (Riverside₁).

Is beag sampla a thug na páistí den chumarsáid mar chuid d'fhoghlaim na Gaeilge, agus tháinig na samplaí seo go léir ó Parkview_{1A}. Tharraing beirt sa rang seo pictiúr de pháistí ag labhairt lena chéile (Fíor 3), cé go bhfuil an scríbhneoireacht sa bholgán cainte i mBéarla: *Talking in Irish*. Agus iad ag cur síos ar an bpictiúr, dúirt siad go raibh siad ag labhairt: *saying lots of things* (Parkview_{1A}). Sna ranganna a haon eile, ní raibh aon tagairt d'úsáid na teanga le páistí eile agus bhain gach idirghníomhaíocht leis an múinteoir gan aon fhianaise ar fhorbairt na cumarsáide: *I have me sitting at my desk, and we're learning Irish, and like teacher picks me to say the answer and I'm thinking about it* (Riverside₁).



Fíor 3: Ag labhairt le chéile i nGaeilge

I rang a cúig, bhí béim ar fhorbairt foclóra freisin, agus d'aithin siad go raibh na focail níos faide *really long words* (Riverside₅) agus níos deacra ná i rang a haon. Mar chuid den eolas a luaigh na páistí i rang a cúig bhí tagairt do cheisteanna agus abairtí. I rang Bridgeport₅ agus Riverside₅, is cosúil gur ceisteanna scríofa sa téacsleabhar a bhí i gceist, seachas ó bhéal: *we read stories and ehm do questions* (Riverside₅). Sa dá rang seo, ní raibh aon samplaí den chumarsáid, cé go ndúirt siad gur labhair siad Gaeilge: *try and speak as much Irish as we can rather than English* (Riverside₅). Luaigh na páistí sa dá rang seo go ndearna siad drámaíocht uaireanta i nGaeilge, agus d'fhéadfaidís scileanna cumarsáide a fhorbairt tríd an modheolaíocht

seo, cé nach raibh seo luaite go follasach. Bhí difríocht idir an dá rang seo agus Parkview5, inar tugadh samplaí de ghníomhaíochtaí ina raibh siad ag cur ceisteanna ar a chéile ó bhéal, mar atá léirithe i bhfíor 4.



We learn Irish...the teacher asks us questions in Irish not English, and we answer in Irish, and we walk around and talk to people in Irish to get used to the Irish language (Parkview5)

Bolgáin chainte:
 Cad a dhéanann tú nuair a bíonn [sic] am saor agat?
 Seinn an giotár.

Fíor 4: Ag labhairt faoi chaitheamh aimsire

Scileanna: Teanga ó Bhéal, Léitheoireacht, Scríbhneoireacht

Rinne na páistí i rang a haon tagairt don éisteacht níos mó ná aon scil teanga eile, ach amháin i Riverside1, áit a raibh béim ar scileanna litearthachta. Luaigh na páistí gur fhoghlaim siad ó bheith ag éisteacht leis an múinteoir: *to learn Irish you have to listen to your teacher and that's how you learn Irish* (Parkview1A). Bhí béim freisin ar an gclár bán idirghníomhach agus ag déanamh aithrise ar na focail ón gclár agus is cosúil gur foinse eile d'ionchur teanga é an clár bán (Fíor 5). Cé go raibh béim ar an éisteacht, ní dhearna na páistí tagairt do thascanna éisteachta struchtúrtha, mar shampla, éist agus tarraing. Mar atá ráite maidir le cumarsáid, ní raibh béim ar scil na labhartha mar chuid den phlé leis na páistí i rang a haon.



Fíor 5: Ag foghlaim ón gclár bán idirghníomhach


Cé go leagtar béim ar theanga ó bhéal sa churaclam do pháistí i rang a haon, bhí roinnt tagairtí don léitheoireacht. I gcás amháin, Riverside₁, luaigh páiste leabhar ón leabharlann ach ní raibh aon tagairt eile d'fhíorleabhair in aon cheann de na seacht rang agus bhí sé inráite i ngach cás eile gur léitheoireacht ón téacsleabhar nó ón gclár bán a bhí i gceist. Luaigh páistí gur chabhraigh an múinteoir leo chun na focail a léamh. Straitéis eile a bhí in úsáid ná *sounding out* cé nach raibh sé soiléir conas ar thug siad faoi seo, nó ar úsáid siad fónaic an Bhéarla nó na Gaeilge. Ní raibh aon tagairt don scríbhneoireacht in Parkview_{1a} nó Parkview_{1b}, ach bhí níos mó béime ar seo i Riverside₁ agus Bridgeport₁. Thagair na páistí do ghníomhaíochtaí ina raibh siad ag cóipeáil ón gclár bán: *I'm going to do us drawing our nuacht* (Riverside₁), seachas samplaí ina raibh scríbhneoireacht neamhspleách á déanamh ag na páistí.

I rang a cúig, chuir na páistí béim arís ar thábhacht na héisteachta i bhfoghlaím na Gaeilge: *the trick I have for Irish is you have to listen, or you'll never get it* (Riverside₅). Níor léirigh na páistí go raibh siad gníomhach mar chuid den éisteacht agus labhair páiste amháin faoin leadrán a bhain leis: *To make it less boring, have like games and things like that instead of sitting there listening, even more talking or something* (Riverside₅). Maidir le léitheoireacht agus scríbhneoireacht, is cosúil go raibh na tascanna bunaithe ar an téacsleabhar: *in Irish, we normally read stories and answer questions* (Riverside₅).

Luaigh páiste amháin i ngach rang a cúig go ndearna siad dráma bunaithe ar na scéalta uaireanta, ach ní raibh seo lárnach mar théama. Ar an iomlán, bhí níos lú béime ar labhairt agus éisteacht i rang a cúig ná mar a bhí i rang a haon. Lean an bhéim ar theanga ó bhéal in Parkview₅, agus cé go bhfuil sé seo tábhachtach, tá gá freisin le forbairt na litearthachta. Cé gur thagair páistí don léitheoireacht agus scríbhneoireacht sna trí rang, níor tugadh samplaí d'fhoghlaím fhollasach na scileanna teanga, ach díreach tascanna bunaithe ar an téacsleabhar chun na scileanna a chleachtadh.

Dearcthaí

An tríú gné den réimse seo ná dearcadh na bpáistí. Rinne na páistí an Muileata-9 i mbeirteanna, agus seasann gach 'duine' i bhfíor 6 don áit inar cuireadh an Ghaeilge mar ábhar ar an muileata. Bhí éagsúlacht sna ranganna a haon maidir leis an áit inar cuireadh Gaeilge, agus 12 péire ag cur Gaeilge mar an t-ábhar is fearr nó an dara hábhar is fearr. Bhí codarsnacht láidir le feiceáil idir seo agus freagraí rang a cúig, áit gur roghnaigh 21 as 28 an t-ábhar is lú nó an dara hábhar is lú taitnimh. Ní raibh i gceist leis an Muileata-9 ach forléargas ar dhearcadh na bpáistí, ach bhí sé suimiúil gur luigh plé na bpáistí faoin nGaeilge leis na freagraí seo.



Fíor 6: Achoimre ar na sonraí ón Muileata-9

Bhí na páistí i rang a haon níos dearfaí faoin teanga agus d'úsáid siad aidiachtaí dearfacha go minic agus iad ag labhairt faoin nGaeilge m.sh. *nice, love it*, agus *it's really fun and it's easy to learn*. Chuir siad béim ar amhráin, ar chluichí agus ar dhamhsa, ag míniú gur fhoghlaim siad Gaeilge ó na cluichí agus amhráin: *we play games in Irish, but they're not normal games, they teach you Irish* (Parkview1A). Cé go raibh dearcadh dearfach le feiceáil i rang a haon, thagair páistí i ngach rang do na dúshláin a bhain le foclóir a chur de ghlanmheabhair, easpa tuisceana agus *finding Gaeilge a bit hard*. Bhí Riverside1 níos diúltaí ó na ceithre rang a haon agus is sa rang seo a bhí béim ar litearthacht níos mó ná teanga ó bhéal.

Cé gur léirigh na freagraí ar an Muileata-9 go raibh na páistí i rang a cúig níos diúltaí faoin nGaeilge, luaigh páistí i ngach rang go raibh an Ghaeilge tábhachtach mar theanga oifigiúil nó teanga dhúchais na tíre. Nuair a d'úsáid siad aidiachtaí dearfacha áfach, bhí siad ag díriú ar bhealaí chun foghlaim na Gaeilge a fheabhsú: *[Irish would be] better with fun Irish dramas and with more partner work* (Bridgeports).

Tá cur síos déanta ar na torthaí a bhain le réimse na cáilíochta mar chuid de thaithí foghlama na bpáistí sa Ghaeilge. Cuireadh torthaí rang a haon i gcomparáid le rang a cúig, ach ba léir go raibh cosúlachtaí ina dtaithí freisin, go speisialta maidir leis an eolas a bhí á fhoghlaim acu trí aithris agus athrá, seachas trí ghníomhaíochtaí cumarsáideacha.

Conclúid

Mar atá luaite thuas, rinne na páistí cur síos ar réimse na cáilíochta (Biesta, 2015) i bhfad níos mó ná an dá réimse cuspóra eile. Labhair siad faoi cheachtanna ina raibh an múinteoir lárnach agus ina raibh úsáid na teanga teoranta go gníomhaíochtaí téacsleabhair gan aon deis acu a spéiseanna féin a chur in iúl sa teanga. Ní léiríonn seo cur chuige páistelárnach mar atá mínithe thuas, agus bhí easpa cothromaíochta ann trasna na réimsí chun taithí iomlánaíoch a thabhairt don fhoghlaim. Tá béim sa churaclam (ROS, 1999; 2019b) ar chur chuige páistelárnach i múineadh na Gaeilge agus ní raibh seo soiléir i bplé na bpáistí sa staidéar seo. Rinne siad cur síos ar cheachtanna ina raibh an múinteoir lárnach agus ina raibh úsáid na teanga teoranta do ghníomhaíochtaí téacsleabhair gan aon deis ann a spéiseanna féin a chur in iúl sa teanga.

Bhí an-bhéim ar fhorbairt foclóra mar chuid lárnach den fhoghlaim i rang a haon agus rang a cúig, in áit cumas cumarsáide agus deiseanna chun an teanga a úsáid i gcomhpháirt le páistí eile chun sprioc chumarsáide a bhaint amach. D'fhéach na páistí i rang a haon agus rang a cúig orthu féin mar rannpháirtithe éighníomhacha i bhfoghlaim na Gaeilge, leis an múinteoir agus an clár bán ag múineadh foclóra dóibh. Luíonn seo le cur chuige traidisiúnta, seachas an CCC atá luaite sa churaclam ó 1999.

Cé gur luaigh na páistí na scileanna teanga, arís rinne siad cur síos ar thaithí chúng nár léirigh forbairt fhollasach ar scileanna labhartha, éisteachta, léitheoireachta ná scríbhneoireachta. Bhí béim ar thábhacht na héisteachta, go speisialta i rang a haon, ach arís ar bhealach éighníomhach. Léiríonn na torthaí go bhfuil páistí i ranganna a cúig níos diúltaí i leith na Gaeilge ná iad siúd i ranganna a haon sa staidéar seo. Taobh amuigh de seo, tá sé spéisiúil nach raibh níos mó difríochtaí idir an dá rang leibhéil. Níor léirigh rang a cúig tuiscint níos sofaisticiúla ar fhoghlaim na Gaeilge agus bhí béim fós ar an bhforbairt foclóra den chuid is mó agus iad i ról éighníomhach. Bheifeá ag súil le dul chun cinn níos soiléire ó rang a haon go rang a cúig.

Is cosúil nach raibh taithí ag na páistí ar an gCCC mar chuid d'fhoghlaim na Gaeilge agus is beag tagairt a rinneadh don Ghaeilge a úsáid go cumarsáideach. Mar atá luaite thuas, tá an CCC molta sa churaclam le scór bliain anuas agus tá sé tábhachtach go gcuirfear tacaíochtaí breise ar fáil do mhúinteoirí réamhsheirbhíse agus inseirbhíse chun an CCC a chur i bhfeidhm sa seomra ranga. Ba cheart machnamh a dhéanamh chomh maith ar bhealaí chun deis a thabhairt do pháistí ról gníomhach a ghlacadh ina gcuid foghlama sna ceachtanna Gaeilge. Trí chur chuige páistelárnach, bunaithe ar spéiseanna agus riachtanais teanga na bpáistí móide CCI ba cheart go mbeadh sé seo indéanta.

Leabharliosta

Leabhair

Biesta, G., (2013) *The Beautiful Risk of Education*. Boulder: Paradigm Publishers.

Bruce, T., (2021) *Friedrich Fröebel: A Critical Introduction to Key Themes and Debates*. Londain: Bloomsbury Academic.

Fröebel, F., (1898) *The Education of Man*. Aistrithe ag Hailmann, W.N. Nua-Eabhrac: Dover Publications.

Little, D., Dam, L. & Legenhausen, L., (2017) *Language Learner Autonomy: Theory, Practice and Research*. Bristol: Multilingual Matters.

Little, D. & Kirwan, D., (2019) *Engaging with Linguistic Diversity: A Study of Educational Inclusion in an Irish Primary School*. Londain: Bloomsbury Academic.

Mitchell, R., Myles, F. & Marsden, E., (2019) *Second Language Learning Theories*, 4th Eag. Oxon: Routledge.

Thomson, P., (Eag.) (2008) *Doing Visual Research with Children and Young People*. Oxon: Routledge.

Ailt

Aro, M., (2015) 'Authority versus experience: dialogues on learner beliefs.' Kalaja, P., Barcelos, A.M.F., Aro, M. & Ruohotie-Lyhty, M., (Eag.) *Beliefs, Agency and Identity in Foreign Language Learning and Teaching*, Basingstoke: Palgrave Macmillan. 27–47.

Biesta, G., (2015) 'Freeing teaching from learning: Opening up existential possibilities in educational relationships.' *Studies in Philosophy and Education*, 34(3). 229–43.

Biesta, G., (2020) 'Risking ourselves in education: Qualification, socialization, and subjectification revisited.' *Educational Theory*, 70(1), 89–104.

- Braun, V. & Clarke, V., (2006) 'Using thematic analysis in psychology.' *Qualitative Research in Psychology*, 3(2). 77–101.
- Byram, M. & Wagner, M., (2018) 'Making a difference: Language teaching for intercultural and international dialogue.' *Foreign Language Annals*, 51(1). 140–51.
- Clark, J., (2012) 'Using diamond ranking as visual cues to engage young people in the research process.' *Qualitative Research Journal*, 12(2). 222–37.
- Darbyshire, P., MacDougall, C. & Schiller, W., (2005) 'Multiple methods in qualitative research with children: More insight or just more?' *Qualitative Research*, 5(4). 417–36.
- Dennick, R. (2008) 'Theories of learning: Constructivist experience.' In Matheson, D. (Eag.) *An Introduction to the Study of Education*. 3rd Eag. Routledge. 37–70.
- Devitt, A., Condon, J., Dalton, G., O'Connell, J. & Ní Dhuinn, M., (2018) 'An maith leat an Ghaeilge? An analysis of variation in primary pupil attitudes to Irish in the *Growing Up in Ireland* study.' *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, 21(1). 105–17.
- Dockett, S. & Perry, B., (2005) 'Researching with children: Insights from the Starting School Research Project.' *Early Childhood Development and Care*, 175(6). 507–21.
- Dockett, S., Einarsdottir, J. & Perry, B., (2009) 'Researching with children: Ethical tensions.' *Journal of Early Childhood Research*, 7(3). 283–98.
- Ellis, R., (2006) 'Current issues in the teaching of grammar: An SLA perspective.' *TESOL Quarterly*. 40(1). 83–107.
- Garrett, P. & James, C., (2000) 'Language awareness.' Byram, M. (Eag.) *Routledge Encyclopedia of Language Teaching and Learning*. London: Routledge. 330–33.
- Guba, E.G. & Lincoln, Y.S., (2005) 'Paradigmatic controversies, contradictions, and emerging confluences.' Denzin, N.K. & Lincoln, Y.S. (Eag.) *The SAGE Handbook of Qualitative Research*, 3rd Eag. Thousand Oaks, CA: SAGE. 191–215.

- Kendrick, A., Steckley, L. & Lerpiniere, J., (2008) 'Ethical issues, research and vulnerability: Gaining the views of children and young people in residential care.' *Children's Geographies*, 6(1). 79–93.
- Lang, P., (1998) 'Getting round to clarity: What do we mean by circle time?' *Pastoral Care in Education*, 16(3). 3–10.
- Mahon, Á. & O'Brien, E., (2018) 'Risky subjectivities in Philip Pullman's *Northern Lights*.' *Studies in Philosophy and Education*, 37. 181–93.
- Merriman, B. & Guerin, S., (2006) 'Using children's drawings as data in child-centred research.' *Irish Journal of Psychology*, 27(1–2). 48–57.
- Mertens, D., (2015) 'Mixed methods and wicked problems.' *Journal of Mixed Methods Research*, 9(1). 3–6.
- Newby, D. (2006) 'Communicative Language Teaching.' Fenner, A.B. & Newby, D. (Eag.) *Coherence of Principles, Cohesion of Competences: Exploring Theories and Designing Materials for Teacher Education*, Strasbourg: Council of Europe Publishing, 17–26.
- Niemi, R., Kumpulainen, K. & Lipponen, L., (2015) 'Pupils as active participants: Diamond ranking as a tool to investigate pupils' experiences of classroom practices.' *European Educational Research Journal*, 14(2). 138–50.
- O'Kane, C., (2000) 'The development of participatory techniques: Facilitating children's views about decisions which affect them.' Christensen, P. & James, A. (Eag.) *Research with Children. Perspectives and Practices*, Londain: Routledge Falmer. 136–59.
- Ó Laoire, M., (2007) 'Language use and language attitudes in Ireland.' Lasagabaster, D. & Huguet, Á. (Eag.) *Multilingualism in European Bilingual Contexts: Language Use and Attitudes*, Clevedon: Multilingual Matters. 164–83.
- Punch, S., (2002) 'Research with children: The same or different from research with adults?' *Childhood*, 9(3). 321–41.
- Richards, K., (2006) "'Being the teacher": Identity and classroom conversation.' *Applied Linguistics*, 27(1), 51–77.

- Savignon, S., (2001) 'Communicative Language Teaching for the Twenty-First Century.' Celce-Murcia, M. (Eag.) *Teaching English as a Second or Foreign Language*, 3rd Eag. Boston: Heinle & Heinle, 13–27.
- Savignon, S.J., (2018) 'Communicative competence.' *The TESOL Encyclopedia of English Language Teaching*. 1–7.
- Thomas, N. & O'Kane, C., (1998) 'The ethics of participatory research with children.' *Children & Society*, 12(5), 336–48.
- Veale, A. (2005) *Creative Methodologies in Participatory Research with Children*. Londain: Thousand Oaks, CA & New Delhi: SAGE.

Tuarascálacha

- Aro, M., (2009) *Speakers and Doers: Polyphony and Agency in Children's Beliefs about Language Learning*. Jyväskylä: University of Jyväskylä. <https://jyx.jyu.fi/dspace/handle/123456789/19882>
- An Roinn Oideachais & Eolaíochta (ROE), (1999) *Curaclam na Bunscoile, Gaeilge*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- An Roinn Oideachais & Scileanna (ROS), (2019a) *Key Statistics*. BÁC: ROS. <https://www.gov.ie/ga/bailiuchan/key-statistics/>
- An Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS), (2019b) *Curaclam Teanga na Bunscoile*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- Cigireacht/ROS, (2007) *Gaeilge sa Bhunscoil*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- Cigireacht/ROS, (2013) *Tuarascáil an Phríomhchigire 2010–2012*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- Cigireacht/ROS, (2018) *Tuarascáil an Phríomhchigire 2013–2016*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

- Cigireacht/ROS, (2022) *Tuarascáil an Phríomhchigire 2016–2020*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- Harris, J., Forde, P., Archer, P., Nic Fhearaile, S. & O’Gorman, M., (2006) *Irish in Primary-Schools: Long-Term National Trends in Achievement*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais & Eolaíochta.
- Harris, J. & Murtagh, L., (1999) *Teaching and Learning Irish in Primary School: A Review of Research and Development*. Tuarascáil Taighde Uimh. 25. Baile Átha Cliath: Institiúid Teangeolaíochta Éireann.
- Little, D., (2003) *Languages in the Post-Primary Curriculum: A Discussion Paper*. BÁC: CNCM.
- Na Náisiúin Aontaithe, (1989) *Coinbhinsiún na Náisiúin Aontaithe um Chearta an Linbh*. An Ghinéiv: Na Náisiúin Aontaithe.
- Ó Duibhir, P. & Cummins, J., (2012) *Towards an Integrated Language Curriculum in Early Childhood and Primary Education (3–12 years)*. Tuarascáil Taighde Uimh. 16. CNCM.

Aguisín 1

Líon na bpáistí i ngach rang agus líon na rannpháirtithe

Rang	Ainm bréige	Líon na bpáistí	Líon na rannpháirtithe*
Scoil 1: Rang a 1 agus 2	Riverside1	27	26
Scoil 1: Rang a 5	Riverside5	29	28
Scoil 2: Rang a 1A	Parkview1A	24	23
Scoil 2: Rang a 1B	Parkview1B	24	23
Scoil 2: Rang a 5	Parkview5	19	18
Scoil 3: Rang a 1	Bridgeport1	30	23
Scoil 3: Rang a 5	Bridgeport5	26	26

* Ciallaíonn rannpháirtí gur líon tuismitheoir / caomhnóir agus páiste foirm thoilte ach mar atá luaite faoi chúrsaí eitice thíos bhí solúbthacht agus bhí cead ag na páistí seasamh amach ag aon am.

Aguisín 2

Sampla de Mhuileata-9





***“...Dá ndéanfainn arís é, I’d make sure that
they could understand me anyhow”:***

Stádas agus Stair na Gaeilge i gCathair Hartford

Pádraig Fhia Ó Mathúna

Chuaigh na céadta míle duine ar imirce ó cheantair inar labhraíodh an Ghaeilge go dtí na cathracha tionsclaíochta in oirthuaisceart na Stát Aontaithe le dhá chéad bhliain anuas. Cé go bhfuil taighde éigin déanta ar an Ghaeilge i measc na n-imirceach, tá go leor staidéir le déanamh fós ar an dream a chuir fúthu taobh amuigh de na cathracha móra.¹ Tugann an t-alt seo léargas ar stair phobal na Gaeilge i gCathair Hartford – cathair a bhfuil tábhacht faoi leith

¹ Chun tuilleadh a léamh ar an Ghaeilge i Meiriceá, amharc ar: Natasha Sumner & Aidan Doyle (Eag.), *North American Gaels: Speech, Story and Song in the Diaspora* (Montreal: McGill-Queen’s University Press, 2020); Brian Ó Broin, “Anailís ar Phobal Labhartha agus Spriocphobail Labhartha na Gaeilge i Meiriceá Thuaidh,” in Jerry White agus Aralt Mac Giolla Chainnigh (eag.), *Research and Teaching of the Irish Language in North America: the Next 20 years* (Ottawa, Dalhousie University Press, 2016); John Walsh and Laoise Ní Dhúda, “‘New speakers’ of Irish in the United States: Practices and Motivations,” *Applied Linguistics Review*, Vol. 6, 173-193; Úna Ní Bhroiméil, “The Creation of an Irish Culture in the United States: The Gaelic Movement, 1870-1915,” *New Hibernia Review/Iris Éireannach Nua*, Autumn 2001, Vol. 5, No. 3, 87-100; Nancy Stenson, “‘Beagáinín’: The Use of Irish among Immigrants to the United States,” *New Hibernia Review/Iris Éireannach Nua*, Summer, 1998, Vol. 2, No. 2, 116-131; Gillian Ní Ghabhann, “The Gaelic Revival in the U.S. in the Nineteenth Century,” *Chronicon*, Vol. 6, 1998, 1-34; Ken Nielsen, “The Irish Language in New York, 1850-1900,” in Ronald H. Bayor & Timothy Meagher (eag.), *The New York Irish* (Baltimore agus London: The Johns Hopkins University Press, 1996); Tomás Ó h-Íde (eag.), *The Irish Language in the United States* (Westport: Bergin & Garvey, 1994); Fionnuala Uí Fhlannagáin, *Micheál Ó Lócháin agus an Gaodhal* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Teoranta, 1990); Stiofán Ó hAnnracháin (eag.), *Go Meiriceá Siar. Na Gaeil agus Meiriceá: Cnuasach Aistí* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Teoranta, 1979). Tá tionscnamh ar siúl ag Cumann na Gaeilge i mBostún faoi stiúir ag an Dr. Brian Frykenberg chun cainteoirí dúchais i Massachusetts a chur faoi agallamh. Amharc ar: https://openarchives.umb.edu/digital/collection/p15774coll11/search/searchterm/UASC-och-irish*/field/identi/mode/all/conn/and/order/title/ad/asc.

aici i gcuimhne shóisialta agus chultúrtha na Gaeltachta in Éirinn. Beifear ag tarraingt ar fhoinní staire éagsúla agus ar agallaimh a rinne mé féin idir 2016 agus 2019, agus agallaimh eile a rinne an stiúrthóir scannáin Brenda Ní Shúilleabháin le muintir Hartford don chlár faisnéise *Bibeanna Mheiriceá* (TG4 2009). Chun anaithnideacht na rannpháirtithe a chaomhnú, ní úsáidfeair ainmneacha ach amháin sna cásanna inar tugadh cead. Den chuid is mó, déanfar tagairtí ginearálta do na rannpháirtithe bunaithe ar áit dhúchais s'acu, mar shampla; “Bean 1 as Inis Meáin” nó “Fear 2 as Daingean Uí Chúis”. Cé go bhfuil idir fhoghlaimeoirí agus nuachainteoirí ina gcónaí sa cheantar, díreofar ar stair mhuintir na Gaeltachta in Hartford ón naoú haois déag go dtí an lá atá inniu ann, ar stádas na Gaeilge le linn na tréimhse sin agus ar cad é atá i ndán don Ghaeilge sa phóca Éireannach seo i ndeisceart Shasana Nua.

Buaileadh na ceantair inar labhraíodh an Ghaeilge mar theanga phobail go holc ag an imirce riamh anall. Léiríonn Pádraig Ó Treabhair gur thit daonra na tuaithe “ó bheagnach seacht milliún... go dtí 2.3 milliún” idir na blianta 1841 agus 1951.² Le linn an ama sin, bhí tarraingt mhór ar Hartford agus an ceantar máguaird mar gheall ar na deiseanna oibre a bhí le fáil ann. Cé go bhfuil neart taighde scolártha déanta ar Bhostún, ar Nua-Eabhrac agus ar Chicago sa chomhthéacs seo, is beag taighde atá déanta ar Hartford ná ar Ghleann Abhainn Connecticut, áit ar chruinnigh go leor daoine as Éirinn.

Sna blianta i ndiaidh Chogadh Cathartha Mheiriceá, ba í Hartford an chathair ba shaibhre sna Stáit Aontaithe.³ Tá príomhchathair Connecticut suite i suíomh straitéiseach ar abhainn darb ainm an Connecticut, ainm a shíolraíonn ón bhfocal dúchasach d'abhainn fhada. I ré na réabhlóide tionsclaíche, tháinig borradh faoin cheantar mar gheall ar na muilte a tógadh cois abhann. Bhí earnáil Colt, ceann de na táirgí airm ba mhó sa tír, suite in Hartford le linn an Chogaidh Chathartha. D'fhostaigh siad 1,500 duine sa chathair chun freastal ar an éileamh. Rinne siad 1,500 muscaed agus piostal in 1861 agus níos mó ná 200,000 in 1864.⁴

Tháinig borradh eile faoin gheilleagar áitiúil nuair a bunaíodh comhlachtaí éagsúla, ina measc: Pratt & Whitney Company in 1860, Weed Sowing Machine Company in 1865, Hartford Machine Screw in 1876, agus an Pope Automobile Company in 1897. Chomh maith leis sin, tháinig an tionscadal árachais faoi bhláth. Ó dheireadh an ochtú haois déag, thuill Hartford cáil mar phríomhchathair árachais an domhain, agus Aetna, Travelers, The Hartford agus The

² Pádraig Ó Treabhair, “An Imirce Éireannach: Léargas na Staire,” in Aisling Ní Dhonnchadha & Máirín Nic Eoin, *Ar an gCoigríoch: Díolaim Litríochta ar Scéal na hImirce* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 2008), 25–26.

³ Nick Bacon agus Xiangming Chen, *Confronting Urban Legacy: Rediscovering Hartford and New England's Forgotten Cities* (New York: Lexington Books, 2013), 1.

⁴ Paul G. Pierpaoli Jr. in Spencer C. Tucker (Editor), *American Civil War: The Definitive Encyclopedia and Document Collection* (Santa Barbara: ABC-CLIO, 2013), 419.

Phoenix Mutual Life Insurance Company ar fad lonnaithe ann. Fuair na hÉireannaigh obair sna monarchana, muilte agus comhlachtaí éagsúla, agus ina lán cásanna, cuireadh struchtúir shóisialta i bhfeidhm chun sraitheanna imirce ó ghlúin go glúin a éascú.

Bhí an Ghaeilge le feiceáil i gcathair Hartford chomh fada siar leis na 1850í. Sa bhliain 1854, mar shampla, tuairiscíodh gur thug an tUrramach George M. Welch, a bhí sa chathair leis an “American and Foreign Christian Union”, cuid de sheanmóir s’aige i nGaeilge chun na hÉireannaigh áitiúla a mhealladh.⁵ Ní go dtí an bhliain 1878, áfach, a thosaigh na hiarrachtaí chun an teanga a neartú agus a chaomhnú mar chuid lárnach den fhéiniúlacht Éireannach. Sa bhliain sin, rinneadh muintir Hartford aithris ar an dul chun cinn a bhí á dhéanamh i ngort na Gaeilge i gCathair agus Stáit Nua-Eabhrac, New Jersey, Bostún agus áiteanna eile: bhunaigh P.J. Kelleher, fear a bhí ina mhúinteoir in Éirinn, scoil Ghaeilge ar Shráid Front i lár na cathrach in Hartford agus chuir sé ranganna ar fáil don phobal saor in aisce. Tuairiscíodh gur thosaigh Kelleher agus iarmhúinteoir eile darb ainm Walter Lynch ag múineadh scríobh na Gaeilge do chainteoirí dúchais; ní raibh d’acmhainní teagaisc acu ach bailiúchán beag de leabhair Ghaeilge, lámhscríbhinní Fiannaíochta a bhí ag Kelleher féin agus leabhar urnaí Caitliceach.⁶ D’éirigh leo i dtosach, agus i gcás amháin, go deimhin, chuir dlíodóir áitiúil darb ainm Richard McCloud, nó Risteard Mac Leoid – agus a raibh baint aige leis an scoil – a chárta gnó ar fáil i nGaeilge (amharc ar Aguisín 1).⁷ Léiríonn scéal Kelleher an iarracht mhór a rinne dream beag áitiúil chun an bhearna a laghdú idir an Ghaeilge mar theanga labhartha agus mar theanga scríofa – ceist a bhí i mbéal an phobail ó d’fhoilsigh roinn Ghaeilge an *Irish American* ‘Easy Lessons in Irish’ chun an litearthacht a chur chun cinn.⁸ I ndeoise Hartford timpeall an ama sin, scríobh beirt sagart chuig an nuachtán le rá gur úsáid siad na ceachtanna chun go leor Gaeilge a fhoghlaim go bhféadfadh siad faoistin a éisteacht “*in districts in which many of the people, habitually, spoke only Irish*”⁹. Is deacair scéalta mar seo a dhearbhú, ach mheas Kelleher go raibh dosaen duine áitiúil a bhí in ann an Ghaeilge a léamh nuair a thosaigh sé an scoil in 1878 – is ionann é sin agus thart ar 2.4% den daonra iomlán a raibh Gaeilge acu sa chathair, figiúr a chuir sé ag thart ar 500 duine.¹⁰

⁵ “Letter to the Editor 1,” *Hartford Courant*, 19 Nollaig, 1854. 31. *The American & Foreign Christian Union Vol. III* (New York: American and Foreign Christian Union, 1852), 31.

⁶ “The Irish Language” agus “The Irish Language in Hartford, Conn.” *Irish American*, 17 Lúnasa 1878 agus 24 Lúnasa 1878.

⁷ *Irish American*, 13 Iúil 1878. Ba as Baile Shláine i Contae na Mí é Mac Leoid. Bhí sé iontach gníomhach i gcúrsaí Éireannacha agus cúrsaí polaitíochta in Connecticut i lár an naoú haois déag. Ar feadh píosa i lár na 1860í, bhí sé ina cheannfort ar ghluaiseacht na bhFiníní do Stát Connecticut. Tar éis dó bogadh go Hartford ó Norwich, Connecticut, i mí na Samhna 1872, ghlac sé páirt sa pholaitíocht áitiúil, ar dtús mar bhall den Pháirtí Phoblachtánach go dtí tar éis an toghcháin uachtaránachta chonspóidigh in 1876 nuair d’athraigh sé a dhílseacht go dtí an Páirtí Daonlathach. Nuair a bhris Cogadh na Talún amach in Éirinn in 1879, bhí sé ar dhuine de na ceannairí den bhrainte áitiúil de Chonradh na Talún.

⁸ Chun níos mó eolais faoi, amharc ar: Matthew Knight, ‘*Our Gaelic Department*’: *The Irish Language Column in the New York Irish-American, 1857–1896* (Tráchtas dochtúireachta, Harvard University, 2021).

⁹ “Need of Irish Schools,” *Irish American*, 30 Meán Fómhair 1895.

¹⁰ Bhí daonra 42,551 in Hartford ag an am. “Population of Connecticut Towns 1830–1890”, eolas faighte ó <https://portal.ct.gov/SOTS/Register-Manual/Section-VII/Population-1830---1890>.

Sna blianta ina dhiaidh sin, tháinig go leor inimirceach eile go Hartford agus chuir an dream nua seo go mór le pobal Gaeilge na cathrach. Mar shampla, bhog William J. Balfe, duine de na luath-athbheochantóirí ba ghníomhaí in Nua-Eabhrac, agus rúnaí ar Chumann na Gaeilge sa chathair sin, go Hartford nuair a fuair sé post úr leis an Orient Fire Insurance Company in 1902. Roimh i bhfad, bhí lámh aige i gcraobh de Chonradh na Gaeilge a bhunú sa chathair, agus toghadh é mar chéad uachtarán an bhrainte. Chruthaigh an Conradh saol sóisialta do na Gaeil idir óg agus aosta, ag eagrú imeachtaí le léachtaí ar chúrsaí staire, polaitíochta agus teanga, ceolchoirmeacha, agus damhsaí san áireamh. Thug Pádraig Ó hÉigeartaigh, inimirceach ó dheisceart Chiarraí a raibh cónaí air in Springfield, Massachusetts, óráid i nGaeilge ag céad chruinniú na craoibhe. Thuairiscigh an *Hartford Courant* an lá arna mhárach: “. . . *nearly everybody seemed to understand what was being said, judging by the quick responses in the way of laughter*”¹¹. Cé go raibh rath ar an chraobh sna blianta tosaigh, bhí fadhbanna acu sula i bhfad agus ba é an t-achrann idir lucht na Gaeilge agus lucht labhartha an Bhéarla sa phobal Éireannach áitiúil ba chúis leis. Bhí sé seo ar taispeáint nuair a thug uachtarán Chonradh na Gaeilge, Douglas de hÍde, cuairt ar an chathair mar chuid de thuras s’áige sna Stáit in 1905 agus 1906. Cé gur cuireadh fáilte mhór roimhe agus cé gur fhreastail slua breá díograiseach ar an léacht a thug sé in Amharclann Uí Phearsúin, ní raibh achan rud go maith ar chúla téarmaí.¹² Bhí comórtas mór idir grúpaí lán-Ghaeilge agus grúpaí Éireannacha nach raibh Gaeilge acu. Ar oíche na léachta, níor bailíodh ach \$113.85 toisc nach ndearna lucht eagraithe na hócáide aon bhailiúchán ar son an Chonartha ag deireadh na cainte mar a bhí beartaithe. Cé gur cheap De hÍde ar dtús gur dhearmad a bhí ann, fuair sé amach ó dhuine de na heagraithe ón chraobh áitiúil gur ghníomh sabaitéireachta é toisc gur thit na grúpaí amach lena chéile díreach roimh an imeacht.¹³ Theip ar an chraobh sa chathair go gairid ina dhiaidh sin ach athbhunaíodh an grúpa cúpla bliain níos déanaí. Bhí fiche ball i láthair ag an chéad chruinniú de chuid an ghrúpa nua sa bhliain 1908, ach tháinig níos mó ná seachtó duine chuig an dara ceann a bhí acu.¹⁴

¹¹ “Gaelic League – Movement Gets a Good Start in this City,” *Hartford Courant*, 16 Samhain, 1903; Le níos mó ar Phádraig Ó hÉigeartaigh agus dá ghníomhaíochta teanga in Springfield, Massachusetts, amharc ar Shíobhra Aiken, *Pádraig Ó hÉigeartaigh: File, Gael agus Deoraí Springfield, Mass.* (Tráchtas M.A. neamhfhoilsithe, OÉ Gaillimh, 2015)

¹² “Dr. Douglas Hyde Coming: President of Gaelic League to Speak in Hartford,” *Hartford Courant*, 23 Deireadh Fómhair, 1905; “Dr. Douglas Hyde Speaks for Gael,” *Hartford Courant*, 28 Samhain, 1905.

¹³ Janet Egleson Dunleavy agus Gareth W. Dunleavy, *Douglas Hyde: A Maker of Modern Ireland* (Berkeley: University of California Press, 1991). 268; Douglas Hyde, Liam Mac Mathúna srl. (eagí), *My American Journey (Mo thuras go Meiriceá)* (Dublin: University College Dublin Press, 2019), 17–18.

¹⁴ “I Meiriceá,” *An Claidheamh Soluis*, 31 Deireadh Fómhair, 1908.

Ag an am sin agus Conradh na Gaeilge ag teacht i dtreis sa chathair, thug cúigear de naonúr clainne Mhichíl Uí Chatháin agus Mháire Ní Dhuinnshléibhe, as an Bhlascaod Mhór, aghaidh ar Hartford idir na blianta 1899 agus 1906.¹⁵ Gan dabht, bheadh fáilte mhór rompu óna gcomhoileánaigh i nGleann Abhainn Connecticut, mar ar chuir siad fúthu. Bhí iníon níos óige acu chomh maith, agus lean sí na páistí eile go Hartford i samhradh na bliana 1925.¹⁶ Ar theacht chun an cheantair di, fuair sí post mar sheirbhíseach i gceann de thithe na nGael-Mheiriceánach saibhir; an Seanadóir George McLean san áireamh. Níorbh fhada go bhfuair sí post mar oibrí meaisín leis an Royal Typewriter Corp, áit ar oibrigh sí go raibh aois an phinsin aici.¹⁷ Chuaigh cúigear de sheachtar clainne an Bhlascaodaigh Cáit Mhicí Ní Chatháin agus a fear Seán Ó Conchúir ar imirce go Hartford sa tréimhse chéanna. Ag cur síos dó ar na gréasáin tacaíochta a bhí in Hartford do mhuintir Uí Chonchúir, míníonn an scríbhneoir Gerald Hayes go raibh cáil níos déanaí ar dhuine de mhuintir Uí Chonchúir, Máire, agus a fear céile, Patrick Landers, as Dún Chaoin, as lóistín agus cabhair a thairiscint d'imircigh óga a rinne an turas imirce céanna ó na Blascaodaí go Hartford.¹⁸

Níos fearr ná aon chuntas eile, b'fhéidir, tugann Méiní Uí Dhuinnshléibhe nó 'banaltra an Bhlascaoid' léargas iontach ar ghnáthshaol na n-inimirceach óg Gaelach sa chathair ag deireadh an naoú haois déag. Chuaigh Méiní go Hartford in 1891, áit ar chónaigh sí lena haintín agus a fear céile, as Corca Dhuibhne, ar Shráid Front – an áit chéanna ina raibh Scoil Ghaeilge Kelleher na blianta roimhe sin. Fuair sí post le Weed Sowing Machine Company, áit ar oibrigh sí ar feadh 56 uair an chloig in aghaidh na seachtaine ar mheaisín snátha.¹⁹ Obair chrua leamh a bhí ann, gan dabht, ach bhí saol sóisialta bríomhar aici d'ainneoin na n-uaireanta fada a chaith sí sa mhonarcha. Bhí halla damhsa Éireannach mar chroílár a saoil shóisialta ann agus ba ansin a ghlac sí páirt sa chaitheamh aimsire ab fhearr léi: an chliúsaíocht, nó 'ag buachailling' mar a chuir sí féin air.²⁰ Nuair a bhí mé i mo pháiste i gceantar Hartford le linn na 1990í, d'úsáideadh mo mháthair chríonna téarma mar seo a bhí idir Gaeilge agus Béarla: 'ag céirseaching' an focal a d'úsáideadh sí chun cur síos a dhéanamh ar nós na cuartaíochta a bhí i dtreis fós sa phobal Gael-Mheiriceánach áitiúil.

D'éirigh Méiní cairdiúil le cailín óg eile as an Bhlascaod agus ba chúis mhór spraoi dóibh freastal ar na damhsaí agus comhluadar na bPolannach a choinneáil, nó 'na Polanders' mar a chuir Méiní orthu. Ach sa deireadh, b'fhear as Corca Dhuibhne a tharraing a haird agus

¹⁵ Gerald Hayes, Eliza Kane, *The Last Basket King: Pádraig Ó Catháin, an Rí* (Cork: Collins Press, 2015), 66.

¹⁶ National Archives at Boston; Waltham, Massachusetts; ARC Title: *Petitions and Records for Naturalization, 10/1911 - 9/1991*; NAI Number: 615479.

¹⁷ *Connecticut Death Index, 1949–2001* (Hartford, CT, USA: Connecticut Department of Health). Amharc freisin ar: "Fógra báis Elizabeth (Keane) Brett," *Hartford Courant*, 8 Márta, 1997.

¹⁸ Gerald Hayes agus Elizabeth Kane, *The Last Basket King: Pádraig Ó Catháin, An Rí*, 62.

¹⁹ Leslie Matson, *Méiní: The Basket Nurse* (Cork: Mercier Press, 1996), 139.

²⁰ *Ibid.*

tugann sí fios go labhraíodh siad idir Bhéarla agus Ghaeilge le chéile de réir mar a bhuaileadh an fonn iad. Ach roimh i bhfad, d'éirigh Méiní dubh dóite den saol in Hartford agus d'fhill sí ar Chiarraí aisti féin.²¹ Duine de na hoileánaigh eile a chuaigh ar imirce go Hartford ná Mícheál Ó Guithín, mac leis an scéalaí Peig Sayers. Chaith sé thart ar dhá bhliain sa chathair sna 1930í, thart ar an am a raibh an Spealadh Mór ag cur drochbhaile ar an tír. Agus é ag caint leis an bhéaloideasáí Bo Almqvist blianta níos déanaí, luaigh sé go raibh an Ghaeilge ina teanga labhartha ag cuid mhór den phobal agus nár labhair sé “Béarla ann ach go hannamh”. D’airigh sé, áfach, nárbh fhéidir atmaisféar a áite dúchais a athchruthú agus “bhraith sé uaidh an comhrá agus an chuideachta a bhí ar an Oileán”²². Dúirt sé gur chluichí cártaí agus “ólachán” na caithimh aimsire ba mhó ag na Gaeil in Hartford. Ní bhíodh an “scéalaíocht ar siúl ach go fíorannamh”, ach “bhain sé compord agus sásamh as”²³; mar shampla, fuair sé scéal in Hartford ó fhear as Dún Chaoin darbh ainm Seán Ó Scanláin a bhí pósta lena aintín Siobhán ‘Flint’ Ní Ghuithín. Thug Ó Guithín an scéal seo ar ais leis nuair a d’fhill sé ar Éirinn, agus cuireadh é le stór scéalta a mháthar, rud a léiríonn tionchar an diaspóra ar na pobail in Éirinn.

Nuair a bhí an scríbhneoir Negley Farson ag cur síos ar na Blascaodaí sna 1920í, dúirt sé, “*The names of New York, Hartford and Springfield, Mass., were much nearer to the people of the Blaskets and the lives lived there more understood than was anything connected with Dublin*”²⁴. Bhí cáil chomh mór sin ar phobal Éireannach Hartford, go deimhin, gur mhinic le polaiteoirí agus pearsana mór le rá – leithéidí Éamoinn De Valera (a raibh gaolta leis in Hartford), Seán Ó Ceallaigh, Liam Ó Maoilíosa, Muriel MacSwiney agus Bean Mhic Phiarais – cuairt a thabhairt ar Hartford agus iad ar camchuairt ar na Stáit. Bhaist an scríbhneoir Seán Ó Caomhánaigh, nó Seán a’ Chóta mar a tugadh air, “Áth an Fhiadha” ar an chathair nuair a bhí sé ar cuairt ar a chol ceathracha ann.²⁵ Cé go bhfuil figiúirí daonáirimh casta ó thaobh na staire de, léiríonn daonáireamh Hartford na bliana 1920 gur thug 1.0% de phobal na cathrach le fios gurbh í an Ghaeilge an phríomhtheanga a bhí acu. Is ionann sin agus thart ar 25% den dream a rugadh in Éirinn (amharc ar Aguisín 2). Nuair a thug Dominick De Lucco, Méara Hartford, cuairt ar Bhaile Átha Cliath níos mó ná tríocha bliain ina dhiaidh sin in 1954, dúirt sé gur Éireannaigh a bhí in 30% de dhaonra na cathrach ag an pointe sin.²⁶ Is deacair cruinneas an eolais a mheas mar gheall gur daoine a rugadh in Éirinn agus a sliocht araon a bhí i gceist aige. Ach nuair a bhí an craoltóir raidió agus scríbhneoir Proinsias Mac Maghnuis ar cuairt

²¹ Ibid, 142. Le níos mó a léamh faoi Mhéiní, amharc ar: <https://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=731>.

²² Bo Almqvist, “Scéal an Ghiúdaigh,” *Sinsear*, No. 2, 1980, 8.

²³ Ibid, 8.

²⁴ Negley Farson, *The Way of a Transgressor* (London: The Camelot Press, 1935), 536.

²⁵ Mícheál Ó Catháin, *Dialann Phríosúin Sheáin ‘a Chóta* (Tráchtas PhD neamhfhoilsithe, OÉ Má Nuad, 2015), 49. Amharc fosta ar “Seán Kavanagh Dies in Éire; Cousins Here,” *Hartford Courant*, 29 Eanáir 1947. Bhí cónaí ar ceithre col ceathrar leis (as Cloichear, Dún Urlann, Co. Chiarraí) in Hartford.

²⁶ “Mayor of American city visits Dublin,” *Irish Times*, 31 Lúil, 1954.

sna Stáit an bhliain roimhe sin agus é ag iarraidh caint le duine de na Blascaodaigh, luaigh sé go raibh stádas ar leith ag Hartford in Éirinn agus í mar “cheann scríbe ag roinnt mhaith daoine ó Dhún Chaoin”²⁷. Go deimhin, lean trácht na himirce ó cheantair Ghaeltachta go Hartford ar aghaidh ar feadh i bhfad ina dhiaidh sin.

Bunaíodh an Metropolitan District Hartford, Connecticut, nó an MDC, an t-údarás uisce i gCathair Hartford in 1929, agus thug sé spreagadh nua don phobal. Chuir siad tús le tógáil an Barkhamsted Reservoir in 1931, an taiscumar ba mhó sa stát agus toilleadh 30 billiún galún ann. Ina theannta sin, thóg siad monarcha mhór phróiseála ar imeall na cathrach in 1938 agus damba mór in 1940. Sa tréimhse díreach i ndiaidh an Dara Cogadh Domhanda, bhí Hartford agus a bhruachbhailte ag fás go tréan agus mar sin de, bhí mórán oibre thart a bhain le córais uisce, córais séarachais agus obair thógála níos ginearálta.²⁸ Tarraingíodh ar naisc imirce a bhí ann, go háirithe i gCiarraí, chun poist bhreise a líonadh. Mar a dúirt iar-riarthóir leis an MDC, John McAuliffe, liom:

The boys always came over from Dingle and West Kerry. If you were a foreman and you needed some help, they'd write back to Ireland and say, 'you want to come over and work?' And that's how they'd get the sponsorship to come over, and they'd go to work for the MDC. If you go walk through Dingle and look at the names on the stores, it reads just like the old MDC registry²⁹.

Mar gheall ar an nasc láidir idir Ciarraí agus Hartford, bunaíodh an Hartford Kerry Social Club luath sna 1920í, agus an Kerry Ladies' and Men's Association in 1930. Bhí oibrí MDC, Patrick O'Neil, as Cathair Saidhbhín ó dhúchas, i measc na mbunaitheoirí. Labhraíodh Gaeilge ag gach imeacht agus nuair a toghadh Johnnie Daly ina leasuachtarán – stócach arbh as Dún Chaoin dá thuismitheoirí – tuairiscíodh ar an *Kerry Reporter*, “Born in Hartford...He can speak the Irish language fluently, dance the Irish dances, and anything else that comes his way”³⁰.

Níorbh as Iarthar agus Deisceart Chiarraí amháin a tháinig inimircigh Hartford, áfach. Tá nasc láidir idir príomhchathair Connecticut agus na hOileáin Árann fosta. De réir chuimhne an phobail, chuir muintir na n-oileán fúthu in Hartford de bharr stailc bus a bhí ar siúl sa stát le linn na 1950í.³¹ Ag an am sin, bhí beirt deartháireacha (ar chúpla iad) as Inis Meáin, Cóilín Pheaitsín Mhéiní agus Neidín Pheaitsín Mhéiní, ina gcónaí in Milford, Connecticut, áit a raibh obair thógála ar siúl acu.³² Shocraigh siad bogadh go Bostún mar a raibh go leor

²⁷ Proinsias Mac Maghnúis, *Seal ag Ródaíocht* (Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 1955), 231.

²⁸ “History – Metropolitan District Hartford,” eolas faighte ó <https://themdc.org/about-us/history>.

²⁹ John McAuliffe faoi agallamh ag Pádraig Fhia Ó Mathúna, 25 Feabhra, 2016.

³⁰ “Kerry Doings in Hartford, Conn. U.S.A.,” *Kerry Reporter*, 26 Lúil, 1930; *Kerryman*, 26 Lúil, 1930.

³¹ Bean 1 as Inis Meáin, Bean 2 as Inis Meáin agus Fear 1 as Inis Oírr faoi agallamh ag Pádraig Fhia Ó Mathúna, 17 Bealtaine 2019.

³² *Milford, Connecticut, City Directory*, 1955, 300.

de mhuintir Árann rompu. Ach d'fhág stailc bus nach raibh siad in ann dul chomh fada le Bostún. Bhí siad sáinnithe i gCathair Hartford agus léiríonn taifid eadóirseachta go raibh siad ina gcónaí in Oirthear Hartford faoi mhí na Samhna 1956.³³ Ag amharc ar amlíne na staire, thosaigh an stailc ag tús na míosa sin, agus mar sin, tá gach cosúlacht ar an scéal go raibh an mhoill taistil ar cheann de na cúiseanna gur fhan siad in Connecticut, go sealadach ar a laghad.

Ach ina theannta sin, leaindeáil siad isteach ag am tráthúil. Mar chuid den Federal Aid Highway Act in 1944, bhí plean ag an rialtas feidearálach feabhas a chur ar na mótarbhealaigh ar fud na tíre agus iad ag iarraidh an t-infreastruchtúr míleata a fhorbairt le linn an Dara Cogadh Domhanda. Cuireadh leis an scéim feabhsúcháin seo sa tréimhse iarchogaidh le leasúcháin in 1952, 1954 agus arís in 1956.³⁴ Bhí méadú ar chionroinnt bhóthar in Hartford agus an ceantar máguaird: tógadh bealaí imlíneacha timpeall na cathrach, mótarbhealach an I-84 idir Danbury agus Hartford agus an I-91 idir Hartford agus Springfield san áireamh. Thosaigh na deartháireacha ag obair, agus faoi Mheitheamh 1965, chomhbhunaigh Cóilín comhlacht tógála, 'Davoren & Conneely Construction', le hoileánach eile as Inis Oírr, Joe Davoren. Thacaigh bean Joe Davoren, Máire, leis an leagan den scéal atá i gcuimhne an phobail. Agus í ag cur síos ar an fháth ar bhog sí agus a fear ó Bhostún go Connecticut nuair a scaoileadh amach ón arm é tar éis chogadh na Cóiré in 1953, luaigh sí: "[Nuair] a chuardar amach ar *service* bhí an obair *gone* a bhfuil fhios agat. *Their type of work you know*, bhí sé *gone* agus tháinneadar isteach to Milford, Connecticut... *So that's it, then they started business for themselves, with the shovels they started buying machines and things you know, and here we are ever since*"³⁵.

Sna blianta ina dhiaidh sin, cruthaíodh nasc láidir imirce idir na hoileáin agus Hartford agus tháinig níos mó ná 25 duine óg chun na háite. Bhí dúshláin níos mó le sárú ag na hoileánaigh ná mar a bhí ag muintir Chiarraí: ní raibh aon Bhéarla ag cuid mhór díobh agus iad óg. Mar a dúirt bean amháin as Inis Meáin a tháinig anall sa bhliain 1959: "...bheadh náire ort a bheith ag labhairt i nGaeilge. Mar cheap tú nach raibh tú really 'fitáil isteach an chaoi ba cheart duit a bheith nuair nach raibh an Béarla agat. So chuir sé 'feeláil thú kind of *down*, síos... nuair a d'fhág mé Inis Meáin, bhí sé an-deacair gan a bheith in ann Béarla a labhairt, agus thóg sé blianta *really*, é a phiocadh suas. *But you have to want to*". Thug sí le fios go raibh an fhadhb chéanna ag go leor de na hoileánaigh eile ag an am agus iad ag dul ar shlí

³³ National Archives and Records Administration (NARA); Washington, D.C.; *Indexes to Naturalization Petitions for United States District Courts, Connecticut, 1851-1992 (M2081)*; Microfilm Serial: M2081; Microfilm Roll: 24

³⁴ 'DOT History', eolas faighte ó <https://portal.ct.gov/DOI/General/History/Chapter-7-DOT-History>.

³⁵ Máire Davoren faoi agallamh ag Brenda Ní Shúilleabháin, 2009.

na n-imirceach: “[Daoine] as na hoileáin...bhí an *problem* céanna acu...mar ní raibh aon Bhéarla á labhairt ar Inis Meáin an uair sin. B’fhéidir go raibh duine nó beirt a raibh raidió acu, [ach] ní raibh mórán *radios* ann an uair sin.”³⁶

Ach cosúil le Méiní Uí Dhuinnshléibhe beagnach caoga bliain roimhe, maolaíodh an t-uaigneas agus na fadhbanna teanga nuair a d’fhreastail na Gaeil ar imeachtaí a chuir club sóisialta na nGael-Mheiriceánach ar fáil. Bunaíodh an “Irish Club” nó an “Irish American Home Society” in 1944 nuair a rinneadh cónascadh idir go leor grúpaí Éireannacha sa chathair, an Kerry Ladies’ and Men’s Association san áireamh. Sula i bhfad, lonnigh siad ar Shráid Grove i lár chathair Hartford, ach bogadh an club go bruachbhaile darb ainm Glastonbury sa bhliain 1967 nuair a d’éirigh an eagraíocht rómhór d’fhoirgneamh s’acu. Ba mhínic a luaigh pobal na Gaeltachta é mar chroílár shaol sóisialta s’acu sna laethanta a bhí. Ag cur síos dó ar ghnáthóiche sa chlub nuair a bhain sé Hartford amach, dúirt fear amháin as Inis Oírr³⁷:

An t-am sin is cuimhin liom go maith, bhí seomra leis an mbar ann agus ansin bhí an *lounge* ann, agus chuile *weekend*, cúpla bord agus muintir Chiarraí agus muintir na n-oileáin ina suí in éineacht...bhí mórán Gaeilge ag muintir na n-oileán agus muintir Chiarraí [ach] ní raibh Gaeilge ag éinne eile.

Dúirt an bean chéanna a tháinig ó Inis Meáin in 1959³⁸:

...bhí chuile duine ag dul go dtí an *club* céanna agus bhí go leor ag teacht anoir as Éirinn agus sin é an chaoi chuile duine ag an *generation* sin a mheetáil chuile duine a chéile. Mar bhí chuile duine ag dul ag an damhsa chuile *weekend* ag an Irish Club in Hartford.

Chuimhnigh bean eile arbh as Iarthar Chiarraí di agus a bhí pósta le fear as Inis Oírr: “Bhí sé thíos downtown i Hartford, agus bhí sé go deas you know. Bhíodh damhsaí ann i gcónaí agus bhíodh *music* acu, *accordion* agus *violin* nó band.”³⁹ Luaigh cuid mhór de na hagallaithe nach raibh siad in ann an chanúint eile a thuiscint (Gaeilge na Mumhan nó Gaeilge Árann nó *vice versa*) agus mar gheall air seo, mar a dúirt bean as Inis Meáin, “*When we were speaking with the Kerry people, most of the time it was probably in English because we couldn’t understand*

³⁶ Bean 3 as Inis Meáin faoi agallamh ag Brenda Ní Shúilleabháin, 2009. Chuir sí leis seo nuair a bhí sí faoi agallamh liom in 2019. Ag an am sin, dúirt sí: “*It was awful, I came here at seventeen, and that was my first time leaving the island. I felt like, ‘Oh my God’, like a two-year-old going out into the world having no English. It’s the worst thing in the world if you can’t communicate with people, and especially when you’re a teenager because you’re so self-conscious anyway and afraid to say something where people might begin to laugh at you. I found it very very hard.*” Bean 3 as Inis Meáin faoi agallamh ag Pádraig Fhia Ó Mathúna, 19 Bealtaine 2019.

³⁷ Fear 1 as Inis Oírr faoi agallamh ag Pádraig Fhia Ó Mathúna, 17 Bealtaine 2019.

³⁸ Bean 3 as Inis Meáin faoi agallamh ag Brenda Ní Shúilleabháin, 2009.

³⁹ Máire Davoren faoi agallamh ag Brenda Ní Shúilleabháin, 2009.

*their Gaelic, it was just so different*⁴⁰. Ar an phointe chéanna, dúirt fear as Iarthar Chiarraí atá pósta le bean as Árainn: “*I think they were happy to speak English as well because they were trying to learn it [at the time]*”⁴¹. Ní hamháin go raibh damhsaí agus ceol ag an chlub, bhí foireann peil ghaelach bainteach leo fosta agus bhí an Ghaeilge le cluinstit i measc na n-imreoirí ar an pháirc. Dar ndóigh, nuair a bhuaigh an club craobhchomórtas náisiúnta Mheiriceá Thuaidh in 1968, bhí ceathrar cainteoirí dúchais san áireamh as ceithre imreoir déag; beirt deartháireacha as Inis Meáin, agus beirt Chiarraíoch, an Gael aitheanta, Mícheál “Toose” Mac Gearailt as Corca Dhuibhne agus Seán Ó Súilleabháin as Baile an Sceilg i nGaeltacht Uíbh Ráthaigh (amharc ar Aguisín 3).⁴² Bhíodh lá spóirt ag an chlub gach bliain fosta agus ba é “tarraingt na téide” an cluiche ba mhó a thaitin le muintir na háite. Dar le tuairisc amháin ón bhliain 1966, bhí na “*Aran Islanders, led by big Pat Conneely*” ina síorsheaimpíní ar an chomórtas.⁴³

I samhradh na bliana 1950, tháinig teaghlach as Fionntrá go Hartford agus beirt pháistí acu, Fionán, trí bliana d’aois, agus Odhrán, dhá bhliain d’aois.⁴⁴ Ba í an Ghaeilge an phríomhtheanga i dteach s’acu in Éirinn. Ach nuair a shocraigh siad isteach ar an taobh theas de chathair Hartford, thosaigh na buachaillí ag freastal ar scoil Naomh Augustine agus thiontaigh na tuismitheoirí ar an Bhéarla, seachas le linn urnaí an tráthnóna. Mar a dúirt Maura, an tríú páiste agus an t-aon duine acu a rugadh i Meiriceá⁴⁵:

In the home, and this was really annoying to us as kids, when they didn’t want us to know what they were saying (my grandmother came from [Kerry] with them too, my mother’s mother), the three of them would speak in Irish.

Is minic a chluintear scéalta cosúil leis seo ón dara glúin. Is léir gur mhothaigh go leor acu nach raibh an teanga feiliúnach do shaol Mheiriceá. Mar a mhínigh bean eile as bruachbhaile Hartford agus í ag caint faoina máthair a rugadh i nGaeltacht Chiarraí⁴⁶:

...Even though she appreciated that she spoke Gaelic, she didn’t see it as necessary over here in the United States. I think as she got older she often said that she wished she had talked it more to us, that she had taught it to us from the time we were small, but I think she was afraid that we might not do as well as other children of parents who only spoke English.

⁴⁰ Bean 3 as Inis Meáin faoi agallamh ag Pádraig Fhia Ó Mathúna, 19 Bealtaine 2019.

⁴¹ Fear 1 as Daingean Uí Chúis faoi agallamh ag Pádraig Fhia Ó Mathúna, 19 Bealtaine 2019.

⁴² “In the Big One,” *Hartford Courant*, 28 Lúil 1968.

⁴³ “Hartford Gaelic Club Schedules Field Day,” *Hartford Courant*, 29 Lúil, 1966.

⁴⁴ 1950; Arrival: *New York, New York*; Microfilm Serial: T715, 1897-1957; Microfilm Roll: Roll 7914; Line: 16; Page Number: 114.

⁴⁵ Maura O’Connor faoi agallamh ag Pádraig Fhia Ó Mathúna, 15 Bealtaine 2019.

⁴⁶ Bean 1 as cheantar Hartford faoi agallamh ag Brenda Ní Shúilleabháin, 2009.

B’amhlaidh an scéal é ag an drongadóir agus smuigléir gunnaí mór le rá, Pat Nee, a rugadh i Ros Muc ach chuaigh ar imirce go Bostún agus é óg⁴⁷:

Most of the time we spoke English, because Aunt Barbara and Ma thought we should get accustomed to American culture... [Though] Even as a young boy I felt safe hearing Gaelic songs filtering into the darkness of my bedroom. It kept Ireland close to me.

Tharla an rud céanna leis na Súilleabhánaigh. Cé gur chainteoirí dúchais a bhí sna páistí óga, bhí siad in amhras faoina bhféiniúlacht; ba chomhartha í an Ghaeilge den seansaol in Éirinn. Leoga, d’athraigh siad a n-ainm ó Odhrán go ‘John’ agus ó Fhionán go ‘Pat’ (nó ‘F. Patrick’ nuair a bhí sé níos sine). Mar a dúirt a ndeirfiúr⁴⁸:

my mom would often argue with him that Fionán was such a beautiful name, because it meant ‘fair’ or ‘fair-haired’ and he would say, ‘yeah, well maybe it’s beautiful, but you didn’t have to grow up in America, especially in an Italian neighbourhood in Hartford with a name like that’.

Ach bhí fadhbanna mar seo ann, maidir le comhshamhlú, fiú i bpócaí Éireannacha sna Stáit. Thug Nee le fios go ndearna na páistí eile bulaíocht gan taise air mar gheall ar an bhlas Ghaelach a bhí ar a chuid cainte agus an stad a bhí aige sa chaint freisin agus é fós ag foghlaim canúint Bhéarla Bhostúin.⁴⁹ Bhí an taithí chéanna ag ‘John’ agus ‘Pat’ agus stop siad ag labhairt Gaeilge roimh i bhfad. Ach cé go ndúirt siad gur chaill siad a gcuid Gaeilge ag an phointe sin, bhí sí fós acu ar feadh píosa ar a laghad. In 1959, nuair a bhí Odhrán trí bliana déag d’aois, thug an scéalaí cáiliúil as Tír Chonaill, Séumas Mac Maghnúis, léacht do dhaltai ó Scoil Naomh Augustine i mbrainse de leabharlann na cathrach ar Champfield Avenue.⁵⁰ De réir na dtuairiscí nuachtáin⁵¹,

[MacMaghnúis] was even more surprised when the boy began to talk. John P. O’Sullivan...welcomed MacManus on behalf of the children. MacManus thanked John. Everybody also heard it, but none

⁴⁷ Patrick Nee le Richard Farrell agus Michael Blythe, *A Criminal & an Irishman: The Inside Story of the Boston Mob-IRA Connection* (Hanover: Steerforth press), 29.

⁴⁸ Maura O’Connor faoi agallamh ag Pádraig Fhia Ó Mathúna, 15 Bealtaine 2019.

⁴⁹ Patrick Nee with Richard Farrell agus Michael Blythe, *A Criminal & an Irishman: The Inside Story of the Boston Mob-IRA Connection*, 31.

⁵⁰ Bhí cleachtadh maith ag MacMaghnúis ar Hartford roimhe seo, mar thug sé léacht ar ‘grinn na nGael’ faoi choimirce an craobh áitiúil de Chonradh na Gaeilge in 1906 agus ceann eile ag ardscoil East Hartford in 1920.

⁵¹ “Chat in Gaelic Greek to Others,” *Hartford Courant*, 20 Samhain, 1958. Amharc fosta ar “Irish Storyteller Enthralls Children Here,” *Hartford Courant*, 23 Samhain, 1958.

understood. [O’Sullivan] and MacManus were carrying on their chat in Gaelic. [O’Sullivan’s] parents try to keep him up on the ancient Gaelic tongue.

Gan dabht, próiseas casta is ea an dátheangachas agus chreid go leor de na hinimircigh in Connecticut an tráth úd, idir óg agus aosta, go gcuirfeadh an teanga bac ar dhul chun cinn na bpáistí sna Stáit Aontaithe. Ach tchítear go bhfuil dearcadh nua ag cuid mhór acu na laethanta seo maidir leis an tríú glúin. Luaigh bean as Inis Meáin nach raibh Béarla ar bith aici nuair a bhain sí Hartford amach go bhfuil aiféala uirthi nár chuir sí féin agus a fear, Ciarraíoch, an teanga ar aghaidh: “Tá brón orm nár mhúin mé dhóibh [a páistí] í. Even anois nuair a bhíonn mé babysitteáil le mo *grandchildren* bíonn mo *son-in-law* ag rá liom ‘Múin Gaeilge dhóibh’, but ní bhíonn siad ag tabhairt aon aird orm. Bíonn siad... is dócha nach bhfuil sé ag soundáil ceart dhóibh. Ach dá gcoinneofá á rá i gcónaí *you know it would grow on them, you know.*”⁵² Mar an gcéanna, dúirt bean eile as Iarthar Chiarraí a thug aghaidh ar bhruachbhaile in Hartford óna 1950í, agus í ag comhrá le Brenda Ní Shúilleabháin in 2009⁵³:

...Dá ndéanfainn arís é, I’d make sure that they could understand me anyhow. If they didn’t even speak it, that they could understand me. But it’s too late now. I have one little grandson, he’s very small. I brought him a book from Ireland, an Irish dictionary. And he’s trying to learn it from there.

Bhí an t-aiféala céanna ar fhear lenár labhair mé as Inis Meáin a thug aghaidh ar Hartford in 1958⁵⁴:

My son doesn’t speak Irish. We never spoke Irish to each other in the house to tell you the truth. I have two grandkids now alright that have a few words. “Cén chaoi a bhfuil tú? Go maith, cén chaoi a bhfuil tú féin? Lá breá ‘sea muis” but we didn’t speak it in the house at all [with my son]. I don’t know if it was because of the different types of Gaelic, but we just didn’t.

Nuair a bhí Ní Shúilleabháin ag cur agallaimh ar mhuintir na Gaeltachta i gCathair Hartford, bhí bean as bruachbhaile Hartford agus a hiníon óg i measc na ndaoine a chuir sí faoi agallamh. Bhí a hathair ar na chéad Bhlascaodaigh a tháinig go Hartford. Thug sí le fios gur chuala sí scéalta faoina huncail, an t-údar agus t-oileánach mór le rá, Seán Sheáin Í Chearnaigh, agus na scéalta cáiliúla a tháinig óna pheann.⁵⁵ Chomh maith leis sin, chuir sí síos ar na cuairteanna coitianta a thugadh sí ar thigh Helen Goithín Copley in Litchfield,

⁵² Bean 3 as Inis Meáin faoi agallamh ag Brenda Ní Shúilleabháin, 2009.

⁵³ Bean 1 as Chorca Dhuibhne faoi agallamh ag Brenda Ní Shúilleabháin, 2009.

⁵⁴ Fear 1 as Inis Meáin faoi agallamh ag Pádraig Fhia Ó Mathúna, 17 Bealtaine 2019.

⁵⁵ Le níos mó a léamh faoi Sheán Sheáin Í Chearnaigh, amharc ar: <https://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=1638>.

Connecticut, agus í óg. Ba í Helen an iníon ab óige leis an scéalai Peig Sayers. Dúirt sí, “*we would always visit them and they would have parties and talk and everyone would speak Irish...*”⁵⁶ Nuair a cuireadh ceist uirthi faoin chaighdeán Ghaeilge a bhí aici féin, thug sí an freagra céanna a thugann go leor de mhuintir na dara glúine: “*I have very very little Irish, just a little bit. I could just probably manage through a really short conversation.*”⁵⁷ Luaigh sí fosta gur “*three-quarters Island woman*” atá ina hiníon féin, mar tá seantuismitheoirí aici as Inis Oírr agus Inis Meáin, agus seanathair as an Bhlascaod. Níl aon Ghaeilge aici, áfach.

Níor chuala mé ach cás amháin inar cuireadh an Ghaeilge ar aghaidh. Sa chás sin, dúirt lánúin as Inis Meáin agus Inis Oírr go labhródh a n-iníon a rugadh agus a tógadh i gceantar Hartford an Ghaeilge “chomh maith linn féin”. Ach, dúirt siad liom nár labhair siad féin Gaeilge léi mórán sa teach, cé gur Gaeilge a labhair siad lena chéile. Fuair an iníon a cuid Gaeilge le linn di a bheith ar saoire ar an oileán agus í ag caint lena mamó agus í ag obair in óstán ar Inis Meáin. Ní raibh an taithí chéanna ag a beirt deirfúracha níos óige agus cé go “*dtuigeann*” siad an teanga, “*níl siad in ann í a labhairt*”.⁵⁸ Tacaíonn na samplaí seo ó Hartford leis an mhéid a deir Brian Ó Broin faoi nósanna teanga lucht na Gaeltachta i Meiriceá Thuaidh: “*...cé go labhraíonn [siad] Gaeilge eatarthu féin (más as an gceantar Gaeltachta céanna iad), tá sé beagnach ina dhúnghaois acu gan Gaeilge a labhairt lena bpáistí.*”⁵⁹ Seo pointe a bhí ag an teangeolaí Tomás Ó h-Íde fosta: “*...recent immigrants rarely pass the language on to their children, with the result that the language dies out in a generation*”⁶⁰. Léiríonn cás na Súilleabhánach in Hartford agus Pat Nee i mBostún go bhfuil tionchar mór ag piarbhrú ar rogha teanga na bpaistí fosta; ní cinneadh na dtuismitheoirí amháin atá ann.

Ag cur síos dó ar imirce mhuintir na Gaeltachta agus cúrsaí teanga, scríobh Michael Foy san *Irish Times* in 1965: “*the men find jobs in construction schemes; the girls in hospitals, cotton mills or light engineering factories. The Gaeltacht people marry among themselves, but their language is lost, as a rule, in a single generation*”⁶¹. Ceithre bliana ina dhiaidh sin, tháinig pobal Chonamara i mBostún le chéile chun an imirce agus polasaithe an rialtais i leith na Gaeltachta a phlé. Dar le duine den lucht eagair, Proinsias Mac Aonghusa, gur mheasa seasamh rialtais na hÉireann i leith na himirce ná aon rud a bhí déanta ag an “rialtas seicteach” ar an taobh eile den teorainn.⁶² Sna cúig bliana is fiche tar éis an chruinnithe sin, d’fhág 25,000 cainteoir

⁵⁶ Bean 2 as cheantar Hartford faoi agallamh ag Brenda Ní Shúilleabháin, 2009.

⁵⁷ Ibid.

⁵⁸ Bean 1 as Inis Meáin agus Fear 1 as Inis Oírr faoi agallamh ag Pádraig Fhia Ó Mathúna, 17 Bealtaine 2019.

⁵⁹ Ó Broin, “Anailís ar Phobal Labhartha agus Spriocphobail Labhartha na Gaeilge i Meiriceá Thuaidh,” 56.

⁶⁰ Tomás W. Ó h-Íde, “Emancipation through Exile: Irish Speakers in the Americas,” in Michael Newton (Eag.) *Celts in the Americas* (Sydney, Nova Scotia: Cape Breton University Press, 2013), 71.

⁶¹ Michael Foy, “Gaels and Strangers,” *Irish Times*, 15 Deireadh Fómhair, 1965.

⁶² “All-Irish meeting in Boston,” *Irish Times*, 4 Aibreán, 1969. Le níos mó ar mhuintir Chonamara i mBostún, amharc ar: Máirtín Ó Catháin, *Conamara agus Boston: Tríocha Bliain Anonn agus Anall* (Indreabhán: Cló

dúchais eile slán le Conamara.⁶³ Ag scríobh thart ar an am sin, chuir an scannánóir Bob Quinn síos ar dhearcadh na ndaoine ar an Cheathrú Rua i leith an nóis seo: “B’shin é an saol. B’shin é an chaoi.”⁶⁴ Is sampla iontach í cathair Hartford den chomhrá seo faoin eisirce agus an Ghaeilge mar cheann de na “Gaeltacht(aí) thar sáile”, mar a thug an *Irish Times* ar na cathracha a raibh naisc láidre stairiúla acu le ceantair Ghaeltachta. Ach tchímid forbairt nua sa scéal tragóideach seo le déanaí. Bíonn na nuachtáin breac le tuairiscí báis agus tá go leor den ghlúin a tháinig sna 1940í, 50í agus 60í imithe ar shlí na fírinne anois.⁶⁵ Tráchtann Ó Broin ar an treocht seo. Ag cur síos dó ar an dóigh ar thit an líon a bhí “ag labhairt Gaeilge sa bhaile” sna Stáit ó 25,870 sa bhliain 2000 go 22,279 sa bhliain 2008, tugann sé le fios gur “cainteoirí dúchais mórchuid na gcainteoirí seo a tháinig go Meiriceá idir na caogaidí agus an lá atá inniu ann.” Is duairc an tuar atá aige: “Agus an pobal seo ag dul in aois, is cinnte go laghdóidh an figiúr sin go suntasach sna blianta amach anseo.”⁶⁶

I gcás dhiaspóra na Síneise agus na Mandairínise, bhí siad in ann an teanga a chaomhnú thar lear in ainneoin réamhchlaontaí seanbhunaithe sna Stáit Aontaithe mar bhí rialtas na Síne sásta “scoileanna Sathairn” a mhaoiniú do “ABCs” nó “Americans Born Chinese”.⁶⁷ Freastalaíonn na daltaí ar ranganna teanga agus cultúir gach seachtain sna scoileanna sin. D’éirigh thar cionn leis an scéim agus tá go leor páistí ag freastal ar na scoileanna ó chúilraí eitneacha difriúla sa lá atá inniu ann. Tá ranganna mar an chéanna ag diaspóra na Gréigise sna Stáit Aontaithe gach deireadh seachtaine agus iad ag iarraidh an teanga agus stair an phobail a chur chun cinn. I gcásanna áirithe, is féidir leis na páistí creidiúint acadúil a bhaint

Iar-Chonnacht, 2012)

⁶³ “Gaeltacht thar sáile,” *Irish Times*, 28 Meán Fómhair, 1994.

⁶⁴ Bob Quinn, “A Gaeilgeoir solution to a Gaeltacht problem,” *Irish Times*, 6 Lúil, 1991.

⁶⁵ Le cúpla sampla áitiúil a fháil, amharc air:

Mícheál de Mórdha, “Niamh Ní Chriomhthain Uí Laoithe, duine de na Blascaodaigh dheireanacha, ar shlí na fírinne,” *Tuairisc.ie*, 16 Aibreán, 2019

<https://tuairisc.ie/niamh-ni-chriomhthain-ui-laoithe-duine-de-na-blascaodaigh-dheireanacha-ar-shli-na-firinne/>;

“Fógra báis Margaret C. Davoren,” *Hartford Courant*, 1 Dheireadh Fómhair 2019 <https://www.proquest.com/hartfordcourant/docview/2299413803/12064ABE6A44DB2PQ/3?accountid=14518>

“Fógra báis Mary Davoren,” *Hartford Courant*, 5 Feabhra 2020 <https://www.proquest.com/hartfordcourant/docview/2350846852/12064ABE6A44DB2PQ/1?accountid=14518> ; “Fógra báis Patrick Conneely,” *Hartford Courant*, 30 Lúnasa, 2020 <https://www.legacy.com/obituaries/hartfordcourant/obituary.aspx?n=patrick-conneely&pid=196713312&fhid=7277>;

“Fógra báis Thomas K. Folan,” *Hartford Courant*, 10 Samhain, 2020

<https://www.legacy.com/obituaries/name/thomas-folan-obituary?pid=197075485>.

⁶⁶ Ó Broin, “Anailís ar Phobal Labhartha agus Spriocphobail Labhartha na Gaeilge i Meiriceá Thuaidh,” 54.

⁶⁷ Audrey Cleo Yap, “The Changing Face of America’s Chinese Schools,” *The Atlantic*, 30 Samhain, 2015, <https://www.theatlantic.com/education/archive/2015/11/chinese-schools-in-america/417027/>.

amach sa chóras oideachais poiblí as na ranganna teanga.⁶⁸ Cothaíonn scoileanna mar seo naisc teanga idir na glúnta agus, mar sin de, tá siad in ann saibhreas teanga agus cuimhne idirghlúine a chaomhnú sna pobail thar lear.

Is mór an trua é nach ndearna rialtas na hÉireann aon iarracht scoileanna mar seo a chur chun cinn. Ní scéim dhoshamlaithe é i gcomhthéacs dhiaspóra na nGael. Rinneadh iarracht in 1984 gaelscoileanna a bhunú i Sasana le tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí na Gaeltachta ann. Ag an am, dúirt Pádraig Ó Cuanacháin, eagraí de chuid Údarás na Gaeltachta i gCúige Mumhan, go raibh níos mó ná 60,000 cainteoir líofa i Londain agus go n-ardódh na figiúirí sin dá mbeadh scoileanna in ann freastal ar na glúnta a rugadh thall.⁶⁹ I gcás Hartford agus cathracha eile cosúil léi, chuirfeadh scéimeanna mar seo na hacmhainní oideachais ar fáil do mhuintir na Gaeltachta agus nuachainteoirí araon an teanga a chur ar aghaidh agus an Ghaeilge a neartú mar theanga phobail. Ach mar a léiríonn na samplaí san alt seo, bhí tosca seachtracha agus inmheánacha ann fosta: bhí piarbhrú ar Ghaeil óga Béarla a úsáid nó a fhoghlaim agus bhí ceannas an Bhéarla á bhrú ó lá go lá ag fostóirí, ag an rialtas áitiúil, ag an eaglais agus b'fhéidir níos tábhachtaí ná aon rud eile, ag inimircigh Éireannacha eile. Mar a luann na teangeolaithe Janet M. Fuller agus Jennifer Leeman i gcomhthéacs na Spáinnise agus mionteangacha eile sna Stáit⁷⁰:

...adults and children alike are exposed to explicit and implicit societal messages that English is the key to fitting in and achieving success and that other languages are un-American and dangerous, and these messages play a role in shaping household language practices and individual choices.

Ach murab ionann agus an tuairim atá ag cuid mhór den phobal Mheiriceánach Laidineach gur *“speaking Spanish is a requirement of ‘authentic’ Latinx identity,”* is lucht Béarla é pobal na nGael-Mheiriceánach den chuid is mó, agus mar gheall air sin, ní fheictear an Ghaeilge mar chuid lárnach den fhéiniúlacht (cé go bhfuil dearcadh dearfach ag cuid mhór daoine i leith na teanga mar ghné mhaoithneach)⁷¹. Dar ndóigh, mar a léiríonn cruinniú mhuintir Chonamara i mBostún, bhí an treocht seo fite fuaite le haistriú teanga agus stádas na Gaeilge in Éirinn í féin fosta.

⁶⁸ Eleni Sakellis, “Educating Greek Americans Offers Insights and Pathways Forward,” *The National Herald*, 20 Nollaig, 2020, <https://www.thenationalherald.com/educating-greek-americans-offers-insights-and-pathways-forward/>

⁶⁹ Vincent Power, “Learning in Britain?” *Irish Examiner*, 27 Márta, 1984.

⁷⁰ Janet M. Fuller agus Jennifer Leeman, *Speaking Spanish in the US: The Sociopolitics of Language* *2nd Edition (Bristol: Blue Ridge Summit, 2020), 20.

⁷¹ *Ibid*, 20. Le níos mó ar roghanna teanga agus stádas na Spáinnise sna Stáit, amharc ar: Ricardo Otheguy agus Ana Celia Zentella, *Spanish in New York: Language Contact, Dialectal Leveling, and Structural Continuity* (Oxford: Oxford University Press, 2012); Luas A. Ortiz López agus Manel Lacorte (Eag.), *Contactos y contextos lingüísticos: El español en los Estados Unidos y en contacto con otras lenguas* (Iberoamericana:

Ar bhealach is féidir a rá go mbíonn na próisis inimirce mar an chéanna le próiseas an choilíneachais agus an iarchoilíneachais do chainteoirí mionteangacha sa dóigh is go gcruthaíonn siad teangacha uaisle agus teangacha dara grád.⁷² Cé nach bhfuil aon teanga oifigiúil ag na Stáit Aontaithe agus gur pobal ilteangach é, bíonn béim níos airde ar an Bhéarla ná aon teanga eile; is amhlaidh a bhí sé go háirithe sna blianta i ndiaidh an Dara Cogadh Domhanda. Idir ghrúpaí inimirceach agus dhaoine a rugadh i Meiriceá, samhlaíodh an Béarla leis an dul chun cinn, leis an teicneolaíocht agus le deiseanna eacnamaíochta go soiléir agus go hindíreach.⁷³ Is toradh é seo ar pholasaithe neoliobrálacha agus hipearchaipitleacha, pointe a léiríonn Fuller and Leeman go soiléir: “*Rather than focusing on languages as primordial characteristics of ethnolinguistic groups, the emphasis is on their market value*”⁷⁴. Tacaíonn an teangeolaí Elise M. DuBord leis an phointe seo agus í ag cur agallamh ar oibrithe lae in iardheisceart na Stát. Dúirt an chuid is mó de na hoibrithe nach bhfuil ach Spáinnis acu gur buntáiste mór é an Béarla do chomhoibrithe dátheangacha (cé nár roinn a gcomhoibrithe an tuairim seo).⁷⁵ Sa dóigh chéanna, samhlaíodh nach raibh an Ghaeilge maith go leor don saol i Meiriceá: cé gur labhair muintir na Gaeltachta an teanga eatarthu féin, ní fhaca siad í mar theanga phraiticiúil nó úsáideach sa chomhthéacs níos leithne agus iad ag iarraidh go n-éireodh leo (nó lena bpáistí) sa tír nua. Is sampla iontach é an t-oileánach Mícheál Ó Ceárna, as an Bhlascaod Mhór, a chaith na blianta fada in Springfield, Massachusetts. Cé go raibh sé gníomhach le Conradh na Gaeilge agus é óg in Éirinn agus cé go raibh sé ina mhúinteoir Gaeilge ag ranganna oíche sna Stáit, scríobh sé ina dhírbheathaisnéis in 2013:

Vervuert, 2005) agus Rosa Tezanos-Pinto, *La Presencia Hispana y El Español de los Estados Unidos: Unidad en la Diversidad* (Nueva York: Academia Norteamericana de la Lengua Española, 2017).

⁷² Ngũgĩ wa Thiong’o, *Decolonising the Mind: The Politics of Language in African Literature* (Portsmouth: Heinemann, 1986), 11-13. Tá cur síos ag Feargal Mac Ionnrachtaigh ar thionchar an choilíneachais (agus an iarchoilíneachais) ar an Ghaeilge i stair na hÉireann in Mac Ionnrachtaigh, “Promoting Sedition: The Irish Language Revival in the North of Ireland – Power, Resistance and Decolonization,” in Nigel C. Gibson, *Fanon Today: Reason and Revolt of the Wretched of the Earth* (Quebec: Daraja Press, 2021), 365–407.

⁷³ Paul Kroskrity, “Language Ideologies,” in Alessandro Duranti (Eag.) *A Companion to Linguistic Anthropology* (Malden: Blackwell, 2004), 496–517.

⁷⁴ Amharc fosta ar: Michael Silverstein, “The whens and wheres – as well as hows – of ethnolinguistic recognition,” *Public Culture*, Vol. 15, No. 3, 531–557.

⁷⁵ Elise DuBord, *Language, Immigration and Labor: Negotiating Work in the U.S.-Mexico Borderlands* (New York: Palgrave Macmillan, 2014); DuBord, “Bilingual tricksters: Conflicting perceptions of bilingualism in the informal labor economy,” *Language & Communication*, Vol. 58, 107–117.

“...there was no need for emigrants to speak Irish in America... Some of us would speak it just for the fun of it...”⁷⁶ Bhí sé mar an chéanna i gcás a pháistí: “I tried to teach my own children Irish, but they didn’t keep it up and they lost it over time. For them, Irish just didn’t have much value”⁷⁷.

Tá tóir mhór ar an teanga go hidirnáisiúnta na laethanta seo, rud atá íorónta. Léiríonn figiúirí Duolingo gurb í an Ghaeilge an teanga is mó fás ar an aip le níos mó ná 5.5 milliún duine ag foghlaim na Gaeilge ag an bhomaite, agus 36% de na foghlaimeoirí sin lonnaithe sna Stáit Aontaithe.⁷⁸ Cé go bhfuil difríocht mhór idir na foghlaimeoirí agus pobal na Gaeltachta i gCathair Hartford, tá an tonn teicneolaíochta nua seo fós iontach tábhachtach dóibh ó thaobh na teanga de. Nuair a chuir mé go leor de na cainteoirí dúchais faoi agallamh, luaigh siad an dul chun cinn a bhí déanta sa teicneolaíocht le tríocha bliain anuas agus gurbh iontach an rud é chun a gcuid Gaeilge a choinneáil agus a neartú. Mar shampla, luaigh roinnt acu go raibh tuiscint níos fearr acu ar na canúintí difriúla anois toisc go bhfuil seinnteoir TG4 ar fáil dóibh agus gurbh fhéidir leo éisteacht le Raidió na Gaeltachta ar a nguthán póca. I roinnt cásanna, dúradh nach raibh siad in ann an Ghaeilge a bhí ag a gcéile a thuiscint nuair a chuir siad aithne ar a chéile den chéad uair in Hartford toisc nach raibh taithí acu ar na canúintí difriúla [mar shampla, bean as Árainn agus fear as Corca Dhuibhne nó *vice versa*]. Ach ag an am céanna, dúirt cuid mhór de na hagallaithe go mbíonn siad ag streachailt le focail agus le téarmaí nua-aimseartha agus iad ag éisteacht leis na meáin. Cé go bhfuil an teicneolaíocht agus eitiltí níos saoire go hÉirinn ag druidim na bearnaí idir na seanphobail eisirceacha agus a gceantair dhúchais, tá sé ródhéanach, faraor, an Ghaeilge a shábháil mar theanga labhartha don phobal beag seo in Connecticut. Tá glúin mhór na himirce ag éirí críonna agus d’fhéadfaí a rá go bhfuil neamhaird déanta ag Rialtas na hÉireann ar dhiaspóra na Gaeilge leis na cianta. Ní chluinfear an teanga in Hartford faoi cheann fiche bliain – ó bhéal cainteora dhúchais, ar aon dóigh. Luann Ó Briain gur “beag difríocht a dhéanfas sé do thodhchaí na teanga i Meiriceá Thuaidh” toisc gur “pobal dúnta é lucht na Gaeltachta do dhaoine nach as an nGaeltacht dóibh” agus go mbíonn siad “drogallach... an teanga a roinnt le daoine eile”.⁷⁹ Cé go bhfuil sé seo fíor maidir le cúrsaí teanga, léiríonn an t-alt seo go bhfuil cailleanas cultúrtha níos leithne ag baint leis seo freisin: i gcás Hartford, nuair a chaillfear an Ghaeilge, beidh deireadh le naisc láidre stairiúla a théann siar go dtí lár an naoú haois déag.

⁷⁶ Michael Carney agus Gerald Hayes, *From the Great Blaskets to America – Ríomhleabhar* (Cork: Collins Press, 2013), 317. Amharc freisin ar Cole Morton, *Hungry for Home: A Journey from the Edge of Ireland* (New York: Viking Press, 2000).

⁷⁷ Ibid, 318.

⁷⁸ Louise Burne, “Tontach! Irish is the most learned language on Duolingo,” *Extra.ie*, 30 Nollaig, 2020.

⁷⁹ Ó Briain, “Anailís ar Phobal Labhartha agus Spriocphobail Labhartha na Gaeilge i Meiriceá Thuaidh,” lgh. 56-57.

Leabharliosta

Leabhair

- Aiken, Síobhra, *Pádraig Ó hÉigearthaigh: File, Gael agus Deoraí Springfield, Mass.*, Tráchtas mháistreachta neamhfhoilsithe, OÉ Gaillimh, 2015.
- Bacon, Nick & Xiangming Chen, *Confronting Urban Legacy: Rediscovering Hartford and New England's Forgotten Cities*, New York: Lexington Books, 2013.
- Carney, Michael & Gerald Hayes, *From the Great Blasket to America: The Last Memoir by an Islander*, Cork: The Collins Press, 2013.
- Dunleavy, Janet Egleson & Gareth W. Dunleavy, *Douglas Hyde: A Maker of Modern Ireland*, Berkeley: University of California Press, 1991.
- Farson, Negley, *The Way of a Transgressor*, London: The Camelot Press, 1935.
- Fuller, Janet M. & Jennifer Leeman, *Speaking Spanish in the US: The Sociopolitics of Language *2nd Edition*, Bristol: Blue Ridge Summit, 2020.
- Hayes, Gerald & Eliza Kane, *The Last Blasket King: Pádraig Ó Cathain, an Rí*, Cork: Collins Press, 2015.
- Hyde, Douglas, Liam Mac Mathúna srl. (Eag.), *My American Journey (Mo thuras go Meiriceá)*, Dublin: University College Dublin Press, 2019.
- Knight, Matthew, 'Our Gaelic Department': *The Irish Language Column in the New York Irish-American, 1857-1896*, Tráchtas dochtúireachta neamhfhoilsithe, Harvard University, 2021.
- Kroskirty, Paul, "Language Ideologies," in Duranti, Alessandro (Eag.), *A Companion to Linguistic Anthropology*, Malden: Blackwell, 2004.
- Mac Ionnrachtaigh, Feargal, "Promoting Sedition: The Irish Language Revival in the North of Ireland – Power, Resistance and Decolonization," in Nigel C. Gibson, *Fanon Today: Reason and Revolt of the Wretched of the Earth*, Quebec: Daraja Press, 2021.

- Mac Maghnuis, Proinsias, *Seal ag Ródaíocht* (Baile Átha Cliath: Sáirséal & Dill, 1955.
- Matson, Leslie, *Méiní: The Basket Nurse*, Cork: Mercier Press, 1996.
- Morton, Cole, *Hungry for Home: A Journey from the Edge of Ireland*, New York: Viking Press, 2000.
- Nee, Patrick le Richard Farrell agus Michael Blythe, *A Criminal & an Irishman: The Inside Story of the Boston Mob-IRA Connection*, Hanover: Steerforth Press, 2007.
- Ní Dhonnchadha, Aisling & Máirín Nic Eoin, *Ar an gCoigríoch: Díolaim Litríochta ar Scéal na hImirce*, Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 2008.
- Nielsen, Ken, “The Irish Language in New York, 1850-1900,” in Ronald H. Bayor agus Timothy Meagher (Eag.), *The New York Irish*, Baltimore & London: The Johns Hopkins University Press, 1996.
- Ó Brian, Brian, “Anailís ar Phobal Labhartha agus Spriocphobail Labhartha na Gaeilge i Meiriceá Thuaidh,” in Jerry White & Aralt Mac Giolla Chainnigh (Eag.), *Research and Teaching of the Irish Language in North America: The Next 20 years*, Ottawa, Dalhousie University Press, 2016.
- Ó Catháin, Máirtín, *Conamara agus Boston: Tríocha Bliain Anonn agus Anall*, Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, 2012.
- Ó Catháin, Micheál, *Dialann Phríosúin Sheáin ‘a Chóta*, Tráchtas PhD neamhfhoilsithe, OÉ Má Nuad, 2015.
- Ó hAnnracháin, Stiofán (Eag.), *Go Meiriceá Siar. Na Gaeil agus Meiriceá: Cnuasach Aistí*, Baile Átha Cliath: An Clochomhar Tta, 1979.
- Ó h-Íde, Tomás W., “Emancipation through Exile: Irish Speakers in the Americas,” in Michael Newton (Eag.), *Celts in the Americas*, Nova Scotia: Cape Breton University Press, 2013.
- Ó h-Íde, Tomás W. (Eag.), *The Irish Language in the United States*, Westport: Bergin & Garvey, 1994.

- Ortiz López, Luas A. & Manel Lacorte (Eag.), *Contactos y contextos lingüísticos: El español en los Estados Unidos y en contacto con otras lenguas*, Iberoamericana: Vervuert, 2005.
- Otheguy, Ricardo & Ana Celia Zentella, *Spanish in New York: Language Contact, Dialectal Leveling, and Structural Continuity*, Oxford: Oxford University Press, 2012.
- Sumner, Natasha & Aidan Doyle (Eag.), *North American Gaels: Speech, Story and Song in the Diaspora*, Montreal: McGill-Queen's University Press, 2020.
- Tezanos-Pinto, Rosa, *La Presencia Hispana y El Español de los Estados Unidos: Unidad en la Diversidad*, Nueva York: Academia Norteamericana de la Lengua Española, 2017.
- Tucker, Spencer C. (Eag.), *American Civil War: The Definitive Encyclopedia and Document Collection*, Santa Barbara: ABC-CLIO, 2013.
- Uí Fhlannagáin, Fionnuala, *Mícheál Ó Lócháin agus an Gaodhal*, Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta. 1990.
- wa Thiong'o, Ngũgĩ, *Decolonising the Mind: The Politics of Language in African Literature*, Portsmouth: Heinemann, 1986.

Ailt

- Almqvist, Bo, "Scéal an Ghiúdaigh," *Sinsear*, No. 2, 1980.
- Clark, Dennis, "Muted Heritage: Gaelic in an American City," *Éire-Ireland*, Vol. 6, No. 2, Earrach 1971.
- DuBord, Elise, "Bilingual tricksters: Conflicting perceptions of bilingualism in the informal labor economy," *Language & Communication*, Vol. 58.
- Ní Bhroiméil, Úna, "The Creation of an Irish Culture in the United States: The Gaelic Movement, 1870–1915," *New Hibernia Review/Iris Éireannach Nua*, Autumn 2001, Vol. 5, No. 3.
- Ní Ghabhann, Gillian, "The Gaelic Revival in the U.S. in the Nineteenth Century," *Chronicon*, 1998, Vol. 6.

Nilsen, Kenneth, "Thinking of Monday: The Irish speakers of Portland, Maine," *Éire-Ireland*, Vol. 25, No. 1, Earrach 1990.

Silverstein, Michael, "The whens and wheres – as well as hows – of ethnolinguistic recognition," *Public Culture*, Vol. 15, No. 3.

Stenson, Nancy, "Beagáinín': The Use of Irish among Immigrants to the United States," *New Hibernia Review/Iris Éireannach Nua*, Summer, 1998, Vol. 2, No. 2.

Walsh, John & Laoise Ní Dhúda, "'New speakers' of Irish in the United States: Practices and Motivations," *Applied Linguistics Review*, Vol. 6.

Nuachtáin

An Claidheamh Soluis

Extra.ie

Hartford Courant

Irish American

Irish Times

Irish Examiner

Kerry Reporter


Kerryman

The Atlantic

The National Herald

Tuairisc.ie

Aguisín 1: Cárta gnó a bhí in úsáid ag dlíodóir Risteard Mac Leoid i gCathair Hartford in 1878



Aguisín 2: An Ghaeilge agus Daonra Hartford, 1920 (Eolas faighte ó daonáireamh na Stát Aontaithe.)

Teanga Dhúchais	i gCathair Hartford	a rugadh in Connecticut	i gContae Hartford	a rugadh in Connecticut
"Irish" nó "Gaelic"	1,428 (1.03%)	3	2,803 (0.83%)	26
Béarlóiri a rugadh in Éirinn	4,736 (3.4%)	N/B	9,246 (2.74%)	N/B
Polainnis	3,905 (2.8%)	21	15,860 (4.71%)	216
Iodáilis	7,136 (5.1%)	78	17,824 (5.2%)	261
Gearmáinis	2,592 (1.8%)	8	8,708 (2.58%)	127
Fraincis	1,062 (0.76%)	2	3,311 (0.98%)	73
Daonra Iomlán (1920):	138,038	N/B	336,543	N/B

Aguisín 3:

Foireann Hartford a bhuaigh craobhchomórtais náisiúnta Mheiriceá Thuaidh in 1968. Tá Tony Bhrynín agus Pádraic "Red Pat" Bhrynín Conneely as Inis Meáin (an chéad agus an dara duine ar chlé sa líne chúil), Mícheál "Toose" Fitzgerald as Corca Dhuibhne (an ceathrú duine ar chlé sa chéad líne) agus Seán Ó Súilleabháin (an cúigiú duine ar chlé sa chéad líne) san áireamh.





‘Is linne í an Ghaeilge/All of us, not just some’: Díospóireachtaí faoin Úinéireacht Teanga san Fhilíocht Bhéil Dhátheangach

Alexandra Philbin

Cúlra

‘Is le gach duine sa tír an Ghaeilge, óg agus aosta.’ Is abairt í seo ón óráid a thug an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, Catherine Martin, sa Dáil i mí an Mhárta 2022, mar chuid den díospóireacht faoi Sheachtain na Gaeilge (Tithe an Oireachtais, 2022). Tugtar le fios san abairt nach samhlaítear teorainn leis an ngrúpa sa tír a mbaineann an teanga leo. Is féidir an abairt seo a thuiscint mar fhreagra, freagra ar thuiscint idé-eolaíoch eile ar an teanga, a mhaíonn go mbaineann an teanga le grúpa daoine ar leith. Mar a chuireann Coleman in iúl, tá an dá thuiscint seo ag cómhaiseachtáil sa dioscúrsa ar an nGaeilge in Éirinn: samhlaítear an Ghaeilge mar theanga a bhaineann le gach duine (mar chuid d’oideachas na Poblachta, ina bhfuil sí ina hábhar éigeantach) agus samhlaítear an Ghaeilge mar theanga a bhaineann le grúpa áirithe sa tír (uasaicme na cathrach nó cainteoirí laethúla Gaeltachta, cuir i gcás) ag an am céanna (Coleman, 2004: 382). Is féidir an úinéireacht teanga mar choincheap a bhrath leis na tuiscintí idé-eolaíocha seo. Is freagraí iad araon ar an gceist: Cé leis an Ghaeilge? San alt seo, déanfar anailís ar na tuiscintí ar an gceist seo in dhá dhán dhátheangacha a cuireadh amach le gairid: ‘Maidir le Stepping on Toes’ (2020) le Cian Ó Gríofa agus ‘Siúcra’ (2021) le Roxanna Nic Liam.

Ar dtús, díreofar ar an úinéireacht teanga agus ar an idé-eolaíocht teanga mar choincheapa. Tá baint ag an úinéireacht teanga leis an idé-eolaíocht teanga, is é sin na smaointe a mbaineann daoine úsáid astu agus iad ag iarraidh ciall a bhaint as gné teanga ar leith (Gal & Irvine, 1995: 970). Cuireann an bheirt antraipeolaithe Gal agus Irvine béim ar an idé-eolaíocht

mar chreatlach shóisialta agus mar phróiseas atá claonta. Ní tuairim i gceann duine amháin í an idé-eolaíocht (Gal, 2021) agus scriostar gnéithe áirithe den scéal sa phróiseas (Gal & Irvine, 2019). De bharr na claontachta seo, is féidir amhras a chaitheamh ar thuiscintí idé-eolaíocha agus dul ina gcoinne (Gal & Irvine, 2019). Mar sin, bíonn conspóid ag baint leis an idé-eolaíocht teanga mar choincheap, agus feictear é sin sna dearcthaí éagsúla ar an úinéireacht teanga. Tarraingíonn Woolard aird air seo bunaithe ar an taighde a rinne sí sa Chatalóin. Baineann sí úsáid as na smaointe contrártha ‘barántúlacht’ agus ‘anaithnideacht’ chun trácht a dhéanamh ar an luach a shanntar do ghnéithe teanga (Woolard, 2005; 2016). Is minic a shanntar luach do leagan mionteanga atá ceangailte go dlúth le háit ar leith nó le grúpa daoine ar leith, luach a bhaineann leis an mbarántúlacht. Os a choinne sin, is minic a shanntar luach do theanga cheannasach (Béarla, mar shampla) toisc go mbaineann neodracht léi (Woolard, 2005). Mar a thaispeánann Woolard (2016), áfach, is féidir na smaointe seo araon a bhrath sna gluaiseachtaí le teangacha atá mionlaithe a chur chun cinn.

Rinneadh roinnt staidéir ar na coincheapa seo i saol na Gaeilge. Mar shampla, dhírigh O’Rourke (2015) ar an teannas idir an bharántúlacht agus an anaithnideacht i measc cainteoirí Gaeilge taobh amuigh den Ghaeltacht. Chuir an grúpa cainteoirí sa staidéar luach le caint na Gaeltachta mar leagan barántúil den teanga. Bhí díomá ar roinnt cainteoirí, áfach, nach raibh teacht ceart acu ar an idéal seo, cé go raibh spéis acu i gcur chun cinn na teanga (O’Rourke, 2015: 77). Feictear an teannas seo sa staidéar a rinneadh ar chomhthéacsanna oideachais chomh maith. Cuireann O’Rourke (2011) agus Nic Fhlannchadha & Hickey (2018) in iúl go bhfuil deighilt éigin idir cainteoirí Gaeltachta agus cainteoirí nach as an nGaeltacht iad i measc scoláirí ollscoile. Mar sin féin, míníonn Nic Fhlannchadha & Hickey (2018) go raibh cainteoirí éagsúla mar chuid den taighde, idir ‘nuachainteoirí’ agus ‘cainteoirí dúchais’, den tuairim go mbaineann an Ghaeilge le gach duine. Ghlac na cainteoirí leis go raibh tábhacht ag baint leis sin chun an teanga a chur chun cinn. Taispeántar san obair seo go bhfuil díospóireacht ar siúl i bpobal na Gaeilge a bhaineann leis an úinéireacht teanga.

Chomh maith leis an oideachas foirmiúil, rinneadh staidéar ar na tuiscintí ar an mbarántúlacht i measc rannpháirtithe ag an *Pop Up* Gaeltacht (Seoighe, 2018; Walker, 2019). Déanann Walker cur síos ar ainm an imeachta chun a thaispeáint go bhfuil iarracht á déanamh barántúlacht na Gaeltachta féin a ‘bheangú’ (Gal, 2018) ar áit nua san Ardchathair (Walker, 2019). Tuairiscíonn Seoighe go bhfuil ról ‘dlisteanaithe’ (2018: 13) ag an imeacht don nuachainteoir i mBaile Átha Cliath freisin. Tá teannas le brath i measc na nuachainteoirí ag ciorcal comhrá a phléitear i saothar O’Rourke & Walsh (2020: 161–13). Is féidir le daoine nach bhfuil ach cúpla focal acu an teanga a chleachtadh ag an gcorcal comhrá, ach is léir go bhfuil barántúlacht ag baint le híomhá an chainteora dúchais fós. Léirítear an meon sin san anailís a rinneadh ar na meáin Ghaeilge freisin. Mar shampla, taispeánann Philbin (2020) go gcruthaítear difríocht idir cainteoirí Gaeltachta agus cainteoirí eile sa chlár faisnéise *Gaeltacht 2020* a cuireadh amach ar TG4 sa bhliain 2020. Ní hé sin an t-aon deighilt atá le

brath sna meáin, áfach. Mar a chuireann Atkinson & Kelly-Holmes (2011) in iúl san anailís a dhéanann siad ar an gclár raidió *Gift Grub* ar TodayFM, cruthaítear difríocht idir cainteoirí líofa Gaeilge (mar mhionlach) agus cainteoirí Béarla in Éirinn freisin.

Sa leabhar *An Meon Folaithé* (2018), leagann Ó hIfearnáin & Walsh béim ar an difríocht idir an idé-eolaíocht fhollasach agus an idé-eolaíocht fholaithe i saol na Gaeilge chomh maith. Mínítear sa leabhar go bhfuil teannas ann idir na dearcthaí a fhógraítear agus na cinn nach bhfógraítear, ach go bhfuil eolas tábhachtach le fáil sa dá chás (2018: viii). Conas a dhéantar staidéar ar an idé-eolaíocht fholaithe, mar sin? Meabhraíonn na húdair dúinn go bhfuil tionchar láidir ag an gcineál idé-eolaíochta seo ar an gcleachtas teanga (2018: ix). Is ar an mbonn sin a dhíríonn Moal, Ó Murchadha & Walsh (2018) ar cheisteanna idé-eolaíochta agus ar an ‘gcaint iarthraidisiúnta’ ar RTÉ Raidió na Gaeltachta. Sa chaibidil sin, cuirtear in iúl gur clár eisceachtúil é *RíRá ar RnaG*, toisc nach mbaineann sé leis na gnáththéamaí a bhíonn le cloisteáil ar RTÉ Raidió na Gaeltachta agus go mbíonn nuachainteoirí mar láithreoirí air. Pléitear an cultúr coiteann domhanda agus craoltar ábhar i nGaeilge agus i mBéarla. Déantar anailís ar chaint na láithreoirí agus taispeántar nach gcloínn an chaint seo le leaganacha traidisiúnta den teanga i gcónaí. Is féidir an t-íocónú (Gal & Irvine, 1995) a bhrath tríd an gclár, íocónú a chuireann an cineál seo cainte agus téamaí an chláir le chéile: caint iarthraidisiúnta agus cultúr coiteann domhanda. Baintear leas as, agus cothaítear, an nasc seo chun díriú ar lucht éisteachta ar leith.

Ba mhaith leis an údar aird a tharraingt ar chomhthéacs eile sa chuid eile den alt seo: filíocht bhéil dhátheangach chomhaimseartha. Is seánra filíochta ar leith é seo a thugann deis speisialta don léitheoir díriú ar chaint na bhfilí i nGaeilge. Is léir go bhfuil an-tóir ar an seánra seo i saol na Gaeilge comhaimseartha. Tá an-rath le blianta beaga ar imeachtaí ar nós REIC, imeacht ilteangach a bunaíodh sa bhliain 2015 i mBaile Átha Cliath atá dírithe ar an bhfilíocht bhéil (REIC, 2022). Imeacht eile a bhfuil an-rath air is ea an comórtas Slam Filíochta mar chuid de Liú Lúnasa, Féile Imeall-Chultúir Bhéal Feirste a bunaíodh sa bhliain 2015 chomh maith (NÓS, 2019). Díreofar anois ar na dánta le Cian Ó Gríofa agus le Roxanna Nic Liam. Déantar anailís ar thuiscintí na bhfilí ar an úinéireacht teanga, is é sin, a gcuid freagraí ar an gceist ‘Cé leis a mbaineann an Ghaeilge?’ Lena chois sin, déanfar machnamh ar chaint agus ar dhátheangachas na bhfilí. Conas a chuireann na gnéithe seo leis na tuiscintí atá acu ar an úinéireacht teanga? Sa tslí seo, cuirfear an obair atá déanta go dtí seo ar an idé-eolaíocht teanga i saol na Gaeilge agus an anailís ar na dánta le chéile. Ar deireadh thiar thall taispeánfar go bhfuil léargas spéisiúil le fáil san fhilíocht bhéil chomhaimseartha ar cheisteanna a bhaineann leis an idé-eolaíocht teanga. Chomh maith leis sin, molfar deiseanna le cur leis an taighde seo amach anseo.

‘Maidir le Stepping on Toes’ le Cian Ó Gríofa

Tá cáil ar Chian Ó Gríofa ar na meáin shóisialta mar gheall ar a chuntas ‘Gaylgeoirí’. Cuirtear méimeanna agus fiseáin i nGaeilge a bhaineann leis an teanga agus le cúrsaí LADTA+ ar a phróifíl ar Instagram, cuir i gcás, ar a bhfuil níos mó ná 15,000 duine dá leanúint faoi láthair. Cuireadh an dán ‘Maidir le Stepping on Toes’ amach i mí Iúil 2020 ar chuntas Instagram an fhile agus taispeánadh mar chuid de Liú Lúnasa na bliana sin é freisin. Bhí teannas ar na meáin shóisialta an samhradh sin maidir leis na cuntais éagsúla a chuireann ábhar amach i nGaeilge ar na meáin shóisialta agus sna meáin chumarsáide. Tá na cúiseanna leis an teannas seo taobh amuigh de réimse an ailt seo. Is leor a mhíniú go mbaineann an dán leis an gceist seo a leanas: an bhfuil sé de cheart ag aon duine i saol na Gaeilge a rá nach féidir le duine eile cineál ábhair ar leith a chur amach i nGaeilge ar na meáin shóisialta (podchraoladh nó méimeanna, mar shampla)? Déantar tagairt don cheist seo i dteideal an dáin. Is freagra é an dán ar an líomhain go raibh Ó Gríofa ag teacht sa tslí ar dhaoine eile a chuireann ábhair i nGaeilge ar na meáin shóisialta. Baineann Ó Gríofa leas as an dán, mar sin, chun a thuairim féin a chur in iúl.

Cuireann Ó Gríofa tús le fiseán an dáin agus é ina shuí agus masc air. Radharc atá ann a chuireann i lár na bliana 2020 muid. Baineann sé de an masc agus tosaíonn sé ar an dán, atá dátheangach ó thús go deireadh. Is léir go mbaineann an-chuid den dán leis an gceist thuasluaite mar go ndéanann Ó Gríofa tagairt dhíreach don teannas ar Twitter. Deir sé: ‘Seas le bhur dtuairimí, / *Deleting tweets, I mean honestly*’. Ní ghlacann sé leis an tuairim gur le daoine ar leith ábhair éagsúla i nGaeilge agus ceanglaíonn sé an tuairim seo le leitheadas na ndaoine sin:

*Demanding sole ownership,
‘Stay in your lane’, get a grip.
Ag dul ar do laethanta saoire,
Flying solo, ego-trip.*

Is díol suntais é go luann Ó Gríofa an focal úinéireacht féin. Is léir go bhfuil tábhacht ag baint leis an gcoincheap sa díospóireacht seo: cé leis na hábhair i nGaeilge a chuirtear amach ar na meáin shóisialta? Cé gur díospóireacht ar leith í seo, áfach, agus go bhfuil freagra an fhile uirthi soiléir go leor, baineann Ó Gríofa úsáid chliste as díospóireacht na húinéireachta teanga i gcoitinne chun a thuairim a chur os ár gcomhair.

Is í an chéad leid í an chéad líne den dán: ‘Cad é an Ghaeilge ar *originality*?’ Cuireann an líne seo seomra ranga i gcuimhne don lucht féachana, ina bhfuil fáilte roimh cheisteanna agus roimh fhoghlaimoírí. Tugann Ó Gríofa ‘*Irish language póilíní*’ ar na daoine a cheapann gur leosan ábhair áirithe i nGaeilge. Mínítear sa dán gur sampla de ‘*language gate-keeping insanity*’ é an meon sin freisin. Baintear úsáid as an téarma ‘geatóireacht’ sa dán ‘Siúcra’ chomh maith

chun tagairt a dhéanamh do chainteoirí a chuireann teorainneacha meafaracha ar phobal na Gaeilge. Is léir, mar sin, gur ag trácht ar dhíospóireacht níos leithne atá Ó Gríofa. Tugann ráitis an fhile le fios nach bhfuil sé ar aon intinn le meon ar bith ina meastar gur le grúpa áirithe daoine na meáin Ghaeilge nó an teanga féin. Leagann sé béim air seo ag deireadh an dáin:

Ach éistigí liom,
 Gach duine, *everyone*,
 Is linne í an Ghaeilge,
All of us, not just some

Baineann Ó Gríofa úsáid as roinnt straitéisí eile sa dán chun an teachtaireacht seo a chur in iúl. Straitéis amháin is ea go gcloistear foclóir leathan comhaimseartha agus domhanda tríd an dán. Déanann an file tagairt d'fhuinneamh 'bod mór' agus don cheist 'Cad é an *tea*?' mar shampla. Tugann Ó Gríofa leagan Gaeilge ar na téarmaí seo gan stró. Taispeánann sé sa tslí seo go bhfuil solúbthacht ag baint leis an teanga, dar leis gur féidir le duine téarmaí coitianta na linne seo ar na meáin shóisialta, mar shampla, a úsáid i nGaeilge. Níl teorainn leis an teanga ó thaobh an fhoclóra de. Ag an am céanna, deir sé go hoscailte sa dán nach 'féidir teorainn a chur ar teanga'. Mar sin, baineann an file leas as foclóir comhaimseartha a sheasann d'easpa teorainneacha i saol na Gaeilge. Is léiriú í an úsáid teanga seo ar an tuairim atá ag an bhfile ar cheist na húinéireachta teanga. Cuireann Ó Gríofa fáilte roimh fhocail nua sa Ghaeilge agus cuireann sé fáilte roimh dhaoine nua i bpobal na teanga. Baineann an ghné seo leis an trasteangú (Wei, 2018), a phléifear níos déanaí san alt seo.

Cé go bhfuil tuairim an fhile soiléir sa dán, is léir go bhfuil teannas i gceist le ceist na húinéireachta teanga i measc cainteoirí Gaeilge, dar leis. D'eascair an dán as an teannas ar na meáin shóisialta maidir le tionchairí na Gaeilge ach baineann Ó Gríofa leas as an úinéireacht teanga mar chreat chun tuairim a chur in iúl. Más dóigh leis an bhfile gur fiú an cheist seo a chur mar bhunús a fhreagra sa dán seo, léirítear gur ceist ábhartha í an úinéireacht teanga. Cuireann an taispeántas san fhíseán leis seo. Ní thosaíonn an file an dán agus masc á chaitheamh aige chun trácht ar ré na paidéime amháin. Baineann sé de an masc agus tuigimid láithreach go bhfuil sé réidh le tuairim láidir a chur in iúl agus le dul i mbun díospóireachta. Labhraíonn sé amach go láidir agus breathnaíonn sé i súile an lucht féachana. Tugtar bealach dúinn chun tacú leis sa díospóireacht seo nuair a deir sé 'Haischlib *Stan Gaylgeoirí*'. Taispeántar, sa tslí sin, gur ceist reatha, chonspóideach í an úinéireacht teanga i saol na Gaeilge.

'Siúcra' le Roxanna Nic Liam

Cuireadh 'Siúcra' le Roxanna Nic Liam amach i mí an Mhárta 2021 ar chainéal YouTube *Axis Ballymun*, a choimisiúnaigh gearrscannán an dáin, agus taispeánadh leagan de mar chuid d'imeacht REIC chomh maith. Dán pearsanta atá ann ina bpléann Nic Liam an nasc atá aici

leis an nGaeilge agus le cur chun cinn na teanga. Ar nós ‘Maidir le Stepping on Toes’, mar sin, ní hí an úinéireacht teanga go díreach atá á plé ag Nic Liam sa dán, ach is féidir roinnt gnéithe a aithint a bhaineann leis an gcoincheap seo. Déanann Nic Liam tagairt do thús an dáin sa teideal. Déanann an file machnamh ar na seanfhocail a bhíonn le léamh ar shiúcra agus i ina suí i gcaifé i mBaile Átha Cliath. Míníonn sí nach dtuigeann daoine ‘cé chomh tábhachtach is atá sé *as they absentmindedly rip a sugar packet*’. Mar sin, ní dán pearsanta amháin é an dán seo. Labhraíonn Nic Liam le gach duine in Éirinn agus tá sé mar aidhm aici tábhacht na teanga a chur in iúl. Sa tslí seo, léirítear go bhfuil daoine ann nach dtuigeann go bhfuil baint acu leis an teanga. Is ar an úinéireacht teanga a dhéanann Nic Liam trácht tríd an dán agus í ag cur in iúl gur a mhalairt atá fíor.

Cuireann Nic Liam béim ar an nasc idir an teanga agus an náisiún. Íomhá thábhachtach sa dán is ea an talamh: ‘*A language that is so intrinsically linked with this land*’. Ní dhéanann sí idirdhealú bunaithe ar áiteanna in Éirinn. Cé go ndeir sí go bhfuil an chuma ar an scéal go bhfuil an Ghaeltacht ‘*a million miles away* nuair atá tú i lár na cathrach’, déanann sí tagairt don talamh i mBaile Átha Cliath mar áit ar chuir an Ghaeilge fúithi freisin. Ó thús deireadh an dáin, baineann Nic Liam úsáid as an aidiacht shealbhach ‘ár’ agus cur síos á dhéanamh aici ar an nGaeilge: ‘*our native tongue*’ agus ‘Seachadadh **ár** dteanga ar aghaidh ó ghlúin go glúin’. Is straitéis í seo chun labhairt le gach duine in Éirinn, ag rá leo go bhfuil baint phearsanta acu go léir leis an teanga agus leis an malartú teanga. Agus úsáid á baint aici as íomhá na talún agus íomhá na sinsear, cuireann Nic Liam an teanga agus na daoine ar thalamh na hÉireann, nó daoine a bhfuil sinsearaigh acu a bhí ar an talamh sin, le chéile. Léirítear go mbaineann an teanga le gach duine a bhaineann le hÉirinn, mar sin. Cé nach nglacann Nic Liam le teorainneacha ar phobal na teanga taobh istigh den tír, tá teorainn spásúil le brath sna ráitis seo fós: pobal samhailta an náisiúin (Anderson, 1983).

Téama eile a thagann chun cinn sa dán seo is ea an aicme shóisialta. Cuireann Nic Liam a lucht éisteachta in áiteanna a bhfuil traidisiún lucht oibre láidir i mBaile Átha Cliath. Labhraíonn Nic Liam leis an lucht féachana os comhair balla a bhfuil ainm an Phoirt Thoir i mBéarla air, mar shampla. Déanann sí tagairt shoiléir don téama seo sa téacs chomh maith. Deir sí:

*It’s gas – a language that used to be associated with the working class,
Now becoming mostly middle class in Dublin,
Bíonn an blas more likely D4 than Inse Chór.*

Míníonn an file na deacrachtaí a eascraíonn as an nasc seo idir an mheánaicme agus an teanga. Cuireann sí in iúl nach bhfuil sé éasca ar dhaoine a bhfuil an cúlra céanna léi acu an Ghaeilge a fhoghlaim agus a chur chun cinn. Luann sí foinse dóchais óna cás féin, áfach: ‘*thankfully there’s such a thing as an all-Irish DEIS school*’, is é sin, scoil a fheidhmíonn as

Gaeilge agus a fhaigheann tacaíocht ón Roinn Oideachais agus Scileanna chun dul i ngleic le míbhuntáiste sóisialta (*An Roinn Oideachais & Scileanna, 2022*). Mar sin, cuireann Nic Liam béim ar an tábhacht a bhaineann le tacaíocht mar seo a chur ar fáil, le teorainneacha aicmeacha ar an teanga a leagan.

Sa chomhthéacs seo, tugann Nic Liam le fios nach bhfuil Gaeilge ag a tuismitheoirí: ‘An rud faoi mo thuistí ná go bhfuil siad an-chliste ach níl Gaeilge acu. Béarlóirí’. Míníonn sí nár fhoghlaim sí an teanga óna tuismitheoirí agus go raibh an-tionchar ag a cuid scolaíochta ar a cuid Gaeilge dá bharr. Cé nach mbaineann sí úsáid as an téarma, is féidir coincheap an nuachaintora a aithint anseo, is é sin, cainteoir a d’fhoghlaim an Ghaeilge taobh amuigh den bhaile agus a bhaineann úsáid líofa agus rialta as an teanga (O’Rourke & Walsh, 2015: 64). Cuireann O’Rourke & Walsh (2020) in iúl go dtagann téama na húinéireachta teanga chun cinn nuair a chaitear súil ar nuachaintoirí Gaeilge. Mar sin, tá sé spéisiúil machnamh a dhéanamh ar an ngné seo sa dán. Luann Nic Liam níos déanaí sa dán gur féidir léi páirt thábhachtach a ghlacadh sa ghluaiseacht chun an Ghaeilge a chur chun cinn. ‘*But it starts with me*’, a deir sí. Dá bhrí sin, taispeánann Nic Liam go bhfuil spás ann do dhaoine a bhfuil an Ghaeilge foghlamtha acu mar dhara teanga nó mar theanga eile in athbheochan na teanga.

Mar a luadh níos luaithe san alt seo, baintear úsáid as an téarma ‘geatóireacht’ sa dán chun tagairt a dhéanamh do dhaoine a chuireann teorainneacha meafaracha ar phobal na Gaeilge. Ar dtús, déantar tagairt don choincheap seo agus Nic Liam ag labhairt ar na leithscéalta a thugann daoine di agus an fáth nach bhfuil Gaeilge acu á mhíniú acu. Leithscéal amháin is ea go mbíonn geatóireacht ar siúl i bpobal na Gaeilge agus go bhfuil éilíteachas le brath i measc na gcainteoirí. Cé gur léir nach nglacann Nic Liam leis an leithscéal seo agus go ndeir sí go bhfuil sí braon de na leithscéalta, labhraíonn sí níos déanaí sa dán in aghaidh na geatóireachta. Deir sí:

Chuir muid ár dteanga isteach sa chré,
Not to rot but to reap for another day.
 Chuir muid é *for safe-keeping, not for gate-keeping.*

Mar sin, cé nach nglacann Nic Liam leis an ngeatóireacht mar leithscéal nuair nach bhfuil daoine sásta an Ghaeilge a fhoghlaim, is léir go gceapann sí gur fiú a lua nach bhfuil spás i bpobal na Gaeilge don gheatóireacht fós. Mar a dhéanann Ó Gríofa in ‘Maidir le Stepping on Toes’, baineann Nic Liam úsáid as an gcoincheap seo agus í ag cur in iúl nár chóir do chainteoirí Gaeilge aon teorainn a chur ar phobal na Gaeilge: tá fáilte roimh chách.

Admhaíonn Nic Liam, áfach, go bhfuil cainteoirí eile ‘*who are more elegant writers and speakers and storytellers*’. Mar sin, feicimid céimlathas de shaghas éigin anseo. Deir Nic Liam in áit eile sa dán nach bhfuil sí ag iarraidh a bheith neirbhíseach a thuilleadh nuair a labhraíonn sí Gaeilge, rud a léiríonn go mbíonn sí neirbhíseach anois nuair a labhraíonn sí í. Cé go

gceapann Nic Liam go mba chóir go mbeadh fáilte roimh chách i bpobal na Gaeilge, is léir go bhfuil tionchar éigin fós ag an gcéimlathas ar an meon atá aici i leith a cuid Gaeilge féin. Feictear an teannas sin sa taighde a rinne O'Rourke & Walsh (2015) freisin. Déanann siad tagairt do rannpháirtí amháin, mar shampla, a cheapann gur le gach duine an Ghaeilge, ach a dhéanann idéalú ar an gcainteoir dúchais traidisiúnta ag an am céanna (O'Rourke & Walsh, 2015: 73). Chomh maith leis sin, is léir go bhfuil teorainneacha i gceist le náisiún na hÉireann, gné a gcuireann Nic Liam béim uirthi. Mar sin, léirítear sa dán seo gur ceist chasta í ceist na húinéireachta teanga. Taispeánann Ó Gríofa ina dhán-sa go bhfuil teannas idir cainteoirí mar gheall ar an gceist ach léiríonn Nic Liam gur féidir leis an teannas seo a bheith in aigne na gcainteoirí féin chomh maith. Léiríonn an bheirt fhilí den chuid is mó, áfach, go bhfuil siad den tuairim nár chóir breathnú ar an nGaeilge mar theanga a bhaineann le grúpa daoine amháin.

Caint na bhfilí agus dátheangachas na ndánta

Díreofar ar chaint na bhfilí agus ar úsáid an dátheangachais sna dánta anois. Is léir nach gcloínn Nic Liam ná Ó Gríofa i gcónaí le foghraíocht thraidisiúnta na Gaeilge. Mar shampla, nuair a deir Nic Liam, 'An rud is annamh is iontach', cloistear an fhóiném [k] ag deireadh an fhocail 'iontach' seachas [x]. Baineann Ó Gríofa úsáid as [ɟ], gan chnag, agus an focal 'náire' á rá aige. Ní cásanna ar leith iad na gnéithe foghraíochta seo. Feictear samplaí den chineál céanna sna sonraí a bhailigh Moal, Ó Murchadha & Walsh (2018) ó *RíRá ar RnaG* agus Ó Broin (2021) ó Raidió na Life, Raidió Fáilte agus RTÉ Raidió na Gaeltachta. Cuireann Moal, Ó Murchadha & Walsh (2018) na gnéithe seo sa chatagóir 'caint iarthraidisiúnta' agus cuireann Ó Broin (2021) sa chatagóir 'Gaeilge uirbeach' iad. Déanfar tuilleadh plé ar an téarma 'caint iarthraidisiúnta' san alt seo, toisc nach bhfuil grúpa cainteoirí ar leith i gceist leis an téarma sin.

Mar a luadh cheana, taispeánann Moal, Ó Murchadha & Walsh (2018) go bhfuil idé-eolaíocht teanga le brath ar RTÉ Raidió na Gaeltachta a bhaineann leis an gcaint. Is clár eisceachtúil é *RíRá ar RnaG* ó thaobh na cainte de: cloistear gnéithe den chaint iarthraidisiúnta ar an gclár seo níos minice ná ar chláir eile an stáisiúin. Chomh maith leis sin, pléitear an cultúr coiteann domhanda níos minice ar an gclár seo ná ar na cláir eile. Feictear an t-íocónú (Gal & Irvine, 1995) toisc go gcruthaítear nasc idir an chaint iarthraidisiúnta agus an cultúr coiteann domhanda. Bheadh staidéar comparáideach níos cuimsithí ag teastáil chun a mhaíomh go bhfuil an próiseas seo le feiceáil sna dánta le Roxanna Nic Liam agus le Cian Ó Gríofa. Mar sin féin, toisc go mbaineann an cineál cainte seo le dearcadh ar leith ar an úinéireacht teanga sa dá dhán, tá seans ann go bhfuil íocónú i gceist, a chuireann na gnéithe seo le chéile. Sa phróiseas seo, seasann an difríocht idir an chaint níos traidisiúnta agus an chaint iarthraidisiúnta don difríocht idir an meon go mbaineann an Ghaeilge le gach duine agus an meon nach mbaineann sí ach le grúpa ar leith. Bheadh staidéar cuimsitheach ar an ábhar seo spéisiúil agus tráthúil.

Ní fhéadfaí an fáth a mbaineann na filí úsáid as an dátheangachas sna dánta seo a rá go cinnte. Tá seans ann gur roghnaigh na filí an dátheangachas chun cabhrú leis an lucht féachana na dánta a thuiscint nó chun cloí leis na gnásanna ag imeachtaí ilteangacha ar nós REIC. Tá sé áisiúil breathnú ar choincheap an trasteangaithe chun brí a bhaint as an ngné seo. Is teoiric é an trasteangú atá forleathan sa staidéar comhaimseartha ar phobail ilteangacha (Cenoz & Gorter, 2017; Wei, 2018). Mar a chuireann Ó Ceallaigh & Ó Brolcháin (2020) in iúl, d'eascair an téarma as obair Williams sa Bhreatain Bheag chun cur síos a dhéanamh ar chleachtais ilteangacha na scoláirí sa seomra ranga (174). Sa lá atá inniu ann, ní le comhthéacs an oideachais amháin a bhaineann an trasteangú. Tuigtear mar chleachtas a bhaineann leis an úsáid laethúil teanga taobh amuigh den seomra ranga é chomh maith (Cenoz & Gorter, 2017: 904). Míníonn Wei (2018) gurb é atá i gceist leis an gcoincheap ná an úsáid a bhaineann cainteoirí ilteangacha as na teangacha go léir atá acu agus iad i mbun cumarsáide. Dar le García (2018) agus Wei (2018) go dtéann an teoiric i ngleic leis an idé-eolaíocht ina gceaptar go bhfuil teorainneacha daingne ar na teangacha go léir, ag leibhéal na sochaí agus ag leibhéal na hintinne. Chomh maith leis sin, glactar leis gur gné nádúrtha de chaint an duine ilteangaigh é an meascadh teangacha (Wei, 2018). Leagtar béim, mar sin, ar *repertoire* iomlán an chainteora.

Mar sin féin, cáineadh an coincheap freisin. Áitíonn Jaspers & Madsen (2019), mar shampla, go mbíonn gá ann uaireanta an difríocht idir teangacha a aithint chun an cás a shimpliú agus staidéar a dhéanamh orthu. Cuireann siad in iúl go dtéann cleachtais sholúbtha agus cleachtais dhaingne le chéile i gcaint na ndaoine agus gur fiú smaoineamh ar an dá ghné seo araon. Déanann siad cáineadh ar an mbéim a leagtar ar nádúrthacht an trasteangaithe freisin, ag maíomh nach féidir éalú ó chomhthéacs na cainte agus na hidé-eolaíochtaí teanga atá ann. Is air seo a tharraingíonn Cenoz & Gorter (2017) aird agus iad ag plé an trasteangaithe i gcás na mionteangacha. Cuireann na húdair in iúl nach féidir an trasteangú a thuiscint i gcás mionteanga gan smaoineamh ar an gcumhacht atá ag an teanga cheannasach. Ní gné nádúrtha é an trasteangú i dtreo na teanga ceannasaí sa chás seo. Meabhraíonn siad dúinn go gcaithfead an trasteangú mar choincheap a úsáid ar bhonn inbhuanaithe. Leagann Ó Brolcháin (2017) agus Ó Ceallaigh & Ó Brolcháin (2020) béim air seo agus trácht á dhéanamh acu ar an nGaeilge agus ar chóras oideachais na hÉireann. Taispeánann siad go bhfuil tábhacht ag baint leis an bpleanáil ionas go mbeidh úsáid éifeachtach á baint ag múinteoirí as an mBéarla san oideachas lán-Ghaeilge.

Is samplaí iad na dánta 'Maidir le Stepping on Toes' agus 'Siúcra' den chleachtas trasteangaithe. Meascann na filí an Ghaeilge agus an Béarla ó thús deireadh na ndánta, ag tarraingt ar a *repertoire* iomlán mar chainteoirí. Mar a thugann García le fios (2018), baineann an trasteangú leis an gcruthaitheacht, agus baintear leas as seo sna dánta. Cuireann an trasteangú leis an rím, mar shampla. Áitítear go gcuireann an trasteangú le teachtaireacht na ndánta chomh maith. Is léir go bhfuil na filí den tuairim gur chóir go mbeadh teorainneacha solúbtha ar phobal na Gaeilge. Meabhraíonn an tuiscint atá ag údair ar nós Wei (2018) agus

García (2018) ar an trasteangú go dtaispeántar nach bhfuil teorainneacha daingne idir na teangacha. Cruthaítear nasc leis an trasteangú sna dánta, mar sin, bunaithe ar íomhá na dteorainneacha. Is dócha go gcuireann an trasteangú leis na ráitis a dhéantar sna dánta ar an úinéireacht teanga. Cuireann saothair Wei (2018) agus García (2018) tuiscint áisiúil ar fáil leis an trasteangú chun ciall a bhaint as an ngné seo de na dánta.

Mar a chuireann Jaspers & Madsen (2019) in iúl, áfach, ní mór smaoineamh ar an idé-eolaíocht teanga i gcomhthéacs ar leith agus muid ag breathnú ar an úsáid teanga agus ar an trasteangú chomh maith. Is féidir íomhá na dteorainneacha thuas a thuiscint trí phróiseas idé-eolaíoch an íocónaithe, go deimhin (Gal & Irvine, 1995; Gal & Irvine, 2019). Seasann an easpa teorainneacha idir teangacha (Béarla agus Gaeilge) sa chaint (le feiceáil sa trasteangú) don easpa teorainneacha ar phobal na Gaeilge (le feiceáil sna ráitis ar an úinéireacht teanga). Chomh maith leis sin, cuireann an ghné seo de na dánta i gcuimhne don léitheoir go bhfuil tábhacht ag baint leis an difríocht idir an idé-eolaíocht fhollasach agus an idé-eolaíocht fholaithé (Ó hIfearnáin & Walsh, 2018; Gal & Irvine, 2019). Is go follasach a chruthaíonn Nic Liam difríocht mhór idir an Ghaeilge agus an Béarla sa dán *Siúcra*. Deir sí go bhfuil focail Ghaeilge ‘*full of an intent and passion that can’t be duplicated in the English vocabulary*’, cuir i gcás. Is ar bhealach folaithe, áfach, a chuireann sí in iúl nach bhfuil teorainneacha daingne eatarthu agus leas á bhaint aici as an trasteangú. Ní féidir an trasteangú agus an idé-eolaíocht a scaradh ó chéile i gcás na ndánta seo agus faightear léargas an-áisiúil ar an idé-eolaíocht ach staidéar a dhéanamh ar an ngné seo.

Conclúid

Rinneadh cur síos san alt seo ar thuiscintí ar an úinéireacht teanga in ‘Maidir le Stepping on Toes’ le Cian Ó Gríofa agus in ‘Siúcra’ le Roxanna Nic Liam. Cuireann na filí in iúl sna dánta seo go bhfuil teannas ann i saol na Gaeilge maidir leis an gcoincheap seo, idir cainteoirí agus in intinn na gcainteoirí féin. Cé go bhfuil teorainn an náisiúin le haithint sa dán ‘Siúcra’, tá na filí ar aon intinn den chuid is mó: níor chóir go mbeadh teorainneacha ar an nGaeilge, is le gach duine í. Ach anailís a dhéanamh ar chaint na bhfilí agus ar an dátheangachas, áitítear go mbaintear úsáid as gnéithe de chaint iarthraidisiúnta agus as an trasteangú sna dánta seo chun cur le teachtaireacht na bhfilí maidir leis an úinéireacht teanga. Tugann na gnéithe seo le fios go bhfuil seans ann go bhfuil próiseas idé-eolaíoch ar siúl a cheanglaíonn an chaint agus an dátheangachas leis an tuairim gur le gach duine an Ghaeilge. Taispeántar leis na samplaí a pléadh san alt seo gur foinse áisiúil í an fhilíocht bhéil chomhaimseartha toisc go dtugtar deis do léitheoirí díriú ar dhearcthaí éagsúla agus ar chaint na bhfilí ag an am céanna. Bheadh tuilleadh staidéir ag teastáil chun an anailís seo a leathnú, a chuirfeadh téacsanna eile san áireamh a bhfuil dearcadh eile ar an úinéireacht teanga le brath iontu.

Is cosúil, mar sin, go mbeadh torthaí spéisiúla ag staidéar eitnifhilíochta a chuirfeadh anailís liteartha agus taighde eitneagrafaíoch ag imeachtaí ar nós REIC le chéile. Chomh maith leis an ngá le comparáid níos leithne, eascraíonn ceisteanna eile as an alt seo a bhaineann leis an bhfilíocht agus leis an idé-eolaíocht teanga: conas a thuigeann filí béil comhaimseartha an tionchar atá ag traidisiúin éagsúla ar a gcuid filíochta? An ag tógáil ar thraidisiúin litríochta na Gaeilge atá siad? Mar shampla, cén saghas tionchair atá ag an bhfilíocht mhacarónach (Ó Muirthe, 1980) ar an bhfilíocht dhátheangach seo? An ag tógáil ar fheiniméan comhaimseartha domhanda na *slam*filíochta atá siad? Cén nasc atá ag na tuiscintí seo le húsáid na teanga? Táthar ag súil go spreagfaidh an t-alt seo tuilleadh staidéir ar an ábhar seo atá idirdhisciplíneach, a chuirfidh traidisiúin na léirmheastóireachta agus an léargas atá le fáil ón tsochtheangeolaíocht agus ón antraipeolaíocht theangeolaíoch le chéile.

Leabharliosta

Leabhair

Anderson, B., (1983) *Imagined Communities: Reflections on the Origin and Spread of Nationalism*. Londain: Verso.

Gal, S. & Irvine, J. T., (2019) *Signs of Difference: Language and Ideology in Social Life*. Cambridge: Cambridge University Press.

Ó Muirthe, D., (1980) *An tAmhrán Macarónach*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar.

O'Rourke, B. & Walsh, J., (2020) *New Speakers of Irish in the Global Context: New Revival?* Nua-Eabhrac: Routledge.

Woolard, K. A., (2016) *Singular and Plural: Ideologies of Linguistic Authority in 21st Century Catalonia*. Nua-Eabhrac: Oxford University Press.

Caibidlí i leabhair

García, O., (2018) 'Translanguaging, pedagogy and creativity' Erfurt, J., Corporal, E. & Weirich, A. (eag.) *Éducation plurilingue et pratiques langagières: Hommage à Christine Hélot*. Beirlín: Peter Lang. 39–56.

- Jaspers, J. & Madsen, L. M., (2019) 'Fixity and fluidity in sociolinguistic theory and practice.' Jaspers, J. & Madsen, L. M. (eag.) *Critical Perspectives on Linguistic Fixity and Fluidity: Linguagised Lives*. Nua-Eabhrac: Routledge. 1–26.
- Moal, S., Ó Murchadha, N.P. & Walsh, J., (2018) 'New Speakers and Language in the Media: Audience Design in Breton and Irish Broadcast Media.' In: Smith-Christmas, C., Ó Murchadha, N. P., Hornsby, M. & Moriarty, M. (eag.) *New Speakers of Minority Languages: Linguistic Ideologies and Practices*. Londain: Palgrave Macmillan. 189–212.
- Ó hIfearnáin, T. & Walsh, J., (2018) 'Réamhrá.' In: Ó hIfearnáin, T. & Walsh, J. (eag.) *An Meon Folaithe: Idé-eolaíochtaí agus iompar lucht labhartha na Gaeilge in Éirinn agus in Albain*. Baile Átha Cliath: Cois Life. vii–xiv.

Ailt

- Atkinson, D. & Kelly-Holmes, H., (2011) 'Codeswitching, identity and ownership in Irish radio comedy.' *Journal of Pragmatics*, 43 251–60.
- Cenoz, J. & Gorter, D., (2017) 'Minority languages and sustainable translanguaging: threat or opportunity?' *Journal of Multilingual and Multicultural Development*, 38(10). 901–12.
- Coleman, S., (2004) 'The nation, the state, and the neighbors: personation in Irish-language discourse.' *Language and Communication* 24. 381–411.
- Gal, S., (2018) 'Registers in Circulation: The Social Organization of Interdiscursivity.' *Signs and Society* 6(1). 1–24.
- Gal, S. & Irvine, J. T., (1995) 'The Boundaries of Languages and Disciplines: how Ideologies Construct Difference.' *Social Research*, 64(4). 967–1001.
- Nic Fhlannchadha, S. & Hickey, T. M., (2018) 'Minority language ownership and authority: perspectives of native speakers and new speakers.' *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism* 21(1), 38–53.
- Ó Brolcháin, C., (2017) 'Oideolaíocht an Trasteangaithe i mBunscoileanna na hÉireann: Páipéar Seasaimh ar a Poitéinseal i gComhthéacsanna Áirithe.' *Léann Teanga: An Reiviú* 5. 89–99.

- Ó Ceallaigh, T.J. & Ó Brolcháin, C., (2020) ‘Trasteangú san oideachas lán-Ghaeilge: Deiseanna agus dúshláin.’ *Taighde agus Teagasc* 7. 155–70.
- O’Rourke, B. & Walsh, J., (2015) ‘New speakers of Irish: shifting boundaries across time and space,’ *International Journal of the Sociology of Language* 231. 63–83.
- O’Rourke, B., (2015) ‘Language Revitalisation Models in Minority Language Contexts: Tensions between Ideologies of Authenticity and Anonymity.’ *Anthropological Journal of European Cultures*, 24(1), 63–82.
- O’Rourke, B., (2011) ‘Whose Language Is It? Struggles for Language Ownership in an Irish Language Classroom,’ *Journal of Language, Identity, and Education* 10. 327–45.
- Seoighe, S., (2018) “‘Is libhse an chathair” — Pop Up Gaeltacht agus nuachaintoirí na Gaeilge.’ *COMHARTaighde*, 4. 2–16.
- Wei, L., (2018) ‘Translanguaging as a Practical Theory of Language.’ *Applied Linguistics* 39(1). 9–30.

Cainteanna

- Gal, S., (2021) *An ELAN Discussion of ‘Signs of Difference’, Talking with Susan Gal*. Leabhar pléite ag: ELAN Workshop on Signs of Difference, Cruinniú ar líne, 9 Meán Fómhair 2021.
- Ó Broin, B., (2021) ‘Syntax and Lexicon: Urban Irish and Gaeltacht Irish Systematically Analysed and Compared.’ Páipéar curtha i láthair ag: Foundational Approaches to Celtic Linguistics, University of Arizona [ar líne], 30 Aibreán 2021.
- Philbin, A., (2020) ‘The end of Irish: how the end of the Irish language is constructed in the TG4 documentary Gaeltacht 2020.’ Páipéar comhdhála curtha i láthair ag: ENDING Anthropological Association of Ireland Conference 2020, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath [ar líne], 27 Samhain 2020.
- Woolard, K.A., (2005) ‘Language and Identity Choice in Catalonia: The Interplay of Contrasting Ideologies of Linguistic Authority.’ Curtha i láthair ag: Workshop on Language Ideology and Change in Multilingual Communities, UC San Diego, San Diego, 14 Feabhra 2005.

Tráchtas Neamhfhoilsithe

Walker, K., (2019). *Níl aon Tábhairne mar do Thábhairne Féin: Space, Language, and Identity, in the Pop-Up Gaeltacht*. Tráchtas máistreachta neamhfhoilsithe, Ollscoil Mhá Nuad.

Foinsí Leictreonacha

An Roinn Oideachais & Scileanna, (2022) *Comhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh (DEIS)*. www.gov.ie/ga/eolas-polasaithe/b7c9fd-none/.

Nic Liam, R., (2021) 'Siúcra' [fiseán ar líne]. <https://www.youtube.com/watch?v=Mp8MvBgb1ok>.

NÓS, (2019) *Cabhair á lorg ag Liú Lúnasa don 5ú bliain den fhéile!* [ar líne].
https://nos.ie/cultur/cabhair-a-lorg-ag-liu-lunasa/?fbclid=IwARoyiy-7Yc6azhiE3gLu1eoC9UIP7q7D35awSMO6cZ_IoLuuNTIIKsDNCA4.

Ó Gríofa, C., (2020) 'Maidir le Stepping on Toes' [fiseán ar líne]. www.facebook.com/AnChulturlann/posts/10157957182932428.

REIC (2022) *About* [ar líne]. www.facebook.com/reic.eire/about/?ref=page_internal

Tithe an Oireachtais, (2022) *Comóradh Sheachtain na Gaeilge: Ráitis* [ar líne].
www.oireachtas.ie/ga/debates/debate/dail/2022-03-02/19/.



Cás-staidéar sa bhainistíocht teanga i mBaile Seirbhíse Gaeltachta: Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo

Hugh Rowland, Dorothy Ní Uigín, Luke Callinan

Réamhrá

In imeacht na ndéic mbliana ó aghaidh Acht na Gaeltachta, 2012, is iomaí alt taighde a foilsíodh ina bpléitear an reachtaíocht sin agus ina ndéantar léirmheas, idir mhaith agus olc, uirthi (Ó Giollagáin, 2014; Ó Giollagáin & Péterváry, 2016; Walsh, 2019a, 2019b, 2021; Ó Ceallaigh, 2021, 2022). Is é an snáithe coitianta leanúnach a fhitear trí na haistí sin ar fad ná go bhfuil an stát ag cúlú ó aon ról lárnach a bheith aige i bpróiseas na pleanála teanga ag leibhéal an phobail. Agus an stát ag teacht faoi anáil an nualibrálachais, áitítear go bhfuil príobháidiú á dhéanamh ar an bhfearrann poiblí agus ar an mbeartas poiblí araon, rud a fhágann go bhfuil gníomhartha praiticiúla na pleanála teanga á bhfágáil faoi choistí deonacha pobail (Ó Giollagáin & Péterváry, 2016; Ó Ceallaigh, 2021, 2022; Walsh, 2021).

I bhfianaise an fholúis cheannaireachta sin a fhágann an stát ina dhiaidh, cén ról atá ag gníomhaithe agus ag deonaithe sa phróiseas pleanála teanga go háitiúil? Caithfear solas ar an gceist sin san aiste seo trí chás-staidéar a dhéanamh ar Chaisleán an Bharraigh, baile mór i gContae Mhaigh Eo atá aitheanta ag Foras na Gaeilge mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta agus ar ullmhaíodh plean teanga dó in 2021 (Rowland, Ní Uigín, Callinan, 2021). Is é Gnó Mhaigh Eo atá ag feidhmiú mar ‘cheanneagraíocht’ agus an próiseas pleanála teanga á chur i bhfeidhm i gCaisleán an Bharraigh. Tá an plean teanga á mheas ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoi láthair.

Ó thaobh na hanailíse agus na tráchtairachta de, bainfear earraíocht as múnla an ‘bhainisteora teanga’ (Ní Dhúda, 2017) chun léargas a thabhairt ar roinnt samplaí de ghníomhaíochas na teanga i bplean teanga Chaisleán an Bharraigh (Rowland, Ní Uigín, Callinan, 2021). I dtuairim Spolsky (2004: 8), tograíonn an ‘bainisteoir teanga’ ionramháil a dhéanamh ar chúrsaí teanga in aon turas ar mhaithe le sprioc áirithe a bhaint amach; is é sin chun tionchar a imirt ar iompar teanga daoine eile. Ar aon dul leis sin, deir Ní Dhúda (2017: 221) gurb éard atá sa bhainisteoir teanga ná *‘a person that takes an active role, makes an intervention and produces a particular effect or outcome’*.

Chuipe sin, breathnófar ar an bhfeachtas atá faoi lán seoil i gCaisleán an Bharraigh faoi láthair chun Gaelcholáiste a bhunú ar an mbaile. Pléifear an bhaint atá ag gníomhaithe agus ag deonaithe teanga leis an nGaelcholáiste a chur chun cinn agus céard a spreagann a gcuid iarrachtaí sa bhainistíocht teanga. Tá ceist seo na bainistíochta teanga, gona béim ar an ngné dheonach den scéal, ina hábhar spéise i bhfianaise chúlú an stáit ón bpleanáil teanga ag leibhéal an phobail.

Próifil Chaisleán an Bharraigh

Tá daonra iomlán de 12,068 duine i lonnaithe Chaisleán an Bharraigh dar le Daonáireamh 2016. Is ionann sin agus 9% de dhaonra an chontae ina iomláine i bhfianaise daonra de 130,507 duine a bheith i gCo. Mhaigh Eo trí chéile. Tá 13.5 ciliméadar cearnach laistigh de theorainn Chaisleán an Bharraigh agus tá an baile lonnaithe i lár Mhaigh Eo i mbarúntacht Cheara (Mac Gabhann, 2014: 43).

Os cionn céad bliain ó shin, i nDaonáireamh 1911, d’fhógair 30.1% de phobal Chaisleán an Bharraigh, nó 1,112 duine, go raibh siad ina gcainteoirí Gaeilge (Coimisiún na Gaeltachta, 1926: 83). Léiríonn Daonáireamh 1926, áfach, nach raibh ach 19.9% de phobal an bhaile ina gcainteoirí Gaeilge faoin tráth sin (an Roinn Tionscail agus Tráchtála, 1926: 19). B’ionann sin agus laghdú 10.2% den daonra iomlán thar thréimhse cúig bliana déag. In ainneoin an mheatha theangeolaíoch seo le linn bhlianta luatha an tSaorstáit, tá mórphearsana stairiúla na Gaeilge i Maigh Eo tar éis a lorg a fhágáil ar chuid mhaith de na hinstiúidí cultúrtha agus oideachais atá ann anois i gCaisleán an Bharraigh agus i mbailte eile an chontae. I gcúimhne ar an Ardeaspag Seán Mac Éil (1789–1881) agus ar an bhfile aitheanta Antaine Raiftearaí (1799–1835), mar shampla, a ainmníodh Páirc Mhic Éil agus Scoil Raifteirí i gCaisleán an Bharraigh. Ba as Caisleán an Bharraigh don Chanónach Uileog de Búrca (1829–1887), an scoláire Gaeilge a bhfuil an teideal ‘Athair na hAtbheochana’ luaite leis agus is i gClár Chlainne Mhuiris atá Gaelscoil Uileog de Búrca lonnaithe ón mbliain 1981 (Ó Muraíle, 1983: 56).

Is ón mbliain 2016 atá na staitisticí daonáirimh is déanaí le fáil agus léiríonn siad sin gur dhearbhaigh 4,648 duine (40.4%) as daonra iomlán de 11,507 duine i gCaisleán an Bharraigh, atá os cionn 3 bliana d'aois, go bhfuil cumas acu sa Ghaeilge. As an líon sin, deir 196 duine (1.7%) go labhraítear an Ghaeilge go laethúil lasmuigh den chóras oideachais amháin. D'fhéadfaí a rá gurb é seo croíphobal na teanga ar an mbaile.

Luann formhór fhreagróirí an daonáirimh chéanna sa bhaile an náisiúntacht Éireannach leo féin (83.2%). Sa dara háit, tá an náisiúntacht Pholannach a luaitear le 5.8% de dhaonra an bhaile. Tá náisiúntacht de chuid na Ríochta Aontaithe agus náisiúntacht de chuid na Liotuáine ag 2.7% agus ag 1.6% den daonra faoi seach. Maidir leis an éagsúlacht teangacha i gCaisleán an Bharraigh, tá 2,162 duine a labhraíonn teangacha iasachta agus is iad an Pholainnis (794 duine), an Fhraincis (108 duine) agus an Liotuáinis (189 duine) na teangacha is coitianta ina measc.

Ag eascairt as an anailís thuas, is féidir a rá go bhfuil croíphobal teanga (196 duine/1.7%) ar an mbaile a úsáideann an Ghaeilge go laethúil lasmuigh den chóras oideachais. I measc an ghrúpa sin freisin, tá daoine a mhaíonn go n-úsáideann siad an teanga go laethúil lasmuigh agus laistigh den chóras oideachais (45 duine). Anuas ar an gcroíghrúpa sin, tá lear mór daoine eile i gCaisleán an Bharraigh a deir go n-úsáideann siad an Ghaeilge go laethúil laistigh den chóras oideachais amháin (1,295 duine) chomh maith le cainteoirí ócáideacha Gaeilge, a úsáideann an Ghaeilge go seachtainiúil (293 duine) agus grúpa eile a úsáideann an teanga níos mírialta ná sin (1,703 duine).

Tá trí Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta (LPT) i gContae Mhaigh Eo mar atá: LPT Mhaigh Eo Thuaidh (ceantar Iorrais), LPT Mhaigh Eo Thiar (Acaill) agus stráice de LPT Dhúiche Sheoigheach agus Thuar Mhic Éadaigh. Áirítear Gaeltacht Thuar Mhic Éadaigh i mbarúntacht Cheara in éineacht le Caisleán an Bharraigh. Tá LPT Mhaigh Eo Thiar lonnaithe siar ó Chaisleán an Bharraigh i mbarúntacht ar a dtugtar Buiríos Umhaill. Tá LPT Mhaigh Eo Thuaidh lonnaithe in Iarthuaisceart Mhaigh Eo i mbarúntacht Iorrais siar ó thuaidh ó Chaisleán an Bharraigh agus is é Béal an Mhuirthead príomhbhaile an LPT sin.

Is í an bhunaidhm atá leis an mBaile Seirbhíse Gaeltachta gur lárionad uirbeach é ina gcuirtear seirbhísí poiblí agus sóisialta ar fáil do na LPTanna atá sa cheantar máguaird. Deir Ní Dhúda go n-úsáideann 'formhór na ndaoine an Béarla mar phríomhtheanga cumarsáide i nGaeltacht Mhaigh Eo anois agus tá an t-iompú teanga go Béarla á chur i gcrích ann go pras' (2014b: 838). Is é an tátal céanna atá ag an *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch* a mheasann gur 'i gcomhthéacs na hathnuachana nó na hatógála is gá tabhairt faoi chúraimí na pleanála teanga sa chontae seo (...) cé is moite de thoghrann Chnoc an Daimh (ceantar Cheathrú Thaidhg)' (Ó Giollagáin, 2013: 106).

Nuair a chuirtear na trí cheantar Gaeltachta i Maigh Eo san áireamh agus nuair a dhéantar comparáid idir faisnéis na nDaonáireamh 2006, 2011 agus 2016, is é an patrún doshéanta atá le tabhairt faoi deara san eolas staidrimh, go bhfuil úsáid na Gaeilge mar theanga laethúil phobail ag meath agus ag cúlú go mór i nGaeltacht Mhaigh Eo, fiú sna toghcheantair ba láidre Gaeilge (Ó Giollagáin, 2013; Ní Dhúda, 2014b).

Ar mhaithe le faisnéis a bhailiú i dtaobh úsáid agus chumas na Gaeilge i gCaisleán an Bharraigh sa lá atá inniu ann, scaipeadh suirbhéanna i measc grúpaí éagsúla sa bhaile agus plean teanga an bhaile á ullmhú – daltaí meánscoile agus lucht an ghnó, mar shampla. An modh céanna a bhí in úsáid ag an meitheal taighde d'fhonn moltaí a bhailiú ón mórphobal trí shuirbhé ginearálta a scaipeadh. D'fhreagair 410 duine an suirbhé sin, líon suntasach i gcomhthéacs dhaonra Chaisleán an Bharraigh – beagáinín le cois 12,000 duine. Léiríodh sa suirbhé sin go raibh tromlach mór na rannpháirtithe báúil leis an nGaeilge. Tá fonn ar go leor acu cur lena n-inniúlacht féin sa teanga; tá suim acu an Ghaeilge a chur chun cinn i measc a gcuid gasúr agus sa chóras oideachais i gCaisleán an Bharraigh, chomh maith le breis deiseanna a bheith acu an Ghaeilge a chleachtadh. Ar an gcaoi sin, deir 85% de na rannpháirtithe 'gur mhaith leo' nó 'gur mhaith leo go mór' níos mó Gaeilge a úsáid gach lá. Ina theannta sin, ba mhaith leo go mbeadh an teanga ní b'fheiceálaí sa bhaile mór agus cé nach léir i gcónaí tuiscint iomlán a bheith acu ar a bhfuil i gceist le Baile Seirbhíse Gaeltachta, tá báúlacht le muintir na Gaeltachta maidir le seirbhísí agus cearta teanga léirithe thall is abhus i bhfreagraí na rannpháirtithe chomh maith (Rowland, Ní Uigín, Callinan, 2021: 52–66).

An Próiseas Pleanála Teanga

Is toradh é an próiseas reatha pleanála teanga, agus Acht na Gaeltachta go háirithe, ar thréimhse fhada allagair agus thaighde ar cuireadh tús léi sna 1990idí. Deir Ó Giollagáin agus Péterváry (2016: 22) gurbh é leabhar Reg Hindley, *The Death of the Irish Language: A Qualified Obituary*, a chéadspreg na fiosrúcháin éagsúla sochtheangeolaíochta ar tugadh fúthu idir na blianta 1990 agus 2015.

Chuir saothar Hindley ar a súile do na húdaráis a ghéire agus a phráinní is a bhí ceist na teanga sa Ghaeltacht chomh maith leis an luas a bhí faoin aistriú teanga inti. Bhí an teachtaireacht cheannann chéanna le tabhairt faoi deara i dtuarascáil Choimisiún na Gaeltachta in 2002. Dúradh sa tuarascáil sin nach raibh ach 18 dtoghrann as 154 toghrann sa Ghaeltacht ar fad ina raibh breis agus 75% den daonra iontu ina gcainteoirí laethúla Gaeilge (Coimisiún na Gaeltachta, 2002: 11).

Léirigh tuarascáil 2002, mar sin de, go raibh an Ghaeilge ag teacht faoi an-bhrú mar theanga inmharthana phobail i bhformhór mór na Gaeltachta oifigiúla. Spreag an méid sin 'ré úr' (Walsh, 2012: 47) i bhforás na pleanála teanga in Éirinn a dtugann Ó Giollagáin agus Péterváry (2016: 20) an 'fiosrúchán éigeandála' uirthi. Mar chuid den 'fhisrúchán éigeandála' sin, foilsíodh líon mór cáipéisí beartais agus taighde ón mbliain 2000 i leith, agus

achtaíodh cineálacha éagsúla reachtaíochta ina dtagraítear don Ghaeilge agus don Ghaeltacht ar bhealaí éagsúla: An tAcht Oideachais 1998; An tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000; Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003; An tAcht Craolacháin 2009 agus Acht na Gaeltachta 2012, a phléifear thíos.

Foilsíodh an *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010–2030* i mí na Nollag 2010. Ar aon dul leis an *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht*, a foilsíodh in 2007, moltar sa Straitéis gur cheart critéir teanga a chur sa mheá, murab ionann agus critéir thíreolaíocha, agus stádas Gaeltachta á shainiú feasta (Rialtas na hÉireann, 2010: 20). Moltar go gcuirfí borradh faoi phróiseas na pleanála teanga, ag leibhéal an phobail, trí Acht Gaeltachta nua a achtú. Chuige sin, aithnítear trí chomhthéacs éagsúla ina bhféadfaí tabhairt faoin bpleanáil teanga le tacaíocht an stáit mar atá: (a) Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta, (b) Bailte Seirbhíse Gaeltachta agus (c) Líonraí Gaeilge (Rialtas na hÉireann, 2012).

Tráchttaireacht ar Acht na Gaeltachta, 2012

Agus an *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge* chomh maith le hAcht na Gaeltachta faoi thrácht ag Ó Giollagáin agus Péterváry (2016: 51), meastar go bhfuil ‘tuiscintí na gcáipéisí sin fréamhaithe i bhfealsúnacht nualibrálach a bhfuil an t-indibhidiúlachas ina gcroílár’. Faoin bhfealsúnacht úd, maíonn na húdair go dtugtar ‘tosaíocht don fhreagracht agus don ghníomhaíocht indibhidiúil, rud a chiallaíonn go ndéantar príobháidiú ar ghnóthaí sóisialta,’ amhail an beartas teanga agus na freagrachtaí a bhaineann leis (Ó Giollagáin & Péterváry, 2016: 27). Tá Ben Ó Ceallaigh ar aon bhuille leis an méid sin freisin. Bíodh is go gcuirtear in iúl gur cumasú pobail atá i gceist leis an Acht, deir Ó Ceallaigh gurb é a mhalairt atá fíor i ndáiríre. Dá bhíthin sin, deir sé go bhfuil an stát ag cúlú ó aon ról tábhachtach suntasach a bheith aige i bhfeidhmiú praiticiúil an phróisis ag leibhéal an phobail agus áitítear gur meon nualibrálach is bunús leis sin:

While the state, then, claims that the language planning process under the Gaeltacht Act promotes community ownership and participation in language revitalization, it in effect amounts to a classic example of the neoliberal “roll-back” of the state from an area which it had previously presided over [...]. Thus, under the guise of democratizing the Irish-language management regime, the state is in effect able to withdraw from its historic commitment to language revitalization. [...] such withdrawal of the state from the provision of services previously seen as core duties is entirely in accordance with the neoliberal project of privatization and restructuring (Ó Ceallaigh, 2022: 156–7).

Is í bunteachttaireacht Uí Cheallaigh ná go gcuirtear an tAcht i láthair faoi fheistean an daonlathais agus chumhachtú an phobail. Ach is é an áit a bhfuil an gad ná gurb é díchumhachtú an phobail (Ó Giollagáin & Péterváry, 2016: 31) an toradh atá air, le fírinne, ó tharla go bhfágtar cúram na pleanála teanga faoi choistí deonacha pobail. Is léiriú é an méid sin, dar le Ó Ceallaigh (2022: 157), ar an gcóras a bheith á phríobháidiú, mar is dual don

nualioibrálachas. Áitíonn Ó Ceallaigh (2021) go bhfuil dlús leis an bpróiseas seo ón mbliain 2008, go háirithe, mar thoradh ar pholasáí na déine a lean an ghéarchéim airgeadais. Ciallaíonn sin, dar le Ó Giollagáin & Péterváry (2016: 21), go bhfuil an stát ag iarraidh cúram na Gaeilge a chaitheamh uaidh agus gurbh í sin an chúis a bhfágtar cúram na pleanála teanga faoi choistí pobail. Mar sin de, is í Roinn na Gaeltachta a cheapann an beartas teanga; cuirtear an beartas sin i bhfeidhm trí bhíthin Údarás na Gaeltachta agus Fhoras na Gaeilge. Is iad an dá áisíneacht sin a thugann an taobh praiticiúil d'obair na pleanála teanga ar lámh don tsochaí shibhialta nó do choistí deonacha pobail (Ó Giollagáin, 2014: 104; Walsh, 2021: 337). Dá thiomanta agus dá dhíograisí iad na coistí sin, tugann Walsh faoi deara 'nach bhfuil aon saineolas teicniúil' ag a bhformhór sa phleanáil teanga. Is mar gheall air sin a áitíonn sé go bhfuil dícheangal le tabhairt faoi deara idir lucht déanta beartais, go náisiúnta, agus feidhmiú an phróisis féin ag leibhéal an phobail (Walsh, 2021: 314): '[...] cuireann an Stát fad a sciatháin idir é féin agus formhór d'obair phraiticiúil na pleanála teanga sa phobal, obair nach ndéantar comhordú ceart uirthi agus gur bocht an maoiniú atá ar fáil di' (Walsh, 2019).

Síolraíonn an cur chuige rialachais seo, dar le Walsh (2021: 335), ó shamhail na comhpháirtíochta sóisialta a tháinig chun cinn in Éirinn ó na 1980í i leith. Ciallaíonn an méid sin go mbíonn eagraíochtaí éagsúla sa tsochaí shibhialta – eagraíochtaí Gaeilge ina measc – in iomaíocht lena chéile ar mhaithe le maoiniú a fháil ón stát. Is é an toradh a bhíonn air sin ná go mbrúitear easaontas faoi chois mar thoradh ar an tsochaí shibhialta a bheith spleách ar an státchóras (Walsh, 2021: 336). Is é an tátal a bhaineann Walsh (2021: 336) as sin ná go múchtar spiorad an ghníomhaíochais i measc na sochaí sibhialta agus i measc an phobail trí chéile. Chomh maith leis sin, osclaítear bearna freagrachta idir an stát féin, ag an leibhéal náisiúnta, agus na cinntí beartais a dhéantar ar a shon go háitiúil. Sampla gléineach de seo is ea próiseas na pleanála teanga sa Ghaeltacht, dar le Walsh:

Similarly, the Gaeltacht language planning process whereby Údarás na Gaeltachta chooses community or voluntary groups to prepare language plans, is another example of diffusing the locus of accountability and distancing it from the state itself. Social partnership has been criticised as being imbued with the values of neoliberalism because it orients citizenship away from activism and radical critique and towards weak articulations of citizenship such as self-reliance (2021: 336).

Lena ais sin ar fad, cuireann Ní Dhúda (2017) léamh eile ar an scéal seo i láthair in alt léi 'Language management and language managers: who are the Irish language managers in Breacbhaile?' Ag tarraingt di ar thaighde eitneagrafach atá déanta aici féin i gceantar anaithnid Gaeltachta (Ní Dhúda, 2017; 2018), feictear di go bhfuil tualangacht ag an Acht chun gníomhaíochas na teanga a spreagadh go háitiúil ó tharla go dtugtar deis do na pobail

ról a bheith acu i bpróiseas na pleanála teanga go háitiúil (Ní Dhúda, 2014a: 30). Is dá bhíthin sin a d'fhéadfadh bainisteoirí agus ceannairí teanga teacht chun cinn go horgánach nádúrtha ag leibhéal an phobail, dar léi:

The development of a comprehensive language planning system at community level in the Gaeltacht through new legislation (i.e. Gaeltacht Act 2012) is the central strategy being put in place by the Irish government to ensure that the Irish language survives as a community language in the Gaeltacht. This perceived retreat at macro level, and delegation of power to language communities through this new approach and legislation (i. e. Gaeltacht Act 2012), has created not only space but an integral role for language activism, managers and agencies at micro and local levels. (Ní Dhúda 2017: 220)

Coincheap na bainistíochta teanga

Ní féidir an bhainistíocht teanga a phlé beag beann ar an mbeartas teanga, ar cur chuige é a luaitear le Bernard Spolsky (2004; 2009). Faoi mhúnla sin an bheartais teanga, moltar go ndéanfaí ionramháil:

- ar na cleachtais teanga (is é sin an chaoi a n-úsáidtear an teanga ó lá go lá, na roghanna teangeolaíochta a dhéantar sa teaghlach nó in institiúidí eile pobail, mar shampla);
- ar na creidimh teanga (is é sin an méid a chreideann daoine faoin luach a bhaineann leis na teangacha a labhraítear). (Ó hIfearnáin, 2006: 1)

Is éard a chuireann an beartas teanga roimhe féin ná ‘bainistíocht’ a dhéanamh ar na creidimh agus ar na cleachtais sin. D’fhéadfaí a rá, mar sin, gur gléas ionramhála agus idirghabhála í an bhainistíocht teanga a fhágann a lorg ar chreidimh agus ar chleachtais teanga an phobail. Míníonn Ó hIfearnáin (2006: 7) gur fearr a fheileann an téarma ‘bainistíocht’ ná ‘pleanáil’ chun cur síos a dhéanamh ar a leithéid sin d’idirghabháil ó tharla go dtugann an bhainistíocht, dar leis, tús áite ‘d’iompar an phobail teanga seachas do thoil na n-údarás pleanála.’

Ó tharla gur próiseas comhfhiosach meabhrach é an beartas teanga a éilíonn torthaí follasacha mar thoradh ar an mbainistíocht a dhéantar (Spolsky, 2009: 1), luíonn sé ciall go mbeadh ‘bainisteoir’ de dhíth chun an próiseas sin a riaradh (Spolsky, 2009: 6). Is éard atá sa bhainisteoir teanga, dar le Ní Dhúda (2014a: 71) ná ‘duine a dhéanann iarracht réamhghníomhach leanúnach chun iompar teanga agus dearcthaí teanga thart timpeall air a athrú nó a stiúradh (.i. an Ghaeilge a chur chun cinn).’ Ciallaíonn sé sin go bhfuil gné chomhfhiosach fheasach ag roinnt leis an mbainistíocht teanga sa mhéid is go bhfuil an bainisteoir ar a bhionda athrú éigin a spreagadh. Tugtar ‘gníomhúchán’ (*agency*) ar a leithéid

sin de choincheap ina dtagraítear do chumas an duine gníomhú go comhfhiosach toildeonach sa domhan sóisialta ar mhaithe le hathruithe a spreagadh in iompar agus i gcleachtais daoine eile (Ahearn, 2001: 112).

Tugtar faoin obair seo go hoifigiúil, mar fhostaí a bhfuil cúram na Gaeilge air/uirthi (Ní Dhúda, 2017: 224), nó tugtar faoina leithéid go neamhoifigiúil mar oibrí deonach atá tiomanta don teanga ar chúiseanna pearsanta idé-eolaíochta (Ní Dhúda, 2017: 226). Is ar an mbainisteoir teanga neamhoifigiúil a dhíreofar sa chuid eile den aiste seo trí tharraingt ar an moladh go mbunófaí Gaelcholáiste i gCaisleán an Bharraigh. Tugann Ní Dhúda an ‘gníomhaí teanga’ (2017: 226) ar an gcineál sin bainisteora agus áitíonn sí gurb é an t-inspreagadh intreach a chuireann an lasair dhíograise faoi:

[...] intrinsic motivation involves acting autonomously, doing an activity even in the absence of reinforcements or rewards, doing something for its inherent satisfaction. This is a very personal or internal motivation, which is fuelled by an awareness, resolution or conscious decision (ideological choice) for personal reasons, and is also associated with self-determined behaviour (2017: 222).

Meánscolaíocht Ghaeilge sna Bailte Seirbhíse Gaeltachta

Cuirtear in iúl i bhforáil 6(i) den Acht Oideachais, 1998, agus sa *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge* (Rialtas na hÉireann, 2010: 12) gur bealach é an córas oideachais trínar féidir an dátheangachas a scaipeadh ar an tsochaí i gcoitinne sa chaoi is ‘go mbainfí úsáid níos mó as an nGaeilge ar scoil agus sa phobal’ (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 1998: 10–1). Baineann tábhacht leis an gcóras oideachais, a deir Splosky (2004: 46), chun cumas teanga daoine óga a chothú agus chun deiseanna sóisialaithe a chur ar fáil dóibh, anuas ar réimse an teaghlaigh.

As na sé bhaile dhéag atá aitheanta mar Bhailte Seirbhíse Gaeltachta, léiríonn an fhaisnéis, a chuirtear ar fáil ar an suíomh www.gaeloideachas.ie, go bhfuil soláthar éigin Gaeilge á chur ar fáil ag leibhéal na meánscoile i ndeich gcás díobh sin: Leitir Ceanainn, An Clochán Liath, Béal an Mhuirthead, Cathair na Gaillimhe, Daingean Uí Chúis, Trá Lí, Cathair Saidhbhín, Cathair Chorcaí, Maigh Chromtha agus Baile Átha Buí. Is Scoileanna Gaeltachta, Gaelcholáistí nó Aonaid Lán-Ghaeilge a áirítear i measc na ndeich sampla sin. Fágann sin fuilleach de shé bhaile mhóra nach ndéantar freastal díreach orthu ó thaobh an Ghaeloideachais de. Is iad sin, Baile Dhún na nGall, Baile an Róba, Caisleán an Bharraigh, an Clochán, Dún Garbhán agus an Uaimh. Sna Critéir Pleanála Teanga a bhaineann leis na Bailte Seirbhíse Gaeltachta dearbhaítear gur cheart féachaint chuige go mbeadh:

Oideachas bunscoile agus iarbhunscoile trí mheán na Gaeilge a bheith ar fáil sa phobal iomchuí, de réir bheartas na Roinne Oideachais agus Scileanna, lena n-áirítear sruthanna a bheith ar fáil trí mheán na Gaeilge i scoileanna Béarla agus roinnt ábhar a bheith á múineadh

trí Ghaeilge i scoileanna Béarla, de réir mar is cuí (An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, 2020: 6).

I gcás Chontae Mhaigh Eo, léiríonn an méid sin gur ghá an soláthar Gaeilge, ag leibhéal na meánscoile, a fheabhsú i gCaisleán an Bharraigh agus i mBaile an Róba araon sa chaoi is go mbeadh an dá bhaile sin in ann cloí leis na critéir pleanála teanga. Tá obair ar bun i gCaisleán an Bharraigh cheana féin chun an bhearna sin sa soláthar oideachais meánscoile a dhúnadh. Bheadh an Gaelcholáiste ina chrann taca ag Scoil Raifteirí, an Ghaelscoil i gCaisleán an Bharraigh a bunaíodh in 1983.

Gaelcholáiste

Is iad Emer Mayock, fliúiteadóir traidisiúnta agus píobaire uilleann, agus Frainc Ó Clochartaigh, suirbhéir cairte agus ceantálaí, is mó a luaitear leis an bhfeachtas chun Gaelcholáiste a bhunú i gCaisleán an Bharraigh. Reáchtáladh an chéad chruinniú den ghrúpa ar an 5 Feabhra 2020 in Bridge St, teach tábhairne agus cuartaíochta i lár an bhaile mhóir, agus bhí suas is anuas le 35 duine ina láthair. Ba í an aidhm a bhí leis an gcéad chruinniú sin ná an méid spéise a léireofaí i nGaelcholáiste a thomhas. Ar an drochuair, bhuaill an phaindéim COVID-19 an tír go gairid ina dhiaidh sin, rud a chuir moill ar an bhfeachtas ó shin. Tá Mayock agus Ó Clochartaigh beirt ina mbaill de Choiste Comhairleach an Bhaile Seirbhíse Gaeltachta i gCaisleán an Bharraigh. Ciallaíonn sin go bhfuil ról foirmeálta acu sa phróiseas ach, ina ainneoin sin, áitítear gur bainisteoirí neamhoifigiúla iad atá ag feidhmiú go deonach ar a gconlán féin.

An tInspreagadh

Baineann an t-inspreagadh leis an idé-eolaíocht a mhúnlaíonn cleachtais an bhainisteora agus a thiomáineann an bainisteoir sin chun gnímh (Ní Dhúda, 2017: 222). Tá beirt pháistí ag Mayock féin agus iad ag freastal ar Scoil Raifteirí faoi láthair. Socraíodh na gasúir a sheoladh chuig Scoil Raifteirí, a deir sí, mar gheall ar an tumoideachas Gaeilge chomh maith leis an gcultúr ar féidir teacht i dtír air trí mheán na Gaeilge, dar léi. Is údar aiféala do Mayock é go dtiocfadh deireadh leis an gcineál sin oideachais nuair a bhainfeadh a cuid gasúr aois a dhá bhliain déag amach:

I thought that it was a shame... having spent all of their formative years in a Gaelscoil that there was no follow-on and that it's a dead-end. I'm also aware of the fact that children go into the secondary schools from Scoil Raifteirí or any Gaelscoil and of course they're really ahead in Irish... but by second year/third year, that's gone because they're not using their language. (Mayock, 2021)

Is ar mhaithe leis an leanúnachas sin, ón mbunscoil go dtí an mheánscoil, a choinneáil i dtreis a theastaíonn ó Mayock go mbunófaí Gaelcholáiste i gCaisleán an Bharraigh. Deir Mayock gur chaith sí tamall de bhlianta ag cur fúithi i mBaile Átha Cliath, áit a raibh aithne aici ar go leor daoine a d'fhreastail ar Ghaelcholáistí éagsúla le linn a n-óige; leithéidí Choláiste Eoin agus Choláiste Íosagáin, mar shampla. Chonacthas di go raibh saibhreas cultúir agus teanga ag baint leis an eispéireas sin dóibh, saibhreas arbh fhéidir buntáiste a bhaint as sa saol amach anseo. Tá a leithéid sin d'eispéireas á cheilt ar dhaltaí Scoil Raifteirí faoi láthair, a deir sí, nuair a théann siadsan isteach sa mheánscoil d'uireasa Gaelcholáiste a bheith i gCaisleán an Bharraigh:

I'm very happy with the way Scoil Raifteirí celebrates customs and celebrates music. When I look into the yard on a Wednesday, pre-COVID, everybody has an instrument and it doesn't make any difference if you're a girl or a boy or whatever, and unfortunately that can all fall away [during the teenage years]. And this is not all about traditional music, it's about that acceptance of culture as part of our world; that visual art, music, language are part of our world [...] It exists in the ethos of the school, like in Scoil Raifteirí, music isn't rammed down their throats, neither is art but there is this tide that is ebbing and flowing throughout every celebration in the school and every acknowledgment and it's through the Irish language but also it celebrates our culture and every culture. (Mayock, 2021)

Ar an gcaoi sin, ceapann Mayock go bhfuil an Ghaeilge, an cultúr, an ceol agus na healaíona de dhlúth agus d'inneach i bhfealsúnacht Scoil Raifteirí. Is í an fhís atá aici ná go mbeadh an fhealsúnacht cheannann chéanna ina cloch choirnéil faoin nGaelcholáiste, má bhíonn rath ar an bhfeachtas.

D'fhéadfaí a rá go bhfuil blaiseadh de hipitéis Sapir-Whorf le tabhairt faoi deara san idéolaíocht seo atá ag Mayock. Is é sin go bhfeictear snaidhm idir an teanga agus na smaointe cultúrtha a léirítear tríthi. Ar an gcaoi sin, cuirtear in iúl go bhfuil luachanna cultúrtha ar leith buanaithe sa teanga; is luachanna iad sin ar féidir teacht i dtír orthu trí bhíthin na Gaeilge (féach: May, 2012: 139).

Iarmhairtí an Ghaelcholáiste

Tá an Gaelcholáiste thar a bheith tábhachtach, dar le Mayock, chun aidhmeanna phlean teanga Chaisleán an Bharraigh a bhaint amach. Cén mhaith plean Gaeilge a bheith ann, a deir sí, mura bhfuil dlús cainteoirí óga gníomhacha Gaeilge ar an mbaile:

I feel that the Language Plan is a great positive for the town. I think it has huge potential to influence cultural activity in the town and to have a meaningful impact on people's lives and engagement with the Irish language. But I do believe that the Gaelcholáiste is very much part of that, and I

feel that if you have a language plan, then you need speakers and you need to produce new Irish speakers in a realistic and sustainable manner – they have to be over 12 years of age, they need to be educated through Irish throughout their teenage years. The ethos and output of a Gaelcholáiste has the potential to feed into and support all other elements of the language plan for Castlebar. And there are very many ways to engage people of all ages but the confidence to speak Irish, and an environment to speak it in, where it is completely accepted, [is very important] (Mayock, 2021).

Tagann Ó Clochartaigh leis an méid seo go bhféadfadh tionchar an-dearfach a bheith ag Gaelcholáiste ar ghnéithe eile de shaol cultúrtha agus sóisialta an bhaile mhóir. Is é réimse an teaghlaigh atá i gceist go sonrach ag Ó Clochartaigh sa chás seo. Dá bhfeicfí leanúnachas sa chóras oideachais Gaeilge, ó leibhéal na bunscoile ar aghaidh, chuirfeadh sin abhaile ar dhaoine go bhfuil córas iomlán oideachais lán-Ghaeilge ar fáil i gCaisleán an Bharraigh. Is í an tuiscint atá ag Ó Clochartaigh ná go dtabharfadh a leithéid spreagadh do thuismitheoirí, agus go gcuirfeadh sé an lasair dhíograise fúthu, an Ghaeilge a úsáid i réimsí eile lasmuigh den chóras oideachais, agus sa teaghlach go háirithe:

Is féidir a rá le daoine, tá tú in ann oideachas iomlán a fháil trí mheán na Gaeilge san áit seo [Caisleán an Bharraigh], cén fáth nach ndéanfá an rud céanna i do theach féin ón tús? Tusa an chéad duine a bhíonn ag plé leis an ngasúr sin ó thaobh an oideachais de, déan é trí mheán na Gaeilge – beidh an páiste in ann dul go Scoil Raifteirí le haghaidh na bunscolaíochta agus go dtí an Gaelcholáiste le haghaidh na meánscolaíochta. (Ó Clochartaigh, 2021).

D'fhéadfaí a rá gur 'tearmann teanga' a bheadh sa Ghaelcholáiste, is é sin 'ionad aitheanta ina bhfuil fáilte fhollasach roimh an nGaeilge agus cúis shoiléir í a úsáid' (Ní Dhúda, 2014a: 41). Feictear do Mayock agus d'Ó Clochartaigh beirt go ngabhfadh 'tearmann' an Ghaelcholáiste chun tairbhe don bhainistíocht teanga i réimsí eile de shaol an bhaile mhóir agus is ar an ábhar sin a luaitear an teaghlach, na healaíona agus cúrsaí ceoil go sonrach. Téitear i ngleic leis na réimsí sin ar fad i bplean teanga Chaisleán an Bharraigh trí bhearta fóna a leagan amach. Mar shampla, moltar go gcuirfí scéim phíolótach ar bun sa *Linenhall Arts Centre* ina dtugtar deis do dhéagóirí ceol traidisiúnta a sheinnt le chéile agus chun dreas cainte a dhéanamh i nGaeilge (Rowland, Ní Uigín, Callinan, 2021: 196–7).

An feachtas

Maidir leis an bhfeachtas féin, is í an obair chúlrach atá ar bun faoi láthair. Bhí cruinniú ag Mayock agus ag Ó Clochartaigh leis an bhForas Pátrúnachta i gCill Dara in 2020 chun an próiseas aitheantais a phlé agus chun tuiscint a fháil ar na céimeanna éagsúla a bheadh le tabhairt. Tá dhá rogha éagsúla ann chomh fada agus a bhaineann leis an oideachas meánscoile trí mheán na Gaeilge:

Gaelcholáiste lán-Ghaeilge a bheadh go huile is go hiomlán neamhspleách;

Aonad lán-Ghaeilge a bheadh ag feidhmiú i gceann amháin de na meánscoileanna reatha i gCaisleán an Bharraigh. Is é an Bord Oideachais agus Oiliúna a riarann a leithéid in áiteanna eile. D'fhágfadh sin gur Coláiste Dháibhéid a bheadh i gceist i gCaisleán an Bharraigh.

Tá Mayock agus Ó Clochartaigh beirt deimhin de gur Gaelcholáiste lán-tumoideachais a theastaíonn, murab ionann agus aonad lán-Ghaeilge a bheadh súite isteach i struchtúr ceann de na meánscoileanna eile ar an mbaile. An buntáiste a bhainfeadh leis an nGaelcholáiste, a bheadh neamhspleách ar na scoileanna eile, ná go dtreiseodh sé éiteas Gaeilge agus cultúrtha na scoile, dar le Mayock. Ina theannta sin, tugann sé rogha shoiléir do thuismitheoirí maidir leis an gcineál oideachais a chuirfí ar fáil dá bpáistí, bíodh sin trí na mheán na Gaeilge nó ná bíodh. Tá Stiofán Ó Móráin, atá ina Chathaoirleach ar Chraobh an Phiarsaigh de Chonradh na Gaeilge, ar aon bhuille le Mayock agus le Ó Clochartaigh maidir leis na buntáistí a bhainfeadh le Gaelcholáiste neamhspleách a bheith i gCaisleán an Bharraigh. Ag tarraingt dó ar shampla Choláiste Mhuire i dTuair Mhic Éadaigh, a bhíodh ina choláiste ullmhúcháin fadó, deir Ó Móráin go bhféadfadh an Gaelcholáiste an Ghaeilge a scaipeadh agus a chur chun cinn ar fud an chontae, faoi mar a dhéanadh iardhaltaí Choláiste Mhuire san am a caitheadh (Ó Móráin, 2021).

Conclúid

San aiste seo, rinneadh cur síos ar an dioscúrsa acadúil faoina dtéitear i ngleic le hAcht na Gaeltachta. Faoin dioscúrsa úd, áitítear go bhfuil an stát ag cúlú ó aon ról lárnach díreach a bheith aige sa phróiseas pleanála teanga ag leibhéal an phobail; tá dlús leis an gcúlú sin ó na 1970í i leith (Ó Giollagáin, 2014; Ó Giollagáin agus Péterváry, 2016; Walsh, 2019b, 2021; Ó Ceallaigh, 2021, 2022). Nuair a thagraítear don phleanáil teanga ag 'leibhéal an phobail' is iad na Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta, den chuid is mó, atá i gceist ag na húdair sin. Iarracht atá san aiste seo chun spléachadh a thabhairt ar fheidhmiú an phróisis i mBaile Seirbhíse Gaeltachta, téama nár chaith an t-aos acadúil mórán dua leis fós.

Má ghlactar leis go bhfuil an stát ag tarraingt siar ón mbainistíocht teanga ag leibhéal an phobail, ní mór a aithint freisin go bhfágann an cúlú sin 'spás' don ghníomhaíocht agus don bhainistíocht teanga go háitiúil. D'fhéadfaí a rá, go deimhin, nach bhfuil an dara suí sa bhuaile ann i bhfianaise chúlú an stáit. Ciallaíonn sin, dar le Ní Dhúda (2017: 220), go gcuireann Acht na Gaeltachta deiseanna ar fáil do ghrúpaí pobail chun gníomhaíochtaí a chur ar bun as a stuaim féin agus chun obair mhaith fhiúntach a dhéanamh dá réir sin. Sampla de bhainistíocht teanga dá leithéid is ea an feachtas chun Gaelcholáiste a bhunú i gCaisleán an Bharraigh. Is feachtas é atá fréamhaithe sa chur chuige deonach agus is é an t-inspreagadh intreach atá á thiomáint. Fágann sin gur tiomantas pearsanta idé-eolaíochta na rannpháirtithe atá ina chloch choirnéil faoina gcuid bainistíochta teanga. Is é an toradh a bheidh ar an mbainistíocht teanga, i gcás an Ghaelcholáiste, ná chun iompar teanga agus dearcthaí teanga na hóige a athrú nó a

stiúradh. Ar an gcaoi sin, léiríonn an aiste seo go bhfuil bunús le háiteamh Uí Dhúda (2017: 218) go bhfuil bainistíocht teanga, den uile chineál, ag tarlú go horgánach institiúideach ag leibhéal an phobail, d'uireasa idirghabháil an stáit.

Dá bhailí é an méid sin, ní mór a aithint go bhfuil laincisí ar an gcur chuige seo freisin. Níl an feachtas chun an Gaelcholáiste a bhunú ach ina thús. Ar an gcaoi sin, ní fios fós an seasfar an cúrsa leis an bhfeachtas nó cén rath a bheidh air ar deireadh. Ní heol, ach an oiread, cé na baic a chuirfear sa bhealach ar an bhfeachtas agus cén chaoi a ngabhfar i ngleic leis na dúshláin sin, má ghabhann. Áitítear san aiste seo go bhféadfadh borradh teacht faoin mbainistíocht teanga go háitiúil san fholús ceannaireachta a fhágann an stát ina dhiaidh. Ach b'fhiú a lua nár ghá go mbeadh sé ar chumas gach pobail ceannaireacht dá leithéid a léiriú; braitheann a leithéid ar a eagraithe is atá an pobal féin chomh maith le tiomantas agus díocas na mbainisteoirí teanga, idir oifigiúil agus neamhoifigiúil, a fheidhmíonn ann. Ó tharla go mbíonn an próiseas pleanála teanga cleithiúnach ar an obair dheonach, in amanna, léiríonn sé sin, dar le Ó Ceallaigh, an claonadh 'nualibrálach' i dtreo gnéithe den bheartas sóisialta a fhágáil faoi iarrachtaí príobháideacha:

Is é an breac sa mbainne i gcás polasaí Gaeilge, áfach, ná go bhfuil an stát sna 26 contae diongbháilte don nualibrálachas mar fhealsúnacht eacnamaíochta. Is cur chuige é seo a tharraingíonn tacaíocht stáit siar ó go leor réimsí den pholasaí poiblí, agus an tuairim ann go mbeidh toradh níos fearr orthu má fhágtar iad faoi riaradh chumhacht an mhargaidh. Cuireadh luas mór faoi tharraingt siar tacaíochta stáit do pholasaí Gaeilge sa tréimhse a lean cliseadh eacnamaíochta 2008 [...]. Cé gur thuill an nualibrálachas an-droch-chlú mar gheall ar an ngéarchéim sin, leanann sé air, ceal gluaiseacht láidir go leor lena athrú (Ó Ceallaigh, 2021).

Dá thábhachtaí í an obair dheonach i bpróiseas na pleanála teanga, deir Ní Dhúda (2014a: 53) nach féidir 'a bheith ag brath ar obair dheonach amháin chun plean teanga a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus comhordú a dhéanamh ar an bpróiseas trí chéile'. Is mar gheall air sin a áitíonn Ní Dhúda (2014a: 53) gur gá bainisteoir teanga 'oifigiúil' a cheapadh a mbeadh luach saothair á thabhairt dó/di chun an plean teanga a chur i bhfeidhm. Chuige sin, is é an chéad bheart a chuirtear i láthair i bPlean Teanga Chaisleán an Bharraigh ná go gceapfaí Oifigeach Pleanála Teanga lánaimseartha; is é an tOifigeach Pleanála Teanga a dhéanfaidh cúram de chur i bhfeidhm an phlean teanga chomh maith le monatóireacht a dhéanamh air.

Leabharliosta

Leabhair agus Ailt

Ahearn, L. (2001) 'Language and Agency.' *Annual Review of Anthropology* 30: 109–37.

An Roinn Oideachais agus Scileanna. (1998) *Acht Oideachais, 1998*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

An Roinn Tionscail agus Tráchtála. (1926) *Census of Population 1926 (Volume VIII): Irish Language with Special Tables for the Gaeltacht Areas*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. (2020) *Rialacháin maidir le critéir pleanála teanga*. Le fáil ag: <https://www.gov.ie/ga/foilsuichan/rialachain-maidir-le-criteir-pleanala-teanga/>. (Léite 26 Eanáir 2022).

Coimisiún na Gaeltachta. (1926) *Gaeltacht Commission: Report*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Coimisiún na Gaeltachta. (2002) *Tuarascáil*. Baile Átha Cliath: An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán.

Hindley, R., (1990) *The Death of the Irish Language: A Qualified Obituary*. Routledge.

Mac Gabhann, F., (2014) *Logainmneacha Mhaigh Eo. 5, Barúntacht Cheara: Anailís ar Ainmneacha na mBailte Fearainn agus roinnt Ainmneacha eile i mBarúntacht Cheara i Lár Mhaigh Eo*. Binn Éadair, Baile Átha Cliath: Coiscéim.

May, S., (2012) *Language and Minority Rights: Ethnicity, Nationalism and the Politics of Language*. New York: Routledge.

Ní Dhúda, L., (2014a) *Roghanna: Lámhleabhar Eolais faoin bPleanáil Teanga*. Béal Átha Buí: Glór na nGael.

Ní Dhúda, L., (2014b) 'Gaeltacht Mhaigh Eo an lae inniu: Staidéar Cainníochtúil.' In: Moran, G. & Ó Muraíle N. (eagí.). *Mayo History and Society*. Baile Átha Cliath: Geography Publications, 817–42.

- Ní Dhúda, L., (2017) 'Language management and language managers: who are the Irish language managers in Breacbhaile?' *International Journal of Sociolinguistics* 2017; 245: 217–43.
- Ní Dhúda, L., (2018) 'Éagsúlacht agus contrárthacht na gcreideamh teanga sa Bhreacbhaile.' In: Ó hIfearnáin, T. & Walsh, J. (eagí.). *An Meon Folaithé: Idé-eolaíochtaí agus iompar lucht labhartha na Gaeilge in Éirinn agus in Albain*. Baile Átha Cliath: Cois Life. 1–38.
- Ó Ceallaigh, B., (2021) 'Breithiúnas an Bhoird Snip Nua agus Toil an Troika: Polasaí Gaeilge i bPoblacht na hÉireann, 2008–2018.' In: *ComharTaighde* 7.
- Ó Ceallaigh, B., (2022) 'Interests, Power and Austerity in Irish-language Policy 2008–18.' In: Nekula, M., Sherman, T. & Zawiszová, H. (eag.). *Interests and Power in Language Management*. Bern: Peter Lang.
- Ó Giollagáin, C. & Péterváry, T., (2016) 'An Pobal Gaelach sa Stát Éireannach: Forbairt agus Éigeandáil.' In: Ó Giollagáin, C. agus Ó Curnáin, B. *Beartas úr na nGael: Dálaí na Gaeilge San Iar-Nua-Aoiseachas*. Indreabhán: Leabhar Breac. 15–58.
- Ó Giollagáin, C., (2013) 'Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: Impleachtaí do Ghaeltachtaí Mhaigh Eo.' In: *Léann Teanga: An Reiviú 2013*.
- Ó Giollagáin, C., (2014). 'From Revivalist to Undertaker: New developments in official policies and attitudes to Ireland's 'First Language.' *Language Problems & Language Planning*, 38.
- Ó hIfearnáin, T., (2006) *Beartas Teanga*. Baile Átha Cliath: Coiscéim.
- Ó Muraíle, N., (1983) 'Staid na Gaeilge i gConnachta in Aimsir Sheáin Mhic Héil.' In: Ní Cheannain, Á. (eag.). *Leon an Iarthair: Aistí ar Sheán Mac Héil*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta. 37–66.
- Rialtas na hÉireann. (2010) *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010–2030*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin an Rialtais.
- Rialtas na hÉireann. (2012) *Acht na Gaeltachta, 2012*. Le fáil ag: <https://www.gov.ie/en/publication/cc6a9-gaeltacht-act-2012/>. (Léite: 15 Feabhra 2022).

- Rowland, H., Ní Uigín, D. & Callinan, L. (2021) *Plean Teanga Chaisleán an Bharraigh (2021–2028): Baile Seirbhíse Gaeltachta*. Maigh Eo: Gnó Mhaigh Eo.
- Spolsky, B., (2004) *Language Policy*. Cambridge: Cambridge University Press.
- Spolsky, B., (2009) *Language Management*. Cambridge: Cambridge University Press.
- Walsh, J., (2012) *Contests and Contexts: The Irish Language and Ireland's Socioeconomic Development*. Bern: Peter Lang.
- Walsh, J., (2019a) 'Sainiú na Gaeltachta: Pobail, ceantair agus líonraí.' In: Ó hIfearnáin, T. (eag.) *An tSochtheangeolaíocht: Taighde agus Gníomh*. Baile Átha Cliath: Cois Life. 185–210.
- Walsh, J., (2019b) 'An Stát ag cúlú ón nGaeilge agus ón nGaeltacht agus na heagraíochtaí teanga curtha ina dtost.' In: *Tuairisc.ie*, 14 Feabhra, ar fáil ag: <https://tuairisc.ie/an-stat-ag-culu-on-ngaeilge-agus-on-ngaeltacht-agus-na-heagraiochtaí-teanga-curtha-ina-dtost/> [15 Feabhra 2022].
- Walsh, J., (2021) 'The governance of Irish in the neoliberal age: The retreat of the state in the guise of empowerment.' In: *Language Revitalisation and Social Transformation*. London: Palgrave Macmillan.

Agallaimh

- Mayock, E., (2021) Agallamh le hEmer Mayock ón bhfeachtas atá ag cur ar son Gaelcholáiste a bhunú i gCaisleán an Bharraigh, 10 Feabhra.
- Ó Clochartaigh, F., (2021) Agallamh le Frainc Ó Clochartaigh, Cathaoirleach ar an gCoiste Comhairleach, Baile Seirbhíse Gaeltachta Chaisleán an Bharraigh, 19 Márta.
- Ó Móráin, S., (2021) Agallamh le Stiofán Ó Móráin, Cathaoirleach ar Chraobh an Phiarsaigh, Caisleán an Bharraigh, 13 Feabhra.



Rannóg na bhFochéimithe

Seán agus Máire

Seo chugaibh an chéad chuid de ghearrscéal scéinséir do dhaone fásta a scríobh Roald Dahl (agus a ndeineadh clár teilifíse de sa tsraith *Tales of the Unexpected*).

Néamhann Ní Dhonnghaile a d'aistrigh

Níor fhág Seán Ó Floinn mórán airgid ina dhiaidh nuair a fuair sé bás, agus ba bhunúsach an uacht a d'fhág sé. Cé is móite de chúpla tiomnacht bheag dá ghaolta, d'fhág sé a chuid maoinne ar fad ag a bhean chéile.

Phléigh Bean Uí Fhloinn agus an t-aturnae é ar fad in oifig an aturnae, agus nuair a bhí na gnóithe críochnaithe, d'éirigh an bhaintreach le himeacht. Leis sin, thóg an t-aturnae clúdach séalaithe ó fhilleán ar a thábla agus shín anonn chuig a chliant é.

'hIarradh orm é seo a thabhairt duit,' ar sé. 'Sheol d'fhear céile chugainn é tamall sular cailleadh é.' Bhí an t-aturnae mílíteach agus deismíneach, agus mar chomhartha measa don bhaintreach, choinnigh sé a chloigeann ar leataobh agus é ag caint, agus a shúile ar an talamh. 'Rud inteacht pearsanta atá ann, de réir cosúlachta, a Bhean Uí Fhloinn. Bheifeá ag iarraidh a thabhairt abhaile leat lena léamh go príobháideach gan amhras.'

Thóg Bean Uí Fhloinn an clúdach litreach ina glaic agus amach léi ar an tsráid. Stad sí ar an chosán, agus mhothaigh lena méara í. Litir ó Sheán ag fágáil slán? Is dócha, sea. Litir fhoirmiúil. Chaithfeadh sí bheith foirmiúil – stalctha agus foirmiúil. Cha dtiocfadh leis an fhear a bheith dóigh ar bith eile. Níor thug sé faoi rud ar bith neamhfhoirmeálta lena bheo.

A Mháire, a chroí, tá súil agam nach ligfidh tú de m'imeacht ón tsaol seo cur as duit barraíocht, ach go leanfaidh tú ort ag cloí leis na prionsabail sin a bhí mar threoir agat le linn ár gcumainn le chéile. Bí dícheallach agus díniteach in achan rud a ghní tú. Bí tíosach le do chuid airgid. Bí cúramach nach ndéan tú... srl, srl.

Litir mar ba dhual do Sheán.

Nó arbh fhéidir gur thit an lug ar an lag air ag an bhomaite dheireanach agus gur scríobh sé rud inteacht álainn chuici? B'fhéidir gur teachtaireacht aoibhinn, mhacánta a bhí ann, cineál de litir ghrá, nóta geanúil ag gabháil buíochais léi as 30 bliain dá saol a thabhairt dó agus as na milliúin léine a smúdáil, na milliúin béile a ullmhú agus leaba a chóiriú dó na milliúin uair, rud inteacht a thioctadh léi a léamh arís is arís eile, ar a laghad uair sa lá, agus a choinneodh sí go deo sa bhosca ar an chlár maisiúchán lena cuid bróistí.

Ní bheadh a fhios agat caidé a dtabharfadh daoine faoi go díreach agus snáithe na beatha ag druidim chun deiridh, a dúirt Bean Uí Fhloinn léi féin, agus thrusáil sí an litir fána hascaill agus ar aghaidh léi abhaile.

Isteach léi fríd an doras toisigh, gur thug a haghaidh ar an tseomra suí agus shuigh ar an tolg, a hata agus a cídeog go fóill uirthi. Ansin, d'fhoscail sí an clúdach litreach agus tharraing amach a raibh ann. Chonaic sí cúig phíosa dhéag nó fiche píosa de bhileoga bána páipéir le línte, iad ar fad fillte uair amháin agus á gcoinneáil le chéile sa choirnéal thuas ar chlé le fáiscín. Bhí achan bhileog clúdaithe le peannaireacht bheag néata, í claonta chun toisigh ar rómhaith a taithí uirthi, ach nuair a thug sí fá dear a oiread di a bhí ann, agus a néata is a scríobhadh í, ar dhóigh an-chríochnúil, agus an dóigh nár toisíodh an litir fiú amháin ar bhealach deas mar ba chóir do litir toiseacht, tháinig amhras uirthi.

D'amharc sí uaithi. Las toitín di féin. Bhain sí smailc amháin as a toitín agus leag isteach sa luaithreadán é.

Maram go bhfuil ábhar na litreach ar eolas agam, ar sise léi féin, agus más ea níor mhaith liom a léamh.

An féidir le duine diúltú litir ó mharbhán a léamh?

Is féidir.

Bhuel...

Thug sí sracfhéachaint ar chathaoir fholamh Sheán ar an taobh eile den teallach. Cathaoir uillinne leathair ba ea í, a raibh lorg ar an tsuíochán ón áit ar shuigh sé isteach ann thar na blianta. Níos airde suas, ar an taca droma, san áit sin a leagadh sé a chloigeann, bhí smál dorcha ubhchruthach fágtha sa leathar. Ba ghnách leis suí agus léamh sa chathaoir sin agus shuíodh sise os a chomhair ar an tolg, ag fuáil cnaipí, ag dearnáil stocaí nó ag cur paiste ar uillinn cheann dá chuid casóg, agus achan re seal, d'ardaíodh súile ón leabhar, stánadh uirthi go faichilleach, ach ar dhóigh shaoithiúil, neamhphearsanta, amhail is go raibh sé ag iarraidh rud inteacht a oibriú amach. Cha raibh dúil aici riamh sna súile sin, súile beaga fuara gealghorma, iad cóngarach go leor dá chéile, dhá líne dhoimhne síos suas, lán le míshástacht á scaradh. Bhíodh na súile sin ag coimhead uirthi go síoraí seasta. Agus fiú amháin anois, i ndiaidh seachtain a chaitheamh sa teach léi féin, tháinig míshuaimhneas uirthi go raibh siad go fóill ansin, á leanstan thart, ag stánadh uirthi idir dhá láí an dorais, ó chathaoireacha folmha agus fríd an fhuinneog i rith na hoíche.

Shín sí a sciathán síos go mall isteach ina mála láimhe, ghlac amach a spéaclaí agus chuir uirthi iad. Ansin, agus í ag ardú na leathanach os a comhair ionas gur léir iad faoi dheisiúr gréine na hiarnóna ón fhuinneog taobh thiar, thoisigh sí ar a léamh:

Is duitse a Mháire, a chroí, amháin, atá an litir seo, agus tabharfar duit í go gairid i ndiaidh d'ordóg an bháis dul ar mo shúile.

Ná bíodh coiscríú fút nuair a fheiceas tú a oiread scríbhneoireachta atá ann. Níl ann ach iarracht uaimse a mhíniú duit caidé go díreach a dhéanfaidh Mac Eoin orm, agus cad tuighe ar aontaigh mé a dhéanamh, agus cad iad a chuid teoiricí agus a mhianta. Is tusa mo bhean chéile, agus tá sé de cheart agat a bheith ar an eolas fá na nithe seo. Dáiríre, ba chóir go mbeadh a fhios agat fúthu. Le cúpla lá anuas rinne mé mo dhícheall labhairt leat fá Mhac Eoin, ach dhiúltaigh tú scun scan éisteacht liom. Mar a dúirt mé leat cheana féin, is dearcadh iontach amaideach é sin atá agat, agus ní dóigh liom go bhfuil sé go hiomlán neamhleithleach ach oiread. Eascraíonn sé go mór as aineolas, agus tá mé lánchinnte dá mbeadh a fhios agat fá achan rud go n-athrófa do mheon láithreach. Is í sin an chúis a bhfuil mé dóchasach anois agus mé ar shlua na marbh, agus nuair nach bhfuil d'intinn ar seachrán, go mbeidh tú toilteanach cluas éisteachta a thabhairt dom agus tú a' léamh fríd na leathanaigh seo. Geallaim duit, i ndiaidh duit mo scéal a léamh go n-imeoidh an fuath, agus go nglacfaidh díocas a áit. B'fhéidir fiú amháin, go mbeifeá bródúil as an méid a rinne mé.

De réir mar a leanas tú ort ag léamh, maith dom, murar miste leat, an stíl fhuarchúiseach, ach is é seo an t-aon bhealach atá agam leis an teachtaireacht a chur ina luí ort. An bhfeiceann tú, de réir mar a mhothaím an bás fá fhad scairte díom, is rud nádúrtha é go dtoiseodh achan chineál maoithneachais fán spéir a theacht aníos ionam. Achan uile lá, éirím i bhfad níos tnúthánaí, go háirithe sna tráthnóntaí, agus mura mbím cúramach beidh mo chuid mothúchán ag dul chun maoithneachais sna leathanaigh seo.

Ba mhian liom, cuir i gcás, rud inteacht a scríobh fútsa agus a shásúla is a bhí tú mar bhean chéile agamsa fríd na blianta, agus tá mé ag geallstan dom féin má bhíonn am ann, agus má tá an neart go fóill ionam, go ndéanfaidh mé é sin ina dhiaidh seo.

Tá fonn orm fosta labhairt fá Oxford, an áit a bhfuil mo chroí, áit ar chónaigh mé agus ar theagasc mé le seacht mbliana déag anuas, rud inteacht a rá fá áilleacht na háite agus a mhíniú, má thig liom, a thábhachtaí is a bhí sé dom a bheith ag obair anseo. Carnann na rudaí is na háiteanna sin uilig ar thug mé grá daofa i m'intinn agus mé i mo shuí sa tseomra leapa dhuairc ghruama seo. Tá siad geal agus galánta mar a bhí i gcónaí, agus inniu, ar chúis inteacht, is soiléire sin ná riamh. An cosán thart ar an loch i ngairdín Choláiste Worcester, an áit ar ghnách le Lúsaí bheag siúl. An geata in Pembroke. An radharc ó thúr Magdalen siar thar an bhaile. An halla mór ag Eaglais Chríost. An creig-ghairdín ag Naomh Eoin, áit ar chuntas mé níos mó ná dosaen cineál méaracán gorm, sú talún bhréige neamhchoitianta san áireamh. Ach an bhfeiceann tú sin! Níl mé fiú amháin toisithe go fóill agus tá mé imithe ar seachrán cheana féin. Toiseoidh mé anois mar sin; léigh go mall í, a stóirín, gan cuid ar bith den dólás ná den mhíshásamh sin a dtiocfadh leo cur isteach ar do thuiscint. An dtabharfaidh tú d'fhocal dom go léifidh tú go mall í, agus go mbeidh d'aigne socair, foighdeach agat sula dtoiseoidh tú?

Tuigeann tusa mionsonraí na breoiteachta a chnag go tobann mé ó tháinig an mheánaois orm. Ní chaithfidh mé am a chur amú á mhíniú – ach admhaím go raibh sé fíoramaideach agam

gan ‘dhul chuig an dochtúir ní ba luaithe. Tá ailse ar cheann den bheagán galar nach féidir leis na drugaí nua-aimseartha a leigheas. Thig le máinlia cuidiú ar bhealach inteacht murar scaip an galar rófhada; ach i mo chás-sa de, ní hamháin gur fhág mé rómhall é, ach bhí sé de shotal ag an ghalar a theacht ar mo phaincréas, agus dá réir sin, tá sé dodhéanta dáiríre go dtiocfainn slán ó obráid.

Mar sin agus mé i mo shuí ansin agus idir mí agus sé mhí fágtha ar an tsaol seo agam, agus mé ag dul i ndoilíos de réir na huairé – go tobann – seo isteach chugam Mac Eoin.

B’in sé seachtaine ó shin, ar mhaidin Mháirt, le maidneachan an lae, i bhfad roimh d’uaireanta cuartaíochta-sa, agus bhí a fhios agam ón bhomaite sin a shiúil sé isteach go raibh rud inteacht mire ar cois. Níor théaltaigh sé isteach go bog ar a bharraicíní, maolchluasach agus uascánta, gan fhios aige caidé ba chóir a rá, mar a dhéanann mo chuariteoirí eile uilig. Tháinig sé isteach go muiníneach agus miongháire air, gur thug truslóg anonn ‘na leapa agus sheas ansin ag amharc anuas orm agus léas geal fiáin ina shúile, agus dúirt, ‘A Sheáin, a stócaigh, tá seo foirfe. Is tusa díreach an té atá a dhíobháil orm!’

Is dócha gur chóir dom a mhíniú anois, cé nach raibh Liam Mac Eoin ariamh sa tigh s’againne, agus gurbh annamh a bhuaíl tú leis, má casadh ort riamh é, is cara liom anois é le thart fá naoi mbliana. Ar ndóigh, cé gur múinteoir fealsúnachta go príomha mé, mar is eol duit, tá lámh agam sa tsíceolaíocht le tamall anuas fosta. Tharla beagán trasnaíle mar sin idir ábhair spéise s’agam féin agus cuid Liam. Is néaramháinlia iontach é, ar an mhuintir is fearr acu, agus ar na mallaibh bhí sé cineálta go leor ligint dom taighde a dhéanamh ar thorthaí roinnt dá chuid oibre, go háirithe ar éifeachtaí éagsúla lobatóimí réamhthosaigh i dtaca le cineálacha difriúla síceapatach. Is cinnte mar sin nuair a tháinig sé isteach gan choinne gan iarraidh an mhaidin Mháirt sin, nárbh aon strainséirí ag a chéile sinn.

‘Éist,’ ar seisean, agus é ag tarraingt cathaoireach i dtreo na leapa. ‘I gceann cúpla seachtain beidh tusa marbh. An bhfuil an ceart agam?’

Chan ar dhóigh ghránna a chuir Mac Eoin an cheist. Ar bhealach, ba dheas go raibh cuairteoir cróga go leor a thráchtfadh ar an ábhar thoirmiscithe seo.

‘Síothlóidh tú díreach anseo sa tseomra seo, agus ansin glacfaidh siad amach thú agus déanfar thú a chréamadh.’

‘Mé a adhlacadh,’ arsa mise.

‘Fiú níos measa. Ansin caidé? An greideann tú go rachaidh tú ar Neamh?’

‘Ní dóigh liom é,’ a dúirt mé, ‘cé gurbh ábhar sólais dom a leithéid a shílsteán.’

‘Nó go hifreann, b’fhéidir?’

‘Ní fheicim cad tuighe a seolfadh siad ansin mé.’

‘Ní bheadh a fhios agat, a Sheáin, a chara.’

‘Caidé fá dtaobh de é seo?’ a d’fhiafraigh mé.

‘Bhal,’ ar seisean, chonaic mé go raibh sé ag amharc orm go cúramach, ‘ní dóigh liom go mbeidh tásca ná tuairisc go deo arís ort i ndiaidh duit bás a fháil – ach amháin má...’ stad sé agus rinne meangadh gáire agus chrom níos cóngaraí ‘...ach amháin, ar ndóigh, má tá tú cliste go leor tú féin a fhágáil faoi mo chúramsa. Ar mhaith leat mo mholadh a chluinstin?’

.....



Léirmheas ar *Léachtaí Uí Chadhain:* *Mórchnuasach in ómós do Mháirtín* *Ó Cadhain (1906–1970)*

**Cló Léann na Gaeilge: Baile Átha Cliath, 2020. 682 lch.
Comhar, €30.00**

Eagarthóirí: Liam Mac Amhlaigh agus Caoimhín Mac Giolla Léith

Léirmheas le Rhiann Flemming

Chuir an tOllamh Breandán Ó Buachalla tús le hócáid bhliantúil in 1980 chun ómós a thabhairt do Mháirtín Ó Cadhain – mórscríbhneoir, oideoir, aistriitheoir, gníomhaí polaitíochta agus cainteoir spreagúil a bhfuil a rian ar shaol na litríochta Gaeilge fós. Le daichead bliain anuas, tá lucht léinn na Gaeilge ag teacht le chéile agus ag déanamh plé ar stair, ar chultúr agus ar dhioscúrsa na Gaeilge trí chéile. Bailiúchán toirtiúil a bhfuil 37 léacht ann atá in *Léachtaí Uí Chadhain: Mórchnuasach in ómós do Mháirtín Ó Cadhain (1906–1970)*, ar chuir Liam Mac Amhlaigh agus Caoimhín Mac Giolla Léith in eagar go dúthrachtach é.

Tá an leabhar leagtha amach in ord croineolaíoch. Tá éagsúlacht agus ilchineálacht le sonrú sa chnuasach óir thug daoine as cúlraí gairmiúla difriúla léacht gach uile bhliain. Mar a shonraítear i réamhrá an leabhair: ‘ba léir gurb éard a bhí i Léacht Uí Chadhain ná scáthán inarbh fhéidir na díospóireachtaí ba thábhachtaí faoi gach gné de nualitríocht na Gaeilge a mheas.’^(x) Pléadh cúrsaí staire, filíochta, litríochta, foilsitheoireachta, aistriúcháin, ceoil agus iriseoireachta sa leabhar, chomh maith le mionteangacha², beathaisnéisí na nGael³, agus réimse ábhar níos leithne.

¹ Fuaimeint Gaeil’ (2015) le Peadar Ó Riada, mar shampla, a thugann léargas ar an stair, ar an aigneolaíocht, ar an gcultúr Éireannach agus ar thraidisiún na tíre.

² ‘An Choirnis agus an Ghaeilge—Ceacht nó Rabhadh?’ (2009) le N.J.A. Williams.

³ ‘Le Gean ar Ghaeil: Fiontar Beathaisnéise’ (1995) le Diarmuid Breathnach. Alt a scríobhadh sular tháinig

An rud is suntasaí don léitheoir seo is ea go bhfuil an leabhar ina fhoinsé luachmhar beathaisnéise do dhaoine nach bhfuil mionchur amach acu ar Mháirtín Ó Cadhain. Foghlaimeoidh an léitheoir faoi shaol agus faoi shaothar an Chadhnaigh, faoina mhuintir, faoina chúla acadúil agus polaitíochta, agus thar aon rud eile, faoin bhfáth a raibh goimh air mar gheall ar an nGaeilge.

Faightear léargas sárluachmhar ar nádúr agus ar phearsantacht an Chadhnaigh in ‘Máirtín Ó Cadhain: An Pholaitíocht agus an Ghaeilge’ (1980). Is alt suntasach, géarchúiseach le Breandán Ó hEithir é, fear a raibh aithne phearsanta aige ar an gCadhach. Fear polaitiúil a bhí sa Chadhnach a chaith a shaol ar fad ag troid ar son na Gaeilge, cé gur cheap sé féin go raibh ‘an Ghaeilge básaithe’ (3). Ag deireadh an ailt, nochtann Ó hEithir go bhfuil sé ar aon intinn leis an gCadhach: ‘seans caol go gcaomhnófar an teanga’ (11). Ba cheart aird a thabhairt ar an mbliain a tugadh an léacht seo agus an ráiteas sin á mheas.

Áitíonn Gearóid Ó Tuathaigh gur gníomh polaitiúil a bhí i ngach ‘siolla dar scríobh’ (36) an Cadhnach sa Ghaeilge, mar gheall ar an dearcadh a bhí aige ar an teanga – go raibh sí i mbaol a báis. Foinse luachmhar eolais is ea ‘Máirtín Ó Cadhain: Stair agus Polaitíocht’ (1982) ina ndéantar iniúchadh ar thuairimí polaitíochta Uí Chadhain, ar a easpa iontaibhe as an rialtas agus ar na cúiseanna stairiúla ba bhun leo. Míníonn sé gur chuir an Cadhnach muinín sna Fíníní toisc go raibh Gaeilge ag cuid mhór acu. Ba í cúis na Gaeilge cúis an Chadhnaigh. Cuireann Ó Tuathaigh síos ar mhodhanna oibre an Chadhnaigh, agus taispeánann sé an tionchar a bhí ag an Marxachas agus ag scríbhinní na mór-Rúiseach ar a dhearcadh.

Cuireann aiste Liam Uí Dhochartaigh le hiniúchadh Uí Thuathaigh agus faigheann an léitheoir tuiscint níos doimhne ar na cúiseanna ba bhun le drochmheas Uí Chadhain ar an rialtas agus ar pholaiteoirí neamhiontaofa. In ‘Cúis na Gaeilge – Cúis ar Strae’ (1985), rianaíonn Ó Dhochartaigh buntuisicintí na hAthbheochana agus na cúiseanna ar theip uirthi. Baineann an plé is suimiúla, is suntasaí a dhéanann Ó Dhochartaigh le haidhm an dátheangachais. Ardaíonn sé ceist chigilteach a chloistear go minic fós, an cheist ba chúis le teip na haidhme sin: ‘Nach mbeidh an scoth ar fáil i mBéarla?’ (106)

Cuirtear gearrchuntas beathaisnéise ar fáil in alt eolach, dea-scríofa le Joe Steve Ó Neachtain darb ainm ‘Ó Cadhain: An ag Doras an Bháis atá Lorg a Láimhe Anois?’ (2016). Míníonn sé gur chaith Ó Cadhain a bhlianta luatha ‘i gcomhluadar na bhFiann’ agus gur fhoghlaim sé a chuid Gaeilge ó scéalaí a raibh scoth na teanga agus saibhreas seanchais aige: ‘thagadh mórchuid de sheanfiondúirí an bhaile ag déanamh áirneáin agus ag éisteacht le Seán Ó Cadhain...’ (625) Diríonn Ó Neachtain an chuid eile dá chaint ar an maolú atá tagtha ar shuibhreas na Gaeilge sa lá atá inniu ann agus tugann sé léargas úr don léitheoir

‘ainm.ie’ ar an bhfód, suíomh atá bunaithe ar na shraitheanna a d’ullmhaigh Diarmuid Breathnach agus Máire Ní Mhurchú.

ar mheon an Chadhnaigh i leith na teanga. Ní deacair do léitheoirí aontú leis an meon sin nuair a thuigtear go raibh an Ghaeilge chomhaimseartha, ‘Gaeilge a chodail amuigh’, (630) ag tógáil áit na Gaeilge saibhre agus á cur faoi chois.

Magnum opus an Chadhnaigh is ea *Cré na Cille*. Mar sin féin, is ar a leabhar *Athnuachan* a dhíríonn Breandán Ó Doibhlin in ‘Ó Cadhain tar éis *Cré na Cille*’ (1992). Plé taitneamhach atá san alt seo ina ndéanann an t-údar cás áititheach ar son *Athnuachan*, saothar nach raibh Ó Cadhain féin muiníneach as. Déanann an t-údar ráiteas misniúil ag tús an ailt: ‘go bhfuil *Athnuachan* ar aon chéim le *Cré na Cille*’ (210). Tugann Ó Doibhlin achoimre tharraingteach ar an leabhar a chuaigh go mór i gcion ar an léirmheastóir seo. Cuireann sé síos ar chumas an Chadhnaigh mar scríbhneoir liteartha, ar an tuiscint a bhí aige ar an saol agus ar an mbás agus nochtann sé an scil a bhí aige ‘taobh na coiméide agus taobh na truamhéala’ a fhí le chéile (213). Díol suntais atá san alt corraitheach seo a spreagfadh an léitheoir cóip de *Athnuachan* a cheannach.

Cúrsaí foilsitheoireachta agus díolachán leabhar is ábhar do ‘Coisméigeacha Beaga agus Coisméigeacha Móra’ le Micheál Ó Conghaile (2000) ar ndóigh, áit a luann sé an tábhacht a bhaineann le tacú le scríbhneoirí Gaeilge agus a gcuid saothar a cheannach. (363)

Is ar chur chuige an Chadhnaigh agus é i mbun scríbhneoireachta a dhíríonn Alan Titley ina alt ‘Ag Déanamh Páipéir – Foinsí Inspioráide an Chadhnaigh’ (1981). Cuireann sé síos ar na céimeanna a bhí i bpróiseas Uí Chadhain: léigh, foghlaim, scríobh agus athscríobh. Tháinig saothar Uí Chadhain go mór faoi thionchar scríbhneoirí eile le linn an phríosín sin – Capek, Dostoevski, Gorki, Kafka, Masters – ach dar leis an údar gur ‘éirigh leis a chló féin a bhualadh orthu’ (24). Mar sin féin, faigheann Titley locht ar shaothair éagsúla Uí Chadhain agus lorg scríbhneoirí eile fágtha ar a chuid oibre; Áitíonn sé go bhfuil ‘glam pearsanta Mháirtín Uí Chadhain i mbaol a mhúchta’ (16). Cé go n-easaontaíonn Nic Eoin leis an ráiteas seo in ‘Athnuachan agus Athghabháil Shaothar Liteartha Uí Chadhain’ (2017), aontaíonn Gearóid Denvir le Titley ina alt ‘Ó Chill go Cré: Léamh ar Shaothar Uí Chadhain’ (1986). Déanann sé iniúchadh ar chlaochlú Uí Chadhain mar scríbhneoir liteartha agus ardaíonn sé ceisteanna ar fhorbairt charachtair an Chadhnaigh óna shaothair luatha go dtí na sraitheanna. Cíorann Denvir mórthéamaí a shaothair – ról na mban agus ról na bhfear, mianta collaí, an coinníoll daonna agus timthriall na beatha ina measc – agus is suntasach an cur síos a sholáthraíonn sé ar an athrú a thagann ar chruinneshamhail an Chadhnaigh tar éis dó tréimhse a chaitheamh sa phríosún.

In *Páipéir Bhána agus Páipéir Bhreaca* (1969), dúirt an Cadhnach gur ‘raimhre dhorcha arís í spéir na Gaeilge’ (455). Tá go leor athruithe tagtha ar an saol ó shin agus áitítear anois go bhfuil dóchas ann do thodhchaí na Gaeilge. In ‘Idir Shúgradh agus Dáiríre: An Gearrscéal Iar-Chadhnach’ (2005), maíonn Pádraigín Riggs go bródúil go bhfuil ‘glúin eile scríbhneoirí

tagtha ar an bhfód' (455). Déanann sí plé agus iniúchadh ar dhornán scéalta⁴ a foilsíodh ó bhásaigh an Cadhnach agus léiríonn sí go bhfuil dóchas aici féin go mairfidh an teanga (agus cás áitithe déanta aici). Pléann Tadhg Ó Dúshláine (1997), Biddy Jenkinson (1998), Nuala Ní Dhomhnaill (2003) agus Caoimhín Mac Giolla Léith (2004) gnéithe den fhilíocht ina gcuid alt siúd agus cruthaíonn siad go bhfuil filíocht na Gaeilge saor ó bhaol freisin go deimhin.

Caoga bliain i ndiaidh a bháis, cuireann an léitheoir aithne ar an gCadhnach sa chnuasach ilchineálach, éagsúil, nótáilte seo. D'éirigh leis na cainteoirí ar fad codanna beaga de shaol, de shaothar agus de chúis an Chadhnaigh a nochtadh ina gcuid léachtaí agus d'éirigh leo gnéithe éagsúla de nualitríocht na Gaeilge a mheas trí chéile. Áiríodh innéacs ar chúl an leabhair agus is mór an cúnamh é sin do léitheoirí a bhfuil tuiscint níos doimhne ar dhearcadh an chainteora uathu. Tá roinnt léachtaí sa leabhar ina bpléitear ábhair chasta atá dírithe ar lucht léitheoireachta ar leith, ach bhainfeadh duine ar bith a bhfuil suim sa Ghaeilge aige nó aici tairbhe agus taitneamh as an gcnuasach seo.

⁴ 'Ding' le Seán Mac Mathúna, 'Leabhar na bPeacaí' le Micheál Ó Conghaile, 'Oighearaois: Aerís: Arís' le Alan Titley agus 'Oidhe Fhearghusa' le Biddy Jenkinson (458).



Léirmheas ar *Seacht dTír Seacht dTeanga* le Diarmuid Johnson

Leabhar Breac, 2021, Líon Lch: 307, Praghas: €15

Léirmheas le Andrew Garnett

Is cur síos atá sa leabhar *Seacht dTír Seacht dTeanga* le Diarmuid Johnson ar na daoine, ar na heachtraí agus ar na scéalta a casadh ar an údar i dtíortha na hEorpa le dhá scór bliain anuas, is é sin idir 1980 agus 2020. Tugann sé blas tuisceanach cumasach don léitheoir ar na teangacha agus ar na cultúir sna tíortha éagsúla sin agus más cuí, an ceangal atá ann leis an nGaeilge agus go deimhin, leis an tír seo. Thar aon rud eile, áfach, is iad an amhránaíocht, an fhilíocht, an ceol agus na daoine atá i gcoilín an leabhair seo, iad go léir fite fuaite ina chéile sna scéalta a chloistear ó thús deireadh. Mar a thugtar le fios sa teideal, tá seacht gcaibidil sa leabhar, gach ceann ag díriú ar áit dhifriúil ina raibh Johnson, ag tosú leis an mBreatain Bheag agus ag críochnú leis an nGaeltacht. Roinntear na caibidlí sin ina dtéamaí agus ina scéalta féin agus cabhraíonn an leagan amach seo leis an eispéireas léitheoireachta.

Mar a luaitear thuas, is sa Bhreatain Bheag a chuireann Johnson tús leis an scéal agus is léir go bhfuil an-tábhacht ag baint leis an tír sin toisc go bhfuil an chaibidil ar cheann de na cinn is faide sa leabhar. Faightear léargas ar chúlra an údair ar mhodh géarchúiseach eolasach agus réitíonn sé seo an bealach don leabhar ar fad. Cé gur tógadh in Éirinn é, rugadh Johnson in Caerdydd (Cardiff) in 1965. Níor chaith sé ach trí bliana ann go dtí gur bhog sé ar ais in 2001; ag fás aníos a chaith sé na blianta idir an dá linn, i mBaile Átha Cliath ar feadh bliain amháin agus ansin, siar go Gaillimh. Ba as Ceredigion í a mháthair, contae iargúlta in iarthar na Breataine Bige ach bhí sí ag freastal ar an ollscoil in Aberystwyth nuair a bhuail sí le hathair Dhiarmada den chéad uair, Desmond Johnson. Chaitheadh an teaghlach trí seachtaine in

Ceredigion gach samhradh, rud a léiríonn an dáimh a bhí acu leis an mBreatain Bheag. Is le linn na dtréimhsí seo a chuaigh Diarmuid i dtaithí ar an teanga, ag éisteacht le mná na háite ag caint lena chéile agus ag ceistiú a dhaideo arís agus arís eile ach go háirithe.

Cé go bhfuil an chaibidil bunaithe go hiomlán ar an mBreatain Bheag, tá ocht gcuid ann, cineál meascáin den stair, den cheol, den fhilíocht agus ar ndóigh, a thaithí féin maidir leis na rudaí sin, agus baintear úsáid as an meascán seo i nach mór gach caibidil. Deir Johnson gur áit dhóchasach agus uailmhianach í an Bhreatain Bheag sna blianta idir 1997 agus 2016 de bharr na reifreann rathúil le linn na tréimhse sin, ach nuair a vótáladh i bhfabhar an Bhreathimeachta in 2016 nach raibh sé mar an gcéanna arís. Is cinnte gur tharla cúpla rud eile a rinne dochar dá chaidreamh leis an tír, mar shampla, nuair a ‘tharraing Páirtí an Lucht Oibre an plug’ (36) ar a fheachtas chun páipéar laethúil Breataine a fhoilsiú. ‘Is gníomh caomhach coimeádach cúngaigeanta corónta a bhí i ngníomh báite an pháipéir. Agus gníomh gan choinne’ (36). Úsáideann Johnson uaim anseo go han-éifeachtach chun a phointe a neartú agus a threisiú don léitheoir, agus is minic a chleachtar an stíl sin sa leabhar. Is léir ón teanga a fheictear agus ó na scéalta a insítear sa chaibidil gur fhág na torthaí sin drochbhlas ina bhéal aige. Mar sin féin, tá ceangal an-láidir fós ag Johnson leis an tír mar gheall ar a oidhreacht féin agus ní haon ionadh é sin.

Is leis na blianta 2007–2010 sa Pholainn a théann an dara caibidil i ngleic, cúpla scéal greannmhar san áireamh, ceann acu darb ainm ‘An Celtic Pub i mBaile gan Ainm.’ Tagann smeadar maith grinn isteach sa leabhar ón scéal thuas agus a leithéid, agus éiríonn go maith leis an údar an léitheoir a mhealladh. Is cinnte go bhfuil an teanga an-tábhachtach do mhuintir na Polainne, ‘ba í an teanga an eochair le meon na tíre a thuiscint’ (81). Níos simplí i ndáiríre ach tugann sé an sean-am chun cuimhne don léitheoir, an tslí ar tháinig an tír slán ó chraos na Rúisise agus na Gearmáinise. Feictear thuas agus i ngach caibidil gan dabht, meascán álainn d’ábhair thromchúiseacha agus spráíúla, idir an stair agus na scéalta pearsanta a chloistear ó thús deireadh, agus tagann siad go réidh le chéile.

Is í an Bhriotáin a ndéileálann Johnson léi i gcaibidil a trí, ‘Athdhúchas’ a thug sé air, an áit a bhfuair sé a chéad phost tar éis an ollscoil a fhágáil, an áit ar cheannaigh sé a chéad teach agus an áit ar rugadh a bheirt iníonacha, Aisling agus Ailbhe. Níorbh iontas ar bith é mar sin gur thaitin na ceithre bliana a chaith sé inti go mór leis. Sa chaibidil is faide sa leabhar, tugann sé an-léargas don léitheoir ar sheanamhráin na Briotáine agus is léir ón méid atá scríofa aige go bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo dó – ‘Seanamhráin na Briotáinise: níl a leithéid de chorpas i dtír ar bith eile san Eoraip’ (131). Baineann an t-údar úsáid as teanga shaibhir fhileata ag tús na caibidle, chun cur síos cumhachtach a dhéanamh ar an teach a

cheannaigh sé agus go deimhin, ar an áit ina bhfuil sé lonnaithe. Mar is léir ón sliocht seo thíos, níl amhras faoi ach go gcuireann áilleacht a chuid scríbhneoireachta go mór leis an eispéireas léitheoireachta:

San oíche, dá mbeadh an spéir glan agus an ghealach gan éirí ina scilling, d'fheicfeá gach réalta ba ghile ná a chéile, na múrtha réaltaí ag rinnsaladh go fuinniúil, bealach na bó finne ina abhainn agus ina ilmhilliúin seoda os cionn na gcrann coill, na gcrann iúir, agus na gcrann darach. (103)

Is í an Ghearmáin a chlédaíonn Johnson i gcaibidil a ceathair, dhá thréimhse dhá bhliain a chaith sé inti ag obair mar léachtóir in Ollscoil Bonn. Cuireann sé síos ar na blianta sin le sampla eile dá scríbhneoireacht dhraíochtach:

Is blianta léinn agus leabharlainne a bhí iontu, blianta ceoil agus ceadail, blianta bóthair, blianta bisiúla, blianta a raibh an lámh in uachtar ag an iontas ar an uaigneas, blianta a ndearna mé athdhúchas den iasacht, blianta ar chuala mé croí na hEorpa ag bualadh leis go tréan agus go tomhaiste. (160)

Níl ach ceithre líne thuas, ach ar bhealach éigin, éiríonn le Johnson achoimre ghonta chuimsitheach iontach a thabhairt ar an tréimhse a chaith sé sa Ghearmáin sna focail áille sin. Arís sa chaibidil seo, léirítear tábhacht na ndaoine. Duine acu a sheas amach ná Castus Rabengang, fear a bhí ag iarraidh an tSean-Ghaeilge a phlé le Johnson óir go raibh sé chun ceirnín a dhéanamh a bhí bunaithe ar scéal Dheirdre. Is deacair é a shamhlú, b'fhéidir, beirt ag plé na Sean-Gaeilge in Ollscoil Bonn, duine acu ar as an nGaillimh (trí Cardiff) é, agus an duine eile a raibh 'folt dubh gruaige ag sileadh lena dhá ghualainn, culaith éadaigh air a raibh snáth dubh, snáth gorm agus snáth corcra fite fuaite ina chéile ann, agus an dá shúil ar bior ina cheann le teann beochta agus biorchúise' (172). I mbeagán focal, áfach, an scéal thuas agus an chaoi a gcuireann Johnson síos air agus ar eachtraí eile dá scéalta, sin í áilleacht an leabhair seo.

Díríonn caibidil a cúig agus caibidil a sé ar an Rómáin agus ar an mBeilg faoi seach. Murab ionann na tíortha atá pléite go dtí seo, ní raibh sé sna tíortha thuasluaite ach ar feadh tamall gearr. Maítear nach bhfuil an Bheilg i bhfad níos mó ná Cúige Uladh agus go bhfuil 'díol comparáide ann idir Uladh agus an Bheilg thairis sin; an dá phobal, an dá theanga, an dá chultúr' (233). Is follasach go bhfuil cosúlacht shuntasach eatarthu, agus cuireann an chomparáid seo go mór le tuiscint an léitheora ar an mBeilg. Is cúrsaí litríochta ba chúis leis an tréimhse a chaith Johnson sa Rómáin agus is ag obair mar aistritheoir sa Choimisiún Eorpach a bhí sé sa Bheilg. Sin téama a tharraingítear anuas go minic sa leabhar, an t-údar ag cur faoi i dtír nua de bharr teanga éigin a bhí ar a thoil aige nó saineolas in ábhar éigin a

bhí aige. Diaidh ar ndiaidh, tuigtear an tábhacht agus an tionchar ach go háirithe a bhí ag teangacha ar shaol Johnson. Mar is gnách, is léir ó na scéalta éagsúla a léitear sa chaibidil seo nach raibh deacracht ar bith aige aithne a chur ar dhaoine nua, ceann de na téamaí is láidre sa leabhar.

Caibidil a seacht agus an meall mór ar deireadh anseo, Tír na Gaeltachta. Bristear ina dhá chuid í; An Ghaeltacht Thuaidh agus an Ghaeltacht Theas, is é sin le rá, Gaeltacht na hAlban agus Gaeltacht na hÉireann. Níor tógadh Johnson le Gaeilge ach is léir ó na scéalta suimiúla a insíonn sé faoina óige go raibh an Ghaeilge ar fud na háite. Ba san ollscoil i nGaillimh a tháinig sé ar an *Gàidhlig* den chéad uair cé nach ndeachaigh sé go hAlbain go ceann scór bliain ina dhiaidh sin. Ba ansin a ‘tharla an foilsíú mór dom, an foilsíú feasa, an foilsíú filíochta, an foilsíú fírinne. Sin í an uair a thuig mé céard ba ghairm dom’ (272). Feictear an patrún athfhillteach seo go han-mhinic sa leabhar, Johnson ag úsáid an fhocail chéanna chun cur síos a dhéanamh ar rud éigin, stíl an-deas a chuireann go mór le taitneamhacht na léitheoireachta.

Mar fhocal scoir, fiú tar éis an leabhar seo a léamh, tá sé deacair go maith an tír is fearr le Johnson a roghnú. Bunaithe ar an méid a scríobh sé féin, is beag áit san Eoraip nach bhfuil sé sásta a bheith ann, chomh fada agus is féidir leis caidreamh a dhéanamh le muintir na háite. Cinnte, cé gurb iad na teangacha a d’oscail na doirse dó, ba iad na daoine a mhúscail rud éigin istigh ina chroí. Ba iad na daoine ar bhuail sé leo i gcaitheamh na mblianta atá i gcroílár an leabhair seo. B’fhiú go mór an leabhar luachmhar seo a léamh óir is annamh a chloistear faoi fhear atá líofa i seacht dteanga. Tá ardmholadh tuillte ag an údar mar go gcuireann sé beocht sna scéalta éagsúla sa leabhar fuinniúil taitneamhach seo.



Léirmheas ar *New Speakers of Irish in the Global Context. New Revival?*

**le Bernadette O'Rourke & John Walsh
Routledge, 2020**

Léirmheas le Noelle Higgins

Cíorann an leabhar seo ceisteanna tábhachtacha, suimiúla maidir le nua-chainteoirí na Gaeilge .i. iad siúd nach cainteoirí dúchais iad ach a bhfuil (léibhéal áirithe) Gaeilge acu. Clúdaíonn an téarma seo go leor cainteoirí Gaeilge, iad siúd a bhfuil Gaeilge bhreá líofa acu agus a úsáideann an Ghaeilge ina saol oibre, agus iad siúd a d'fhoghlaim an Ghaeilge ar scoil agus a dhéanann iarracht an teanga a chur chun cinn ar bhealaí éagsúla, m.sh. le ciorcail chomhrá etc. Mar nua-chainteoir mé féin, bhí suim phearsanta agam sa leabhar seo, agus suim ghairmiúil mar thaighdeoir atá ag obair i ngort chearta an duine, cearta teanga san áireamh.

Ceist lárnach a phléann na húdair sa chéad chaibidil den saothar, 'Rethinking the Sociolinguistics of Irish', ná an bhrí atá leis an téarma 'nua-chainteoir' sa chomhthéacs domhanda agus i gcomhthéacs na Gaeilge araon. Cíorann an chaibidil seo ceisteanna polaitíochta a bhaineann le 'leipéid' áirithe a leagtar ar cainteoirí teanga chomh maith. Theastaigh ó na húdair taithí grúpa mór daoine maidir le foghlaim na teanga agus ceisteanna féiniúlachta i gcomhthéacs teanga a phlé, agus mar sin rinne siad agallaimh le céad nua-chainteoir Gaeilge, agus chuir siad grúpaí fócais ar bun freisin. Bhí na nua-chainteoirí Gaeilge roinnte ar 5 chatagóir: (a) cainteoirí líofa a bhfuil a gcuid Gaeilge sách difriúil le cainteoirí dúchais; (b) iad siúd a mhúnlaíonn a dteanga ar chanúintí Gaeltacha agus a bhfuil blas an chainteora dhúchais ar a gcuid Geilge; (c) nua-chainteoirí 'hibrideacha' a mheascann an Ghaeilge agus an Béarla sa chaint; (d) daoine a tógadh le Gaeilge taobh amuigh den Ghaeltacht; agus (e) daoine a úsáideann an Ghaeilge agus atá fós ag cur feabhas ar a scileanna

teanga. Mar sin, faightear réimse leathan scéalta faoin teanga agus réimse leathan léargas ar an gcaidreamh idir an teanga agus an duine sa leabhar seo, agus dá bharr, faightear pictiúr cuimsitheach ar nua-chainteoirí na Gaeilge. Síos tríd an leabhar déanann na húdair tagairt do na hagallaimh i gcomhthéacs na teorice sochtheangeolaíochta. Cuireann na giotáí éagsúla ó na hagallaimh a fhaightear sa phlé go mór le héifeacht an leabhair. Bhí macalla mo thaithí féin maidir le foghlaim na Gaeilge agus le ceist na féiniúlachta le tabhairt faoi deara in agallaimh áirithe agus táim cinnte go mbeidh léitheoirí eile in ann a dtaithí féin a aithint sna scéalta a insítear sna hagallaimh chomh maith.

Sa dara caibidil, ‘New Speaker, New Paradigms? Building a Theoretical Framework’, cuireann na húdair an chreathlach theoricúil atá mar bhunús leis an leabhar os ár gcomhair. Sa chaibidil seo faightear léargas ar an ‘nua-chainteoir’ i gomhthéacs ginearálta na sochtheangeolaíochta criticiúla. Baineann Caibidil 3, ‘National, Official and Minoritised. The Context and Background of Irish’, le nua-chainteoirí na Gaeilge i gcomhthéacs polasaithe teanga na hÉireann, go háirithe ó bhunú an Stáit sa bhliain 1922 ar aghaidh. I gCaibidil 4, ‘Becoming a New Speaker of Irish’ díríonn na húdair níos mine ar roinnt agallamh a rinne siad mar bhunthaighde don leabhar agus cuirtear scéalta deichniúir os ár gcomhair. Ina gcuid focal féin, agus le cabhair ó anailís na n-údar, feictear na comhthéacsanna éagsúla as a dtagann nua-chainteoirí na Gaeilge, agus ról na Gaeilge ina saol. I gCaibidil 5, ‘New Speakers and New Identities’, agus i gCaibidil 6, ‘Ciorcail Chomhrá – “Safe Spaces” for the Cúpla Focal’, téann na húdair i ngleic le roinnt téamaí suimiúla a tháinig aníos sna hagallaimh, .i., na naisc idir an Ghaeilge agus cúrsaí féiniúlachta i saol na nua-chainteoirí agus ról na gciorcail comhrá mar shuíomhanna foghlama Gaeilge. Críochnaíonn an leabhar le Caibidil 7, ina gcuirtear roinnt conclúidí os comhair an léitheora maidir le nua-chainteoirí na Gaeilge agus ina ndírítear ar dhá mhóitíf lárnaigh an leabhair, .i., an chreathlach thraidisiúnta a bhaineann le hathbheochan teanga agus uirlisí coincheapúla na nua-sochtheangeolaíochta a éascaíonn díthogáil ideolaíochtaí a bhaineann leis an bhféiniúlacht teanga, leis an aonteangachas agus le cúrsaí náisiúnachais. Cuirtear roinnt moltaí maidir le himpleachtaí polasaithe agus ról na nua-chainteoirí os ár gcomhair sa chaibidil seo chomh maith.

Is saineolaithe cumasacha iad na húdair O’Rourke agus Walsh, a bhfuil cáil bainte amach acu cheana féin mar thaighdeoirí sochtheangeolaíochta. Is Ollamh le Sochtheangeolaíocht agus Staidéir Easpáinneacha in Ollscoil Ghlaschú í O’Rourke agus is Léachtóir Sinsearach i Scoil na dTeangacha, na Litríochtaí agus na gCultúr in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh é Walsh. Éiríonn leis an mbeirt acu teoric chasta shochtheangeolaíochta a chur os comhair an ghnáthléitheora, nach mbeadh saineolas acu ar chúrsaí sochtheangeolaíochta, ar bhealach soiléir agus suimiúil. Tá moladh mór tuillte acu as an stíl a úsáideann siad sa leabhar, atá oideachasúil agus so-léite ag an am céanna. Téann siad i ngleic le réimse leathan eolais ó agallaimh agus ó ghrúpaí fócais agus éiríonn leo téamaí lárnaigh a thagann aníos ó na hagallaimh agus ó na grúpaí a aithint agus a phlé ó thaobh na sochtheangeolaíochta de ar

bhealach soiléir críochnúil. Gné an-suimiúil den leabhar ná an chaoi ina gcuireann na húdair a scéal féin mar nua-chainteoirí os comhair an léitheora. Mar gheall ar a gcúlra féin mar nua-chainteoirí is léir go bhfuil suim faoi leith acu san ábhar ar an gcéad dul síos, ach níos tábhachtaí ná sin, bhí bá acu leis na daoine a ndearna siad agallamh leo. Is léir gur chabhraigh sé seo na hagallaithe a spreagadh chun cainte agus a scéalta a insint go hoscailte.

Tá an leabhar seo luachmhar do dhuine ar bith atá ag plé le cúrsaí sochtheangeolaíochta idir lucht taighde agus lucht polasaí araon, agus ar ndóigh is acmhainn úimléideach é dóibh siúd atá ag plé le sochtheangeolaíocht na hÉireann go háirithe. Chuir an leabhar an léirmheastóir seo ag smaoineamh faoina caidreamh féin leis an nGaeilge mar nua-chainteoir, le ceisteanna na féiniúlachta agus an náisiúnachais, agus beidh an leabhar ina fhoinsé shuimiúil d'aon nua-chainteoir Gaeilge, fiú muna bhfuil cur amach aige / aici ar an tsochtheangeolaíocht féin.



Léirmheas ar *An Scéim*

Máirtín Coilféir a chuir in eagar
An Gúm, Baile Átha Cliath, 2020. 195 lch, €12

Léirmheas le Shane McLoughlin

Is leabhar faisnéiseach é *An Scéim* a chuir Máirtín Coilféir in eagar. Is cnuasach aistí é faoin nGúm, ó bunaíodh an comhlacht go dtí 2016. Seoladh comhdháil lae chun comóradh a dhéanamh ar 90 bliain ó bunaíodh an Gúm sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus ba é Máirtín Coilféir féin a chéadmhol an chomhdháil. Tá na píosaí cainte a tugadh ar an lá san áireamh sa leabhar *An Scéim* mar aistí. I measc na n-aistí tá cinn le Alan Titley, Gearóidín Uí Laighléis, Aifric Mac Aodha, Muiris Ó Raghallaigh, Antain Mag Shamhráin, Gearóid Ó Tuathaigh, Michael Cronin, Róisín Adams agus le Máirtín Coilféir féin, agus pléitear iontu scéalta, conspóidí, gaiscí agus laigí an Ghúim. Is é Seosamh Ó Murchú, Eagarthóir Sinsearach leis an nGúm faoi láthair, a scríobh an Réamhrá.

Maidir le teideal an leabhair, mínítear dúinn gur focal é ‘gúm’ a chiallaíonn ‘scéim’. Ba é an fáth ar tugadh ‘An Gúm’ ar an gcomhlacht an chéad lá riamh ba ea gur ceapadh go gcaithfí anuas ar fhocal ar nós ‘scéim’ ag an am. Mícheál Breathnach, státseirbhíseach a bhí ag plé leis an scéim, a chuimhnigh ar an bhfocal ‘gúm’ ina áit, mar a mhíníonn León Ó Broin (státseirbhíseach eile a raibh baint aige le riaradh na scéime): *‘In those early purist days a word like “scéim” for scheme was frowned upon, and it was Mícheál Breathnach, I think, who gave us the alternative Gúm from his north Galway vocabulary’.* (14)

Tá cuma shimplí ar an leabhar seo, agus is í an stíl atá ar an gclúdach stíl ar bhain an Gúm úsáid aisti go minic sna blianta luatha. Déanann Muiris Ó Raghallaigh cur síos ar an gceist seo agus ar cheisteanna eile dá leithéid san alt leis ‘Cuir Síoda ar Leabhar...’ Deir sé faoi na clúdaigh (135):

Bhí tugtha faoi deara le fada ag lucht fógraíochta gur fearr a bhéarfadh fógra ar an tsúil dá mbeadh cúlra buí ann agus litreoireacht throm dhubh nó dhearg air... gach duine den chúigear ealaíontóirí a bhí ar an bpainéal...bhaineadar úsáid as seift sin an chúlra bhuí go pointe áirithe.

Is iomaí téama a chlúdaítear sa leabhar seo a d’fheilfeadh don té a mbeadh suim aige nó aici i stair na Gaeilge agus sa Ghaeilge trí chéile, agus léirítear an bhaint lárnach a bhí ag an nGúm le stair na foilsitheoireachta Gaeilge agus na teanga féin anseo. Ina theannta sin, tá saibhreas canúnach le sonrú sna sleachta athfhríotail ann a thugann léiriú an-mhaith dúinn ar Ghaeilge na ndaoine sa tréimhse idir bunú an Ghúim agus foilsíú an Chaighdeáin Oifigiúil. Féach, mar shampla amháin, in aiste Ghearóidín Uí Laighléis, ‘An Gúm, an Ghruaim agus an Griannach’, sleachta as litreacha a scríobh Seosamh Mac Grianna, agus an saibhreas teanga a bhain leo. Is suntasaí fós, ar ndóigh, an léargas a thugann aiste Uí Laighléis ar thaobh an Ghúim i gcás na gconspóidí maidir le cúrsaí íocaíochta agus cinsireachta a bhain leis an gcomhlacht sna blianta luatha.

Taispeántar tábhacht an Ghúim nuair a bunaíodh é in 1926 sa leabhar. Déanann Gearóid Ó Tuathaigh comhthéacsú cumasach ar chúinsí na Gaeilge agus an Stáit nua ag an am ar bunaíodh an Gúm ina aiste ‘An Gúm: Comhthéacs a Bhunaithe’, agus faightear cur síos ar réasúnaíocht agus ar aidhmeanna Earnáin de Blaghad, an tAire Airgeadais ag an am, agus an duine ba chúis le bunú na scéime foilsitheoireachta.

Chuir an Gúm an Ghaeilge chun cinn ach go leor leabhar a chur ar fáil i nGaeilge nuair a bhí gá leo, ach bhí go leor dúshlán roimhe. Bhí géarghá le leabhair chomhaimseartha, agus ré nua ag teacht – Bhí ‘ar an teanga déileáil le réimsí saoil nár tháinig faoina réim leis na céadta bliain’ (‘Ag Aistriú chun Foghlama’, Mag Shamhráin: 66). Léiríonn Mac Shamhráin ina theannta sin, go raibh teangacha ar nós na Gaeilge ar fud fad an domhain agus nárbh í an Ghaeilge an t-aon teanga amháin ar theastaigh athbheochan agus scéimeanna uaithi (70):

Cuireann sé ar ár súile dúinn nár neacha eisceachtúla na daoine a shaothraigh an gort na blianta sin ó shin, nach raibh a dhath eisceachtúil ag baint leis na díospóidí faoi shaothrú na scríbhneoireachta agus faoi na foirmeacha liteartha ba dhual agus ab oiriúnaí don Ghaeilge. Bhí siad uilig, idir dhaoine agus dhíospóidí, ag teacht le patrúin atá le haithint ar fud an domhain.

Déanann Michael Cronin treisiú ar an téama seo, ar ndóigh, ina aiste siúd ‘An Gúm agus an Comhthéacs Eorpach’.

Is an ghearrscéalaíocht agus an úrscéalaíocht, agus ábhar do pháistí, is túisce a shamhlaítear leis an nGúm – féach ‘Seoda an Ghúim’ le Alan Titley agus ‘Ag Foghlaim Ceirde: Foilseacháin an Ghúim do Pháistí Óga, 1926–70’ le Róisín Adams, mar shampla – ach léiríonn Aifric Mac Aodha an bhaint a bhí ag an nGúm le foilsíú na filíochta freisin ina halt siúd ‘Nua-Fhilí agus an Sean-Scéal Céanna’. Déanann sé scagadh ar fhoilsíú agus ar thábhacht na ndíolamaí filíochta *Nuafhilí* (1956), *Nuafhilí 2* (1968) agus *Nuafhilí 3* (1979), a chuir an Gúm amach.

Is mór is fiú an leabhar seo a léamh. Cuireadh i leith an Ghúim go raibh siad ródhírthe ar an aistiriúchán seachas ar leabhair a scríobh as an nua, ach, dá mhéad dá léitear an leabhar seo, is amhlaidh is mó a thuigtear taobh an Ghúim maidir leis na hargóintí a tharla ina leith. Tuigtear freisin an fáth nach raibh taobh an Ghúim ar eolas ag mórán daoine ó tharla ‘nach raibh cead ag muintir an Ghúim iad féin a chosaint’ (82) ag an am. Is cosaint chuimsitheach agus ceiliúradh breá, áfach, ar obair an Ghúim atá sa leabhar seo.

Tá fáil ar *An Scéim* ar shuíomh gréasáin Fhoras na Gaeilge: www.forasnagaeilge.ie.



Léirmheas ar Tom a' tSeoighe – Amhráin

Síle Denvir & Ciarán Ó Fátharta a chuir in eagar
Cló Iar-Chonnacht, 2020
ISBN 978-1-78444-208-8

Léirmheas le Dara Ó Conghaile

Leathchéad amhrán leis an gcumadóir aitheanta amhrán Gaeilge as Leitir Móir i gConamara Tom a' tSeoighe atá sa leabhar *Tom a' tSeoighe – Amhráin*. Cló Iar-Chonnacht a d'fhoilsigh an leabhar agus tá eagarthóireacht shlachtmhar néata déanta ag Síle Denvir agus ag Ciarán Ó Fátharta air. Tá tras-scríobh ceoil de na foinn leis na hamhráin agus is nótaí tairbheacha iad do cheoltóirí óga agus aosta chun tiúin a chur leis na focail. Is leabhar snasta, slachtmhar, críochnúil agus spéisíúil atá ann.

Tá focal molta ar leith ag dul do na heagarthóirí, Síle Denvir agus Ciarán Ó Fátharta, ní hamháin as an leathchéad amhrán a réiteach agus a chur os ár gcomhair go snasta, soiléir, soléite taobh istigh den leabhar amháin, ach freisin, tá moladh ar leith ag dul dóibh as an réamhrá suntasach cuimsitheach ag tús an leabhair. Réamhrá a dhéanann cur síos soiléir tuisceanach ar shaol Tom a' tSeoighe: a óige, a shaol scoile, ag fás suas i Leitir Móir, dul ar imirce agus ag teacht abhaile. Ina theannta sin tugtar léargas agus míniú ar stair forbartha na n-amhrán traidisiúnta in Éirinn. Cuirtear cuid d'amhráin Tom a' tSeoighe i gcomhthéacs an tsaoil Ghaeltachta – ábhar spéise don ghnáthdhuine agus don scoláire araon. Is nia le Tom a' tSeoighe é Ciarán Ó Fátharta agus is ollamh cunta í Síle Denvir in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath – bean í a bhfuil suim ar leith aici san amhránaíocht agus sa cheol, agus a bhfuil a lán taighde déanta aici ar amhráin dhúchasacha Ghaeilge in Éirinn agus in Albain. Bail ó Dhia orthu beirt, tá rian a saothair fágtha acu don léitheoir ar an leabhar toirtíúil seo.

Ina theannta sin, tagann dhá dhlúthdhiosca leis an leabhar, ar a bhfuil rogha an fhile féin de 34 de na hamhráin, atá á gcasadh ag John Beag Ó Fátharta ('An tAncaire' mar is fearr aithne air i gConamara agus i measc a lucht leanúna), ag Nóra Ghriallais (Buaiteoir Chorn Uí Riada trí huairé) agus ag Ciarán Ó Fátharta. Is beag Gael is cuma taobh istigh nó taobh amuigh den Ghaeltacht nár chuala amhráin de chuid Tom a' tSeoighe uair éigin – is minic a chraoltar a chuid amhrán ar chláir cheoil tíre ar na meáin éagsúla agus iad canta go mion minic ag amhránaithe cáiliúla ó dhá cheann na tíre. Is iontach an áis iad na dlúthdhioscaí seo leis an aos óg agus aosta a spreagadh chun fonnadóireachta, mar áis foghlama agus chun aithrise.

Is as Leitir Móir i gConamara do Tom a' tSeoighe. Bhí an chumadóireacht timpeall air ón gliabhán agus ba mhínic a bhíodh oícheanta airneáin acu; bhí idir scéalta, fhilíocht agus amhránaíocht ar leac an teallaigh le linn a óige agus daoine ag tarraingt ar a dteach ón gceantar máguaird. Bhí an-suim go deo ag Tom san fhilíocht, thosaigh sé ag cumadóireacht agus é ina bhuaicill an-óg agus d'fhéadfá a rá gur tháinig na rannta leis go nádúrtha. Ní nach ionadh mar sin go dtugtar Raiftearaí Chonamara air go háitiúil ó am go ham.

Beidh spéis ar leith ag daoine as Conamara go háirithe agus as na Gaeltachtaí eile ar fud na tíre, chomh maith le daoine ar spéis leo amhráin Ghaeilge, sa chnuasach téagartha amhrán atá sa leabhar. Tá riar mór de théamaí éagsúla le sonrú in amhráin Tom a' tSeoighe – an imirce, an grá, an saol i gConamara, curacha, báid agus bádóirí, obair chladaigh, obair farraige agus obair ar an talamh. Tá an áibhéil, an greann agus grá don fhód dúchais le sonrú trí na hamhráin ar fad, ach thar aon rud eile tá an mórtas pobail lárnach iontu. Cothaíonn na téamaí seo meas áite agus meas sna daoine ar a bpobal féin. D'fhéadfá a rá go bhfuil taifead sna hamhráin ar stair shóisialta na Gaeltachta, go háirithe stair shóisialta Chonamara.

Tá tábhacht an bhaile dúchais le sonrú go lárnach sna hamhráin ar fad agus is saghas neamh ar talamh an baile dúchais do mhuintir na háite agus go háirithe dóibh siúd thar saile. Feictear go soiléir an tréith seo i mbaile dúchais Tom a' tSeoighe féin san amhrán 'Baile Aerach Leitir Móir' (99):

tá leigheas ar chuile thinneas ann, fiú liathchan i do cheann,
is pé ar bith áit dhá rachaidh tú cá bhfaighfeá áit ní b'fhearr.

Is iomaí duine as Conamara a thug sciurd go Sasana sna 1950í agus 1960í chun obair a fháil mar nach raibh lá oibre ar fáil sa bhaile dóibh. In aois seacht mbliana déag thug Tom é féin aghaidh ar Shasana mar imirceach. Is i Sasana a tháinig bláthú ar chumadóireacht Tom a' tSeoighe. Ní nach ionadh mar sin go bhfuil glórtha agus íomhánna na n-imirceach le sonrú go lárnach in amhráin an tSeoighe. Is minic a cheanglaítear an brón agus an t-uaigneas leis an imirce mar is cóir, ach ina dteannta sin úsáideann Tom féith an ghrinn agus téama na háibhéile le saol na n-imirceach a léiriú. Léirítear na téamaí seo go háirithe sa tsraith de shé amhrán faoina Mhéit – an brón ar an turas go Sasana, an t-uaigneas thall, ansin an carr *Mercedes* aige agus é ag teacht abhaile san *yacht*. Tá a fhios ag an saol an lorg trom a d'fhág an imirce ar Chonamara, ar an nGaeilge agus

ar chultúr na Gaeltachta. D'fhéadfá a rá gur chas Tom a' tSeoighe an sruth sin beagán, mar ba ghnách a chuid amhrán á gcanadh i dtithe tábhairne i Sasana, i Meiriceá agus i measc mhuintir na Gaeltachta i dtíortha eile ar fud an domhain, sular cloiseadh sa bhaile iad. Is minic a d'fhill imircigh abhaile agus amhráin Tom ar a mbéal acu agus gan iad cloiste ag na daoine sa bhaile fós.

Dhéanfadh an leabhar seo bronntanas den scoth do gach uile dhuine agus go háirithe dóibh siúd thar lear. Bíonn cumha i ndiaidh an bhaile ar dhaoine thar lear go minic agus thabharfadh amhráin an leabhair seo éalú agus faoiseamh dóibh, de bharr an grá áite agus an mórtas pobail a bheith lárnach sna hamhráin. Níl fear ná bean Ghaeltachta, as Conamara go háirithe, nach mbainfeadh taitneamh agus sásamh as na hamhráin sa leabhar seo; bíodh sin á léamh, á gcanadh nó ag éisteacht leo ar na dlúthdhioscaí.

Rachaidh an saothar seo i bhfeidhm ar dhaoine ar spéis leo logainmneacha Chonamara freisin mar go bhfuil a lán díobh luaite idir clúdaigh an leabhair. Tá sampla an-mhaith d'úsáid na logainmneacha le tabhairt faoi deara san amhrán 'An Aird Mhóir' (75):

Is dá siúlfá cora na hAirde,
 Agus gluaiseacht amach Loch an Óir,
 Bheadh pictiúr go brách agat i d'intinn,
 Tráth a smaoineofá ar bhaile an Aird Mhóir.

Tá riar mór de logainmneacha Chonamara ó Bhearna go Carna fite fuaite ar fud na n-amhrán sa leabhar seo ó thús deireadh. Is áis iontach stórála logainmneacha é an leabhar, dúinne anois agus do na glúnta romhainn. Rinne Tom a' tSeoighe éacht ar leith ina chuid amhrán ag cur logainmneacha Chonamara i dtaisce dúinn go neamhfheasach dó féin. Is áis foghlama fiúntach do dhaltáí agus do mhic léinn iad na logainmneacha mar tá siad lán le heolas stairiúil agus seanchas saibhir atá bainteach leis na háiteanna éagsúla.

Thar aon rud eile, tá stair shóisialta mhuintir Chonamara, thar lear agus sa bhaile, lárnach in amhráin Tom a' tSeoighe. Tugtar dúshlán an chórais pholaitiúil, spreagtar an pobal chun gnímh ar a son féin agus ar son an cheantair, cuirtear an saol nua-aimseartha i gcomparáid leis an saol seanaimseartha, pléitear umhlaíocht agus neamhspleáchas an duine aonair agus an phobail áitiúil agus feictear féiniúlacht agus smaointeoireacht dhomhain sna hamhráin ar fad, ó chlúdach go clúdach sa leabhar seo. Tá ómós agus meas ag óg agus aosta ar Tom a' tSeoighe agus ar a chuid amhrán, agus ní hionadh ar bith go bhfuil spás lárnach i gcultúr comhaimseartha Chonamara acu araon.

Seoid amach is amach an leabhar seo agus tá cúig réalta tuillte aige. Is fiú do gach duine ar spéis leo amhráin Ghaeilge agus go háirithe amhráin Chonamara, ant seoid de leabhar seo a bheith acu, ní hamháin de bharr na n-amhrán aoibhinn breá atá ann, ach freisin mar go bhfuil léargas ann ar shaol, ar chultúr agus ar nósanna a muintire féin. Tá an leabhar *Tom a' tSeoighe – amhráin* ar fáil ar líne ag <https://cic.ie> agus ar phraghas €20 is iontach an margadh é.



Comóradh Liteartha Ilghnéitheach ar Chathair na Gaillimhe: Léirmheas ar *Gaillimh: Díolaim Cathrach*

**in eagar ag Brian Ó Conchubhair,
Cló Iar-Chonnacht, An Spidéal, 2020.**

ISBN: 978-1-78444-207-1.

Léirmheas le Marie Whelton

Réamhfocal

Ainmníodh Cathair na Gaillimhe mar Phríomhchathair Chultúir na hEorpa 2020 ach bhí ar na heagraithe go leor de na himeachtaí a bhain le ‘Gaillimh 2020’ a chur in oiriúint d’ardáin fhíorúla seachas d’ardáin bheo na bliana cinniúnaí sin. Cé go mba dhúshlán é, sna cúinsí sin, an Ghaeilge agus litríocht na Gaeilge a chur ‘i lár an aonaigh liteartha agus cultúrtha’ (21), is ábhar ceiliúrtha é do litríocht na Gaeilge gur éirigh le Brian Ó Conchubhair an cnuasach téagartha ilghnéitheach seo – *Gaillimh: Díolaim Cathrach* – a chur in eagar mar chuid den chomóradh. 435 leathanach san iomlán atá ann agus é roinnte ina dhá leath. Sa chéad chuid, tá rogha thuisceanach gearrscéalta agus sleachta as úrscéalta agus sa dara cuid, tá rogha leathan dánta. Tá píosaí litríochta san áireamh ó fhathaigh iomráiteacha na litríochta Gaeilge, ó scríbhneoirí áitiúla Gaeltachta, ó scríbhneoirí comhaimseartha Gaeilge chomh maith le saothar ó dheichniúr banfhilí ar iarradh orthu go speisialta dánta a chur ar fáil don chnuasach chun cothromaíocht inscne níos fearr a chinntiú sa díolaim (21). Cuireann an t-eagarthóir Réamhrá cuimsitheach léannta ar fáil ag tús an chnuasaigh agus nótaí beathaisnéise agus comhthéacsúla roimh gach píosa litríochta. Tá na nótaí réamhráiteacha

sin spreagúil agus úr agus ní leanann siad teimpléad ar leith. Ag deireadh an leabhair, tá eolas treorach bibleagrafaíoch. Baineann gach píosa litríochta le gné éigin de shaol na cathrach agus cuimsítear tréimhsí éagsúla staire ó na Meánaoiseanna go dtí an lá atá inniu ann. An cheist is mó a eascraíonn don léirmheastóir, tá sí ardaithe ag an eagarthóir sa Réamhrá: ‘Cén léargas a thugtar ar Chathair na dTreabh sa litríocht?’ (11). Cé nach bhfuil freagra simplí ar an gceist sin agus cé nach bhféadfaí freagra cuimsitheach a thabhairt uirthi in alt léirmheasa gearr, déanfar iarracht blaiseadh a thabhairt don léitheoir ar an íomhá de Ghaillimh a eascraíonn ón díolaim faoi thrí cheannteideal éagsúla. Beidh sé soiléir go léirítear Gaillimh sa litríocht atá tiomsaithe sa chnuasach mar áit shainiúil eisceachtúil lena tréithe, lena logainmneacha (21) agus lena saincheisteanna teanga, tíreolaíochta agus oidhreacht féin (13), ach beidh sé soiléir, freisin, gur íomhá ilghnéitheach fhairsing bheo de ‘Ghaillimh na Líog Lígheal’ (11) a thagann chun cinn – íomhá de chathair atá ar aon dul le cathair idirnáisiúnta ar bith eile sa mhéid is go bhfuil éagsúlacht an chine dhaonna agus an tsaoil ar fáil inti.

Fuadar na Cathrach

Gné den chathair a thagann chun cinn go mionmhinic sna sleachta litríochta ná fuadar na cathrach ar laethanta aonaigh, margaidh, spóirt agus ceoil. Má ghlactar leis ‘nach bhfuil i mBaile an Chaisil ach Cathair na Gaillimhe faoi ainm eile’ (188), faightear peannphictiúr glinn ó Bhreandán Ó hÉithir in *Lig Sinn i gCathú* (atá suite sa bhliain 1949) ar an tslí ar ghlac muintir na tuaithe seilbh ar an gcathair lá sa tseachtain:

Thagadh athrú suntasach ar Bhaile an Chaisil chuile Shatharn. Ghlacadh pobal na tíre ar gach taobh de seilbh ar na sráideanna agus ar na siopaí. B’iad a líonadh an chearnóg bheag os comhair na hArdeaglaise, ag díol fataí, glasraí, uibheacha agus éanlaithe clóis le muintir an bhaile. Ina dteannta bhíodh na mangairí fáin a mbíodh a ngréithe agus stáin leagtha amach go lonrach ar na cosáin. (193)

Is iomaí tagairt a dhéantar sna píosaí litríochta do mhná i mbun margadóirí agus tráchtála ag an margadh céanna: tugann an gearrscéal clúiteach le Máirtín Ó Cadhain, ‘An Bóthar go dtí an Ghealchathair,’ mar shampla, léargas ar an bhfaoiseamh síceolaíoch a mhothaíonn Bríd agus í ag teacht i ngiorracht don chathair agus í ag fáil réidh chun trí scór ubh a dhíol agus, ansin, ar an ardú meanman a mhothaíonn sí tar éis di a táirgí a reic agus a gnó cathrach a chur i gcrích (164–5); tagraíonn Pádraic Óg Ó Conaire i sliocht as *Ceol na nGioldcach* (1968) do bhean óg a bhíodh ‘ag imeacht ar fud na Gaillimhe agus a ciseán éisc go buacach ar a ceann aici ag rá *fresh herrins*’ (172); agus i ndán le Máire Holmes, spreagann na cácaí úra atá ar díol óna carr ag an gcainteoir, agus an rath atá ar an trádáil reatha ag Margadh na Gaillimhe, machnamh ar stair na hÉireann agus ar an nganntanas a bhíodh ann tráth (432).

Ní íomhánna amháin d'ionaid eacnamaíochta fuinniúla a thagann chun cinn ach léirithe a mhúsclaíonn na céadfaithe go léir. Samhlaítear bolaithe ar leith le margai éagsúla: airítear ‘boladh na cáise as *Sheridan’s Cheesemongers*’ (261) in *Ré an Charbaid* (2003) le Pádraig Ó Cíobháin, agus faightear sár-léiriú ar bholaithe agus ar dhoirte dhairte na cathrach sa bhliain 1612 mar a shamhlaítear iad do Liam Mac Cóil sna píosaí seo ón gcéad imleabhar (*An Litir*) dá thriológ eachtraíochta mhór-ráchairte:

Bhí Margadh an Éisc faoi lán tseoil... Thaitin boladh an éisc úr [*sic*] le Lúcas – boladh éadrom mealltach murab ionann agus an boladh gránna trom a bhíonn ar an seaniasc...

Bhrostaigh sé ar aghaidh. D’fhág siad an slua ina ndiaidh agus thug Lúcas boladh faoi deara nárbh é boladh úr an éisc é ach boladh trom na cathrach féin. Is rud é an boladh trom úd a dtéann gach duine i dtaithí air, ach an uair sin, toisc is dócha go raibh sé in éineacht le duine strainséartha, thug Lúcas rudaí faoi deara, geall leis, as an nua. Faoi láthair ba é boladh bréan an chaca agus an mhúnlaigh é, go háirithe múnlach na mbeithíoch anoir an tSráid Chúil chucu ó Shráid an Phluda... (282–8)

Tugann cuid de na sleachta léargas ar Rásaí na Gaillimhe ag tréimhsí staire éagsúla agus ar na gníomhaíochtaí tánaisteacha imeallacha a bhíodh ar siúl aimsir na rásaí. Tagraíonn Dónall Mac Amhlaigh (timpeall na bliana 1962), mar shampla, don mhíle ‘deis bheag’ a bhíonn ann ‘leis an airgead a mhealladh amach as póca an duine’ (125) agus do bhinneas ‘gártha aoibhnis a ligfeadh na cailíní thuas ar an roth mór astu gach aon uair a bhéarfadh sé go buaic a imlíne iad’ (125); tá sliocht íogair mothálach le Pádraic Breathnach a foilsíodh sa bhliain 1990, ar eispéireas buachalla a bhuann duais ó cheann de na botháin a bhí ar oscailt ‘aimsir na rásaí móra capall’ (83); agus, is mar seo a chuireann Máirtín Ó Cadhain síos ar an atmaisféar i dteach tábhairne aimsir na rásaí i ngearrscéal luath da chuid, ‘Gan an Craiceann ná a Luach’ (1941):

‘Is gearr anois go gcraoltar an rás,’ arsa seisean, ag casadh cnó sa ngléas éisteacháin leis an gceol gártha a mhaolú roinnt.

‘Creidim gurb í “Ceann Fhionnach” rogha an phobail,’ a deir ‘Corp,’ is é idir dhá thaoscán den phionta. (65)

Is féidir spleodar agus bís na rásaí a bhlaiseadh sa dán, ‘Beairtle (Mír IX)’ (1985), le Seán Ó Curraoin, freisin:

‘Caithfidh mé dul chuig na Rástaí...
 ...Charles Edward
 a bhuafas an Galway Plate...
 Go bhfeicfidh mé na *Maggies* is fear na dtrí chártaí,
 Is fear na méaracán is *style* na mban,
 Go gcuirfidh mé airgead ar Charles Edward...’ (409)

Sa scéal ‘Dúshlán’ le Liam Ó Flaithearta (Micheál Ó Conghaile a d’aistrigh go Gaeilge), tugtar léiriú ar atmaisféar fiáin foréigeanach Aonach na Faiche Móire i lár an chéid seo caite. Is cuid suntais iad na ‘steiréitíopaí diúltacha’ (70) den lucht siúil agus caint bhorb mhórtasach mhaslach an bhréaglaochais sa phíosa seo:

Shiúil an fear óg anonn d’aon ghnó chuig seaicéad stiallta a chéile comhraic. Léim sé anonn is anall thairis, é ag caitheamh smugairle uaidh le gach léim. Ansin d’fhill sé ar an ionad ina raibh sé agus bhuaíl sé a dhá dhorn dúnta i gcoinne a chéile os cionn a chloiginn.

‘Tugaim dúshlán chuile tincéara as seo go Contae Chill Mhantáin,’ a dúirt sé. ‘Níl oireadh agus tincéara amháin beo nach gcéasfainn.’

Chuir an tincéara [*sic*] scread as agus thosaigh ag stróiceadh stiallacha ó bhrollach a léine. Rith a bhean chuige agus rug air. (77)

Samhlaítear ceol agus siamsaíocht sráide le Gaillimh, freisin. I mír as an úrscéal meitíficsin a luadh thuas, *Ré an Charbaid* (2003) le Pádraig Ó Cíobháin, faightear cur síos meidhreach ar an gceol atá le cloisteáil ar Shráid na Céibhe (259); scríobhann Máire Holmes faoi ‘*Luthier Chnoc na Sí*’ – fear a chaith a shaol i Sráid Doimínic Íochtar ‘Ag cruthú gléasanna ceoil don domhan’ (335); agus, in ‘Seán an t-ainm a bhí air,’ déanann Celia de Fréine casadh ar dhán le Máirtín Ó Direáin chun ról na mban i sorcas sráide a áireamh go bródúil:

Os mo chomhair amach ar an gCladach,
 A bhfeistis chaointe á mbaint díobh,
 Iad ag dul in airde ar théad rite
 Áit ar chas siad amhrán
 A chum maighdean mhara na cianta ó shin. (392)

Sa lá atá inniu ann glactar le Cathair na Gaillimhe, i bhfocail an eagarthóra, ‘mar eiseamláir don chultúr in iarthar na hÉireann; déantar gaisce gur ceann scríbe breá í do chuile dhuine, idir ealaíontóirí agus chruthaitheoirí’ (11). Ní i gcónaí, áfach, a fháiltíonn na daoine áitiúla leis an bhfuadar agus leis an torann a thagann mar thoradh ar an stádas eiseamláireach sin. Sa bhliain 2015, bronnadh ‘Gradam Corcra’ ar Chathair na Gaillimhe chun aitheantas a thabhairt don iarracht a bhí á déanamh ag an gcathair saol sóisialta oíche a chothú. Léiríonn an dán, ‘Comhairle Cathrach,’ le Joe Steve Ó Neachtain, dearcadh na ndaoine áitiúla ar an bhfleáchas cultúrtha:

Aitheantas do chathair
 A chothaíonn scléip
 Ó dhubh go geal
 Chuile oíche den tseachtain,
 Cé go mothaíonn dream...
 Gurb in tráth den oíche
 Ar chóir an gleo
 A ruaigeadh abhaile. (402)

Áilleacht na Cathrach

Bíodh is go bpléann cuid de na húdair codanna den chathair atá gránna agus neamhtharraingteach agus ina bhfuil ‘cuma ghruama ar gach rud’ (111), is minice a chuireann na húdair áilleacht aeistéitiúil na cathrach os comhair an léitheora. Is cur síos é seo thíos le Dónall Mac Amhlaigh as an úrscéal *Saol Saighdiúra* (1962) ar áilleacht íocshláinteach na radharc atá le feiceáil sa chathair:

Is deas an baile mór é Gaillimh dá mbeadh an saol ag caint. Tá aer deas bog ann agus boladh na farraige mar íocshláinte, agus is dream séimh boglabhartha iad na Gaillimhigh. Is deas an rud a bheith scaitheamh i do sheasamh ar an droichead is tú ag éisteacht le monabhar ceolmhar an tsrutha thíos fút agus ag ligean don suaimhneas agus don chiúnas a dhul i bhfeidhm ort. Tá buanna eile ag Gaillimh freisin, buanna nach bhfuil ag aon bhaile mór eile in Éirinn, sílim. (119)

In *Aiséirí* (2011) le Alex Hijmans, faightear scéal Rebekka (inimirceach ón Ísiltír) a oibríonn i gcaifé dátheangach le linn ré an Tíogair Cheiltigh agus a thiteann i ngrá le cathair ilchultúrtha na Gaillimhe. Chomh maith le ceiliúradh a dhéanamh ar bhia agus ar chultúr réchúiseach caifé na cathrach (270; feic freisin, 388), faightear radhairc áille den chineál seo san úrscéal:

Bhí an taoide ag dul amach; bhí uisce na Coirbe ag ísliú. B'aoibhinn le Rebekka díoscán shlabhraí na mbád a bhí ceangailte leis na mullaird ar an gcéibh. B'aoibhinn léi boladh na feamainne ag lobhadh, fiú amháin. D'imigh an ghrian i bhfolach agus las solas teolaí taobh thiar d'fhuinneoga beaga gleoite thithe an Chladaigh. Cén chaoi a bhféadfadh ceann faoi a bheith ar dhuine a raibh radharc den chineál seo amach os comhair a thí, a raibh na céadta ealaí mar chomhluadar aici taobh amuigh agus ochtar ealaíontóirí óga, ceannródaíocha taobh istigh?' (269)

Luann An tSr Finín Ní Choncheanainn 'galántacht' álainn 'Ealaí gleoite an Chladaigh' (416), freisin, agus d'fhéadfaí go leor samplaí eile d'áilleacht na radharc a lua ón díolaim (331, mar shampla eile). Is í leochaileacht na háilleachta nádúrtha, áfach, agus na n-ealaí céanna a thagann chun cinn sa dán nua-aimseartha, 'Cneá,' le hAilbhe Ní Ghearbhuigh:

Bhris an Choirb a bruacha
Aréir...
Bhí fear cromógach suite
Ar bhalla íseal...
Ina bhaclainn, bhí eala,
Sac dubh uimpi
Is cneá dearg ar a muineál. (390)

I dteannta na ndánta faoi áilleacht an nádúir, tá dánta éagsúla sa chnuasach a cheiliúránn gnéithe d'aeistéitic dhealbhóireacht na cathrach. Déanann Máire Holmes cur síos ar dhealbh chonspóideach in 'Bád i Lár Cearnóige' (372); tugann busta den Mhons. Pádraig de Brún inspioráid do dhán le S. E. Ó Cearbhaill (357); agus, déanann dánta le Dolores Stewart (365), Tomás Mac Pháidín (367) agus Áine Durkin (369) gnéithe d'ealaín deilbhe de Phádraic Ó Conaire a chíoradh.

Ceann de na híomhánna is áille a sheasann amach ón díolaim, áfach, ná an íomhá dhraíochtúil a chruthaíonn Máirtín Ó Direáin d'fhear lasta lampaí na cathrach i ndán leis ón mbliain 1928. Ní haon ionadh é gur dán é atá greanta ar leacht ar Bhóthar na Trá:

Ba dhraíodóir an fear beag
A raibh an solas ina ghlaic,
É ag tabhairt na gile leis
Ó lampa go lampa sráide. (333)

Is caoithiúil, sa chomhthéacs sin, a lua go samhlaíonn Diarmuid Johnson Gaillimh (sa bhliain 2004) le solas agus le gile shéanmhar, freisin:

Is í mo Ghaillimhse Gaillimh na gile...
Gailimh abhainngheal ghealbhog bardán...

Is gile liom a gealgháirí
Ná gáirí gloinegheal dí
Ná gáirí sluangheal daoine. (400)

Coimhthíos na Cathrach

Téama sonrach eile a thagann chun cinn sna sleachta litríochta atá cnuasaithe sa díolaim ná an fhulaingt agus an coimhthíos a bhaineann le saol na cathrach do dhaoine agus do ghrúpaí áirithe agus is fiú, arís, féachaint ar roinnt samplaí. Sa dán ‘Cosán an Ghorta’ leis an tSr Finín Ní Choncheanainn, mar shampla, tá cur síos ar an turas a rinne máthair in éineacht lena naíonán ó Chonamara go Cathair na Gaillimhe le linn an Ghorta Mhóir. Ní éiríonn le ceachtar acu teacht slán ón ocras agus tugann an dán éachtaint ar an mbréagdhóchas a bhíodh ag muintir na tuaithe, ag am an Ghorta, as an gcathair mar fhoirse chothaithe. Tá uafás a gcruacháis le léamh go háirithe ag deireadh an dáin:

Agus sa bpoll dubh dorcha
D’adhlaic sí leanbh a croí.
Chaith sí í féin ar an gcreáfóg dhúranta.
D’imigh an t-anam aisti
Le contráth na hoíche. (404–5)

Tagraíonn Pádraic Learaí Ó Finneadha (325) d’uaigneas Phríosúin na Gaillimhe (príosún a dúnadh sa bhliain 1939) agus scríobhann Tomás Bairéad go cumasach sa ghearrscéal ‘Costas an Ghiorra’ (1936), faoi atmaisféar eascairdiúil an phríosúin chéanna agus faoin tslí ar chuir fuaimeanna an phríosúin isteach ar Thadhg Phádraic Thaidhg agus é ina chime aonarach ann:

Ba phlimp thoirní, beagnach, le Tadhg Phádraic Thaidhg an torann millteach a rinne geata mór an phríosúin nuair a dúnadh é a thúisce is a bhí a shála taobh istigh den tairseach... (39)

Tugann sliocht cáiliúil ó *Deoraíocht* (1910), le Pádraic Ó Conaire, léargas ar leith ar an tslí a gcuireann Cathair na Gaillimhe le heispéreas deoraíochta an phríomhcharachtair (29) agus tagann téama den chineál céanna chun cinn sa scéal ‘An Sceach’ (2017) le Alex Hijamans ina

scrúdaíonn an t-údar na straitéisí a fhorbraíonn inimirceach ón mBrasaíl chun déileáil leis an taithí a fhaigheann sé ar chiníochas caolchúiseach laethúil i nGaillimh (302). An doicheall a chuir na húdaráis rialtais, ag tús na mílaoise, roimh inimircigh is ábhar, freisin, do ‘Fáilte Uí Dhonnchú’ le Louis de Paor:

Ar shráideanna naofa
 Chathair na dTreabh,
 Mar a bhfuair Cromail,
 De réir an tseanchais,
 Lóistín dá chapall...
 I lár an aonaigh
 Lena súile bó, tá bean
 Ón Rómáin ina suí le geata
 Meánaoiseach an tséipéil,
 Cárta mór faoina muineál
 Mar a bheadh peaca marfach
 Á admháil aici i láthair na bhfíréan. (397)

Coimhthíos de chineál eile a thagann chun cinn sa sliocht as *Sna Fir* (1999), le Micheál Ó Conghaile, ina mbuaileann an léitheoir le mac léinn óg ollscoile a bhfuil scrúduithe an tsamhraidh á gcríochnú aige agus atá ag iarraidh ábhar a roghnú do thráchtas cheann cúrsa. In ainneoin go bhfuil saoirse na cathrach agus saoirse shaol na hollscoile á gceiliúradh sa sliocht, tuigtear freisin, go bhfuil imeallú áirithe déanta ar Eoin Pól nach bhfuil in ann ionannú iomlán a dhéanamh lena ábhar staidéir de bharr ghanntanas samplaí den ghrá homaighnéasach i litríocht na Gaeilge trí chéile:

Cá raibh fáil agamsa i litríocht na Gaeilge ar bheirt fhear... ag titim i ngrá lena chéile agus ag gáire go hard. Nó dul amach le chéile mar lánúin, fiú ar an gcúlráid, ní áirím ag caitheamh saol fada sona sásta le chéile. (237)

Taobh dorcha den chathair chomhaimseartha a eascraíonn, freisin, ón dán in ‘Sráid San Proinsias’ le Máire Holmes (425) ina dtagraíonn sí do choimhthíos na ndaoine gan dídean a chodlaíonn ar shráideanna na cathrach sa bhliain 2020:

I gCathair Chultúrtha na Gaillimhe agus béim ar Fiche Fiche
 Beidh daoine ina gcodladh ar chosáin na sráide. (425)

Agus in ‘Gaillimh le Gaoth’ (2006) scrúdaíonn Dairena Ní Chinnéide an chodarsnacht idir treibheachas bríomhar na cathrach agus coimhthíos an té a chuireann lámh ina bhás féin sa chathair chéanna:

Gaillimh le gaoth
Crusties ag déanamh a gcoda
Hippies ag stracadh leo
Trads ag seinm...

Ach bhí duine amháin
 Nár éist aon duine lena ghlór...

Cuma cén spleodar mórthimpeall
 Cén fhaill a d’imir an saol seo air?
 Díbeartach i gCathair na dTreabh. (395)

Clabhsúr

Cé nach bhfuil gach sliocht sa díolaim luaite sa léirmheas seo, is léir ó na samplaí ionadaíocha a scrúdaíodh thuas go dtugann an díolaim ina hiomláine osradharc saibhir suaithinseach ar shaol trádála dinimiciúil Chathair na Gaillimhe, ar shaol siamsaíochta bríomhar na cathrach, ar an áilleacht a shamhlaítear sa litríocht leis an gcathair agus ar an gcoimhthíos a fhulaingíonn daoine áirithe sa chathair chéanna. Tá éacht curtha i gcrích ag an eagarthóir agus ábhar liteartha iomadúil ransaithe aige chun na sleachta sa díolaim a bhailiú le chéile in aon fhoinsé raidhsiúil amháin. Is iomaí leabhar Gaeilge a dhéanann ceiliúradh ar thábhacht áiteanna i litríocht na Gaeilge, ó staidéir fhluirseacha ar an dinnseanchas (An Cumann Logainmneacha 1964–1965, mar shampla amháin), go staidéir ar chruth na tíre sa litríocht nua-aimseartha (Ní Annracháin & McLeod 2003, mar shampla). Is annamh, áfach, a dhéantar ceiliúradh scolártha ar an léiriú a thugann litríocht na Gaeilge ar log uirbeach. Ar an ábhar sin, is díolaim cheannródaíoch í seo a thugann ‘spléachadh ar na slite éagsúla ar léiríodh, ar samhlaíodh agus ar tuigeadh príomhchathair an Iarthair, príomhchathair na Gaeilge, d’údair agus d’fhillí Gaeilge’ (21). Fáilteoidh scoláirí staire agus litríochta araon roimh an díolaim agus cuideoidh na hinsintí go léir leo gnéithe éagsúla de thírdhreach uirbeach ilghnéitheach agus de charachtair éagsúla na Gaillimhe a iniúchadh agus a chur i gcomórtas lena chéile. Cuireann an díolaim eiseamláir ar fáil, freisin, d’eagarthóirí eile agus spreagfaidh sí bailiúcháin den chineál céanna faoi chathracha Éireannacha eile. Ní leabhar don speisialtóir amháin é seo, áfach, ach leabhar a mbainfidh an léitheoir ginearálta nó aon duine le spéis i gcathair na Gaillimhe taitneamh agus tairbhe as. Tá an foilsitheoir le moladh, as cruth tarraingteach a chur ar leagan amach an

leabhair agus as an dearadh slachtmhar. Cuireann an ealaín mhín chládaigh – ‘The Claddagh Story’ le J.P. Rooney – go mór le diamhair an léirithe i gcoitinne. Níl amhras faoi ach go léiríonn líon agus feabhas na bpíosáí litríochta sa díolaim go mbíonn Gaillimh ina hábhar inspioráide go rímhinic ag scríbhneoirí litríochta agus go gcothaíonn sí scríbhneoirí Gaeilge ar bhealach ar leith (14). Ar an ábhar sin, is cnuasach é seo a léiríonn go muiníneach – ina shubstaint agus ina théagar – nach féidir neamhaird a thabhairt ar litríocht na Gaeilge agus cultúr na Gaillimhe á chomóradh ar an ardán idirnáisiúnta.

Leabharliosta:

An Cumann Logainmneacha (1964–1965) *Dinnseanchas*. Imleabhar 1: 1–4. Le fáil ag: <https://www.logainm.ie/en/res/160>. (Léite: 23 Feabhra, 2022).

Ní Annracháin, M. & McLeod, W., (eag.) (2003) *Cruth na Tíre*. Baile Átha Cliath: Coiscéim.

Póirtéir, C. (2022) ‘*Gaillimh: Díolaim Cathrach*.’ Leabhair Idir Lámha. *Books Ireland Magazine*. Le fáil ag: <https://booksirelandmagazine.com/leabhair-idir-lamha-gaillimh-diolum-cathrach/>. (Léite: 23 Feabhra, 2022).

Titley, A., (2021) ‘Cnuasach a léiríonn gur bhain an Ghaeilge le leacracha sráide agus le lánáí cúnga riamh.’ *Tuairisc*. 26 Lúnasa. Le fáil ag: <https://tuairisc.ie/cnuasach-a-leirionn-gur-bhain-an-ghaeilge-le-leacracha-sraide-agus-le-lanai-cunga-riamh/>. (Léite: 23 Feabhra, 2022).



Rónán Ó Dubhthaigh (1966–2021) – Laoch ar Lár

Chaill an ollscoil agus saol na Gaeilge trí chéile cara mór agus comhleacaí dílis nuair a bhásaigh Rónán Ó Dubhthaigh i mí na Samhna, 2021. Thíos, roinneann roinnt dá chuid comhleacaithe cuimhní atá acu ar Rónán agus ar an obair mhór a rinne sé ar son na meán Gaeilge agus ar son mhic léinn na hollscoile seo.

Thosaigh Rónán amach sa raidió bradach le BLB i mBrí Chualann agus i gcraoltóireacht na Gaeilge i gCill Mhantáin agus d'fhan sé dílis dá fhís i leith na craoltóireachta pobail ar feadh a shaoil ghairmiúil. Bhí an chraoltóireacht agus oiliúint don phobal ina leith fite fuaite ina chéile i bhfís Rónáin i gcónaí.

Níor chruthaigh sé fad ariamh idir é féin agus na mic léinn agus rinne sé cairdeas leo go nádúrtha. Chuir sé béim ar an taithí oibre mar ghné lárnach de na cúrsaí cumarsáide a d'fhorbair sé san Ollscoil agus chruthaigh sé deiseanna do na mic léinn tríd sin agus sna tionscadail ar son phobal na Gaeltachta a bhí idir lámha aige féin i gcónaí. Cé go raibh a chroí sa raidió, bhain sé éacht amach mar léiritheoir feidhmeach le sraith teilifíse phobal na Gaeltachta dar teideal Idir Mhagadh 's Dáiríre go luath i stair TG4. Thaitin an clár seo go mór

le pobal na Gaeltachta agus iad ag breathnú ar ghnáthdhaoine óna gceantar féin ar an scáileán go seachtainiúil agus thug cur chuige nuálach Rónáin deiseanna oiliúna do léiritheoirí nua Gaeltachta na scéalta a léiriú.

D'oibrigh mé taobh le Rónán ar feadh deich mbliana ag forbairt ábhar teilifíse agus cúrsaí cumarsáide san Ollscoil. Spreag sé mé le páirt ghníomhach a ghlacadh i saol na Gaeilge agus na Gaeltachta. Bhí grá ar leith aige do chultúr na Gaeilge agus do na ceantair Ghaeltachta a bhí lárnach ina chuid oibre. Ba dhuine croíúil, flaithiúlach é a thacaigh le pobal na Gaeltachta i ngach beart a rinne sé.

— *Dan Dwyer*

Chuir mé aithne ar Rónán sa mbliain 2004 nuair a ceapadh mé mar Fheidhmeannach Cumarsáide leis an Acadamh ar an gCeathrú Rua. Ní i gcónaí a d'aontaigh mé leis ná lena dhearcadh agus bhíodh na díospóireachtaí san Aonad Cumarsáide te teasáí go mion minic ach má bhí féin níor choinnigh sé 'cloch sa muinchille' dom riamh.

Nuair a theastaigh uaim marcanna a bhronnadh do chaighdeán na Gaeilge sna modúil chraoltóireachta raidió a bhí á bhforbairt agam, sheas sé liom agus thuig go raibh tábhacht le hardchaighdeán Gaeilge a bheith ag craoltóirí óga.

Níor loic sé riamh orm sa dearcadh a bhí aige go raibh sé tábhachtach labhairt agus scríobh na Gaeilge i saol na craoltóireachta raidió agus teilifíse a thomhas i ngach aon mhac léinn.

Chuir sé spéis mhór sna mic léinn a d'fhreastail ar ár gcúrsaí ar an gCeathrú Rua agus bhíodh aithne aige i gcónaí orthu. Ba mhínic iad ag triall ar a dhoras fiú agus é ina riarthóir ar an Aonad Cumarsáide, nuair nach raibh sé ag teagasc agus deir sin ann féin linn an sórt duine ab ea é. Bhí croí mór aige agus chonaic mé féin go pearsanta é ag iarraidh daoine a chur ar bhealach a leasa. Spreag agus mhol sé duine le brú ar aghaidh sa saol, daoine a bhí thuas seal thíos seal agus ní dhearna riamh aon ghaisce faoi. Is mar gheall ar a chuid allais go bhfuil céim sa gCumarsáid agus sa nGaeilge forbartha i nGaillimh.

— *Norita Ní Chartúir*

Faoi mar is eol dúinn go léir, is fear mór a bhí i Rónán Ó Dubhthaigh. Ní hamháin sin ach bhí pearsantacht mhór aige, bhí smaointe móra aige agus bhí intleacht mhór aige.

Fear mór comhluadair a bhí ann a raibh am i gcónaí aige píosa cainte a dhéanamh le duine agus is é a bhí in ann comhrá a dhéanamh faoi ábhar ar bith. Thaitin an diabhláocht agus an tsáraíocht thar cionn leis chomh maith agus ba mhór an spórt iad na scéalta barrúla a bhí aige. Bhí sé in ann an dubh a chur ina gheal ar dhaoine, rud a dhéanadh sé go minic!

Mheallfadh sé an t-éan ón gcrann agus is iomaí duine a ghlac páirt (uaireanta dá mbeúochas!) i dtograí agus scéimeanna Rónáin toisc nach bhféadfaidís diúltú dá bhriathra binne agus dá bhealach álainn.

Fear mór a bhí ann ach ní raibh sé mór ann féin. Cé go raibh údar aige, ní raibh aon ghaisce aige, rud atá annamh in earnáil na cumarsáide. Dar ndóigh, is é a leag ceann de bhunchlocha thionscal na meán Gaeilge agus a chuir oiliúint ar na céadta mac léinn cumarsáide ar na cúrsaí ceannródaíoch a bhí faoina chúram: an tArd-Diplóma sa Chumarsáid Fheidhmeach agus an BA sa Chumarsáid in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge agus in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Theastaíodh i gcónaí uaidh go n-éireodh go maith le daoine agus níl áireamh ar na mic léinn agus fostaithe óga a chuir sé ar bhóthar a leasa, dream atá anois ina léiritheoirí, stiúrthóirí, fiontraíthe, úinéirí agus ceannasaithe ar chuid de na comhlachtaí agus eagraíochtaí Gaeilge is rathúla sa tír.

Thar aon ní eile bhí croí mór ag Rónán. Ní fear é a bhí faoi smacht ag an gclog agus níor dhiúltaigh sé riamh do ghar, d'iarratas, d'achainí ná do smaoinreamh, cuma cé chomh craiceáilte is a bhí sé! Ba mhínic é ag cabhrú, ag cur comhairle agus ag tacú le daoine. Is iomaí lá fada agus oíche dhorcha a chaith sé ag deisiú, ag leigheas agus ag baint an dochair de thuairplís éagsúla agus níor thug sé a chúl riamh d'fhear, bean ná páiste.

Ba mhór agamsa an tacaíocht, an chomhairle agus an saineolas a roinn Rónán Ó Dubhthaigh liom agus ní dhéanfaidh mé dearmad go brách ar a ghnáúlacht, ar a fhlaithiúlacht ná ar a bhráithreachas. Bhí an fhoireann mór leis agus bhí seisean mór leosan. Aireimid uainn an fear mór.

— *Odí Ní Chéilleachair*

Agus comóradh 100 bliain ar bhreith Mháirtín Uí Chadhain ar bun in 2006, d'oibrigh Rónán agus mé féin ar fhíseán faoin údar cáiliúil ón gCnocán Glas, an Spidéal: Claíochá Arda: Máirtín Ó Cadhain (1906–1970).

Bhíomar ag eagarthóireacht linn, Rónán ar na cnaipí, mise suite in aice leis ag ól tae, briseadh tobac á thógaint go rialta ag Ó Dubhthaigh. Ag pointe amháin, bhí radharc os ár gcomhair ar an scáileán, cónra an Chadhnaigh á hiompar chun na huaighe i Reilig Chnocán Iaróm, Baile Átha Cliath, Deireadh Fómhair 1970. Thosnaigh Rónán ag dul siar is aniar ar ghiota beag den fhíseán, siar is aniar go mall réidh.

‘Cad atá ar bun agat?’ dúirt mé féin. ‘Sin é m’athair chun tosaigh ar chlé faoin gcónra,’ arsa eisean. ‘Breathnaigh, casann sé a chloigeann agus féachann sé díreach i dtreo an cheamara; tá sé ag breathnú orm. Tá sé ag inseacht dom go bhfuil sé ceart go leor.’

Cailleadh a athair nuair nach raibh Rónán ach bliain is fiche d’aois, ba chara le Máirtín Ó Cadhain é Fiachra Ó Dubhthaigh (1935–1987).

Tá Rónán é féin imithe uainn i bhfad ró-óg. Déarfainn go bhfuil sé ag coinneáil comhludair le carachtair na cille: Caitriona Pháidín, Jeaic na Scolóige, Tomás Taobh istigh, a athair, Fiachra, a Mham, Bláthnaid agus a dheartháir, Ciarán.

Seans go bhfuil sé ag éisteacht agus ag caint is ag cadaráil le glórtha na cille:

‘An saol céanna atá anseo, a Chaitriona, agus a bhí san ould country, ach gurb é a bhfeiceann muid an uaigh a bhfuil muid inti, agus nach bhféadann muid an chónra a fhágáil.’

Tá súil agam go bhfuil cead tobac sa chónra.

Solas síoraí ort, a Rónáin, is gan dearg go deo ná rabhair!

— *Aodh Ó Coileáin*

Fear lách, ildánach a bhí i Rónán a thug an t-uafás cúnaimh do go leor leor daoine thar na blianta. Nuair a bhí sé i gceannas ar an gCúrsa Cumarsáide san Ollscoil sna nóchaidí, thug sé post páirtaimseartha dom ag luchtú chadhnaí an trealamh agus ag plé le mic léinn. Bhí mé buartha, ní hamháin faoin easpa scile a bhí agam leis an trealamh ach faoin easpa Gaeilge a bhí agam chomh maith. ‘Tiofadh feabhas ar do chuid Gaeilge le cleachtadh,’ a dúirt Rónán liom, ‘Ní theastaíonn ach abairt amháin uait má thagann ort – Cuir ceist ar Rónán faoi sin,’ a dúirt sé agus miongháire mór ar a éadan. Bhí sé ag iarraidh cabhrú liom toisc gur mhac léinn aibí a bhí ionam agus chuidigh an post sin agus a chuid cineáltais agus tacaíochta go mór liom an chéim a bhaint amach. Suaimhneas síoraí dá anam uasal!

— *Daithí Ó Madáin*

Slán, a chara

Mo bhuíochas as an am a chaith tú liom,

Mo bhuíochas as an aire a thug tú dom,

Mo bhuíochas as an gcairdeas, as an gcomhludair is an chraic,

Mo bhuíochas as an méid a thug tú dom go fial flaithiúil.

Go raibh maith agat as ucht na ndeiseanna a thug tú dom,

Go raibh maith agat as ucht na comhairle a bhí agat dom,

An t-am a chaith muid ‘Idir Mhagadh is Dáiríre’,

Go raibh maith agat as na hoícheanta go maidin is an chraic.

Anois agus an turas sin thart,

Ba mhaith liom, a chara, Slán a rá leat!

— *Fionn Ó Sealbhaigh*



Nótaí Beathaisnéise na nEagarthóirí

Rhiann Flemming

Is as Co. an Chabháin do Rhiann Flemming. Bhain sí céim chéadonóracha amach i nGaeilge agus i Léann an Aistriúcháin ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh in 2021. Bronnadh Scoláireacht Mhic Dhonncha uirthi mar thoradh ar a cuid torthaí céime don bhliain acadúil 21/22. Tá sí ag tabhairt faoin MA sa Léann Teanga faoi láthair. Tá dúil mhór aici i gcúrsaí aistriúcháin agus i ngramadach na Gaeilge.

Andrew Garnett

Is as Cill Airne, Co. Chiarraí é Andrew. Bhain sé amach céim onóracha sa Staidéar Gnó ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, iarchéim sa bhunmhúinteoireacht ó Choláiste Mhuire Gan Smál agus Teastas i Scríobh na Gaeilge ó Ollscoil Mhá Nuad. Is i gCill Airne atá sé ag múineadh le níos mó ná deich mbliana anuas anois. Tá sé i mbun staidéir ar an MA sa Léann Teanga faoi láthair.

Shane McLoughlin

Is as Binn Éadair i mBaile Átha Cliath é Shane McLoughlin ó dhúchas. Bhain sé bunchéim amach i Léann an Aistriúcháin agus i nGaeilge in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Bronnadh Scoláireacht Mhic Dhonncha air don bhliain acadúil 2021/22. Tá sé fostaithe mar aistritheoir ag obair do *Context*. Tá an-suim aige i gcanúintí na Gaeilge agus i nGaeilge na Gaeltachta. Ba mhaith leis tuilleadh staidéir a dhéanamh ar an ábhar sin. Tá sé i mbun staidéir ar MA/Diplóma Iarchéime sa Léann Teanga faoi láthair.

Dara Ó Conghaile

Is as Inis Meáin, Oileáin Árann ó dhúchas do Dhara Ó Conghaile. Tá céim onóracha aige sna Dána: Gaeilge agus Stair, Ard-Diplóma san Oideachas agus MA i dTeagasc Teangacha, ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Is iarmhúinteoir é. Oibríonn sé mar státseirbhíseach sinsearach i Roinn an Oideachais. Tá sé ar intinn aige obair aistriúcháin a dhéanamh amach anseo. Tá sé i mbun staidéir ar an MA/Diplóma Iarchéime sa Léann Teanga faoi láthair.



Nótaí Beathaisnéise na nÚdar

Luke Callinan

Is as Cill Tuama i ndeisceart Ros Comáin ó dhúchas do Luke Callinan. Tá tréimhsí caite aige ag obair mar theagascóir Gaeilge agus mar chomhalta taighde le Roinn na Gaeilge agus le hAcadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, OÉ Gaillimh. Bhí Luke ar dhuine de na taighdeoirí a scríobh Plean Teanga Chathair na Gaillimhe (2020).

Conchúr Caomhánach

Is as Ceatharlach ó dhúchas Conchúr Caomhánach. Bhain sé amach bunchéim sa nGaeilge agus sa bhFraincis i gColáiste na Tríonóide agus ina dhiaidh sin chaith sé bliain anonn thall sa mBruiséil ag obair mar aistritheoir faoi oiliúint. D'fhill sé abhaile ansin agus bhain sé amach MA sa Teangeolaíocht agus Teangeolaíocht Fheidhmeach sa gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Tá spéis faoi leith aige san aistriúchán, sa teangeolaíocht chorpais, agus i sochtheangeolaíocht na Nua-Ghaeilge. Is Teangeolaí Cúnta é faoi láthair leis an gCoiste Téarmaíochta, Foras na Gaeilge.

Ellen Corbett

Is as an Chorr Chríochach i gContae Thír Eoghain do Ellen Corbett. Sa bhliain 2019, bhain sí céim chéadonóracha sa Ghearmáinis agus i Léann an Aistriúcháin amach in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Sa bhliain céanna, bronnadh Scoláireacht Fulbright uirthi agus chaith sí bliain ina FLTA Fulbright in Ollscoil Montana sna Stáit Aontaithe, mar a raibh sí ag teagasc Gaeilge do mhic léinn ollscoile agus mheánscoile. Bhain sí céim máistreachta san aistriúchán amach in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste sa bhliain 2021. Is taighdeoir PhD in Ollscoil Uladh anois í Ellen agus í ag díriú ar an aistriúchán Gaeilge-Béarla agus an fhilíocht i ndeireadh an 20ú hAois.

Padaí de Bléine

Tá Padaí de Bléine ina Léachtóir Sinsearach i Roinn na Gaeilge ar Choláiste Ollscoile Naomh Muire i mBéal Feirste. Tá taithí aige ar theagasc na Gaeilge agus na litríochta ag ag dara agus ag an tríú leibhéal. Tá spéis mhór aige i litríocht an bheirt Ghriannach, Seosamh agus Séamas, agus tá ailt foilsithe aige ar *An tUltach* agus ar *An Reiviú* orthu. Tá suim mhór aige fosta i gcúrsaí aistriúcháin agus chuige sin tá úrscealta do pháiste aistrithe go Gaeilge aige. Ina measc siúd tá; *Capall Cogaidh*, *An Cheist Faoi Mozart*, *Kaspar Prionsa na gCat*, *Tá na hEitleoga in Airde sa Spéir*, *Toro! Toro!*, *An Fáth ar tháinig na Míolta Móra* agus *Cúláilte* le Michael Morpuogo aistrithe aige. Chomh maith leis sin tá *An Gasúr a Chaith Pitseamaí Stríocacha* le John Boyne, *Anne Frank*; *Dialann Cailín Óig* agus *Is Mise David* le Anne Holm aistrithe go Gaeilge aige.

Noelle Higgins

Is ollamh comhlach le dlí in O scoil Mhá Nuad í Noelle. Baineann a cuid taighde agus léachtoireachta leis an dlí idirnáisiúnta. Tá spéis faoi leith aici i gcearta an duine, go háirithe cearta cultúrtha, cearta teanga san áireamh. Chomh maith le PhD sa dlí idirnáisiúnta, tá MA sa Ghaeilge ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh aici. Bhain a tráchtas MA leis an bhFiannaíocht.

Seán Mac Risteaird

Iarscoláire de chuid Choláiste Pobail Ráth Chairn é Seán Mac Risteaird. Bhain sé a chuid cáilíochtaí acadúla amach in Ollscoil Mhá Nuad. Dhírigh a thionscnamh PhD ar na scríbhneoirí comhaimseartha Micheál Ó Conghaile agus Cathal Ó Searcaigh agus an léamh curtha i gcomhthéacs theoiric na haiteachta mar uirlis léirmheastóireachta. Chaith sé tréimhsí ag teagasc in Ollscoil Mhá Nuad, in St Thomas University (Fredericton, Ceanada) agus i gColáiste Hibernia ar an Máistreacht Ghairmiúil san Oideachas (Bunmhúinteoireacht) agus tá suim ar leith aige in oiliúint ábhair oidí. D'oibrigh sé mar Oifigeach Forbartha don tsraith scrúdaithe Teastas Eorpach na Gaeilge (TEG) idir 2017 agus 2019 in Ollscoil Mhá Nuad. Tá spéis mhór aige i léinn na haiteachta, i gcúrsaí inscne, agus sa chritic chultúrtha agus liteartha. Is ball é Seán de lárionad SEALBHÚ, Lárionad Taighde DCU um Fhoghlaim agus Teagasc na Gaeilge. Bronnadh FHEA de chuid Advance HE ar Sheán in 2021.

Nóra Murphy

Bhain Nóra Murphy céim BA (Teangacha Feidhmeacha; Gaeilge, Francis agus TESOL) amach in Ollscoil Luimnigh sa bhliain 2021. Tá sí anois ina mac léinn in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh ag tabhairt faoin Máistir Gairmiúil san Oideachas. Tá an-suim aici i litríocht na naoú haoise déag agus go háirithe i dtéama an Ghorta Mhóir. Is blaisín de thogra a rinne sí in Ollscoil Luimnigh faoi stiúir an Dr Sorcha de Brún atá san alt seo aici ar *An Reiviú*.

Sylvaine Ní Aogáin

Is múinteoir bunscoile í an Dr Sylvaine Ní Aogáin agus faoi láthair, tá sí ag obair mar léachtóir sa Roinn um Oideachas Teanga agus Litearthachta i gColáiste Mhuire gan Smál, Luimneach. Tá spéis mhór aici i gcúrsaí shealbhú agus fhoghlaim an dara teanga, i gcúrsaí tumoideachais, i gcúrsaí oiliúna múinteoirí agus i bhforbairt ghairmiúil leanúnach do mhúinteoirí.

Néamhann Ní Dhonnghaile

Is as an Charraig Mhór i gContae Thír Eoghain ó dhúchas do Néamhann. Faoi láthair, tá sí ag críochnú a céime, Gaeilge agus Léann an Aistriúcháin, in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Mar chuid dá taithí oibre anuraidh tugadh deis di scagadh a dhéanamh ar sháraistriúcháin an chéid seo caite agus ar phíosaí ó shean-nuachtáin amhail *Fáinne an Lae*, *An Claidheamh Soluis* agus *An tUltach*. Chuir sí go leor de na scéalta sin in athchló agus spreag an obair sin í tabhairt faoina cuid aistriúchán liteartha féin. D'aistrigh sí ceithre scéinséir ón chnuasach *Kiss le Roald Dahl* ó Bhéarla go Gaeilge agus foilsíodh 'An Bhean Tí' nó 'The Landlady' ar shuíomh aistriulitriochta.ie. Cuirtear blúire den scéal 'John and Mary' ar fáil sa phíosa atá ar *An Reiviú* i mbliana. Tá an-suim aici fosta i sanasaíocht, bunús agus comhdhéanamh focal agus ba mhian léi leanstan uirthi leis an chineál sin oibre amach anseo.

Caoimhe Ní Shuibhne

Is múinteoir bunscoile í Caoimhe Ní Shuibhne atá ag múineadh i scoil lán-Ghaeilge i gCo. Dhún na nGall. Tá an-suim aici i múineadh na Gaeilge agus i gcúrsaí tumoideachais. Bhain Caoimhe a céim B.Oid. amach i gColáiste Mhuire gan Smál, Luimneach agus bronnadh an M.Oid. san Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta uirthi le déanaí i gColáiste Mhuire gan Smál, Luimneach freisin. Tá Dioplóma Iarchéime sa Cheannasaíocht agus sa Bhainistíocht ar bun aici i gColáiste Mhuire gan Smál i láthair na huair.

Dorothy Ní Uigín

Is í Riarthóir Theagasc na Gaeilge in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, í an Dr Dorothy Ní Uigín. Tá suim aici i dteagasc agus i sealbhú teangacha agus sa litearthacht acadúil. Tá suim ar leith aici i stair na hiriseoireachta agus na meán Gaeilge. Is as cathair na Gaillimhe di.

Fiona Nic Fhionnlaoich

Is léachtóir í Fiona Nic Fhionnlaoich i Roinn Froebel, Ollscoil Mhá Nuad a bhíonn ag plé le Modhanna Múinte na Gaeilge agus le cleachtas athmhachnaimh. I measc na spéiseanna taighde atá aici, tá múineadh agus foghlaim teangacha, guth an pháiste, forbairt na litearthachta agus measúnú teanga, go háirithe maidir le sealbhú na Gaeilge. Rinneadh an taighde san alt seo mar chuid de chúrsa dochtúracha in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste.

Pádraig Fhia Ó Mathúna

Is staraí agus scríbhneoir é an Dr Pádraig Fhia Ó Mathúna. Tá sé ina thaighdeoir faoi láthair ar thionscadal bhéaloideas na Fiannaíochta ag Ollscoil Harvard. In 2021, d'fhoilsigh sé cnuasach dátheangach dar teideal *Recovering an Irish Voice From the American Frontier: Scríbhinní Próis Eoin Ua Chathail* (UNT Press). Bronnadh an chéad duais ar a ghearrscéal 'Cuimhní na Cille' i gComórtas Scríbhneoireachta Mhanchain in 2020. Tá suim ar leith aige i stair agus i litríocht na n-imirceach, sa chaidreamh idir cúrsaí teanga agus cúrsaí féiniúlachta agus i stair an phoblachtachais in Éirinn agus i measc dhiaspóra na nGael. Rugadh i gCathair Hartford é.

Alexandra Philbin

Bhain Alexandra Philbin céim amach sna Teangacha Domhanda (Gaeilge, Spáinnis agus Gearmáinis) in 2019 i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, agus bhain sí máistreacht amach san Antraipeolaíocht Theangeolaíoch in 2020 in Ollscoil Mhá Nuad. Chaith sí beagnach bliain ag obair mar Chúntóir Taighde le Gaeilge leis an bhForas Taighde ar Oideachas i mBaile Átha Cliath sular bhog sí go València na Spáinne níos luaithe i mbliana. Tá sí ag cur tús le dochtúireacht anois in Ollscoil València, ag díriú ar chainteoirí Gaeilge i mBaile Átha Cliath agus ar chainteoirí Vaileinsise i gcathair València. Tá spéis aici sa tsochtheangeolaíocht, san idé-eolaíocht agus san eitneagrafaíocht.

Hugh Rowland

Is as Co. Mhaigh Eo ó dhúchas do Hugh Rowland. Tá sé ina Fheidhmeannach Pleanála Teanga in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, OÉ Gaillimh, faoi láthair. Ar na hábhair thaighde is spéis leis, tá an idé-eolaíocht teanga, an beartas teanga, an náisiúnachas agus ról na Gaeilge sa saol poiblí, go mór mór san fhichiú haois.

Marie Whelton

As Iarthar Chorcaí ó dhúchas do Marie Whelton. Is léachtóir le Gaeilge í in Institiúid Oideachais Marino agus is údar í ar: *Teagmháil agus Tnúthán: Staidéar ar an Apastróf i bhFilíocht na Nua-Ghaeilge* (An Sagart, 2008); *Nuair a Stadann an Ceol: Úrscéal don Fhoghlaiméoir Fásta* (LeabhairCOMHAR 2013, 2015); *Leathbhádóirí: Úrscéal don Fhoghlaiméoir Fásta* (LeabhairCOMHAR, 2017); *Giolcaireacht sa Ghairdín: Pictiúrleabhar do Pháistí* (LeabhairCOMHAR, 2018) agus *Dún do Shúile: Pictiúrleabhar do Pháistí* (LeabhairCOMHAR, 2021). I gcomhar le hAodán Mac Suibhne, scríobh sí trí leabhar do mhúinteoirí bunscoile: *Cóir Ghaoithe: Cúrsa Ullmhúcháin don Scrúdú Le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge* (IOM, 2006); *Í a Labhairt: Cúrsa Gaeilge Idirmheánach do Mhúinteoirí Bunscoile* (IOM, 2008) agus *Sruth na Maoile: Ábhar Tacaíochta d'Oiriúnú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge* (IOM, 2009). Ba bhall í d'fhoireann a scríobh tairiscint ar éirigh léi maoiniú a ghnóthú ón Roinn Oideachais agus Scileanna chun Baitsiléireacht san Oideachas trí Mheán na Gaeilge a sholáthar in Institiúid Oideachais Marino agus bhí sí ar dhuine de chomheagarthóirí COMHARTaighde 6: *In Agallamh Íogair le Litríochtaí an Dá Ghaeilge* (2020).

